



University College Dublin
Ireland's Global University

Tuarascáil an Uachtaráin

Meán Fómhair 2017 – Lúnasa 2018





Tuarascáil an Uachtaráin

An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath

Meán Fómhair 2017 – Lúnasa 2018

Le cur faoi bhráid Údarás Rialaithe an Choláiste Ollscoile,
Baile Átha Cliath, Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath ag
a chruinniú ar an 12 Nollaig 2018.

ISBN: 978-1-910963-31-9

Clár Ábhar

Forbhreathnú ón Ollamh Andrew J. Deeks, Uachtarán UCD	2
UCD in Uimhreacha	7
Oideachas	12
Taighde, Nuálaíocht agus Tionchar	24
Rannpháirtíocht Dhomhanda	40
Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú	42
Airgeadas agus Forbairt Caipitil	46
Acmhainní Daonna	52
Coláiste na nEalaíon agus na nDaonnachtaí UCD	54
Coláiste Gnó UCD	58
Coláiste na hInnealtóireachta agus na hAiltireachta UCD	62
Coláiste na nEolaíochtaí Talmhaíochta agus Sláinte UCD	66
Coláiste na hEolaíochta UCD	70
Coláiste na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Dlí UCD	74
Gradaim Ollscoile	78
Ceapacháin	84
Scor	86



Forbhreathnú ón Uachtarán

Is mór agam an cúigiú tuarascáil seo a chur i láthair mar Uachtarán ar an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Déantar cur síos sa tuarascáil seo ar a fheabhas a d'éirigh lenár bhfoireann teagaisc agus ár bhfoirne i gcoitinne, agus ar an méid atá bainte amach acu. Tá cáil bainte amach ag UCD mar an ollscoil is tábhachtaí agus is domhandaithe in Éirinn, agus cuirfidimid leis seo de réir ár Straitéis 2015-2020.

Ba bhliain ghnóthach í 2017/18 ar fud na hOllscoile. Tá a oiread céanna mac léinn á earcú againn agus a bhí riamh, agus is í UCD an chéad rogha do thromlach na n-iarrthóirí CAO, agus do thromlach na mac léinn idirnáisiúnta a thagann go hÉirinn freisin. Is léiriú é seo ar an gcáil atá bainte amach againn as an ardchaighdeán teagaisc agus foghlama a chuirimid ar fáil, chomh maith le tionchar ár gcuid taighde agus an feabhas leanúnach atá á chur againn ar shaoaráidí an champais.

Is é tearcmhaoiniú na hearnála an dúshlán airgeadais is mó atá roimh an Ollscoil i gcónaí, agus tá sin ag cur brú ar inbhuanaitheacht oibriúcháin agus bonneagair na hOllscoile, de réir mar atá linn na mac léinn ag méadú. D'ainneoin an laghdaithe a tháinig ar an maoiniú a fuairamar ón Stát gach bliain idir 2008 agus 2015, agus an ardaithe a tháinig ar an éileamh i rith na tréimhe céanna, rinne UCD dul chun cinn mór ó thaobh a chuspóirí straitéiseacha a chomhlíonadh, gan an buiséad a sháru, cé go raibh an cóimheas idir mic léinn agus foireann teagaisc, seirbhísí tacaíochta do mhic léinn, agus bonneagar an champais thíos leis dá bharr.

Is beag an t-athrú atá tagtha ar an maoiniú a chuireann an Stát ar fáil do gach mac léinn, ós rud é go n-úsáidfear an maoiniú breise a fógraíodh i mBuiséad an Stáit i mbliana chun freastal ar an méadú atá tagtha ar líon na mac léinn, agus ar athbhunú agus mhéaduithe sa phá poiblí. Ba dhea-chomhartha sa Bhuiséad é, áfach, go ndearnadh roinnt maoiniú caipitil a dháileadh ar thionscadail bhonneagair chomhbhunaithe agus ar athchóiriú caipitil, rud a bhfuil géarghá leis. Seo an chéad uair riamh sna

cúig bliana atá caite agam in Éirinn a ndearnadh maoiniú a dháileadh chun na gcríoch seo, agus cé nach leordhóthanach an maoiniú chun riachtanais reatha na hearnála a chomhlíonadh, is céim sa treo ceart atá ann.

D'ainneoin na ndúshlán atá romhainn, táim an-dóchasach faoin todhchaí. Tá ceisteanna á gcur i gcónaí faoi luach oideachais ollscoile agus faoin líon mór de phobal na hÉireann atá ag roghnú oideachais ag leibhéal na hollscoile, ach d'ainneoin sin, ní mór a admháil go mbíonn an-fhonn i gcónaí ar mhuintir na hÉireann go ndéanfadh a bpáistí staidéar san ollscoil.

I Meán Fómhair, d'fhógair mé go raibh beirt bhall d'Fhoireann Bainistíochta na hOllscoile (UMT) ag fágáil UCD. Ceapadh an tOllamh Ciarán Ó hÓgartaigh, Déan agus Príomhoide Choláiste Gnó UCD, mar Uachtarán ar Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, agus ceapadh Gerry O'Brien, Sparánaí, mar Phríomhoifigeach Oibríochtaí in Ollscoil Luimnigh. Ba mhaith liom mo bhuíochas pearsanta a ghabháil leo as an méid a rinne siad ar son UCD le linn a dtréimhse anseo.

I mBealtaine, ceapadh an tOllamh Anthony Brabazon mar Dhéan agus Príomhoide ar Choláiste an Ghnó UCD in ionad an Ollaimh Uí hÓgartaigh. Ceapadh David Kelly mar Sparánaí i mBealtaine freisin, in ionad Gerry. Ba mhaith liom comhghairdeas a dhéanamh leo as na ceapacháin seo agus cuirim fáilte rompu chuig Foireann Bainistíochta na hOllscoile.

I Meán Fómhair 2017, agus muid ag cur fáilte roimh na mic léinn nua, bhain UCD an chéad áit in Éirinn amach sa rangú QS agus an 74ú áit ar domhan i dtaca le hinfhostaitheacht a chuid céimithe. Tá roinnt beart oibiachtúil maidir le hinfhostaitheacht san áireamh sa rangú seo,

Ar chlé thuas: Ag beathú na n-ealaí ag Féile UCD.

lena n-áirítear comhpháirtíochtaí le fostóirí, intéirneachtaí, agus naisc a chlothaítear idir fostóirí agus mic léinn ar an gcampas, tionscnaimh a léiríonn go bhfuilimid dírithe ar chinntiú go mbeidh ár mic léinn ullmhaithe don saol tar éis na hollscoile agus go mbeidh rath orthu amach anseo.

Tá borradh mór faoinár bpleananna uailmhianacha maidir le forbairt champas Belfield. I mí Iúil, d'fhógair mé buaiteoir an chomórtais ailtireachta Future Campus. Bhí idir máistirphlean don champas agus foirgneamh suaitheanta le bheith tógtha ag bealach isteach an N11 mar chuid den chomórtas seo. Is é dearadh Steven Holl Architects a bhuaigh an comórtas, dearadh a fuair spreagadh ó thúir uisce UCD agus ó Chlochán an Aifir. Táthar ag súil go mbeidh an foirgneamh ar cheann de na píosaí ailtireachta is aitheanta in Éirinn, agus go gcuirfidh sé uailmhian agus fíis na hOllscoile in iúl. Ina theannta sin, mar chéad chéim sa mháistirphlean, tógfar foirgneamh nua teagaisc agus foghlama a chruthóidh nasc ón mbealach isteach sa champas ar Bhóthar Stigh Lorcáin go dtí croílár an champais, smaoinemh a théann siar go dtí an tsamhail a bhí ann sa chéad mháistirphlean a rinneadh don champas.

I mí an Mheithimh, cuireadh tús leis an obair thógála ar an gcéad chéim dár máistirphlean maidir le háras cónaithe do mhic léinn. Cuirfidh sé seo 924 spás codlata, a bhfuil géarghá leo, ar fáil dár mic léinn. Ina theannta sin, cuirfidh an chéim seo saoráidí nua ar fáil do mhic léinn, amhail saoráidí bia agus siopaí a osclófar roimh Mheán Fómhair 2020.

I mí Feabhra, shínigh mé an conradh d'fhoirgneamh Chumann na hOllscoile. Osclóidh sé a dhoirse in Aibreán 2019 agus feidhmeoidh sé mar láthair inar féidir leis an fhoireann teagaisc, an fhoireann i gcoitinne, taighdeoirí, céimithe agus comhpháirtithe teacht le chéile, bia a ithe agus caidreamh a dhéanamh lena chéile. Tá a leithéid de láthair ag formhór na n-ollscoileanna den chéad scoth ar domhan, agus dá bhrí sin líonfaidh an láthair seo bearna shuntasach sna saoráidí a chuireann an ollscoil ar fáil. Cuirfidh sé go mór le saoráid chomhdhála O'Reilly Hall agus bainfidh foireann na ndámh a thugann comhdhálacha acadúla idirnáisiúnta go UCD tairbhe as freisin.

Oideachas

Tagann formhór na mac léinn chugainn ag tráth rithabhachtach dá saol, tráth ina bhfuil siad ag teacht amach ó thimpeallacht na scoile, timpeallacht a dhírigh agus a threoraigh a gcuid foghlama. Le linn dóibh am a chaitheamh linn, tá súil againn go dtabharfaidh siad aird ar na deiseanna atá ar fáil dóibh, go bhforbróidh siad mar dhaoine, agus go n-osclóidh siad a n-aigne i leith smaointe nua dúshlánacha. I mbliana, tá iarracht leanúnach déanta againn ár Straitéis Oideachais a chomhlíonadh, agus muid dírithe i gcónaí ar chur lenár gclár acadúla agus iad a fheabhsú. I ndiaidh an athbhreithnithe a rinneamar ar an gcuraclam anuraidh, tá na pleananna gníomhaíochta a d'eascair as sin á gcur i bhfeidhm againn anois.

I mbliana, sheolamar an clár 'Ollscoil do Chách', rud a chuirfidh athrú mór i bhfeidhm maidir leis an gcur chuige atá ag an Ollscoil i leith rannpháirtíochta; beidh sé de dhualgas anois ar an bhfoireann teagaisc agus ar an bhfoireann i gcoitinne an clár Rochtana a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go n-aithneofar na baic atá ann ó thaobh an chuimsithe de agus go ndéanfar na baic sin a dhíbirt. Chríochnaíomar freisin an chéad bhliain dár treoirscéimeanna gradam comhchuraclaim 'UCD Embark' agus 'UCD Advantage'.

Taighde, Nuálaíocht agus Tionchar

Tá rath mór ar UCD le bliain anuas i dtaca le taighde, nuálaíocht agus tionchar. Ba í an bhliain is rathúla riamh í i dtaca le deontais taighde;

fuarthas dámhachtainí seachtracha de €122.4 milliún san iomlán. Is méadú 25% é seo ar fhigiúr na bliana seo caite, agus is méadú €5.5 milliún é ar an leibhéal is airde a fuairamar roimhe seo. I measc na ndeontas taighde tábhachtach a cláraíodh i mbliana, bhí deontais ann do dhá Ionad Taighde de chuid Fhondúireacht Eolaíochta Éireann faoi stiúir UCD: an tIonad Taighde Bithghilleagair BEACON agus an tIonad Taighde Ard-déantúsaíochta I-FORM. Chuirimsigh an maoiniú a fuarthas ón earnáil tionscail, tionscadal taighde tábhachtach maidir leis an intleacht shaorga i gcomhar le Samsung Electronics.

Leanfaimid de dhíriú ar ár n-acmhainní a fhorbairt le go mbeidh taighde ardtionchair á chur i gcrích againn i gcónaí. Fuairamar go leor dámhachtainí ar son ar gcomhoibrithe taighde i rith na bliana. Leanfaimid orainn ag cur lenár rannpháirtíocht phoiblí, chun a chinntiú go mbeidh tionchar ag an bpobal ar ár gcuid taighde agus go roinnfear an taighde sin leis an bpobal ar mhaithe le foghlaim ar an dá thaobh a chur chun cinn.

UCD Domhanda

Seoladh Straitéis Rannpháirtíocht Dhomhanda UCD i Meán Fómhair 2016 agus tá dul chun cinn mór déanta maidir léi i rith na bliana; osclaíodh Ionad Domhanda nua in Dubaí, rud a chiallaíonn go bhfuil cúig ionad ann anois a thacaíonn le rannpháirtíocht UCD thar lear. I mbliana, mhéadaigh líon na mac léinn idirnáisiúnta atá againn go dtí 7,923, arb ionann é agus an ceathrú cuid de na mic léinn atá againn ar champais Bhaile Átha Cliath; tá mic léinn sa phobal ollscoile anois arb as beagnach 140 tír éagsúla dóibh, agus cuireann sin go mór le héagsúlacht phobal an champais.

Chun tacú le Straitéis Rannpháirtíocht Dhomhanda UCD, i mí an Mheithimh, reáchtáladh an chéad Seachtain Dhomhanda UCD don fhoireann teagaisc agus don fhoireann i gcoitinne, ócáid ar ghlac cainteoirí as gach cearn de UCD páirt ann, chomh maith le cainteoirí eile as Éirinn agus cainteoirí de chuid ár gcomhpháirtithe domhanda. Thaispeáin an ócáid chomh luachmhar agus chomh láidir is atá ár gcomhpháirtíochtaí domhanda, agus thaispeáin sé freisin an ról tábhachtach atá ag UCD mar ghníomhaí san earnáil ollscoile agus san earnáil gnó ar an ardán domhanda.

Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú

An fhís atá againn don Chomhionannas, don Éagsúlacht agus don Chuimsiú ná go mbeimis inár n-eiseamláir ó thaobh an chomhionannais agus na héagsúlachta de san earnáil ard-oideachais go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, agus go mbeadh an Comhionannas, an Éagsúlacht agus an Cuimsiú mar chroílár gach a ndéanaimid.

Ghlac Foireann Bhainistíochta na hOllscoile an ráiteas misin agus físe seo i mBealtaine 2018 mar chuid de bheartas Chomhionannas, Éagsúlacht agus Chuimsiú UCD. Cuireann an beartas seo an Ollscoil faoi ghealltanais timpeallacht a chruthú ina mbeadh súil ag gach ball den Ollscoil a bheith in ann dul chun cinn a dhéanamh, go gcaithfí leo go hómósach agus go mbeadh an deis acu cur le gníomhaíochtaí na hOllscoile agus páirt a ghlacadh iontu ionas gur féidir leo barr a gcumais a bhaint amach. Cuimsíodh stádas socheacnamaíoch sa bheartas mar an deichiú foras comhionannais, le cois na naoi bhforas comhionannais reachtúil eile.

Branda agus Cáil

I rith na bliana, sheol Caidreamh Ollscoile UCD feachtas branda agus cáile ilbhliantúil. Faoi anáil fhís John Henry Newman, a d'éiligh 'True

Forbhreathnú ón Uachtarán

Ar dheis: Turas siar sna blianta le saighdiúirí Rómhánacha ag Féile UCD.

Ar dheis ar fad: Cóisir Shamhraidh do Dhaoine gan Dídean i nGairdíní Uíbh Eachach – d'eagraigh UCD sa Phobal, i gcomhar le Club na Leon Baile Átha Cliath, Cóisir Shamhraidh, a raibh baint ag céad fostaí agus mac léinn deonacha de chuid UCD lena fheabhas a d'éirigh léi. Bhí os cionn céad tríocha duine gan dídean i láthair agus cuireadh seirbhísí pearsanta amhail bearraidh gruaige, cúraimí cosliachta, gairmthreoir agus comhairle ar fáil. Ba iad Cór Pobal UCD, Cumann Ceol Traidisiúnta UCD, Declan O'Rourke agus Mundy a chur an tsiamsaíocht ar fáil dóibh.

enlargement of mind' (Fíorleathnú na haighe), fíis a chuirtear in oiriúint don saol comhaimseartha sa mhana 'Think Bigger, Go Further, Learn More' (Déan Machnamh Níos Leithne, Téigh Níos Faide, Foghlaim Níos Mó), is ionann an coincheap is bonn leis an bhfeachtas agus gáir shlógaidh do UCD agus dár bpobal, cumas uathúil an duine a mhúscaill chun aghaidh a thabhairt ar dúshlán dhomhanda agus oibriú "ar son leas an domhain i gcoitinne". Cabhraíonn an feachtas linn ár gcuspóirí straitéiseacha a bhaint amach trí aird a tharraingt ar ár dtaighde agus ar ár scoláireacht agus trí chaighdeán agus uaillmhian ár n-oideachas a chur chun cinn.

Chur Caidreamh Ollscoile UCD beart ábhar le chéile a bhfuil a dhóthain solúbthachta ag baint leis chun go mbeifear in ann é a úsáid, is cuma cén cuspóir cumarsáide atá i gceist. Is soiléir seasmhach suimiúil na teachtaireachtaí atá iontu, agus tá gach ceann díobh údarásach. Cinntíonn solúbthacht an téama chruthaithaigh go bhfuil seasmhacht ann, is cuma cén pobal ar a bhfuil sé dírithe, bíodh siad ina mic léinn a d'fhéadfadh a bheith san ollscoil amach anseo, ina gcomhoibrithe taighde, fostóirí nó comhpháirtithe tionscail, ina gcéimithe nó ina maoinitheoirí. I mbliana, rinneadh an mana 'Think Bigger' a chur i bhfeidhm sna feachtais earcaithe d'fhochéimithe agus iarchéimithe ar fad agus cruthaíodh micreashuíomh – www.ucd.ie/thinkbigger – chun inneachar an fheachtais a chur i láthair.

Bhunaigh Caidreamh Ollscoile UCD grúpa Cumarsáide agus Margaíochta uile-ollscoile chun cabhrú le cur i bhfeidhm an fheachtais agus chun infheictheacht na teachtaireachta a fheabhsú ar fud na hOllscoile. Tá íomhánna an fheachtais glactha chucu féin ag Coláiste na hEolaíochta UCD, Coláiste na hInnealtóireachta agus na hAiltireachta UCD, Coláiste na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Dlí UCD, agus Coláiste na nEalaíon agus na nDaonnachtaí UCD, i measc eagraíochtaí eile, agus tá an íomhá le feiceáil anois ar fud an champais i bhformáidí móra ar fhoirgnimh agus go hinmheánach in áiteanna éagsúla, agus í ag tathant ar dhaoine an teachtaireacht 'Think Bigger' a roinnt le mic léinn, leis an bhfoireann teagaisc agus leis an bhfoireann i gcoitinne.

UCD sa Phobal

Tacaíonn an tionscnamh seo, agus é á urrú ag an Ollamh Joe Carthy, ball d'Fhoireann Bainistíochta na hOllscoile, le rannpháirtíocht shibhialta a chur chun cinn ar fud phobal UCD, agus ár gcaidreamh leis an bpobal a neartú chun go n-oibreimis le chéile ar dhóigh a bheadh chun tairbhe an dá thaobh, ar mhaithe le torthaí sóisialta dearfacha inbhuanaithe a bhaint amach. Seo a leanas cuid de na himeachtaí atá mar pháirt den tionscnamh UCD sa Phobal: Aonach d'Oibrithe Deonacha 2017, a eagraítear i mí Deireadh Fómhair, agus a nglacann os cionn 30 eagraíocht phobalbunaithe páirt ann, ócáid a chuireann rannpháirtíocht ghníomhach le heagraíochtaí deonacha chun cinn; Cóisir Shamhraidh do Dhaoine gan Dídean, i gcomhar le Club na Leon Baile Átha Cliath; chuir céad fostaí agus mac léinn deonacha de chuid UCD fáilte roimh ghrúpa daoine gan dídean i nGairdíní Uíbh Eachach i mBealtaine; Saotharlann agus Seomra Ranga For-Rochtana –



Svuít Eolaíochta, ghlac 937 mac léinn ó gach cearn de Bhaile Átha Cliath páirt i gclár Fhor-Rochtana Eolaíochta agus i gcuariteanna a rinneadh ar Svúit Fhionnachtana Cormac Kilty; Walk While You Can (Siúl Ós Féidir Leat), clár a thug tacaíocht d'iarshéiplíneach UCD, an tAthair Tony Coote, a shiúil 535km ó Leitear Ceannain go Béal an Dá Chab, chun aird an phobail a tharraingt orthu siúd a fhulaingíonn de bharr an Ghalair Néaróin Luadraig in Éirinn; Scrúduithe ar Fheasacht Sláinte a rinne mic léinn agus baill foirne ó Scoil an Altranaís, an Chnáimhseachais agus na nEolaíochtaí Sláinte UCD in ionaid siopadóireachta i gceantair atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch; roinnt ócáidí tiomsaithe airgid le cúnamh a thabhairt do Chlann Shíomóin Bhaile Átha Cliath, Ionad Cúram Lae na gCaipisíneach, Fondúireacht Alice Leahy, (Ionad Sholáthar Díreach) Halla Haiste agus Homeless Period Éireann.

Comhpháirtíochtaí Straitéiseacha

Is cuid dhílis d'fhís na hOllscoile i leith an fháis agus na forbartha an clár 'Building Partnerships' (Ag Forbairt Comhpháirtíochtaí), ceann den sé Phríomhthionscnamh Straitéiseacha atá ag an Ollscoil. Le bliain anuas tá tuilleadh dul chun cinn déanta againn ó thaobh comhpháirtíochtaí a chruthú le heagraíochtaí atá bunaithe anseo in Éirinn agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta i réimsí amhailforbairt tallainne, taighde agus nuálaíocht, agus freagracht shóisialta chorparáideach. Tá sé ríthábhachtach comhpháirtíochtaí a chruthú le tionscal agus le heagraíochtaí eile ar bhealach struchtúrtha ionas go mbeidh tionchar ábhartha ag UCD ar an tsochaí, agus go bhfeabhsófar eispéireas na mac léinn agus rannpháirtíocht taighdeoirí dá bharr.

Leanfaimid orainn ag neartú ár gcaidrimh leis an earnáil tionscail trí chomhpháirtíochtaí straitéiseacha tábhachtacha a chruthú le líon áirithe eagraíochtaí.

Tá forbairt leanúnach á déanamh ag ICON agus UCD ar an gcomhpháirtíocht straitéiseach atá ann cheana, lena n-áirítear Ollúnacht ICON san Anailíseacht Ghnó, Ollscoil ICON (comhpháirtíocht le Coláiste Ghnó UCD a thacaíonn le forbairt tallaine laistigh de ICON), chomh maith leis an gcomhoibriú atá ar bun le Coláiste na nEolaíochtaí Talmhaíochta agus Sláinte UCD, comhoibriú a bhaineann go príomha le hIonad Taighde Cliniciúil UCD.

Chabhraigh AIB linn, ar bhunús a chomhpháirtíochta straitéisí le UCD, infheistíocht a dhéanamh i réimse gníomhaíochtaí agus tionscnamh oideachais, taighde agus nuálaíochta san Ollscoil, lena n-áirítear bunú Ollúnacht AIB san Eacnamaíocht Iompraíochta.

Tá an Clár Scoláireachta rathúil do Mhic Léinn Máistir Intel/UCD ann i gcónaí, agus ghlac mé páirt sa dara Searmanas Bronnta Scoláireachta ag campas Intel i Léim an Bhradáin i mí Eanáir, searmanas a tharlaíonn gach bliain. Táimid buíoch freisin go bhfuil tacaíocht ghníomhach á thabhairt ag Intel d'Ionad Taighde Ard-déantúsaíochta I-Form Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, tionscnamh atá faoi stiúir UCD.



Leanadh i mbliana leis na tionscnaimh a bhí á rith againn cheana i gcomhar le Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, amhail Féile UCD agus an Clár 'Music Generation'.

Tá ciste scoláireachta bunaithe ag Microsoft mar thacaíocht don chlár, Dioplóma Gairmiúil sa Léann Oideachais (Smaointeoireacht Ríomhaireachtúil), atá á rith ag Scoil an Oideachais UCD agus ag Scoil na Ríomheolaíochta UCD le chéile. Ina theannta sin, tá clár scoláireachta sa Ríomheolaíocht do mhic léinn mná bunaithe ag Microsoft.

Tá comhpháirtíocht straitéiseach á forbairt ag PwC agus UCD, a bhfuil mar aidhm aici oideachas agus forbairt tallaine a chur chun cinn. Déanfar infheistíocht shuntasach thar thréimhse seacht mbliana agus, mar chuid den chomhaontú, oibreoidh PwC agus UCD le chéile sna réimsí seo a leanas: oideachas agus forbairt tallaine, ceannaireacht smaointeoireachta, nuálaíocht agus freagracht shóisialta chorporáideach.

Tá CONSUS, an chomhpháirtíocht straitéiseach idir UCD agus Origin Enterprises, i bhfeidhm i gcónaí sa réimse córas feirmeoireachta don todhchaí. Úsáidfidh foirne taighde ildisciplíneacha UCD an saineolas taighde atá acu san eolaíocht sonraí agus sa talmhaíocht, i gcomhar le saineolaithe tionscail Origin, chun aghaidh a thabhairt ar cheisteanna a bhaineann le barra inbhuanaithe, ceann de na dúshláin is mó a bhaineann le slándáil bhia an domhain.

Tá UCD agus Bristol Myers Squibb ag forbairt chomhpháirtíocht straitéiseach le haghaidh forbairt tallaine, taighde agus nuálaíocht, agus freagracht shóisialta chorporáideach. Mar chuid den chomhoibriú taighde idir an dá eagraíocht amach anseo tabharfar faoi obair i réimse na hard-déantúsaíochta bithchógaisíochta.

Tá post faighte ag os cionn 4,000 dár gcéimithe lenár gcomhpháirtithe straitéiseacha, agus tá na céadta post intéirneachta cruthaithe acu dár mic léinn le roinnt blianta anuas; ar a bharr sin, tá tacaíocht tugtha acu do thionscnaimh oideachais agus taighde thábhachtacha san Ollscoil.

Céimithe ar fud an Domhain a thugann Tacaíocht don Ollscoil

Agus os cionn ceathrú milliún céimí againn a bhfuil cónaí orthu i níos mó ná 165 tír éagsúla, is údar mór bróid dom a thuairisciú go bhfuil líonra domhanda céimithe UCD ag dul ó neart go neart. Tá gaol láidir eatarthu de bharr an eispéiris ollscoile choitinn a bhí acu; go deimhin, is iad na céimithe ceann de na buanna is mó atá ag an Ollscoil agus is léiriú iad ar an gclú atá orainn mar Ollscoil Dhomhanda Éireann.

Le bliain anuas, tá rannpháirtíocht na gcéimithe in UCD méadaithe níos mó fós. Thug os cionn 2,000 céimí neart dá gcuid ama, dá gcuid comhairle agus dá gcuid taithí go deonach chun cúnamh a thabhairt do mhic léinn

reatha agus don Ollscoil trí chlár um Obair Dheonach Alumni UCD, a chuireann ar chumas na gcéimithe páirt fhiúntach a ghlacadh i saol na mac léinn agus iad ag dul tríd an Ollscoil. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil lenár gcéimithe a chabhraigh leis na mic léinn an turas tríd an Ollscoil a dhéanamh, trí mheantóireacht ghairme a chur ar fáil, labhairt ag ócáidí forbartha gairme, fáilte a chur roimh mhic léinn ó thíortha eile go hÉirinn, obair dheonach a dhéanamh ag ócáidí UCD agus ócáidí de chuid brainsí idirnáisiúnta na hollscoile a reáchtáil.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin leis an 3,500 céimí de chuid UCD a thugann tacaíocht do mhic léinn tríd an gclár tabhartais 'UCD Champions', a tharlaíonn go rialta. Bailíodh €1.8 milliún i gcúnamh airgeadais trí thionscnaimh éagsúla chun feabhas a chur ar éispéireas na mac léinn, amhail leabhair leabharlainne agus trealamh riachtanach a cheannach, timpeallachtaí don fhoghlaím ghníomhach a chruthú agus scoláireachtaí do mhic léinn a chistiú.

Le bliain anuas, tá iarracht déanta againn ár gcaidreamh leis na céimithe idirnáisiúnta a neartú, agus chuige sin, tá 170 cruinniú, teacht le chéile, agus imeacht óstáilte againn ar fud an domhain. Labhair aoichainteoirí den chéad scoth ag na himeachtaí sin agus díriodh lena linn ar na héachtaí atá bainte amach ag céimithe áirithe, agus tugadh deis do chéimithe na hollscoile bualadh le chéile don chéad uair nó caidreamh a dhéanamh arís lena sean-chompánaigh. I Samhain 2017, d'eagraíomar an ceathrú searmanas Gradam do Chéimithe, agus bhronnamar gradaim ar dheich gcéimí sármhaithe a d'ainmnigh pobal UCD. Tugadh aitheantas do dhámhachtaithe sna réimsí seo a leanas: na healaíona, sláinte, tréidliacht, eolaíocht, gnó, talmhaíocht, innealtóireacht, taighde acadúil, eolaíocht shóisialta agus dlí.

I measc na mbuaicphointí eile a bhí ann i mbliana bhí seoladh Ghrúpa Finíochta an Oireachtais ag ócáid speisialta i dTeach Laighin i mí Feabhra. D'eagraíomar freisin an tríú comhdháil Mhná i mBun Ceannaireachta UCD, ar ar fhreastal 630 céimí, mac léinn agus gairmí.

I rith 2017/2018, d'eagraíomar fáiltithe do chéimithe i gcomhar leis na brainsí UCD áitiúla in áiteanna éagsúla ar fud an domhain: Perth, Melbourne, Sydney, Nua Eabhrac, Bostún, San Francisco, Washington DC, Béising, Shang-hai, Londain, Páras, an Bhruiséil, an Araib Shádach agus Aontas na nÉimíróchtaí Arabacha. Ghlac aoichainteoirí de chuid chéimithe UCD, an Roinn Gnóthaí Eachtracha, agus líonraí Éireannacha éagsúla páirt in an-chuid de na hócáidí sin.

Buaicphointe eile i mbliana ba ea Féile UCD, a tharla ar Shatharn breá griannmhar ar an 9 Meitheamh. D'fhreastail os cionn 16,500 céimí, ball foirne, mac léinn agus ball den phobal áitiúil ar an ócáid, ina raibh cruthaitheacht, nuálaíocht, fiontar agus taighde le feiceáil. Ba é seo an tríú bliain a eagraíodh Féile UCD, agus tá sí ag fás i gcónaí; 100 ócáid thar sé limistéar Féile, agus go leor oideachais, siamsaíochta agus fuadair le brath iontu.

Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil lenár gcéimithe ar fad a chabhraíonn le UCD a bheith ina Ollscoil den chéad scoth i gcónaí.

Bronnadh Daonchairdiúil

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin lenár gcéimithe, cairde agus comhpháirtithe a thug síntiús dheonacha do UCD - ba bhliain iontach 2017/2018 ó thaobh na tacaíochta daonchairdiúla de. Is ionsparáid i gcónaí dúinn a dtacaíocht fhlaithiúil agus a dtiomantas do chur chun cinn chuspóirí straitéiseacha UCD. Is mór an chabhair dúinn gach síntiús, is cuma cá mhéad é.

Bíonn tionchar ag daonchairdeas ár ndeontóirí ar réimse i bhfad níos leithne ná an campas féin. A bhui le flaitiúlacht agus fadbhreathnaitheacht oird rialta ar leith, tá an tOllamh Deirdre Raftery agus an Comhollamh Marie Clarke ó Scoil an Oideachais UCD ábalta tionscnamh taighde ilnáisiúnta a stiúradh, ina bhfuiltear ag déanamh staidéar ar eispéiris múinteoirí mná san India agus sa Phacastáin, agus ag díriú go príomha ar aghaidh a thabhairt ar na constaicí atá os a gcomhair ó thaobh rochtain a fháil ar an ardoideachas agus ar dheiseanna a chabhródh leo dul chun cinn gairmiúil a dhéanamh.

Fuaireamar síntiús mór ó bhronntóirí flaitiúil, i gcuimhne ar a fear céile nach maireann, le haghaidh fhorbairt Scoil Ghnó Lochlann Quinn agus chabhraigh sé sin go mór linn an tionscadal a chur chun cinn. Táimid ag tnúth go mór an síneadh nua seo, a raibh géarghá leis, a oscailt in 2019.

Is de bharr an dhaonchairdis freisin a bhí deis againn an comórtas dearaidh thuasluaite a sheoladh ar mhaithe le dreach beoga agus feabhas a chur ar champas fairsing na hOllscoile trí bhealach isteach an-fheiceálach agus fáilteach a chruthú, chomh maith le foirgneamh tarraingteach nua, Lárionad na Cruthaitheachta. Tharraing an comórtas aird as gach cearn den domhan, agus ghlac 98 foireann as 28 tír páirt sa chomórtas. Ba iad Stephen Holl Architects a bhain an chéad áit amach sa chomórtas agus táimid ag súil go mór le tionchar Champas seo na Todhchaí a fheiceáil ar na mic léinn, ar an

bhfoireann teagaisc, ar an bhfoireann i gcoitinne agus ar chuairoteoirí araon.

De bharr síntiús a fuaireamar ó dhlúthchara de chuid UCD, beimid in ann raon reatha nua den chineál is úire a thógáil. Beidh an raon reatha ocht lána seo, atá faofa ag Cumann Idirnáisiúnta na gCónaidhmeanna Lúthchleasaíochta, lonnaithe sa Cheantar Saintréithe Spóirt agus Caitheamh Aimsire, agus cuirfidh sé saoráidí traenála agus comórtais ar fáil do chluichí raoin agus faiche.

Beidh Músaem Litríochta na hÉireann, MoLI, ar comhpháirtíocht é idir UCD agus Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, ina institiúid chultúrtha thábhachtach nua, agus é suite in Áras Newman ar Fhaiche Stiabhna. Tá tacaíocht agus síntiús airgeadais fhlaithiúla faighte ag an institiúid, agus cómóirfidh sé ár gcultúr agus ár n-oidhreacht litríochta stairiúil agus comhaimseartha, a bhfuil clú idirnáisiúnta air, chun spreagadh a thabhairt don chéad ghlúin eile a bheith ag cruthú, ag léamh agus ag scríobh. Tá súil againn fáilte a chur romhat chuig seoladh MoLI go luath in 2019.

Bhí ról lárnach ag tacaíocht dhaonchairdiúil a fuaireamar ó chairde ar fud na hÉireann agus ar fud an domhain chun cabhrú le UCD a chumas taighde a fhorbairt, cláir nuálacha nua a bhunú agus deiseanna scoláireachta a chur ar fáil do mhic léinn a bhfuil sé sin tuillte acu.

Agus muid ag breathnú amach romhainn, beidh tacaíocht leanúnach ag teastáil uainn ó na deontóirí atá againn cheana agus ó dheontóirí nua chun ár bpleananna uailmhianacha i dtaca le forbairt an champais a chur i gcrích, pleananna a feabhsóidh éispéireas na mac léinn, a chuirfidh lenár gcumas, a mhéadóidh táirgeacht ár dtaighde agus a chuirfidh le clú UCD agus ár gcéimithe anseo in Éirinn agus ar fud an domhain.

An tOllamh Andrew J Deeks
Uachtarán UCD




Sa phictiúr thuas: Dámhachtaithe Céimí UCD 2017, Michael McGlynn, an Dr. Sheila Willis, Paul O'Donovan, Eamonn Sinnott, Mary Sutton, an Dr. Garret Fitzgerald, Caoilfhionn Gallagher, an Dr. Des Rice, an Dr. Edmond Harty agus Uachtarán UCD, an tOllamh Andrew Deeks.




UCD in Uimhreacha


Staitisticí UCD maidir leis na Mic Léinn ar Champais na hÉireann




Staidrimh UCD maidir leis na Mic Léinn in Insitiúidí Thar Lear



Mic Léinn UCD in Éirinn




Miondealú ar líon na bhFhochéimithe/ na gCéimithe UCD




Mic Léinn UCD Fireann/ Baineann



Foireann UCD Fireann/Baineann




Staidrimh maidir leis an bhFoireann in Éirinn



Mic Léinn Idirnáisiúnta UCD de réir Réigiúin

2017/18



Líon na bhFochéimithe agus na gCéimithe UCD de réir Disciplín

Éire 2017/18

Réimse Ábhair	Fochéimí	Céimí	Iomlán
Cláir agus cáilíochtaí cineálacha	253		253
Oideachas	20	587	607
Ealaíona agus Daonnachtaí	3,945	385	4,330
Eolaíochtaí sóisialta, iriseoireacht agus faisnéis	1,731	819	2,550
Gnó, riarachán agus dlí	3,834	2,222	6,056
Eolaíochtaí nádúrtha, matamaitic agus staitisticí	2,212	1,026	3,238
Teicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide (TCFanna)	460	712	1,172
Innealtóireacht, déantúsaíocht agus tógáil	1,640	989	2,629
Talmhaíocht, foraoiseacht, iascaireacht agus tréidliacht	1,745	561	2,306
Sláinte agus leas	3,794	1,989	5,783
Seirbhísí*	184	18	202
Iomlán	19,818	9,308	29,126

Déantar na figiúirí a rangú faoin Aicmiú Caighdeánach Idirnáisiúnta le haghaidh Oideachais (ISCED) a bhíonn in úsáid ag an Údarás um Ard-Oideachas (HEA) agus a úsáidtear go forleathan chun comparáidí a dhéanamh idir staitisticí oideachais i dtíortha éagsúla ar bhonn sainmhíniú aonfhoirmeach atá comhaontaithe go hidirnáisiúnta.


* Cuimsítear sna seirbhísí sin cláir amhail Sábháilteacht agus Sláinte ag an Obair.

An 20 Tír a bhfuil an líon is mó Céimithe UCD iontu*

 202,037 (1) Poblacht na hÉireann	 2,957 (8) An Fhrainc	 880 (15) An Mhalaeisia
 13,023 (2) Na Stáit Aontaithe	 2,764 (9) An Ghearmáin	 750 (16) An Bheilg
 11,379 (3) Singeapór	 2,068 (10) An Spáinn	 702 (17) An Ísiltír
 8,470 (4) An Ríocht Aontaithe (Sasana, Albain, an Bhreatain Bheag, Tuaisceart Éireann)	 1,650 (11) Ceanada	 511 (18) An Eilvéis
 4,846 (5) Srí Lanca	 1,428 (12) An India	 393 (19) An Ostair
 3,093 (6) An tSín	 1,356 (13) An Iodáil	 373 (20) An tSualainn
 3,022 (7) Hong Cong	 1,183 (14) An Astráil	

* Líon na gcéimithe a bhfuil a sonraí teagmhála againn.

Céadroghanna CAO





Oideachas

Réamhrá ón Chláraitheoir agus ón Leas-Uachtarán

Tagann formhór na mac léinn chugainn ag tráth rithábhachtach dá saol, tráth ina bhfuil siad ag teacht amach ó thimpeallacht na scoile, timpeallacht a dhirigh agus a threoraigh a gcuid foghlama. Tá súil againn go dtabharfaidh siad aird ar na deiseanna atá ar fáil dóibh, go bhforbróidh siad mar dhaoine, agus go n-oscloídh siad a n-aighe i leith smaointe nua dúshlánacha.

Cuireann ár gcampas timpeallacht ar fáil a bhfuil deiseanna i bhfad níos fairsinge ná teorainneacha na n-ábhar acadúil le fáil ann, a thugann deis do dhaoine forbairt phearsanta agus ghairmiúil a dhéanamh trí ghníomhaíochtaí spóirt, gníomhaíochtaí na gcumann agus gníomhaíochtaí eile de chuid phobal na hOllscoile. Bíodh sin mar atá, má táthar ag súil go gcuirfimid deiseanna éagsúla ar fáil dár bpobal, ní mór go mbeadh éagsúlacht an champais ag teacht le héagsúlacht na mac léinn, na foirne agus na foirne teagaisc. Is é an cuimsiú a chothaíonn barrfheabhas, mar thoradh ar na smaointe agus an réimse taithí saoil a thagann chun cinn nuair a chuirtear daoine de chultúir agus de chúlaí éagsúla le chéile, idir Éireannaigh agus eachtrannaigh.

Táimid dírithe ar thacaíocht a thabhairt dár bhfoireann agus dár ndámha tríd na deiseanna is fearr a chur ar fáil dóibh i mBelfield, ar an gCarraig Dhubh agus ar fud an domhain. I mbliana, leanamar orainn ag déanamh infheistíocht sa Straitéis Oideachais agus, sna leathanaigh atá le teacht, tabharfar tuairisc faoin dul chun cinn atá déanta againn i réimsí gníomhaíochta éagsúla. Ní mór a thuiscint nach dtugtar tuairisc sna leathanaigh seo thíos ar ghnáthobair na hOllscoile ó lá go lá. Níl léargas ann ach ar thoradh na hoibre sin - an t-oideachas agus na deiseanna a chuirimid ar fáil go rathúil gach lá do na mílte mac léinn a fhreastalaíonn ar ranganna agus a ghlacann páirt i saol na hOllscoile i gcoitinne.

Tá an straitéis d'oideachas agus d'eispéireas na mac léinn bunaithe ar an tiomantas atá againn cláir acadúla níos fearr a chur ar fáil; mar shampla, tar éis chur i gcrích an athbhreithnithe ar an gcuraclam anuraidh, táimid ag tabhairt faoi na pleananna gníomhaíochta a moladh dá bharr a chur i bhfeidhm. Cinnteoidh na pleananna sin go bhforbróidh mic léinn inniúlachtaí a bhaineann go sainiúil lena ndisciplín féin chomh maith le hinniúlachtaí agus buanna níos ginearálta. Tá níos mó ball de chuid na ndámh ag déanamh Cláir Ghairmiúla sa Teagasc agus san Fhoghlaim

Ollscoile, agus tá méadú tagtha freisin ar líon na ndaoine a ainmníodh le haghaidh ár nGradam Teagaisc agus Foghlama Ollscoile, a thugann aitheantas don tionchar a bhíonn ag teagascóirí ar mhic léinn.

Is iad na daoine bun agus barr Ollscoile, agus bíonn go leor tionscnamh nuálach ar bun ag ár bhfoireann teagaisc agus ag ár bhfoireann i gcoitinne. I mbliana, sheolamar an clár 'Ollscoil do Chách', clár a chuirfidh athrú mór i bhfeidhm maidir leis an gcur chuige atá ag an Ollscoil i leith rannpháirtíocht a leathnú; beidh sé de dhualgas ar na dámha agus ar an bhfoireann an clár Rochtana a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go n-aithneofar na baic atá ann ó thaobh an chuimsithe de agus go ndéanfar na baic sin a dhíbirt. Chríochnaíomar freisin an chéad bhliain dár dtreoirscéimeanna gradam comhchuraclaim 'UCD Embark' agus 'UCD Advantage'. Dearadh na scéimeanna seo chun rannpháirtíocht i saol na hOllscoile i gcoitinne a chur chun cinn trí aitheantas a thabhairt do scileanna agus inniúlachtaí a foghlaimíodh ó ghníomhaíochtaí sóisialta agus pobail, agus táimid ag súil go dtiocfaidh forbairt mhór ar na scéimeanna sna blianta atá romhainn.

I Meán Fómhair 2017, agus muid ag cur fáilte roimh na mic léinn nua, bhain UCD an chéad áit in Éirinn amach sa rangú QS i dtaca le hinfhostaitheacht a cuid céimithe, rud a léiríonn go bhfuilimid dírithe ar chinntiú go mbeidh ár mic léinn ullmhaithe don saol tar éis na hollscoile agus go mbeidh rath orthu amach anseo.

An tOllamh Mark Rogers
Cláraitheoir agus Leas-Uachtarán

Cláir Acadúla agus Disciplíní a Neartú agus a Fheabhsú

Tá deiseanna acadúla ár mac léinn á neartú agus á bhfeabhsú ag UCD i gcónaí tríd an bhforbairt atá déanta againn ar ár gcórais chlárúcháin ar líne, trí chur ar fáil cúrsaí roghnacha struchtúrtha agus fionnachtana, tríd an infheistíocht mhór atá á déanamh san ardán Timpeallachta Fíorúla Foghlama (TFF) nua Brightspace, tríd an tacaíocht leanúnach a thugtar do theagasc agus d'fhoghlaim, agus tríd an aitheantas náisiúnta atá á fháil againn dár n-iarrachtaí chun rochtain agus rannpháirtíocht san Ollscoil a fheabhsú.

Clárú ar Líne

Forbraíodh agus tugadh isteach córas feabhsaithe clárúcháin ar líne in 2017/2018. Tar éis aiseolas ó mhic léinn, tá an próiseas clárúcháin níos éasca anois agus cuirtear fíis-treoracha agus eolas níos sothuigthe faoi amhláir ar fáil. Tá an próiseas clárúcháin i bhfad níos éasca anois, go háirithe do mhic léinn atá ag clárú do Chéim 1 san Ollscoil.

Cúrsaí Roghnacha Struchtúrtha agus Fionnachtana

Mar chuid den fheabhas leanúnach atá á chur againn ar churaclam UCD, tá rochtain anois ag mic léinn ar réimse cúrsaí roghnacha struchtúrtha i gcaitheamh a gcuid staidéir. In 2017/2018 cuireadh 18 gCúrsa Roghnacha Struchtúrtha ar fáil sna réimsí seo a leanas: Teangacha Feidhmeacha (Fraincis Fheidhmeach, Gearmáinis Fheidhmeach, Seapáinis Fheidhmeach, Spáinnis Fheidhmeach, an Teanga Shíneach, an Léann Síneach, Fraincis, Gearmáinis, Portaingéilis, Iodáilis agus Spáinnis), Bia – Talmhaíocht agus Comhshaoil, Bia – Cothú agus Sláinte, Gairneoireacht, Gníomhaíocht Dhaonnúil, Matamaitic Fheidhmeach, Cóir Shóisialta agus Teangeolaíocht Struchtúrtha.

Ó tugadh isteach na Cúrsaí Roghnacha Fionnachtana, tá an deis glactha ag foireann na ndámh múineadh trasdhisiplínach a dhéanamh thar réimse cúrsaí roghnacha nua, in ábhair chomh héagsúil le Spriocanna Forbartha Domhanda, an Óige, an Cogadh: Ársa agus Comhaimseartha, Fuinneamh, Athrú agus Beartas Aeráide, Tairsigh don tSeapáin agus Ábhair

// Mar chuid den fheabhas leanúnach atá á dhéanamh ar churaclam UCD, féadann mic léinn **réimse cúrsaí roghnacha struchtúrtha a dhéanamh** i gcaitheamh a gcuid staidéir. In 2017/18, cuireadh 18 gCúrsa Roghnacha Struchtúrtha ar fáil //

sa tSochaí. Tá an-tóir ar Chúrsaí Roghnacha Fionnachtana i measc mac léinn a dteastaíonn uathu réimsí eolais a iniúchadh atá lasmuigh dá bpríomhábhair féin.


Ardán Fíorúil Foghlama Nua: Brightspace

Ba é an Tionscadal TFF Ceann de na tionscnaimh is tábhachtaí (a chríochnaigh i mbliana) a thug deis don fhoireann teagaisc, don fhoireann i gcoitinne agus do mhic léinn UCD machnamh a dhéanamh ar na riachtanais atá againn faoi láthair maidir le foghlaim le cuidiú teicneolaíochta. Tar éis comhairliúcháin agus athbhreithnithe, roghnaíodh an t-ardán Brightspace bunaithe ar a chumas oideolaíochta, a sholúbthacht, a inrochtaineacht agus chomh héasca atá sé le húsáid. Tá an t-aistriú chuig Brightspace idir lámha faoi láthair. Bhí 100 módúl sa chéad chóhort a ghlac leis agus d'aistrigh thart ar 3,000 mac léinn chuig an ardán nua gan deacracht. Tá Seirbhísí TF UCD ag aistriú an ábhair don chéad chóhort eile (2,000 módúl) agus táthar ag súil go mbeidh sé sin réidh roimh Eanáir 2019.

Forbraíodh clár oiliúna don fhoireann teagaisc agus cuirfear ar fáil é i rith na céime feidhmiúcháin. Agus an infheistíocht mhór seo á déanamh ag UCD i dteagasc agus foghlaim, cuirfear deiseanna nua spreagúla ar fáil do mhic léinn agus don fhoireann teagaisc tuilleadh feabhais a chur ar an

9,308 Mic Léinn Iarchéime UCD in Éirinn

16% Méadú le Cúig Bliana Anuas



// Forbraíodh cúrsa oiliúna TFF don fhoireann teagaisc. Is infheistíocht mhór é seo sa teagasc agus san fhoghlaim in UCD //

teagasc agus an fhoghlaim in UCD. Aistreofar an Ollscoil go hiomlán chuig an córas nua TFF roimh Lúnasa 2019.

Teagasc, Foghlaim agus Measúnacht

Ar an 21 Márta, sheol an tAire Mary Mitchell O'Connor TD na gradaim náisiúnta DELTA, ar mórghradaim nua náisiúnta iad a bhronntar chun aitheantas a thabhairt do bharrfheabhas, teagasc agus measúnacht in earnáil ardoideachais na hÉireann. Bronnadh ceann de na gradaim ar Ghrúpa Íomháithe Radagrafaíochta agus Diagnóiseach UCD (rannóg de Scoil an Leighis UCD) as a dtionscadal 'Incorporating educational and healthcare technologies to enhance Radiography and Diagnostic Imaging education and training'. Tá clú bainte amach ag Grúpa Íomháithe Radagrafaíochta agus Diagnóiseach UCD go hidirnáisiúnta mar phríomhionad d'oideachas radagrafaíochta, de bharr an chuir chuige nuálaigh atá acu i dtaobh teagaisc, foghlama agus measúnachta, agus as an gceannaireacht atá léirithe acu sa teagasc agus san oiliúint.

I Mí na Samhna 2017, reáchtáil UCD ceardlann i gcomhar le Coláiste na Tríonóide faoin teideal 'Cur Chuige Measúnachta atá Dírithe ar Chláir a Chumasú', arna páirtchistiú ag an bhFóram Náisiúnta um Mhúinteoireacht agus Foghlaim. Is é an tOllamh Tansey Jessop a rith an ceardlann. Is ball é an tOllamh Jessop den tionscadal TESTA (Eispéreas na Mac Léinn a Athrú ó Bhonn trí Mheasúnacht), tionscadal atá bunaithe ar thaighde a dhéanamh ar phróisis mheasúnachta, agus atá curtha i bhfeidhm i níos mó



I bpictiúr a tógadh ag an ócáid, tá forbróirí oideachais Teagaisc & Foghlama UCD (ó chlé): An tUasal David Jennings; An tOllamh Cúnta Geraldine O'Neill agus an Dr. Terry Barrett.

ná 50 ollscoil sa RA agus ar fud an domhain. Ghlac an fhoireann teagaisc go fonnmar leis an deis seo machnamh a dhéanamh ar bhealaí nua chun measúnacht a dhéanamh. Ar a bharr sin, i mí na Samhna, chun aitheantas a thabhairt don líon méadaithe mac léinn ón gcoigríoch atá ag freastal ar an Ollscoil, d'eagraigh Teagasc agus Foghlaim UCD agus UCD Idirnáisiúnta, i gcomhar lena chéile, an seimineár 'Mic Léinn ón gCoigríoch a Mhúineadh – cúrsaí acadúla agus oideolaíochta'. Stiúir beirt shaineolaithe an seimineár, a bhfuil cáil orthu go hidirnáisiúnta sa réimse seo: an tOllamh Betty Leask agus an tOllamh Elspeth Jones.

Bhí UCD an-sásta fáilte a chur roimh an Ollamh Tony Harland ó Ollscoil Otago a bhí ina eochairchainteoir ag an siompóisiam 'Cleachtais Mheasúnachta a Leathnú Amach agus a Fhorbairt' i mBealtaine 2018. Chun cur síos a dhéanamh ar na hiarmhairtí a bhíonn ann don teagasc agus don fhoghlaim nuair a chuirtear measúnachtaí grádaithe i bhfeidhm



Sa phictiúr ag an Siompóisiam Teagaisc & Foghlama 'Cleachtais Mheasúnachta a Leathnú agus a Fhorbairt', tá (ó chlé): An tUasal Harry Conway, Ollscoil Ghlaschú; An Dr. Susan Deeley, Ollscoil Ghlaschú; An tOllamh Cúnta Marie Clarke, Déan an Léinn Fhochéime, UCD; An tOllamh Tony Harland, Ollscoil Otago, an Nua-Shéalainn; Maura McGinn Uasal, Stiúrthóir Taighde Insitiúidigh; Áine Galvin Uasal, Teagasc agus Foghlaim UCD; An tOllamh Mark Rogers, Cláiritheoir agus Leas-Uachtarán, UCD.

do gach cineál cúrsa acadúil, labhair sé faoi 'iomaíocht armála' na measúnachta.

An Tionscadal Measúnachta agus Aiseolais

Chun tacú le gníomhaíochtaí feabhsúcháin a cuireadh i bhfeidhm ar na cláir acadúla in 2017/2018, díriodh isteach ar mheasúnacht a dhéanamh ar chlár shainiúla agus aiseolas a fháil fúthu. Lorgaíodh tuairimí stiúrthóirí na gclár mar chuid den tionscadal measúnachta agus aiseolais sin, agus ghlac Aontas Mac Léinn UCD, Rochtain agus Foghlaim ar feadh an tSaoil agus foirne na gclár páirt sa phróiseas freisin. I gcomhairle leis na Leas-phríomhoidí Teagaisc agus Foghlama, cuireadh le chéile seacht bPrionsabal Measúnachta agus Aiseolais UCD i leith na foirne teagaisc agus na foirne i gcoitinne chun go gcuimseoidís ina gcláir féin iad.

Ar an gcaoi chéanna, d'fhreastail os cionn 100 foireann dáimhe agus foirne ar an siompóisiam dar teideal 'Cleachtais Mheasúnachta a Leathnú Amach agus a Fhorbairt'. Shainaithin na daoine a bhí i láthair na bealaí éifeachtúla atá ann chun aiseolas a thabhairt go tráthúil, go háirithe nuair a bhíonn líon mór mac léinn sa rang, rud atá ina phríomhdhúshlán ó thaobh na measúnachta agus an aiseolais de. Fuarthas forbheathnú agus anailís d'aiseolas mac léinn ón Suirbhé ar Rannpháirtíocht na Mac Léinn in Éirinn agus ón suirbhé ar Aiseolas na Mac Léinn ar Mhódúil, chomh maith le

sonraí idirnáisiúnta, agus chabhraigh siad sin linn léargas a fháil ar réimsí ina bhfuil ag éirí go maith le UCD agus ar réimsí a d'fhéadfadh a bheith níos fearró thaobh na measúnachta agus an aiseolais de. Cuid de na téamaí a tháinig aníos ná soiléire maidir le critéir ghrádála agus tuilleadh piarmheasúnaithe agus oibre i ngrúpaí.

Rochtain agus Cuimsiú

Cuireadh gealltanais UCD maidir le rochtain agus cuimsiú ar bhonn foirmiúil faoin gclár 'Ollscoil do Chách', a sheol an tAire Ardoideachais, Mary Mitchell O'Connor, TD an 30 Samhain 2017. Is tionscnamh é an clár 'Ollscoil do Chách', a bhfuil an cuimsiú mar dhlúth agus inneach na hOllscoile ag gach leibhéal mar thoradh air, agus dá bhrí sin, tá rochtain, rannpháirtíocht agus rath na mac léinn mar chroílár gach a ndéanaimid seachas a bheith ar an imeall. Is é aidhm an chlár timpeallacht foghlama ionchuimsitheach a chruthú ina mbíonn rochtain ag na mic léinn ar fad ar éagsúlacht iomlán an duine. Is cuid lárnach é Plean Rochtana agus Foghlama ar Feadh an tSaoil UCD de chuspóir UCD a bheith ina phobal scoláireachta ina bhfuil éagsúlacht agus cuimsiú le brath ann, agus is cuid é freisin den chuspóir atá aige go dtiocfadh 33% dá bhfochéimithe ó phobal nach bhfuil an t-aistriú go dtí an ardoideachas chomh nádúrtha iontu, roimh 2020. In 2017/2018, ba as grúpaí sóisialta a bhfuil tearcionadaíocht acu san ardoideachas a tháinig beagnach 30% d'fhochéimithe UCD.

Rannpháirtíocht a Leathnú – Cláir Fhochéime (Teastais, Dioplómaí agus Céimeanna)

	2015	2016	2017	2018
Mic léinn faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch (céim lánaimseartha amháin) (1)	1,746	1,320	1,406	1,120
Mic Léinn ag Tuairisciú Míchumais (lánaimseartha) (2)	1,349	1,473	1,564	1,940
Mic Léinn ag Tuairisciú Míchumais (Páirtaimseartha)	48	51	59	17
Mic léinn lánfhásta (lánaimseartha) (3)	967	1,021	1,060	923
Mic léinn lánfhásta (páirtaimseartha)	814	836	796	830
Foghlaim pháirtaimseartha agus sholúbtha (4)	1,006	1,064	910	1,094
FETAC/HETAC (lánaimseartha)	262	178	291	345
Líon iomlán na Mac Léinn Rannpháirtíochta Leathnaithe UCD	4,437	4,755	4,965	4,993
Líon iomlán na mac léinn Fochéime UCD	16,310	16,687	17,054	17,169
% na Mac Léinn Rannpháirtíochta Leathnaithe	27.2%	28.5%	29.1%	29.1%

Iontrálaithe nua do Bhunchéimeanna – Bealaí Isteach Breise	2015	2016	2017	2018
BTA	234	269	210	253
BTMO	153	233	246	264
CDBO	72	100	99	107
Lánfhásta	233	193	184	196

Nótaí

- (1) Mic léinn ó na grúpaí socheacnamaíocha D, F & G
- (2) Mic léinn a dhéanann míchumas a thuairisciú trí chlárú do thacaíochtaí le Rochtain agus Foghlaim ar feadh an tSaoil nó a fhaigheann áit trí DARE; NÓ a thugann le fios go bhfuil míchumas acu ar an Suirbhé um Chothroime Rochtana
- (3) Mic Léinn atá 23 bliain nó níos mó an bhliain a thosaíonn siad in UCD, agus nach ndearna bunchéim roimhe seo
- (4) páirtaimseartha, lena n-áirítear Foghlaim Oscailte

Sampla eile dár dtiomantas ná an bealach a tugadh na Scoláireachtaí Co-throm na Féinne (ar a dtugtaí na Scoláireachtaí um Rannpháirtíocht níos Leithne roimhe seo) isteach sa phríomhshruth, scoláireachtaí a bhrontar anois in éineacht le Scoláireachtaí Iontrála UCD. Fuair na scoláireachtaí seo a n-ainm ó mhana UCD, 'Ceart agus Comhionannas', agus cuireann siad tacaíocht airgeadais, acadúil agus phearsanta ar fáil, a chuireann ar chumas mac léinn ó chúlraí éagsúla dea-thorthaí a bhaint amach agus iad ag freastal ar UCD. Fuair os cionn 100 mac léinn na dámhachtainí seo i mbliana.

In 2018, fuair UCD aitheantas don ról ceannaireachta atá aige sa réimse seo nuair a bronnadh dámhachtain HEA a bhaineann le tograí cistithe PATH 1, 2 agus 3 ar an gcuibhreannas atá faoi stiúir UCD (IADT, MIE, NCAD, TCD), a bhfuil mar aidhm aige aird a tharraingt ar rochtain ar ardoideachas do ghrúpaí mac léinn tearcionadaithe. Go sonrach: Bronnadh €200,000 faoin togra cistithe PATH 2 ar son Chiste Sparánachta nua 1916. Bronnadh 40 sparánach €5,000 an ceann san iomlán: 8 gcinn do mhic léinn rochtana UCD. Faoi PATH 3, bronnadh €989,487 ar mhaithe le comhpháirtíochtaí a fhorbairt chun rochtain ar ardoideachas a mhéadú trí scoileanna samhraidh chruthaitheacha, tionscnaimh foghlama oscailte, meantóireacht, agus cathracha foghlama a bhunú.

Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta

Chun foghlaim chumaisc a fhí isteach i gcláir éagsúla, cuireadh 'Comhairliúcháin maidir le Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta' ar fáil do scoileanna trí Theagasc agus Foghlaim UCD, a chuir oiliúint leantach ar fáil agus a d'fhorbair 'Mearthreoracha' d'Fhoghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta freisin.

D'eagraigh UCD an ceathrú bliain de 'EdTECx talks', ócáid lae a tharlaíonn i mí an Mhárta agus 'EdTECx in action', seachtain de cheardlanna a tharlaíonn i mí Lúnasa. Is ardán institiúideach inrochtana EdTECx a thugann deis don fhoireann teagasc agus don fhoireann ghinearálta a dtionscnaimh nuálacha a thaispeáint don phobail agus taithí maidir le cur i bhfeidhm teicneolaíochtaí oideachais i réimse an chleachtais teagasc agus na measúnachta a roinnt. Ba é an téama a bhí ann ag ócáidí na bliana seo ná 'Firinní na Foghlama Digití inniu'.

// Is tionscnamh nua a bunaíodh i mbliana an Líonra Comhairliúcháin um Theicneolaíocht an Oideachais (ETAN) agus cuirfidh sé fóram ar fáil do theicneolaithe oideachais inar féidir leo cleachtais a roinnt ó gach cearn den Ollscoil //

Bunaíodh an Líonra Comhairliúcháin um Theicneolaíocht an Oideachais i mbliana, tionscnamh nua a chuirfidh fóram ar fáil do theicneolaithe oideachais chun go mbeidh siad ábalta na cleachtais atá acu a roinnt ar fud na hOllscoile agus tionchar a bheith acu ar fhorbairt beartas.

Teagasc agus Foghlaim Ollscoile – Aitheantas agus Forbairt Ghairmiúil

Tá líon na mball foirne teagasc atá ag glacadh cúrsaí forbartha gairmiúla leanúnacha agus deimhnithe ag méadú i gcónaí; ghlac os cionn 100 duine páirt iontu i rith 2017/18, rud a léiríonn go bhfuil an fhoireann teagasc tiomanta do bharrfheabhas teagasc agus foghlama. D'fhreastail go leor daoine ar sheimineáir agus shiompóisiamáí freisin. Dhírigh siad seo isteach ar riachtanais na foirne teagasc agus tá baint acu le réimsí tosaíochta na Straitéise Oideachais – Oideachas agus Eispéireas na Mac Léinn 2015-2020.

Gradaim Teagasc agus Foghlama na hOllscoile

De bharr an ratha a bhíonn i gcónaí ar na gradaim bhliantúla, seoladh Gradaim Teagasc agus Foghlama 2018 i mbliana. Aithneoidh dhá scéim gradam luach agus tionchar teagasc d'ardchaighdeán, agus an tionchar a bhí ag an bhfoireann teagasc agus ag an bhfoireann ghinearálta ar fhoghlaim na mac léinn. Rinneadh mionathruithe ar an mbealach a ritear na gradaim i mbliana, mar shampla, leathnaíodh an tréimhse



Ceannairí Rochtana UCD ag Siompóisiam Rochtana 2018.

ainmniúcháin thar an dá sheimeastar agus tríd an samhradh. Cuireadh 2,362 ainmniúchán isteach don fhoireann teagasc agus don fhoireann ghinearálta, 40% níos mó ná an uair dheireanach. Fuarthas os cionn 90% de na hainmniúcháin ó mhic léinn; an fhoireann teagasc agus an fhoireann ghinearálta a chur isteach an chuid eile. Tabharfar aitheantas do dhámhachtaithe ag leibhéal an choláiste agus leibhéal na hollscoile tar éis an phróisis iarratais agus moltóireachta a chur i gcrích ag deireadh 2018.

Comhaltachtaí sa Teagasc agus san Fhorbairt Acadúil

Bunaithe in 2007, is cuid de struchtúr forbartha UCD na Comhaltachtaí sa Teagasc agus san Fhorbairt Acadúil, a spreagann cuid mhór den fhoireann teagasc chun díriú ar theagasc agus foghlaim a fheabhsú ar fud na hOllscoile. Ainmníodh ceithre ghrúpa comhaltachtaí go dtí seo, 25 ball foirne dáimhe ó 16 scoil éagsúla. I mbliana, rinne taighdeoir neamhspleách athbhreithniú ar Scéim na gComhaltachtaí. Foilsíodh toradh an taighde seo agus bhí tionchar aige ar an chéad bhabhta eile de na Comhaltachtaí in 2018–2020, a dhéireadh ar na téarmaí seo a leanas: 'Teagasc agus Foghlaim Traschultúrtha' agus 'Dearadh agus Foghlaim sa TFF'. Déanfar na comhaltai nua a earcú trí chomórtas ag deireadh 2018.

Forbairt Ghairmiúil i dTeagasc agus Foghlaim Ollscoile

Tá méadú ag teacht ar líon na foirne teagasc in UCD atá ag tabhairt faoi Chláir Ghairmiúla i dTeagasc agus Foghlaim Ollscoile. Bhí 60 céimí ann i mbliana; 27 ón nDioplóma Gairmiúil dhá bhliain, 18 ón Teastas Gairmiúil aon bhliain agus 15 ón Teastas um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach. Cuireann Teagasc agus Foghlaim UCD na cláir seo ar fáil go himmheánach agus soláthraíonn siad deiseanna do scoláirí atá ag céimeanna éagsúla dá ngairmeacha a gcuid scileanna teagasc agus a dtuiscint ar mhodhanna agus teoiricí éifeachtúla ardoideachais a athbhreithniú agus a fheabhsú. Is iad seo a leanas na módúil a ndearnadh staidéar orthu: 'Bheith i do Mhúinteoir Ollscoile níos Fearr', 'Foghlaim Fhadhb-Bhunaithe', 'Measúnacht le haghaidh Teagasc agus Foghlama', 'Foghlaim Ghníomhach le Teicneolaíocht' agus 'Do Chuid Oibre Teagasc a Fhoilsiú'.

Cuireadh clár pólótach i bhfeidhm d'ollúna cúnta nua-earcaithe i gColáiste na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Dlí agus i gColáiste na hEolaíochta i mbliana. Tugann príomhoidí na gcoláistí sin urraíocht don chlár agus tá sé mar aidhm aige clár tacaíochtaí a chur ar fáil d'ollúna cúnta a chabhróidh leo dul chun cinn a dhéanamh ina ról nua. Mar chuid den chlár, cuirtear deiseanna ar fáil chun meantóireacht a dhéanamh laistigh de scoileanna/coláistí, chomh maith le réimse gníomhaíochtaí forbartha a dhéanamh a bhaineann le trí phríomhréimse den Chreat um Fhorbairt na nDámh (Teagasc agus Foghlaim; Taighde, Scoláireacht agus Nuálaíocht; Ceannaireacht agus Ionchur).

Tá níos mó rannpháirtíochta ná a bhí riamh roimhe i gcúrsaí forbairt ghairmiúil luath-ghairme UCD. Eagraítear cúrsa ionduchtúcháin do léachtóirí nua san dá sheimeastar, comhlánaithe le seisiún neamhfhoirmeálta am lóin a eagraíonn an Pobal Teagasc agus Foghlama do léachtóirí nua sa chéad seimeastar. Tá tóir i gcónaí ar an gcúrsa oiliúna ionduchtúcháin a eagraítear i Meán Fómhair agus Eanáir, agus d'fhreastail 169 duine ar an dá chúrsa in 2017/18. Cuireann Teagasc agus Foghlaim UCD sraith seimineár tiomnaithe ar fáil freisin do chomhaltai iardhochtúireachta agus taighde chun rannpháirtithe a chur ar an eolas faoi na príomhchoincheapa atá ina mbonn leis an dea-chleachtas sa teagasc agus san foghlaim trí leibhéal, agus chun cabhrú leo athbhreithniú agus ullmhúchán a dhéanamh chun tabhairt faoi roinnt bunghníomhaíochtaí teagasc. Bíonn an-tóir ar an gcúrsa seo agus tá an acmhainn tar éis méadú faoi dhó i gcomparáid leis an mbliain seo caite.

Tacú le Feabhsúchán Acadúil

Cáilíocht a Fhorbairt agus a Bhainistiú

In 2017/18, rinneadh athbhreithniú ar na heagraíochtaí seo a leanas: Scoil na dTeangacha, na gCultúr agus na Teangeolaíochta UCD, Scoil na hEacnamaíochta UCD, Scoil an Pholasaí Shóisialta, na hOibre Sóisialta agus na Córa Sóisialta UCD, Scoil na Seandálaíochta UCD, Scoil na nDomhaneolaíochtaí, Scoil na hEolaíochta Bithmhóilíní agus Bithleighis UCD, Scoil na hInnealtóireachta Ceimicí agus Bithphróisis UCD, and an Institiúid Náisiúnta um Bainistíocht Ghnó, Srí Lanca (comhpháirtí comhoibriú).

Tuigeanann UCD an tionchar a bhíonn ag páirtithe leasmhara seachtracha ar chaomhnú caighdeán acadúil agus ar fheabhas leanúnach a chur ar ghníomhaíochtaí UCD. Tarlaíonn cuid de na rannpháirtíochtaí seo go bliantúil, agus tarlaíonn cuid eile go féilteúil. Sampla amháin de phróiseas cáilíochta féilteúla a tharlaíonn ar bhonn leanúnach ná an próiseas creidiúnaithe sheachtraigh a chuireann Comhlachtaí Gairmiúla, Reachtúla agus Rialála (PSRBanna), amhail Innealtóirí Éireann, i bhfeidhm maidir le 330 de chláir acadúla UCD. Cuimsíonn buntáistí an chreidiúnaithe PSRB na nithe seo a leanas: an feabhas a chuirtear ar eispéireas foghlama na mac léinn tríd an teoiric agus an cleachtadh a nascadh, áit a dtagann an t-eolas a thairgtear san Ollscoil go díreach le cleachtais ghairmiúla sa saol mar atá; bealaí a chruthú do chéimithe atá ag lorg poist i ngairm ar leith sa mhargadh fostaíochta; agus daingniú leanúnach an dearbhaithe cáilíochta agus an fheabhsaithe gníomhaíochta, arna meas ag PSRBanna a bhfuil saineolas fairsing acu sna réimsí cuí.

In 2019, déanfar athbhreithniú cáilíochta seachtrach, urraithe ag QQI, ar éifeachtúlacht phróiseas dearbhaithe cáilíochta UCD. Cuireadh tús leis na hullmhúcháin i mBealtaine 2018 chun Tuarascáil Féinmheastóireachta Institiúideach a fhorbairt, a rachaidh i bhfeidhm ar an gcaidreamh atá ann idir an fhoireann athbhreithnithe agus grúpa ionadaíoch d'fhoireann teagasc, foireann ghinearálta agus mic léinn UCD.

Seirbhísí Bainistíochta Leabharlainne, Faisnéise agus Eolais a chur i gcrích

Is tosaíocht é eispéireas na mac léinn a fheabhsú trí thimpeallachtaí foghlama sármhaithe a chur ar fáil. Leanadh den obair chun spás foghlama sóisialta a chruthú ar Leibhéal 1 de Leabharlann James Joyce mar chuid d'fhorbairt Mhol Leabharlann 2. Tá ábhair liosta leabhar ar fáil sa spás nuachóirithe seo, chomh maith le troscán compórdach ilfheidhmeach chun freastal ar foghlaim shóisialta. Cuireadh an spás ar fáil tríd an aonad Bailiúcháin a aistriú chuig Leibhéal 2, áit ar tógadh limistéar mór eile do mhic léinn atá ag staidéar i ngrúpaí. Cuireadh feabhas ar shaoráidí eile sa Leabharlann Tréidliachta agus i Leabharlann Richview freisin.

Seoladh an Tionscadal um Choimeádaíocht Bhailiúcháin i mbliana, a bhfuil mar chuspóir aige feabhas ginearálta a chur ar cháilíocht na mbailiúcháin Leabharlainne agus ar éifeachtúlacht na mbailiúcháin sin do riachtanais

// Cuireann Teagasc agus Foghlaim UCD na cúrsaí ar fáil go himmheánach agus tugann siad deis d'acadóirí atá ag céimeanna éagsúla dá ngairm athbhreithniú agus feabhas a chur ar a scileanna teagasc //

teagaisc agus taighde. Mhéadaigh an tacaíocht atá ann do Liosaí Léitheoireachta freisin, agus comhlíontar riachtanais 1,239 módúl anois, méadú beagnach 20% i gcomparáid leis an bhliain seo caite.

Tá ról áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta ag na haonaid oidhreachtachta cultúrtha atá againn chun oidhreacht chultúrtha na hÉireann a scaipeadh. Fuair Cnuasach Bhéaloideas Éireann tuilleadh maoiniú ón Roinn Cultúir, Oidhreachtachta agus Gaeltachta chun cabhrú le digitú a dhéanamh ar a chroí-bhailiúcháin, atá curtha ar fáil tríd an tionscadal Dúchas (www.duchas.ie), ar comhfhiontar é le hOllscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

I mbliana, d'fhreastail Ionad Tacaíochta sa Mhatamaitic UCD ar 6,000 cuairteoir, agus thug sé tacaíocht do 1,500 mac léinn cláraithe ar fud choláistí UCD. D'eagraigh Ionad Scríbhneoireachta UCD, a dhéanann freastal ar na mic léinn fochéime agus iarchéime ar fad, 1,696 seisiún scríbhneoireachta chomh maith le 69 ceardlann. Tá na seirbhísí sin, chomh maith le seirbhísí eile a thugann tacaíocht do mhic léinn, lonnaithe sa Leabharlann agus cinntíonn sin go mbíonn comhoibriú idir na seirbhísí tacaíochta uile atá ann do mhic léinn, a bhfuil mar aidhm acu rath na mac léinn a chinntiú, mic léinn a choinneáil san Ollscoil, agus éagsúlacht phobal na hOllscoile a chur chun cinn. Tugadh deis don phobal freisin foghlaim faoin leabharlann nuair a tugadh cead isteach do 575 dalta Ardeistiméireachta i ndiaidh thréimhse na scrúduithe san Earrach.

Seo a leanas cuid de na buaicphointí eile a bhí ann i rith na bliana:

- An Córas um Bainistíocht Faisnéise Taighde nua a chuir Leabharlann UCD agus Taighde UCD i bhfeidhm (<https://people.ucd.ie>), a oibrítear i gcomhar le Stór Taighde Rochtana Oscailte na Leabharlainne, a ndearnadh uasghrádú air le déanaí;
- Seisiún Tionscnaimh do Mhic Léinn i Meán Fómhair 2018: a chuir oiliúint ar fáil do 273 piarmheantóir, cuairteanna do 2,638 mac léinn

nua, chomh maith le 'Preableabharlann' agus 'Gairdín Fáilte' chun caidreach a dhéanamh le mic léinn nua;

- Mar chuid den chlár for-rochtana do mhic léinn, eagraíodh an t-aonach GradsConnect, chomh maith le caifé agus aonach Idirnáisiúnta UCD;
- Cuireadh 121 seisiún dhigiteacha ar fáil i rith gach téarma, áit ar mhúin mic léinn scileanna digiteacha go deonach do dhaoine scothaosta sa phobal áitiúil, lena áiríodh iarbhaill d'fhoireann UCD;
- Cuireadh le Cartlann Léamh Filíochta na hÉireann UCD arís agus tá beagnach 500 léamh taifeadta ann anois; Tá úsáid bainte as na taifid ag UCD agus ag oideoirí, taighdeoirí agus foilsitheoirí ar fud an domhain, agus bhreathnaigh 48,000 duine orthu ar YouTube, g an trácht ar aon mheán eile;
- Ghnóthaigh Cartlann Shonraí Eolaíochta Sóisialta na hÉireann, atá á bainistiú ag Leabharlann UCD, creidiúnú mar 'stór digiteach iontaofa' ón gclár measúnachta údaráisach CoreTrustSeal;
- D'fhorbair Leabharlann UCD an feidhmchlár nua 'StackMap' a shainaithníonn cá háit go beacht a bhfuil ábhair a lorgaíodh trí chatalóg ar líne na Leabharlainne; a bhfuil an leasainm 'Google Maps do Leabhair' tugtha air cheana féin.
- Chuir an Leabharlann Dhigiteach níos mó ná 600,000 íomhá digiteacha lena stór, lena n-áirítear Páipéir Éamoin de Valera: Doiciméid Bhriotanacha a Bhaineann le 1916.

Teicneolaíocht Faisnéise

Mar chuid de na feabhsuithe atá á ndéanamh againn ar an tseirbhís gan sreang don fhoireann teagaisc, don fhoireann ghinearálta agus do na mic léinn, tá trealamh ardfeidhmíochta curtha in áit an 300 pointe rochtana gan sreang atá ann le fada, agus tá acmhainn chlúdaigh níos fearr ar fud an champais anois. Ina theannta sin, rinneadh uasghrádú ar laisc líonra an champais, rud a mhéadóidh seasmhacht an líonra.


Aiseolas ar an Athbhreithniú Cáilíochta Próisis 2016/17

Éilíonn UCD aiseolas foirmeálta agus neamhfhoirmeálta ó bhaill grúpaí athbhreithnithe faoina bpróisis agus faoina nósanna imeachta athbhreithnithe cáilíochta. Tugtar faoin suirbhé seo chun éifeachtacht an phróisis a mheas agus chun nósanna imeachta na hOllscoile i dtaobh athbhreithnithe cáilíochta a thabhairt suas chun dáta, a bheachtú agus a fheabhsú go leanúnach. Tá a leithéid de mheastacháin ag teacht freisin leis na riachtanais agus ionchais a bhaineann le treoracha seachtracha um dearbhú cáilíochta ardoideachais, amhail an ESG agus na Príomh-threoirínte Reachtúla Dearbhaithe Cáilíochta QQI (Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann).

Seoladh suirbhé gearr chuig na hathbhreithneoirí inmheánacha agus seachtracha ar fad a raibh páirt glactha acu in athbhreithnithe a cuireadh i gcrích sa tréimhse 2016-2017. Scaipeadh 23 suirbhé san iomlán, agus fuarthas 23 freagra orthu.

Leagtar amach i Léaráid 1 na freagraí ar fad a fuarthas maidir leis na príomhréimsí ar cuireadh ceist fúthu sa suirbhé. Den chuid is mó, bhí aiseolas na n-athbhreithneoirí dearfach; d'fhreagair 96% de na freagróirí go raibh próiseas athbhreithnithe UCD sármhaith ná maith. Níor éilíodh aiseolas ar shocruithe taistil agus cóiríochta ach ar na hathbhreithneoirí seachtracha, agus d'fhreagair 89% díobh go raibh na socruithe sin 'ar fheabhas', agus an chuid eile, go raibh na socruithe 'sásúil'.

Léaráid 1: Aiseolas ó Athbhreithneoirí le haghaidh Athbhreithnithe Cáilíochta UCD 2016-2017





Sa phictiúr ag an ócáid a eagraíodh chun fillleadh NiteLine a cheiliúradh, tá (ó chlér): Dominic O'Keeffe, Stiúrthóir Seirbhísí agus Saoráidí na Mac Léinn; Eoghan Mac Domhnaill, Oifigeach Leasa Aontas na Mac Léinn; agus Cillian Crosson (NiteLine).

In 2017/18, thugamar Córas um Bainistíocht Faisnéise Taighde isteach freisin, atá ar thús cadhnaíochta go hidirnáisiúnta – Symplectic Elements. Tar éis dúinn na sonraí a aistriú agus na córais ghnó atá ann faoi láthair a chomhtháthú, rinneadh an córas nua a sheoladh go rathúil agus cuireadh sonraí ar fáil trí Infocub UCD agus tríd an tairseach phoiblí Discovery.

Rannpháirtíocht na Mac Léinn agus Scileanna Saoil

Comóradh 25 Bliain de Bharrfheabhas maidir le Gníomhaíochtaí Mic Léinn

I nDeireadh Fómhair 2017, chomóir UCD 25 bliain de Ghradam Uachtarán UCD trí leabhrán a sheoladh ina raibh teistiméireachtaí daoine ar ar bronnadh an gradam i gcaitheamh na mblianta. Ó tosaíodh an scéim in 1993, bronnadh Gradam an Uachtaráin ar 278 duine as an tionchar a bhí acu ar shaol na mac léinn ar an gcampas. Ag an seoladh, rinne iarfhaighteoirí an Ghradaim agus céimithe UCD, Gavan Reilly agus Sinéad Ingoldsby, machnamh ar an tionchar agus an tábhacht a d'imir gníomhaíochtaí ollscoile a tharla taobh amuigh den seomra ranga ar a gcuid forbartha agus gairmeacha beatha féin. I measc na ndaoine eile a ghnóthaigh gradam bhí captaein agus cathaoirligh, gníomhaithe agus feachtasóirí sóisialta, riaraithe agus ionadaithe, a bhfuil rath orthu uile fós de bharr na ngníomhaíochtaí atá déanta acu ar son na sochaí, go náisiúnta agus ar fud an domhain.

Forbairt Gairme

Chun go n-éireoidh le mic léinn a oiread tairbhe agus is féidir a bhaint as a n-oideachas ollscoile, tá tábhacht mhór le forbairt gairme agus scileanna saoil chun iad a spreagadh, páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí na hollscoile agus chun iad a ullmhú dá ngairm beatha agus iad a fhorbairt mar dhaoine. Ba iad seo a leanas roinnt de na spriocanna tábhachtacha a bhaineamar amach i rith na bliana:

- Forbairt gairme agus ghairmiúil a sholáthar do mhic léinn, a bhfuil creidiúint ag baint léi;
- Deiseanna a chruthú le haghaidh intéirneachtaí agus earcú céimithe trí aonaigh earcaíochta a eagrú, amhail na haonaigh eolaíochta, innealtóireachta agus teicneolaíochta, agus gnó, airgeadais agus

bainistíochta ar fhreastail 192 fostóir céimí agus 4,438 mac léinn UCD orthu;

- 89 fostóir a earcú chun ceardlanna agus léirithe faoi scileanna infhostaitheachta a thabhairt do 1,693 mac léinn;
- Comhoibriú le comhghleacaithe acadúla chun 158 ceardlann neamhspleacha a thairiscint i Scoileanna agus Coláistí do 6,026 mac léinn;
- Cinnteoireacht agus forbairt ghairmiúil mac léinn, a bhaineann leis an ngairm ar mhaith leo a bheith acu, a éascú trí ghníomhaíochtaí comhairliúcháin agus oiliúna a chur ar fáil do 2,792 mac léinn.

Ar a bharr sin, chuir Ionad Forbartha Gairme UCD feabhas ar na deiseanna comhchuraclaim atá ar fáil; Chríochnaigh 110 mac léinn clár meantóireachta do chéimithe, ghnóthaigh 83 mac léinn na Gradaim 'UCD Embark' agus 'UCD Advantage' ina gcéad bhliain, fuair 13 tionscadal foirne/mic léinn maoiniú faoin tionscnamh um Thacaíocht do Chomhpháirtíochtaí agus Athruithe a Chur i bhFeidhm (SPARC) agus fuair 117 mac léinn Teastas i Scileanna don Saol Oibre nó san Fhoghlaim Obairbhunaithe, nach bhfuil aon chreidiúint ag gabháil leis.

Feidhmchlár Móibíleach agus Timpeallacht Fhíorúil Foghlama Nua

Seoladh Feidhmchlár Móibíleach nua de chuid UCD, a bhfuil comhéadan úsáideora agus inneachar air atá feabhsaithe go mór; áirítear leis seo rochtain ar an Timpeallacht Fhíorúil Foghlama, feidhmiúlacht maidir le cuardach leabharlainne, eolas faoi thacaíochtaí do mhic léinn, agus córas áirithe do shaoráidí an champais, amhail Pictiúrlann UCD. Ina theannta sin, tar éis d'anailís agus comhairliúcháin mionsonraithe a bheith déanta, cuireadh timpeallacht fhíorúil foghlama nua den chéad glúin eile i bhfeidhm.

Ár bhFreagairt do Mhic Léinn a Fheabhsú

I mbliana, cuireadh faoi stiúir aon fhoirne amháin na seirbhísí tacaíochta do mhic léinn maidir le próisis ghearáin, achomhairc agus iompair. Is iad príomhghníomhaíochtaí na foirne nua bainistiú a dhéanamh ar chásanna mic léinn agus comhairle agus treoir a thabhairt do mhic léinn, don fhoireann teagaisc agus don fhoireann ghinearálta maidir le hachomhairc, gearáin, iompar mac léinn, agus nósanna imeachta maidir le cumas staidéir. Cuireann an struchtúr seo ar chumas na hollscoile eolas agus saineolas a roinnt agus, trí éifeachtúlachtaí próisis agus gabháil sonraí

fheabhsaithe, is féidir treochtaí, fadhbanna agus deiseanna a shainaitheint ar mhaithe le feabhsúcháin a dhéanamh amach anseo. D'fhorbair an fhoireann clár for-rochtana agus oiliúna freisin chun feachtas a ardú agus tuiscint ar phróisis a chur chun cinn, rochtain ar sheirbhísí a fheabhsú agus baill foirne a bhfuil ról thábhachtach acu a ullmhú chun go ndéileálfadh siad go héifeachtach le hacomhairc agus gearáin mac léinn, chomh maith leis na próisis a bhaineann le hiompar mac léinn.

An Chomhdháil Idirnáisiúnta um Chomhairliúchán Mac Léinn

Reáchtáil UCD an séú comhdháil bhliantúil de chuid NACADA, faoi stiúir na heagraíochta domhanda do chomhairliúcháin acadúil atá lonnaithe in Ollscoil Kansas State. Ba é seo an chéad chomhdháil dá leithéid a eagraíodh in Éirinn agus bhí os cionn 300 duine i láthair ó 16 tír. Bhí foireann eagraithe na comhdhála comhdhéanta d'ionadaithe ó Chomhairleoirí Mac Léinn UCD, Rochtain agus Foghlaim ar Feadh an tSaoil (ALL) UCD, Leabharlann UCD, Ionad Fobhartha Gairme UCD, agus IT Bhaile Bhlainséir. Chuir baill foirne de chuid UCD, lena n-áirítear Comhairleoirí Mac Léinn agus ALL, páipéir i láthair ag an gcomhdháil agus d'eagraigh siad ceardlanna inar pléadh, i measc rudaí eile, tacaíocht acadúil do mhic léinn, coinneáil mac léinn san ollscoil, agus tacú le grúpa a bhfuil tearcionadaíocht acu san airdoideachas, agus baineadh úsáid as piarthacaíochtaí agus seimineáir do mhic léinn ón chéad bhliain.

Rannpháirtíocht an Phobail

Tá baint ag Comhairleoirí Mac Léinn UCD le roinnt tionscnamh atá dírithe ar rannpháirtíocht a spreagadh i ngníomhaíochtaí na hollscoile agus dáimh a chothú i measc phobal na hollscoile. Is grúpa ceardaíochta/cruthaitheach é Purl Jam UCD, a bhunaigh beirt Chomhairleoirí Mac Léinn i Meán Fómhair 2017. De bharr an tionscnaimh seo, tháinig an fhoireann teagaisc, an fhoireann ghinearálta agus na mic léinn le chéile agus thairg siad earraí chun iad a bhronnadh ar charthanachtaí. Príomhthionscadail eile a tharla

ná an comhoibriú le FSS chun a fheachtas meabharshláinte 'rudaí beaga' a thabhairt go dtí UCD, cumann PhD ina mbeadh spás ar fáil do mhic léinn a d'fhéadfadh a bheith ag mothú uaigneach, agus tionscadal siúil agus cainte le daoine a spreagadh chun caidreamh a dhéanamh lena chéile agus tairbhe a bhaint as an nádúr. Spreag na tionscnaimh sin idirghníomhaíocht idir an fhoireann teagaisc/an fhoireann ghinearálta na mic léinn agus chruthaigh siad naisc leis an bpobal lasmuigh de UCD.

Ad Astra

Eagraíodh an chéad Tráthnóna Bronnta Céimeanna de chuid Acadamh Ad Astra do rang 2017 ar an 12 Deireadh Fómhair 2017 i Halla O'Reilly. Rinneadh ár Scoláirí Acadúla, ár Scoláirí Spóirt Éilít agus ár Scoláirí Taibhealaíon a chomóradh, agus bhí us UCD, Patrick Boland (Baitsiléir Tráchtála) mar aoidhainteoir don ócáid. Labhair sé faoina shaol mar mhac léinn in UCD agus faoina shaol ina dhiaidh.

I measc na gcéimithe ó rang 2017 a comóradh ag an ócáid, bhí Paul O'Donovan, a bhuaigh bonn airgid ag Cluichí Oilimpeacha Rio 2016 le linn dó a bheith ina scoláire Ad Astra, agus a bhuaigh is a choinnigh an bonn Óir ag craobhchomórtais Rámhaíochta an Domhain dhá bhliain as a chéile; D'imir Josh van der Flier ar fhoireann na hÉireann i gcrabhbh rugbaí na Sé Náisiún agus i rith na Sraithe Guinness, agus bronnadh gradam laocha na himeartha air sa chluiche in aghaidh na hAstráile; Bhí Deirdre Duke mar dhuine amháin de sheachtar Scoláire Spóirt Éilít a bhí ann roimhe seo agus atá ann faoi láthair agus a bhí ar fhoireann Haca na hÉireann a bhain an dara háit amach ag Corn Haca an Domhain mí Lúnasa seo caite. Ghnóthaigh an Scoláire Acadúil Allan Meiriño scoláireacht chun tabhairt faoi Mháistreacht Fealsúnachta sa tSeandálaíocht Chlaisiceach in Ollscoil Oxford, agus bhí roinnt dár scoláirí acadúla i mbun staidéir bhreise ag an deichniúr ollscoil is fearr ar domhan.

Is ócáid an-tábhachtach é seo, a léiríonn go bhfuil tréimhse na scoláirí san Acadamh druidte chun deiridh, agus a aithníonn an tábhacht a bhaineann



Sa phictiúr ag Comhdháil Idirnáisiúnta NACADA in UCD 2018, tá (ó chlé): An tOllamh Jason Last (Déan na Mac Léinn UCD); An Dr. Debbie Mercer (Déan Choláiste an Oideachais, Ollscoil Kansas State); An tOllamh Andrew Deeks (Uachtarán UCD); An Dr. Colleen Doyle (Comhairleoir Mac Léinn, UCD); Amy Sannes (NACADA) agus an Dr. Charlie Nutt (Stiúthóir Feidhmiúcháin NACADA).



Céimithe Spóirt Éilít 2017 le Foireann an Acadaimh Ad Astra: (ó chlé) Adam Byrne (Rugbaí), Chloe Ryan (Galf), Ciara Grant (Sacar), Colin Judge (Paraileadóir Boird), Darina O'Hanlon (Bainisteoir Acadamh Ad Astra), Daniel Leavy (Rugbaí), Ann O'Hanlon (Bainisteoir Spóirt Éilít), Joshua van der Flier (Rugbaí), an tOllamh Colin Boreham (Stiúrthóir an Ghrúpa Spóirt Éilít), an tOllamh Barbara Dooley (Stiúrthóir Acadamh Ad Astra), Maxim Kouogun (Sacar) agus Edward Byrne (Rugbaí).

leis an am a chaith siad san ollscoil agus na n-ádh na n-ádh atá acu le UCD. Is bealach é chun an grúpa céimithe Ad Astra a chur chun cinn, agus tabharfar aitheantas do scoláirí as barrfheabhas a bhaint amach ina n-ábhair roghnaithe agus as leas a bhaint as a n-eispeireas den chlár Ad Astra in UCD. Táthar ag súil go mbeidh na scoláirí seo i bhfách go mór leis an Ollscoil agus le hAcadamh Ad Astra, agus go n-úsáidfí siad an saineolas agus na hacmhainní atá acu chun tairbhe na nglúnta mac léinn UCD atá le teacht.

Tharla Searmanas Bronnta Gradam an Acadaimh Ad Astra ar an 30 Eanáir 2018. Is ócáid mheasúil é seo ina mbronnar scoláireachtaí go foirmeálta ar na scoláirí nua; i gcás scoláirí Chéim 1, bíonn muintir na scoláirí i láthair, chomh maith leis an bpríomhoide a bhí acu sa mheánscoil, deontóirí an Acadaimh agus baill den fhoireann teagaisc agus d'fhoireann ghinearálta UCD. I mbliana, thug an grúpa scoláirí Taibhealaíon léiriú den thréad cáiliúil *Soave sia il vento*, ó *Così Fan Tutte*, an ceoldráma Iodáilise, mar chuid de thaispeántas an tráthnóna.

Saol na hOllscoile i gCoitinne

Filleadh na Seirbhíse Niteline

I rith 2017/18, d'oibrigh Seirbhís Mac Léinn UCD le hAontas Mac Léinn UCD chun an tseirbhís Niteline a athbhunú, seirbhís éisteachta agus eolais do mhic léinn UCD. Is seirbhís tacaíochta é seo a chuirtear ar fáil lasmuigh de na gnáthuaireanta oibre agus a thairgeann cúnamh gutháin agus comhrá trí theachtaireachtaí ar líne; cuireann an tseirbhís leis na tacaíochtaí Ollscoile atá ar fáil cheana, amhail na comhairleoirí mac léinn, na seirbhísí comhairleoireachta agus sláinte, agus seirbhísí na séiplíneach.

Cruinniú Mullaigh Idirnáisiúnta na Mac Léinn

I Meitheamh 2018, chuir Seirbhís Mac Léinn UCD fáilte roimh thoscairí NASPA le haghaidh cruinniú mullaigh oideachasúil idirghníomhach, a

raibh mar aidhm aige léargas a roinnt le comhpháirtithe agus eatarthu. Is é NASPA (Riarthóirí Gnóthaí Mac Léinn san Ardoideachas) an eagraíocht is tábhachtaí a oibríonn ar son chur chun cinn, éifeachtacht, agus inbhuanaitheacht gnóthaí mac léinn ar fud an domhain. Cuireann a gcuid oibre seirbhísí forbartha, abhcóideachta, agus taighde ar fáil don 15,000 ball atá acu in os cionn 26 tír. Eagraíodh cuairteanna saincheaptha agus tugadh léirithe mionsonraithe ar na struchtúir, próisis agus modheolaíochtaí atá ag UCD chun saol na mac léinn a éascú.

Séiplíneacht UCD ar Ardán na hEorpa

Ón 4-8 Meitheamh 2018, réachtáil UCD Comhdháil Séiplíneach Ollscoileanna na hEorpa (CEUC) agus cuireadh fáilte roimh 85 séiplíneach as 15 tír. Is é seo an chéad uair riamh a reachtáladh an chomhdháil in Éirinn agus is é foghrúpa de chuid Lónra Séiplíneach na hÉireann ag an Tríú Leibhéal (CN3) a d'eagraigh é, agus is é ár séiplíneach féin a bhí mar chathaoirleach.

Malartú Cultúrtha

I measc an 60 grúpa a ghlac páirt i dTionól Gaeilge 2018, scoil samhraidh Ghaeilge Bhord na Gaeilge, bhí mic léinn ó chomhpháirtí Universitas 21 UCD, Ollscoil Johannesburg. Ba é seo an darabliain a eagraíodh an scoil samhraidh idirnáisiúnta seo, ócáid atá dírithe ar dhaoine fásta as Éirinn agus as tíortha eile. Luaigh na mic léinn sainiúlacht na Gaeilge agus an dúil atá acu i bhfoghlaim faoi chultúir éagsúla mar chuid de na príomhchúiseanna ba bhonn lena dteacht go UCD chun staidéar a dhéanamh. Ba iad siúd a tháinig as Ollscoil Johannesburg an grúpa mac léinn a rinne an dul chun cinn is mó ina ndámha féin – agus ní hamháin gurbh é seo an chéad uair riamh a thug siad cuairt ar Éirinn ach ba é seo an chéad bhlaiseadh den Eoraip a bhí faighte acu riamh freisin. D'fhreastail na mic léinn ar ranganna Gaeilge agus ar léachtanna inar pléadh gnéithe éagsúla de stair agus cultúr na Gaeilge. Is tír ilchultúrthaan Aifric Theas, a bhfuil go leor teangacha oifigiúla á

labhairt ann agus, i gcás roinnt de na mic léinn, ba í an Ghaeilge an ochtú teanga a bhí foghlamtha acu! Tá an-áthas orainn gur bhain na mic léinn sult as an tréimhse a chaith siad in UCD agus tá súil againn go scaipfidh siad an scéal faoin turas a rinne siad agus go dtarlóidh tuilleadh malartuithe cultúrtha amach anseo.

Gníomhaíochtaí na gCumann

Is dlúthchuid de shaol UCD Cumainn na Mac Léinn, agus tá os cionn 100 cumann ann a phléann le gach rud ó lámhchleasaíocht go díospóireacht. Sa bhliain acadúil 2017/18, chláraigh Cumainn UCD an líon ball is mó riamh - 55,000 mac léinn san iomlán. Is é an cumann a bhfuil an bhallraíocht is mó aige ná an Cumann Dlí – 5,700 mac léinn – agus tá 12 chumann ar leith ann a bhfuil níos mó ná 1,000 ball iontu. San iomlán, tá 16,000 mac léinn ina mbail de chumann éigin. Chuir Cumainn UCD fáilte roimh go leor aoichainteoirísan Ollscoil i rith na bliana, lena n-áirítear an gníomhaí Meiriceánach, an tUrramach Al Sharpton; Uachtarán Chomhairle na hEorpa, Donald Tusk; An t-aisteoir, Patrick J Adams; An popghrúpa, The Script; An fear grinn, John Bishop; An t-iriseoir, Nigela Lawson agus an t-ealaíontóir comhraic agus traenálaí, John Kavanagh.

Éachtaí Spóirt

Bronnadh Gradam Spóirt Chomhairle Aontas Lúthchleasaíochta UCD ar os cionn 350 mac léinn ó 24 cumann spóirt éagsúla as na héachtaí spóirt a bhain siad amach ar son na hOllscoile le dhá mhí dhéag anuas.

Bhí bliain iontach ag Cumann Haca na mBan UCD ar na hardáin náisiúnta agus idirnáisiúnta araon. Sa bhaile, bhuaigh an cumann craobh Chorn Sinsir Éireann na mBan den cheathrú huair le seacht mbliana anuas, tar éis bua cuimsitheach a fháil ar Pegasus in Belfield. Bhain siad an chéad áit amach i Sraith Haca na hÉireann gan stró. Is é seo an 13ú uair dóibh an comórtas agus an Corn Sinsir a bhuachan sa bhliain chéanna. Ar an ardán idirnáisiúnta, faoi stiúir an chaptaein Katie Mullan, atá ina Scoláire Spóirt Iarchéime de chuid UCD, bhain naonúr mac léinn agus iar-mhac léinn de chuid UCD bonn airgid amach i gCorn Haca an Domhain na mBan i mí Lúnasa.

I bhFeabhra na bliana seo, bhain Foireann Sacair UCD Cluiche Ceannais Chorn Collingwood amach, a bhí ar siúl in Ollscoil na Banríona, Béal Feirste. Mar is dual do chluiche ceannais an chomórtais seo le blianta beaga anuas, ní chreidfeá cad a tharla an bhliain seo. Agus an dara leath á imirt acu le deichniúr imreoirí, scóráil scoláire Ad Astra UCD agus Laoch an Chomórtais, Daire O'Connor, cúl iontach sa 93ú nóiméad chun an 47ú corn Collingwood a bhuachan do UCD.

Tháinig deireadh leis an tréimhse fhada 40 bliain gan bhua a bhí ag Cumann Cispheile Marian UCD i mbliana nuair a bhain siad an chéad áit amach i gComórtas Ard-Sraithe na bhFear ag an Láthair Náisiúnta Cispheile i dTamhlacht tar éis dóibh an lámh in uachtar a fháil le 72-71 pointe i gcluiche iontach in aghaidh Pyrobel Chill Easra.

Bhain foireann Peileadóirí Gaelacha Sinsir UCD an dara Corn Sigerson le trí bliana anuas amach tar éis dóibh an bua a fháil ar Ollscoil Náisiúnta na Gaillimhe i bPáirceanna Imeartha Choláiste na Tríonóide, bua a bhí saothraithe go crua.

Ghnóthaigh Éire na boinn óir agus airgid ag Comórtas Rámhaíochta an Domhain faoi aois 23 in Poznan na Polainne. Léirigh an bheirt dornálaithe éadrom-mheáchain as Éirinn, David O'Malley agus Shane Mulvaney, atá ina scoláirí Spóirt Éilít de chuid Ad Astra UCD, féin-mhuinín iontach tar éis dóibh críochnú dhá shoicind roimh fhoireann na Gréige chun an bonn óir a bhuachan. Bhí a thuilleadh ratha ar Éirinn agus UCD nuair a d'éirigh leis an gceathrar dornálaithe éadrom-mheáchain, Miles Taylor, Niall Beggan, Ryan

Ballantine agus an Scoláire Spóirt Éilít UCD, Andrew Goff, a luas a ghéaradh agus an bonn airgid a bhuachan i gcomórtas céaslaire ceathrair na bhfear.

Oideachas agus Forbairt a Éascú do Mhic Léinn Taighde Iarchéime

In 2017/18, bhí méadú beagnach 7% ar líon na mac léinn ar an rolla le haghaidh cúrsaí iarchéime múinte. Baineann timpeall 50% den líon iomlán ar an rolla le haghaidh céimeanna máistir múinte in Éirinn le cúrsaí a chuireann UCD ar fáil, rud a léiríonn gurb é UCD an rogha ollscoile sa tír i gcomhair cúrsaí máistir. Is ionann rolluithe iarchéime agus níos mó ná 30% de rolluithe iomlán UCD.

Clú a Bhaint Amach


Tá clú ar UCD mar cheannaire ó thaobh na maoirseachta agus an oideachais dochtúireachta de. In Aibreán 2018, threoraigh UCD an grúpa oibre U21 um thacaíochtaí do stiúrthóirí taighde, a tháinig le chéile in Ollscoil Queensland in Brisbane. Ina theannta sin, d'fhoilsigh UCD doiciméad maidir le Dhea-chleachtais in Oideachas Dochtúireachta, i gcomhar lena chomhghleacaithe atá mar pháirt do Mheitheal Machnaimh Tarragona. Chomh maith leis sin, tá ullmhúcháin á ndéanamh faoi láthair ag UCD chun cruinniú bliantúil ORPHEUS (an Eagraíocht um Oideachas PhD ar an mBithleighis agus ar na hEolaíochtaí Sláinte sa Chóras Eorpach) a réachtáil i Márta 2019.

Tá áthas orainn gur ceapadh Déan Staidéir Iarchéime UCD i mbliana mar bhall de Chomhlachas Eorpach na nOllscoileanna – Coiste Stiúrtha na Comhairle um Oideachas Dochtúireachta (EUA-CDE). Tá ról lárnach ag an EUA-CDE i bhforbairt an oideachais dochtúireachta agus i bhfoirbairt na hoiliúna taighde san Eoraip. Tá sé mar sprioc aige an cumas taighde dochtúireachta in ollscoileanna na hEorpa a neartú, comhoibriú agus malartú dea-chleachtais a chur chun cinn idir na baill, agus na baill a spreagadh chun a gcuid oibre taighde a scaipeadh.

Ardcháilíocht a Chur Chun Cinn

Déanaimid iarracht i gcónaí cultúr dearbhaithe cáilíochta comhtháite a chur i bhfeidhm, áit a bhfuil stiúrthóirí agus an fhoireann tacaíochta go hiomlán ar an eolas faoi nósanna imeachta a bhaineann le feabhsú cáilíochta, agus go nglacann siad chucu féin iad. Mar chuid den iarracht

Líon na nIarchéimithe UCD





Sa phictiúr ag ócáid i Lúnasa 2018, tá (ó chlé): Ashling Hartevelde (Riarthóir Scoil Samhraidh, Bord na Gaeilge UCD); Clár Ní Bhuachalla (Bainisteoir Scoil Samhraidh, Bord na Gaeilge UCD); Aisling Ní Sheirín (Oide Scoil Samhraidh, Bord na Gaeilge UCD) in éineacht le mic léinn ó Ollscoil Johannesburg.

chun cultúr ardcháilíochta a bhaint amach, ghlac UCD páirt i mbliana sa ghrúpa oibre ISSE PGR chun suirbhé rannpháirtíochta dírithe ar mhic léinn taighde iarchéime a fhorbairt. Cuireadh obair an ghrúpa i láthair go poiblí ag an gComhdháil um Cháilíocht sa Taighde Iarchéime in Adelaide in Aibreán 2018. Ghnóthaigh Staidéir Iarchéime agus Scoileanna Iarchéime UCD ráta freagartha de 39.2% in UCD i gcomparáid leis an meánráta náisiúnta, 32.5%.

I mbliana, ghlac UCD páirt ghníomhach i ndearadh agus i gcur i bhfeidhm an Fhórait Náisiúnta um Shláine Taighde, a bhfuil sé mar aidhm aige a chinntiú go gcomhlíonann gach Eagraíocht a Dhéanann Taighde in Éirinn an módúl oiliúna ar líne maidir le Sláine Taighde, módúl a bhfuil deimhniú ag gabháil leis.

Leanfaidh UCD d'fhorbairt na tacaíochtaí a chuireann sé ar fáil do stiúrthóirí taighde. I mbliana, chomh maith leis an gClár Tacaíochta agus Forbartha do Stiúrthóirí Taighde (RSSDP), ar féidir le gach stiúrthóir páirt a ghlacadh ann, leathnaíodh an clár atá á rith i gcomhar le Coláiste na Tríonóide chun go gcuirfí Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn san áireamh. Ba fhreagra é seo ar an éileamh a rinne na dámha agus na hinstiúidí ar cheardlanna speisialaithe i réimsí amhail an oideolaíocht a bhaineann leis an stiúrthóireacht, agus foirne ildisciplíneacha a stiúradh i réimsí a bhaineann leis an mbithleigheas. Leathnaíodh an tsraith sheiminéar am lóin chun topaicí amhail 'Aiseolas Éifeachtach a Thabhairt' agus 'Noda Maithe ó stiúrthóirí a bhfuil duaiseanna buaite acu' a chuimsiú. Tugadh cuireadh d'aoichainteoirí on gcoigríoch ceardlanna a óstáil maidir leis an gceannaireacht sa taighde agus sa bhainistíocht coimhlinte.

Comórtas Thráchtas i dTrí Nóiméad UCD

I mBealtaine 2018, reáchtáil UCD den chéad uair an comórtas Cumarsáide Taighde, Tráchtas i dTrí Nóiméad. Sa chomórtas seo, cuirtear dúshlán roimh mhic léinn PhD a gcuid taighde a mhíniú do lucht éisteachta ginearálta i 3 nóiméad, agus úsáid á baint acu as sleamhnán amháin. Chuir 40 mac léinn as na coláistí ina n-iomláine, iarratas isteach ar an gcomórtas agus roghnaíodh seisear mic léinn don bhabhta ceannais. Déanfaidh an buaiteoir, Roshaida Abdul Wahab, atá ag staidéar in Institiúid Bhia agus Sláinte UCD, ionadaíocht ar son UCD ag an gcomórtas Tráchtas i dTrí Nóiméad U21 i nDeireadh Fómhair 2018.

Mar chuid den chomórtas, tugadh deis do mhic léinn a ghnóthaigh áit sa bhabhta ceannais oiliúint speisialaithe san óráidíocht phoiblí agus sa chumarsáid taighde a fháil. Bhí saineolaithe cumarsáide nach bhfuil baint acu le UCD i measc bhreithimh an chomórtas.

Aclaíocht agus Éifeachtacht a Mhéadú

Is iad seo a leanas na cuspóirí atá againn faoin tionscadal Inniúil: barrfheabhas a bhaint amach, acmhainní 'feabhsúcháin leanúnaigh' a thógáil, an fhoireann teagaisc agus an fhoireann ghinearálta a chumasú chun UCD a fheabhsú i gcoitinne. Tá ról ag Inniúil maidir le léargas nua agus foghlaim a fhorbairt agus deiseanna a thapú ar mhaithe le haclaíocht agus éifeachtacht níos fearr a bhaint amach. Tá ról tábhachtach ag an oiliúint maidir leis na cuspóirí seo a bhaint amach agus i mbliana, ghlac 250 ball den fhoireann teagaisc agus den fhoireann ghinearálta páirt i sraith chlár oiliúna creidiúnaithe leathlae, lae iomláin agus sé lá. Bíonn a gcuid ceisteanna féin ag na rannpháirtithe a ghlacann páirt sa lá iomlán oiliúna de ghnáth, cibé acu an ceisteanna ó dhaoine aonair ná ón bhfoireann iad, agus baineann na ceisteanna le cúrsaí óna n-oifig féin ar mhaithe leo iad a réiteach. Ghlac aon duine dhéag den fhoireann páirt sna cúrsaí oiliúna creidiúnaithe, agus chuir siad tionscadail fheiceálacha i gcrích ina Scoileanna/Aonaid féin. Seo a leanas cuid de na cúrsaí a cuireadh ar fáil: bainistíocht saotharlainne/ceardlainne Scoil na Talmhaíochta agus na hEolaíochta Bia UCD agus Scoil na hInnealtóireachta Meicniúla agus Ábhar; feabhsú phróiseas (Clárlann, Taighde, Seirbhísí TF, agus Oifig Airgeadais UCD); anailíseach/seirbhíse (Seirbhísí TF agus Acmhainní Daonna UCD); forbairt ionaid teagmhála (Seirbhísí Eastáit UCD); agus seirbhís agus feabhsúchán (Airgeadas UCD agus Clárlann UCD).

Cé gur modh tábhachtach é an oiliúint chun comhghleacaithe ón gcampas ar fad a spreagadh, bíonn tionchar ag Inniúil ar thionscadail thábhachtacha eile. Príomhshampla de seo ná an tAthbhreithniú ar Sheirbhísí Mac Léinn agus Acadúla, a bhfuil mar chuspóir aige feabhas a chur ar an mbealach a gcuirimid an clár acadúil ar fáil do na mic léinn agus na dámha. Tá Clár Gnó Inniúil do 2019 bunaithe ar phróiseas machnaimh bliantúil atá mar dhlúthchuid den obair a dhéanann sé ar son UCD, agus de bharr thorthaí an phróisis seo, díreofar go córasach ar chuspóirí agus ar dheiseanna Thionscnamh Straitéiseach a Sé, rud a chuirfidh ar chumas na hOllscoile oibríúcháin bharrainneacha a chur i bhfeidhm, chomh maith le tionchar an tionscnaimh a mheas.

Tá na pobail chleachta (CoP) 'Work Smarter Together' ag fás i gcónaí. I mbliana, cuireadh tús le CoP Inniúil, a bhí dírithe ar na teicníochtaí agus ar na scileanna a dtugaimid oiliúint iontu. Tá Inniúil ag tabhairt tacaíochta don CoP Bainisteoirí Scoile nua agus ag obair leis na CoPanna atá ann cheana freisin. Is é cuspóir na bPobal Cleachta in UCD scileanna agus eolas a chruthú agus a roinnt. Eagraíodh ócáidí 'Work Smarter Together' i nDeireadh Fómhair agus i bhFeabhra, agus bhí scoil samhraidh ann i mí Iúil. Thug na hócáidí seo deis do comhghleacaithe a oibríonn in UCD, agus dóibh siúd a oibríonn lasmuigh den Ollscoil, a dtuairimí a chur i láthair, bualadh le chéile agus eolas a roinnt.

Taighde, Nuálaíocht agus Tionchar

Réamhrá ón Leas-Uachtarán um Thaighde, Nuálaíocht agus Tionchar

I mbliana, tá feidhmíocht láidir déanta arís ag UCD sa taighde, sa nuálaíocht agus ó thaobh an tionchair de, agus d'éirigh lena hollcláir chistithe agus lena scoláireachtaí aonair chomh maith.

Ba í seo an bhliain is rathúla a bhí againn ó thaobh deontas taighde de; fuairamar cistiú seachtrach €122.4 milliún san iomlán. Is méadú 25% é seo ar fhiúir na bliana seo caite, agus is méadú €5.5 milliún é ar an leibhéal is airde a fuarthas roimhe seo.

Ba é 3,410 líon fhoilseacháin UCD a bhí taifeadta i mbunachar sonraí Scopus in 2017, ar méadú 14% é ar 2014, agus maidir leis an tionchar luanna ualaithe de réir réimse a bhain leis na foilseacháin sin, bhí sé 78% os cionn an mheáin dhomhanda, ar méadú é ó 67% os cionn an mheáin dhomhanda in 2014. Léiríonn sé seo go bhfuil an Ollscoil ag comhlíonadh Chuspóir 1 de Straitéis UCD 2015-2020: cáilíocht, méid agus tionchar ár dtaighde, ár scoláireachta agus ár nuálaíochta a mhéadú.

I measc na ndeontas taighde tábhachtach a cláraíodh i mbliana, bhí deontais ann do dhá Ionad Taighde de chuid Fhondúireacht Eolaíochta Éireann faoi stiúir UCD: an tIonad Taighde Bithghilleagair BEACON agus an tIonad Taighde Ard-déantúsaíochta I-FORM. Chuimsigh an maoiniú a fuarthas ón earnáil tionscail, tionscadal taighde tábhachtach maidir leis an intleacht shaorga i gcomhar le Samsung Electronics. D'earcaigh UCD an tOllamh Murray Hitzman mar Stiúrthóir ar Ionad Taighde iCRAG Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, agus ghnóthaigh sé Gradam Ollúnachta Fhondúireacht Eolaíochta Éireann. Fuair taighdeoirí UCD dhá Ard-dheontas agus trí Dheontas Comhdhlúiteora ón gComhairle Eorpach um Thaighde. Ba é an tOllamh Ken Wolfe an chéad taighdeoir sa tír seo a fuair Ard-dheontas den dara huair, deontas a bhfuil ardmheas air. Is príomhchomhpháirtí é UCD de AgriChemWhey, an dámhachtain is mó riamh a bronnadh ar thionscadal in Éirinn faoin gclár Horizon 2020 AE. Ghnóthaigh taighdeoirí UCD roinnt gradam tábhachtach, ina measc an tOllamh John Walsh a bhuaigh Bonn Óir Acadamh Ríoga na hÉireann sna hEolaíochtaí Comhshaoil agus sna Geo-eolaíochtaí.

Foilseacháin Taighde: tá sonraí faoi na foilseacháin taighde uile a rinneadh i rith thréimhse na Tuarascála ar fáil ar líne ag www.ucd.ie/research/publications.



Leanfaimid de dhíriú ar ár n-acmhainní a fhorbairt le go mbeidh taighde ardtionchair á chur i gcrích againn i gcónaí. Bronnadh Gradam um Thionchar Taighde Chomhoibríoch de chuid Aistriú Eolais Éireann 2018 orainn as ár taighde comhoibríoch le ENBIO, cuideachta spáis Éireannach. Bhuaigh mac-chuideachta UCD, OxyMem, gradam i gcatagóir na bhFiontar Beag agus Meánmhéide ag Dámhachtainí Nuálaíochta Taighde na SA-na hÉireann 2018, arna bhronnadh ag Comhlachas Tráchtála Mheiriceá na hÉireann agus Acadamh Ríoga na hÉireann le chéile. Bhuaigh an Dr. Andrew Hines ó Scoil na Ríomheolaíochta UCD agus ó Ionad Taighde Fhondúireacht Eolaíochta na hÉireann CONNECT an gradam i gcatagóir an ardoideachais ag an ócáid chéanna. Chun cur leis na nuálaíochtaí rathúla seo, tá tús curtha againn leis an obair chun NovaUCD a leathnú, an tIonad um Fhiontair Nua agus Fhiontraithe, agus d'osclaíomar freisin na chéad oifigí d'Aistriú Eolais laistigh d'Ospidéal in Ospidéal Ollscoile Naomh Uinseann agus in Ospidéal Ollscoile an Mater Misericordiae.

Leanfaimid de chur lenár rannpháirtíocht phoiblí, chun a chinntiú go mbeidh tionchar ag an bpobal ar ár gcuid taighde agus go roinnfear é leis an bpobal ar mhaithe le foghlaim ar an dá thaobh a chur chun cinn. Ghnóthaigh an Dr. Aoibhinn Ní Shúilleabháin, Scoil na Matamaitice agus na Staitisticí UCD, gradam Fhondúireacht Eolaíochta na hÉireann 2017 as an méid iontach a rinne sí ar son cumarsáide faoi STEM. I réimse an taighde chliniciúil agus aistrithigh, táimid tar éis tuilleadh imeachtaí Patient Voice (Glór an Othair) a chur ar fáil, ó bhí an-tóir orthu. Is é aidhm na n-imeachtaí seo a chinntiú go mbeidh tionchar ag eispéiris daoine a bhfuil galair aitheanta orthu ar an taighde atá á dhéanamh againn i leith na ngalar sin.

Mar is gnáth, tá rath ár dtaighde, ár nuálaíochta agus ár dtionchair ag brath ar scileanna agus dúthracht ár bhfoirne teagaisc, ár dtaighdeoirí agus na foirne tacaíochta taighde. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo sin ar fad.

An tOllamh Orla Feely
Leas-Uachtarán UCD um Thaighde, Nuálaíocht agus Tionchar

Cistiú Taighde

Cláraíodh conarthaí taighde seachtracha ar luach €122.4 milliún i rith na bliana (féach Tábla 1). Léiríonn Tábla 2 na deontais taighde is mó a bronnadh i mbliana. Tháinig méadú 25.5% ar luach na ndámhachtainí taighde a bhí maoinithe go seachtrach. Bhí méadú ar luach na

ndámhachtainí a fuarthas ón gcuid is mó de na foinsí cistithe, amhail Fondúireacht Eolaíochta na hÉireann (SFI), an Chomhairle um Thaighde in Éirinn (IRC) agus Fiontraíocht Éireann (EI). Tháinig méadú ar mhaoiniú ón AE freisin, méadú atá tarlaithe le dhá bhliain anuas anois. Is foinse tosaíochta í seo i gcónaí, agus is ionann an €19.15 milliún a fuarthas in 2017-18 agus méadú 12% bliain i ndiaidh bliana.

Tábla 1: Dámhachtainí Taighde

	2009/10	2010/11	2011/12	2012/13	2013/14	2014/15	2015/16	2016/17	2017/18
Luach iomlán na gconarthaí a síníodh, rannaíochtaí d'fhorchostais san áireamh (€ milliún)	49.5	103.3	75.7	113.3	114.1	106.3	93.7	97.5	122.4
Ranníocaíochtaí iomlána d'fhorchostais (€ milliún)	6.7	17.0	9.5	17.4	16.5	17.2	13.2	12.3	17.3
Líon iomlán na gconarthaí a bronnadh	449	510	532	614	672	627	652	661	706
Líon na dtograí a cuireadh isteach	1,069	1,123	1,263	1,167	1,245	1,603	1,372	1,336	1,411

Foinse maoinithe 2017/18	Líon na gconarthaí	Luach (€ milliún)
Fondúireacht Eolaíochta Éireann (FEÉ)	90	46.22
An Coimisiún Eorpach (CE)	34	19.15
An Chomhairle um Thaighde in Éirinn (IRC)	108	13.56
Fiontraíocht Éireann (FÉ)	121	7.45
An Roinn Talmhaíochta, Bia & Mara	20	5.76
Eagraíochtaí Eile	333	30.24
Iomlán	706	122.4

Sa phictiúr ag an bpainéal plé 'Fiontraíocht – Iniúchadh a dhéanamh ar na deiseanna atá ann do mhná gnólachtaí a thosú agus a threorú', arna eagrú ag NovaUCD agus Scoil Ghnó Uí Chuinn UCD mar chuid d'Fhéile UCD 2018, tá; Alison Cowzer, East Coast Bakehouse; Keira Kennedy, KDK; Nicola Byrne, Cloud90 agus Louella Morton, TestReach.



Fuarthas maoiniú do dhá dhámhachtain de chuid Ionad Taighde Fhondúireacht Eolaíochta na hÉireann in 2017-2018. Fuair ionad taighde bithgheilleagair BEACON, atá faoi stiúir an Ollaimh Kevin O'Connor, €15.02 milliún agus fuair an t-ionad taighde ard-déantúsaíochta I-Form, atá faoi stiúir an

Ollaimh Denis Dowling, €15.7 milliún, costais indíreacha san áireamh.

I mbliana, mhéadaigh an maoiniú a fuarthas ón IRC do dhámhachtainí go dtí €13.56 milliún. Is é clár rathúil Dhámhachtainí Laureate an IRC ba

Tábla 2: Na deontais ab airde a ceadaíodh do UCD 2017/18

Ceannaire	Foinse maoinithe	Clár	Teideal	Iomlán €M
An tOllamh Kevin O'Connor	Fondúireacht Eolaíochta Éireann (FEÉ)	Ionaid Taighde – Togra Iomlán	Ionad Taighde um Bithgheilleagair (BEACON)	11.03
An tOllamh Denis Dowling	Fondúireacht Eolaíochta Éireann (FEÉ)	Ionaid Taighde – Togra Iomlán	I-Form Ionad Taighde um Ard-Déantúsaíochta	10.12
An tOllamh Murray Hitzman	Fondúireacht Eolaíochta Éireann (FEÉ)	Ollúnacht Taighde	Innovative Geological Research to Improve Mineral Resource Discovery and Sustainable Development	5.93
An tOllamh Barry Smyth	Samsung Electronics Co Ltd	Tionscadal Taighde	Deep Recommendation	2.59
An tOllamh Kenneth Wolfe	HORIZON 2020	Ard-Deontas ES – ERC	Killer plasmids as drivers of genetic code changes during yeast evolution (CODEKILLER)	2.37
An Comhollamh Barry Molloy	HORIZON 2020	Deontas Comhdhlúiteora ES – ERC	The Fall of 1200BC: The role of migration and conflict in social crises at end of the Bronze Age in South-eastern Europe (THE FALL)	2.00
An tOllamh Susi Geiger	HORIZON 2020	Deontas Comhdhlúiteora ES – ERC	Misfires and Market Innovation: Toward a Collaborative Turn in Organising Markets (MISFIRES)	1.92
An Dr Pat Gibbons	HORIZON 2020	ES – Líonra Oiliúna Nuálaíochta (ITN) Marie Skłodowska-Curie	Building Resilience through Education (BRTE)	1.89
An Comhollamh Dragos Calma	HORIZON 2020	Deontas Comhdhlúiteora ES – ERC	NeoplAT: Neoplatonism and Abrahamic Traditions. A Comparative Analysis of the Middle East, Byzantium and the Latin West (9th-16th Centuries) Primary ERC Review Panel* SH5	1.86
An tOllamh Andrew Keane	Fondúireacht Eolaíochta Éireann (FEÉ)	An Clár um Thaighdeoirí	Active Distribution System Management Enabled by Distributed Power Electronics	1.34
An tOllamh Neil O'Connell	HORIZON 2020	Ard-Deontas ES – ERC	Integrable Random Structures (IntRanSt)	1.29
An tOllamh Robert Shorten	Fondúireacht Eolaíochta Éireann (FEÉ)	An Clár um Thaighdeoirí	Scalable, Privacy-Enhanced Analytics for the Sharing Economy	1.25
An tOllamh Kenneth A Dawson	Fondúireacht Eolaíochta Éireann (FEÉ)	Comhpháirtíocht SFI-NSFC an Chláir Comhpháirtíochta Idirnáisiúnta	Precision Engineering of Nanostructure Surface Architecture for Biological and Biomedical Applications	1.24
An tOllamh Anding Zhu	Fondúireacht Eolaíochta Éireann (FEÉ)	Comhpháirtíocht SFI-NSFC an Chláir Comhpháirtíochta Idirnáisiúnta	ADAPMW: High Efficiency Adaptive Millimetre Wave Transceivers for High Speed Wireless Communications with Unmanned Aerial Vehicles	1.09

chúis leis sin, agus cuireadh fáilte mór leis an maoiniú mar gur éascaigh sé dámhachtainí faoi stiúir taighdeoirí i ngach disciplín.

Síolchistiú UCD

Fuarthas 350 iarratas incháilithe le haghaidh Scéim Síolchistithe 2018, líon iarratas atá ag teacht leis an méid a fuarthas sna blianta roimhe seo. D'éirigh le 145 de na hiarratas (41%) agus bronnadh beagnach €500,000 dá bharr. Tá an Scéim fós ag tacú le forbairt gníomhaíochta taighde ar mhaithe le príomhchuspóirí straitéis taighde na hOllscoile a chomhlíonadh. Tá tuilleadh sonraí le fáil i dTábla 3.

Scéim Tacaíochta UCD do Thaighde bunaithe ar Thorthaí (OBRSS)

Tá gníomhaíocht taighde an-tábhachtach i dtaca le clú UCD mar ollscoil dhomhanda den chéad scoth a chinntiú. Tuigimid go mbíonn tionchar ag ár dtiomantas do thaighde barrfheabhais ar chlú UCD agus nach gclúdaíonn deontais taighde go leor de chostais laethúla na ngníomhaíochtaí taighde. Mar fheagra air seo, bhunaigh UCD an Scéim Tacaíochta do Thaighde

bunaithe ar Thorthaí (OBRSS) chun cistiú a sholáthar do bhaill na foirne teagaisc mar thacaíocht le taighde, agus an cistiú sin bunaithe ar thorthaí a gcuid taighde, arna mheas de réir foilseachán agus maoirseacht PhDanna. I rith na bliana seo, bronnadh cistiú tacaíochta ar 759 foireann teagaisc tríd an scéim OBRSS. Tá sonraí iomlána faoi OBRSS le feiceáil i dTábla 4.

Méadracht Foilseachán

In 2017, rinneadh 3,410 páipéar de chuid UCD a liostáil sa chóras anailísithe sonraí Elsevier SciVal (féach Tábla 5). Cé nach bhfeagraíonn na sonraí liostáilte seo do gach foilseachán atá déanta ag UCD (5,850 an líon iomlán don bhliain), is méadracht thábhachtach é. Ar an meán, tá an líon is mó foilseachán acadúil sa tír déanta ag UCD le deich mbliana anuas.

Tionchar Luanna Ualaithe de réir Réimse

Is éard is tionchar luanna ualaithe de réir réimse ann ná comparáid idir an líon luanna atá faighte ag alt agus an líon luanna a bhfuiltear ag súil go bhfaigheadh ailt den chineál céanna doiciméid (alt, léirmheas nó páipéar faoi imeachtaí comhdhála), den bhliain foilsithe chéanna agus

Tábla 3: Scéim Shíolchistithe UCD

Síolchistiú 2018 de réir Cláir	Líon na nIarratas	Luach na nIarratas €	Líon na nDámhachtainí	Luach na nDámhachtainí €
Gradam Forbartha Gairme	74	916,101	21	156,440
Scaipeadh agus Torthaí	171	321,250	94	127,431
Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú Snáithe A	7	56,313	2	9,866
Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú Snáithe B	6	16,330	2	2,537
Faire na Fáistine	83	1,045,298	21	175,468
Ollúna ar Cuairt – Ag Teacht Isteach agus ag Dul Amach	9	73,253	5	27,459
Iomlán	350	2,428,545	145	499,201

Síolchistiú 2018 de réir Coláiste	Líon na nIarratas	Luach na nIarratas €	Líon na nDámhachtainí	Luach na nDámhachtainí €
Coláiste na nEalaíon agus na nDaonnachtaí UCD	26	134,539	8	18,379
Coláiste an Ghnó UCD	5	45,782	3	17,764
Coláiste na hInnealtóireachta agus na hAiltireachta UCD	64	395,297	24	59,885
Coláiste na nEolaíochtaí Talmhaíochta agus Sláinte UCD	84	708,324	36	166,754
Coláiste na hEolaíochta UCD	102	718,834	42	163,493
Coláiste na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Dlí UCD	69	425,769	32	72,925
Iomlán	350	2,428,545	145	499,201

Tábla 4: Scéim Tacaíochta Taighde Bunaithe ar Thorthaí

Coláiste	Líon na nDámhachtainí	Luach na nDámhachtainí €
Coláiste na nEalaíon agus na nDaonnachtaí UCD	88	48,652
Coláiste an Ghnó UCD	50	27,553
Coláiste na hInnealtóireachta agus na hAiltireachta UCD	85	114,944
Coláiste na nEolaíochtaí Talmhaíochta agus Sláinte UCD	205	218,706
Coláiste na hEolaíochta UCD	171	171,785
Coláiste na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Díl UCD	160	125,281
Iomlán	759	706,921

den réimse ábhair céanna. I gcás tionchar luanna ualaithe de réir réimse de 1.00, léiríonn sin go bhfuil na foilseacháin a bhaineann le hinstiúid ar leith luaite go díreach mar a mbeifeá ag súil leis, bunaithe ar an meán domhanda i measc foilseacháin den chineál céanna. Agus úsáid á baint as an méadracht seo, luadh foilseacháin UCD le cúig bliana anuas 74% níos minice ná an meán domhanda, rud a chiallaíonn go bhfuil UCD ar an leibhéal céanna le go leor ollscoileanna idirnáisiúnta den chéad scoth atá dírithe go príomha ar thaighde. Le cúig bliana anuas, bhí 21% d'fhoilseacháin UCD i measc an 10% d'fhoilseacháin is mó a luadh ar fud an domhain. Ina theannta sin, scríobhadh 56% de na foilseacháin i gcomhar le hinstiúidí i dtíortha eile, rud a léiríonn go soiléir gur ollscoil dhomhanda é UCD.

Córas Nua Bainistíochta Taighde

Sheol an Ollscoil Córas nua Bainistíochta Taighde, Symplectic Elements, chun cabhrú le taighdeoirí rochtain a fháil ar a bpróifíl taighde, an phróifíl sin a chóimheas agus é a thaispeáint go poiblí. Is córas é Elements a bhfuil clú idirnáisiúnta air, agus atá á úsáid ag níos mó ná 300,000 taighdeoir in os cionn 80 de na hollscoileanna is fearr ar domhan, lena n-áirítear Ollscoil Oxford, Cambridge, MIT, Ollscoil Princeton agus Imperial College London. Go dtí seo, tá a gcuid próifíleanna foilsithe ag 1,200 ball d'fhóireann acadúil agus taighde UCD ag <https://people.ucd.ie/>, agus úsáid á baint acu as an gcóras Elements. Is uirlis rithábachtach an córas seo a chuireann ar ár gcumas réimse iomlán na ngníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta atá idir lámha ag ár dtaighdeoirí a shainaitheint agus a chur chun cinn, lena n-áirítear a bhfoilseacháin agus an cion a dhéanann siad ar mhaithe leis an tsochaí.

Tosaíocht Taighde Straitéiseach UCD Réimsí – Buaicphointí

In UCD, déanaimid iarracht taighde den scoth a dhéanamh sna réimsí inar féidir leis an Ollscoil a bheith ina ceannródáí domhanda, agus oibrímid i gcomhar lenár gcomhpháirtithe straitéiseacha chun é seo a bhaint amach.

Tábla 5: Meadracht Foilseachán agus Tionchar Luanna Ualaithe de réir Réimse

Bliain Fhoilsithe	Líon na bhFoilseachán in SciVal	Bliain Fhoilsithe (5 bliana)	Tionchar Luanna Ualaithe de réir Réimse (5 bliana)
2013	3,022	2009-13	1.65
2014	3,011	2010-14	1.67
2015	3,066	2011-15	1.69
2016	3,298	2012-16	1.69
2017	3,410	2013-17	1.74

Foinse: Elsevier Scopus/SciVal (fuarthas rochtain ar an 28 Meán Fómhair, 2018)

Chun an cuspóir sin a bhaint amach, tá sé théama tosaíochta sainaitheanta againn:

- 1. **Agraibhia**
- 2. **Cultúr, Geilleagar agus an tSochaí**
- 3. **Fuinneamh agus Déantúsaíocht**
- 4. **Comhshaol**
- 5. **Sláinte**
- 6. **TFC**

Agraibhia

Tá an earnáil agraibhia ar thús cadhnaíochta ó thaobh na réiteach atá againn ar chuid de na dúshláin dhomhanda is práinní atá ann, agus is í an earnáil seo an tionscal dúchasach is mó in Éirinn. Tá UCD ag obair i gcomhar leis an earnáil chun a inbhuanaitheacht agus a acmhainn iomaíochta dhomhanda a chinntiú, agus chun bianna sábháilte nua a thairiscint, a chuirfidh sláinte daoine chun cinn. Tríd an saineolas atá againn sa zóiteicnic agus sa tréidliacht, cuirimid táirgeadh beostoic chun cinn atá éifeachtúil, inbhuanaithe, sláintiúil agus neamhdhióbhlach d'ainmhithe. Is ceannairí san earnáil agraibhia ár gcéimithe go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

Buaicphointí san Agraibhia

Tá UCD ina cheannaire smaointeoireachta i gcónaí san earnáil seo, agus bíonn tionchar aige ar thodhchaí na hearnála talmhaíochta agus bia tríd an gcaidreamh láidir atá aige leis an earnáil tionscail, le hacadóirí agus le lucht déanta polasaithe. D'eagraigh UCD seimineár ar Agraibhia, Slándáil Bia agus Cothú - Tosaíochtaí a Leagan Amach le haghaidh FP9, a d'óstáil Brian Hayes, FPE, i bParlaimint na hEorpa, seiminéar ar fhreastail lucht déanta polasaithe agus páirtithe leasmhara Eorpacha air, agus a raibh mar aidhm aige tosaíochtaí maidir le taighde agraibhia a leagan síos roimh an FP9 (a dtugtar Horizon Europe air anois).

Is comhpháirtí é UCD i dtionscadal comhoibríoch nua maidir le taighde bithscaglainne, agus é faoi stiúir Glanbia Ireland. Bhronn Comhghnóthas na dTionscal Bithbhunaithe (BBI JU), faoi chlár taighde agus nuálaíochta

an Aontais Eorpaigh Horizon 2020, €22 milliún ar an tionscadal AgriChemWhey; is é sin an méid is mó atá bronnta ag H2020 riamh ar thionscadal in Éirinn. Tá an tionscadal ag déanamh staidéir ar conas is féidir fotháirgí ón tionscal déiríochta a thiontú isteach i dtáirgí bithbhunaithe ardluacha amhail plaistic in-bhithmhílte. Cuirfidh an teicneolaíocht nua a fhorbraíonn Glanbia Ireland deis ar fáil don tionscal déiríochta agus don phobal i gcoitinne, éifeachtúlacht acmhainne níos fearr a bhaint

amach. Mar chathaoirleach ar Bhord Comhairleach Eolaíochta an BBI JU, tá ról tábhachtach ag an Ollamh Kevin O'Connor, Scoil na hEolaíochta Bithmhóilíní agus Bithleighis UCD agus Stiúrthóir Ionad Taighde SFI Beacon, maidir le dul i bhfeidhm ar thodhchaí an bhitheagail agus ar éirinn agus ar fud na hEorpa. Is é an tOllamh Nick Holden, Scoil na hInnealtóireachta Bithchórais agus na hInnealtóireachta Bia UCD, duine de na príomhthaghadóirí sa tionscadal freisin.

Labhair na daoine seo a leanas os comhair an Chomhchoiste Oireachtais um Thalmhaíocht, Bia agus an Mhuir faoi tháirgeadh bia níos éifeachtúla agus todhchaí fheirmeoirí óga: an tOllamh Alex Evans, Déan na Talmhaíochta agus Ceann Scoil na Talmhaíochta agus na hEolaíochta Bia, an tOllamh Dolores O'Riordan, Stiúrthóir Institiúid Bia agus Sláinte UCD agus Leas-Uachtarán um Rannpháirtíocht Dhomhanda UCD, an tOllamh Mark Keane, Cathaoirleach na Ríomheolaíochta UCD, agus Triona McCormack, Stiúrthóir Taighde UCD. Rinne siad cur síos ar an dóigh a bhfuil an fheirmeoireacht agus an bia ag athrú, agus ar an obair atá á déanamh ag UCD i gcomhar le heagraíochtaí eile chun deiseanna sa bhitheagail a thabairt, ar úsáid TFC sa talmhaíocht, agus ar thodhchaí an bhia agus an chathaoirleach.

Fuair taighdeoirí atá ag obair i Saoráid Taighde agus Oideachais Dhéiríocht Lyons UCD cistiú ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus ón Roinn Talmhaíochta, Comhshaoil agus Gnóthaí Tuaithe, Tuaisceart Éireann, chun taighde a dhéanamh ar an mbealach a mbíonn géinitíopaí agus cothú ag idirghníomhú i mba déiríochta ardtoraidh i gcórais séisiúrachá táirgthe bainne bunaithe ar fhéar. Is iad príomhchuspóirí an tionscadail NutriGen ná na príomhchúiseanna le héifeachtúlacht beathaithe agus cothromaíocht fuinnimh i mba déiríochta ardtoraidh a shainiú agus an tionchar a bhíonn ag straitéisí éagsúla cothaithe agus saintréithe géiniteacha ar fheidhmíocht bó déiríochta i gcórais séisiúrachá táirgthe bainne bunaithe ar fhéar. Is iad UCD, Teagasc, agus an Institiúid Agraibhia agus Eolaíochtaí Bitheacha na príomhinstitiúidí a bhfuil baint acu leis an tionscadal seo.

Cuireadh an Dr. Barbara Murphy, Scoil na Talmhaíochta agus na hEolaíochta Bia UCD, agus bunaitheoir Equilume, ar an ngearlíosta don Ghradam 'Women Mean Business' 2017. Tá na gradaim bhliantúla seo dírithe ar aird a tharraingt ar obair bhan gnó agus fiontraithe Éireannacha agus idirnáisiúnta ar mná iad, agus tugann siad aitheantas do chuid de cheannairí agus eiseamláirí gnó bainneanna na hÉireann. Is ceannaire domhanda é Equilume i dtaighde agus forbairt réiteach teiripe solais chun cabhrú le tionscal na gcapall ar fud an domhain éifeachtúlacht atáirgthe agus feidhmíocht iomaíoch a fheabhsú.

Toghadh an tOllamh Simon More, Scoil na Tréidliachta UCD, mar Chathaoirleach ar Choiste Eolaíochta an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bhia (EFSA) don tréimhse 2018–2021. Is gníomhaireacht é EFSA de chuid an Aontais Eorpaigh a thugann comhairle eolaíochta neamhspleách ar na rioscaí reatha a bhaineann leis an slabhra bia, agus iad siúd atá ag teacht chun cinn.

Fuair deichniúr taighdeoirí ó Scoil na Talmhaíochta agus na hEolaíochta Bia UCD agus ceathrar ó Scoil na Tréidliachta UCD maoiniú os cionn €3 milliún faoi chlár cistithe Bheart um Thaighde Institiúideach ar Bhia de chuid na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara (FIRM) agus faoin gclár cistithe do Thaighde Foraoiseachta Iomaíoch le haghaidh Forbartha (CoFoRD).

Tá Zoetis Inc ag maoiniú an clár 'UCD2 Transatlantic One Health Alliance' idir UCD agus Scoileanna Tréidliachta Ollscoil California, Davis (UC Davis). Cuirfidh an comhaontas seo sláinte ainmhithe, daoine agus an comhshaoil chun cinn go trasatlantach trí chomhoibriú taighde nuálach a chur chun cinn d'fhonn aghaidh a thabhairt ar riachtanais dhomhanda na sochaí.

Cultúr, Geilleagar agus an tSochaí

Tá clú agus cáil ar UCD as an taighde a dhéanaimid agus an tionchar atá againn ar réimsí na n-ealaíon, na ndaonnachtaí, an ghnó, na n-eolaíochtaí sóisialta agus an dlí. Tá taighdeoirí UCD fós chun tosaigh i scoláireacht na hÉireann agus a timpeallacht dhomhanda: ag baint ciall as an am atá



Fógraíodh an tOllamh Michelle Norris, Scoil an Pholasaí Shóisialta, na hOibre Sóisialta agus na Córa Sóisialta UCD, mar bhuaiteoir iomlán den chéad chomórtas cás-staidéir tionchair taighde de chuid UCD i nDeireadh Fómhair 2017. Dírfonn teagasc agus taighde an Ollamh Norris ar bheartas tithíochta sóisialta agus athnuachan uirbeach.



Grúpa comhairleach na sraithe leabhar 'Science Apprentice' (An Printíseach Eolaíochta. Spreagann an tsraith leabhar 'Science Apprentice' leanaí agus daoine fásta ar gach aois, iniúchadh a dhéanamh ar an eolaíocht, an teicneolaíocht, an innealtóireacht agus an mhatamaitic atá timpeall orainn. Tá an bailiúchán de cheithre leabhar á dháileadh ar fud na tíre in éineacht leis an nuachtán an Irish Independent i siopaí SuperValu, leabharlanna agus scoileanna. Chuir Taighde UCD an tionscadal ar bun, agus tugann an Clár Fionnachtana de chuid Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus an Irish Independent tacaíocht don tionscadal.

thart, ag ceistiú ár linne féin go criticiúil, agus ag samhlú na todhchaí. Bíonn tionchar acu ar bheartais agus ar dhíospóireacht phoiblí, agus cuireann siad go mór leis an gcultúr. Trí shaineolas criticiúil agus céimithe cumasacha a sholáthar, agus obair fhiúntach a dhéanamh i gcomhar lenár gcomhpháirtithe, tacaíonn UCD le geilleagar láidir inbhuanaithe a chruthú chun go meallfadh Éire daoine le maireachtáil inti.

An Geilleagar Cultúrtha agus Buaicphointí na Sochái

Bronnadh Deontas Comhdhlúiteora na Comhairle Eorpaí um Thaighde (ERC), deontas a bhfuil ardmheas air, de luach timpeall €2 mhilliún an ceann, ar thriúr thaighdeoirí UCD chun go bhféadfaidís taighde ceannródaíoch a dhéanamh sa tseandálaíocht, san fhealsúnacht agus sa ghnó. Fuair an Dr. Barry Molloy, Scoil na Seandálaíochta UCD, maoiniú dá staidéar dar teideal 'The Fall of 1200 BC'. Fuair an Dr. Dragos Calma, Scoil na Fealsúnachta UCD, maoiniú dá staidéar dar teideal 'Neoplatonism and Abrahamic Traditions: A Comparative Analysis of the Middle East, Byzantium and the Latin West (9th-16th Centuries)'. Fuair Susi Geiger, Coláiste an Ghnó UCD, cistiú do staidéar dar teideal 'Misfires and Market Innovation'.

Is comhoibriú mór é Muséam Litríochta na hÉireann (MoLi) idir UCD agus Leabharlann Náisiúnta na hÉireann chun institiúid chultúrtha tábhachtach nua a chruthú i gcroílár Bhaile Átha Cliath in Áras Newman, an áit inar bunaíodh an Ollscoil. Déanfaidh MoLi cultúr agus oidhreacht liteartha na hÉireann a cheiliúradh.

Mar aitheantas ar an tábhacht dhomhanda agus an luach domhanda thar na bearta atá aige don chultúr, tá Cnuasach Choimisiún Bhéaloideas Éireann 1935-1970 le háireamh ar Chlár Chuimhne an Domhain UNESCO. Tá 427 cnuasach agus doiciméad ar fad sa Chlár, ina measc cuimhní a taifeadh ar ábhair éagsúla, amhail clocha, ceallalóid, pár agus taifeadh fuaime.

Bhuaigh an tOllamh Robert Gerwarth, Scoil na Staire UCD, Premio Nazionale 2018 'Cherasco storia' don leagan Iodáilise dá leabhar *The*

Vanquished: Why the First World War Failed to End (La rabbia dei vinti, Laterza, 2017). Seo an gradam is tábhachtaí a bhronntar san Iodáil do neamhfhicsean stairiúil.

Sheol an tOllamh Bryan Fanning, Scoil an Pholasáí Shóisialta, na hOibre Sóisialta agus na Córa Sóisialta, a leabhar nua dar teideal *Migration and the Making of Ireland* ag ócáid a d'eagraigh Ambasáid na hÉireann i Londain i gcomhar le UCD Press.

Sheol an Dr. Emilie Pine an tionscadal ildisplíneach 'Industrial Memories'. Rinne an tionscadal taighde sin anailís ar thorthaí Thuarascáil an Choimisiúin chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú 2009 (Tuarascáil Ryan), arna mhaoiniú ag an gComhairle um Thaighde in Éirinn faoin gclár New Horizons 2015. Tá dhá phríomhshraith ag an tionscadal, is é sin, anailísíocht sonraí agus na healaíona digiteacha.

Toghadh an Comhollamh Lynda Mulvin mar Chomhalta den Society of Antiquaries of London. Bunaíodh an Cumann ársaíochta in 1707 agus tá go leor seandálaithe agus staraithe ealaíne agus ailtireachta ina mbaill de.

Bhí ról tábhachtach ag taighde agus ag ceannaireacht an Ollaimh David Farrell, Scoil na Polaitíochta agus Gnóthaí Idirnáisiúnta UCD, maidir le bunú Thionól na Saoránach agus tacaíocht a thabhairt dó. Is tábhachtach a lua gur toradh deiridh é reifreann 2018 ar an Ochtú Leasú den Bhunreacht ar an obair ar fad a rinneadh tríd an bpróiseas breithniúcháin nua seo.

De bharr na hoibre a rinne an Dr. Niamh Howlin, Scoil an Dlí UCD, ar thriail Myles Joyce in 1882, tugadh pardún in ndáil le Dhúnmaruithe Mhám Trasna.

Aimsíodh tuama pasáiste tábhachtach nua atá ann le timpeall 5,500 bliain in aice le Halla Dhubhadh i gContae na Mí. Ba é Devenish a rinne an tochailt, i gcomhar le Scoil na Seandálaíochta UCD. Go dtí seo,

// Is comhoibriú mór é Músaem Litríochta na hÉireann (MoLI) idir UCD agus Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, a bhfuil sé mar aidhm aige príomhinstiitúid nua chultúrtha a fhorbairt i gcroílár Bhaile Átha Cliath //

tá dhá sheomra adhlactha aimsithe laistigh de limistéar iarthair an phríomhthuama pasáiste, agus ardaíodh carn cloiche mór (c.40m ar trastomhas) os a chionn.

Fuarthas maoiniú i réimse an chomhraic i gcoinne sciúradh airgid ó Fhiontraíocht Éireann, a thug dámhachtainí do bheirt thaighdeoirí ó Scoil an Ghnó UCD, an Dr. Sha Liu a oibríonn le Accenture agus an tOllamh Cal Muckley a oibríonn le Fidelity Investment. Ghnóthaigh an Dr. James Sweeny, Scoil an Ghnó UCD, dámhachtain ó Fhiontraíocht Éireann, i gcomhar le Zurich Life Assurance, do thionscadal ar Bhraisliú agus Deighilt Gheospáisiúil Custaiméirí.

Bhí an tOllamh Kalpana Shankar, Scoil an Léinn Eolais agus Cumarsáide UCD agus Institiúid Geary do Bheartas Poiblí UCD, i gceannas ar thionscadal a fuair maoiniú ó SFI, dar teideal 'A Mixed-Methods Examination of Reviewer Recruitment, Assessment Criteria, and Workflow in the Peer Review Process' Rinne sí an obair seo i gcomhar leis an gComhollamh Diane Payne agus leis an Dr. Pablo Lucas, beirt thaighdeoirí as Scoil na Socheolaíochta UCD.

Ghnóthaigh an tOllamh Mick O'Neill agus an Dr. David Fagan, Scoil an Ghnó UCD, dámhachtain SFI dá dtionscadal, ina ndearnadh anailís ar ghortuithe spóirt a sheachaint le StatSports agus LERO.

Fuinneamh agus Déantúsaíocht

Ag UCD, táimid ag lorg réiteach ar fhadhbanna fuinnimh an 21ú haois. Cuimsíonn ár saineolas taighde na foinsí fuinnimh traidisiúnta amhail ola agus gás, chomh maith le comhtháthú fuinnimh inbhuanaithe agus an comhéadan idir fuinneamh agus TFC i réimsí amhail Eangacha Cliste fuinnimh agus Cathracha Cliste. Déanaimid anailís ar ghnéithe eacnamaíochta agus eolaíochta iompraíochta a bhaineann le roghanna fuinnimh, agus déanaimid iarracht úsáid fuinnimh éifeachtúil inbhuanaithe a chomhtháthú sa chreat beartais, agus spreagaimid teacht chun cinn fiontar fuinnimh nua. Cruthaímid comhpháirtíochtaí go forleathan le cuideachtaí fuinnimh inár taighde, agus is céimithe de chuid UCD go leor de na ceannairí san earnáil fuinnimh náisiúnta agus idirnáisiúnta. Tá UCD ag déanamh tuilleadh forbartha ar a acmhainní agus a ceannaireacht taighde i réimse na hard-déantúsaíochta. Tá iomaíocht déantúsaíochta sainaitheanta ag an nGrúpa Stiúrtha Náisiúnta um Beartú Tosaíochtaí Taighde mar phríomhréimse taighde, agus tá Coláiste na hInnealtóireachta agus na hAiltireachta UCD ag cur a straitéis in oiriúint ionas go mbeidh siad in ann aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá sa réimse seo.

Buaicphointí Fuinnimh

Tá Institiúid Fuinnimh UCD, a dhéanann taighde den chéad scoth, in áit mhaith chun tacaíocht a thabhairt don aistriú chuig fuinneamh ísealcharbóin. Is léiriú maith an trí phríomhthionscadal seo a leanas ar fhairsinge na ngníomhaíochtaí atá ar siúl aige: an Clár Taighde, arb é Clár Comhpháirtíochta ESIPP SFI an tionscadal is suaitheanta; córas múnlaíthe do bheartais ísealcharbóin bunaithe ar fhianaise ar a dtugtar

EMPOWER; agus an tsaoráid taispeántais i bhfoirm Saotharlainne Fuinnimh Comhtháite (IE Lab). Léiríonn an trí thionscnamh thuas na croíréimsí saineolais atá againn – Córais Fuinnimh, Eacnamaíocht agus Beartas Fuinnimh, agus Bainistíocht Fuinnimh. Trí tacaíocht a thabhairt don chomhoibriú inmheánach agus seachtrach agus trí ghníomhú mar chroílár an taighde ar fhuinneamh in UCD, cumasaíonn Institiúid Fuinnimh UCD comhtháthú taighde trasdisciplíneach agus soláthraíonn sé cur chuige iomlánaíoch ina leith.

Lean Institiúid Fuinnimh UCD de chur lena gclár san AE. Is rannpháirtí tábhachtach í anois i sraith chlár atá maoinithe ag an AE, lena n-áirítear SPINE (clár a chruthaíonn uirlisí chun córais fuinnimh chomhtháite a mhúnlú), EU-SysFlex (clár a fhorbraíonn cineálacha nua seirbhísí a chomhlíonfaidh riachtanais an chórais, agus níos mó ná 50% foinsí fuinnimh in-athnuaite á n-úsáid acu), NewTREND (athfheistiú atá tíosach ar fhuinneamh), MIGRATE (gléasanna leictreonacha cumhachta), Sim4Blocks (bainistíocht fuinnimh a dtacaíonn ionsamhlúcháin leo) agus RE-SERVE (clár chun seasmhacht eangaí fuinnimh a chinntiú mar thoradh ar ionchur méadaithe ó fhoinsí in-athnuaite). Le déanaí, bhronn SFI €1.3 milliún ar an Ollamh Andrew Keane agus ar an gComhollamh Terence O'Donnell, ó Scoil na hInnealtóireachta Leictreolaíoch agus Leictreonaí le haghaidh tionscadal dar teideal ADEPT, atá ag plé le Bainistíocht Córas Dáilte a bhaineann leas as Leictreonaic Chumhachta Dháilte.

Buaicphointí Déantúsaíochta

Tá Ionad Taighde Ard-déantúsaíochta I-Foirm SFI bunaithe go hiomlán anois, agus taighde ceannródaíoch á dhéanamh aige maidir le cur i bhfeidhm teicneolaíochtaí digiteacha sa déantúsaíocht. Is in UCD atá an ceanncheathrú, agus tá DCU, TCD, OÉ Gaillimh, IT Sligeach, IT Phort Láirge agus OÉ Maigh Nuad ina mbaill den chuibheannas. Díríonn an t-ionad go príomha ar dhéantúsaíocht bhreiseánach (priontáil 3T) agus tá obair á déanamh aige i gcomhar le comhpháirtithe sna hearnálacha aerospáis agus feistí leighis chun réitigh a fhorbairt a leathnóidh feidhmiú an teicneolaíochta iontach seo.

Tá próifíl idirnáisiúnta shuaitheanta á fáil ag an taighde san ard-déantúsaíocht atá idir lámha ag UCD, tríd an obair atá ar bun ag an ngrúpa faoin Ollamh Fengzhou Fang, Scoil na hInnealtóireachta Meicniúla agus Ábhar UCD. Taighdeoir a bhfuil cáil ar fud an domhain bainte amach aige i dtaighde agus nuálaíocht sa mhicreadéantúsaíocht agus sa nanadéantúsaíocht atá san Ollamh Fang, agus tá sé ag cur lena chlár taighde trí infheistiúocht €5 milliún a fuair sé faoi Chlár Ollúntachta Taighde SFI a úsáid, in éineacht le tacaíocht atá faighte ó chomhpháirtithe eile.

Comhshaol

Baineann cuid mhór de na dúshláin dhomhanda atá againn inniu leis an gcumas a bheith againn timpeallacht inbhuanaithe a chruthú agus acmhainní nádúrtha a úsáid go ciallmhar. Cuireann taighdeoirí UCD réitigh phraiticiúla ar fáil i réimsí amhail maireachtáil inbhuanaithe, acmhainní nádúrtha, athrú aeráide, guaiseacha nádúrtha agus an timpeallacht thógtha. Tá saineolas acu i réimse leathan disciplíní, lena n-áirítear na heolaíochtaí bitheolaíochta agus fisiciúla, chomh maith leis an eacnamaíocht, an t-iompar agus an rialachán, agus tá siad ag tabhairt aghaidh ar na dúshláin atá roimh thimpeallacht na hÉireann, mar aon leis na bagairtí atá ann don domhan i gcoitinne.

Buaicphointí Comhshaol

Ceapadh an geolaí eacnamaíoch a bhfuil clú domhanda air, an tOllamh Murray Hitzman, mar Ollamh Taighde SFI in UCD agus mar stiúrthóir nua ar Ionad Taighde iCrag SFI. Bhí an tOllamh Hitzman ina cheannaire ar an ngrúpa taighde geolaíochta eacnamaíoch is mó sna Stáit Aontaithe sa Colorado School of Mines, agus tá sé cruthaithe aige arís agus arís eile ar

fud na hEorpa, i Meiriceá Thuaidh agus Theas, san Astráil/san Aigéine agus i Meiriceá Theas gur féidir leis mian a aimsiú agus mianaigh a fhorbairt.

Beidh sé i gceannas ar chlár taighde de luach €4.7 milliún ag Scoil na nDomhaneolaíochtaí UCD, a chuirfidh fostaíocht ar fáil do 16 taighdeoir thar tréimhse cúig bliana, agus a bheidh dírithe ar staidéar a dhéanamh ar shainchomhartha geolaíoch, geoceimiceach agus geoifisiceach na bhfosuithe mianacha i miancheantar luaidhe-since na hÉireann agus i gcórais mhianacha eile ar fud na hEorpa agus san Aifric. Tá taighde iCRAG dírithe ar fhionnadh agus foinsí amhábhair, uisce agus foinsí fuinnimh atá rithábachtach don gheilleagar domhanda, agus an riosca a bhaint de na hamhábhair sin. Ina ról mar Stiúrthóir, déanfaidh an tOllamh Hitzman maoirseacht ar chlár Ionad Taighde SFI thar na seacht n-insitiúid éagsúil agus ar 150 taighdeoir, chun tairbhí eolaíochta agus eacnamaíochta a bhaint amach d'Éirinn.

D'fhorbair BEACON, Ionad Taighde Bithgheallagair SFI, faoi stiúir UCD, i gcomhar le HARVEST (An Talmhaíocht a Choinneáil Bisiúil trí Innealtóireacht, Eolaíocht agus Teicneolaíocht), ar Líonra Comhordaithe Taighde é atá lonnaithe in Virginia Tech, arna mhaoiniú ag an bhFondúireacht Eolaíochta Náisiúnta, comhaontas idirnáisiúnta do thaighde ar an mbithgheallagair chun tacaíocht a thabhairt do phobail fheirmeoireachta in Éirinn agus sna SA. Faoi théarmaí an chomhaontais, roinnfidh BEACON agus HARVEST faisnéis agus saeolas ar mhaithe le pobail bhisúla inbhuanaithe a fhorbairt a bhaineann leas as teicneolaíochtaí bunathraitheacha agus teicneolaíochtaí seanbhunaithe araon.

Is tionscnamh €6.7 milliún é Acclimatize a dhéanfaidh taighde ar an athrú aeráide, agus a bhfuil mar chuspóir aige caighdeán na n-uiscí cósta in Éirinn agus sa Bhreatain Bheag a fheabhsú chun turasóireacht agus tionscail mhara a chur chun cinn. Tá an clár cúig bliana faoi stiúir UCD, i gcomhar le hOllscoil Aberystwyth, agus é arna pháirtchistiú ag Ciste

Ceapadh an tOllamh Patricia Maguire ina Stiúrthóir ar Institiúid um Fhionnachtain UCD i Meán Fómhair 2017. Is é sprioc na hinstitiúide an timpeallacht taighde idirdisciplínigh a neartú ag UCD chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa trí Chlár Éire-an Bhreatain Bheag 2014-2020. Sainaithneoidh an clár srutháin truaillithe agus déanfaidh sé staidéar ar an tionchar atá acu ar uiscí an chósta, agus ar an tionchar atá ag an athrú aeráide ar thruaillí. Ina theannta sin, tá sé mar aidhm aige réimse modhanna bainistíochta praiticiúla a fhorbairt, lena n-áirítear uirlisí tuarthacha réad-ama, chun cáilíocht na n-uiscí cósta a fheabhsú agus chun a chinntiú go bhfuiltear ag cloí leis na rialacháin a chosnaíonn sláinte daoine agus an comhshaol muirí.

I measc na dtionscadal eile a bhaineann le taighde comhshaoil tá Córas le haghaidh Samhaltú a dhéanamh ar cháilíocht Uisce Snámha (SWIM), a bhfuil an tOllamh Gregory O'Hare, Scoil Ríomheolaíochta UCD, an tOllamh Wim Meijer, Scoil na hEolaíochta Bithmhóilíní agus Bithleighis agus an Dr. John O'Sullivan, Scoil na hInnealtóireachta Sibhialta UCD bainteach leis. Fuair an tOllamh Dieter Kogler, Scoil na hAiltireachta, na Pleanála agus an Pholasáí Comhshaoil UCD, dámhachtain €644,000 ó Chlár Taighde Fhondúireacht Eolaíochta na hÉireann do thionscadal dar teideal 'Science Technology Space' (SciTechSpace).

Sláinte

In UCD, táimid ag breathnú amach romhainn ar thodhchaí an chúraim sláinte, todhchaí ina mbeidh teiripí, teicneolaíochtaí agus feistí nua a eascraíonn ón gcomhoibriú idir úsáid na teicneolaíochta agus na bitheolaíochta. Tá ár gcur chuige bunaithe ar an leighis mionchruinn, agus soláthraíonn sé deiseanna iontacha i dtaobh na dteiripí is fearr a roghnú agus fo-iarmhairtí a laghdú thar réimse speisialtachtaí, lena n-áirítear an ailse, galair mheitibileacha agus chardashoithíocha, agus an deirmeolaíocht. Díríonn OneHealth, ceann de réimsí tosaíochta UCD, ar ghalair thógálacha agus neamhchoiteanna, agus bíonn sé ag plé le sláinte ainmhithe chomh maith le sláinte daoine. De bharr na rochtana atá ag UCD ar an líonra ospidéal is mó sa tír, Grúpa Ospidéal Oirthear na hÉireann (IEHG), a fhreastalaíonn ar phobal othar níos mó ná 1.1 milliún, bíonn deiseanna ar leith aige, teiripí a aistriú agus a chur i bhfeidhm. Is

Is é an tOllamh Kenneth Wolfe, Scoil an Leighis UCD agus Institiúid Mhic Con Mí UCD, an chéad taighdeoir atá lonnaithe in Éirinn ar bronnadh an deontas mór le rá, an Deontas d'Ardaighde de chuid Chomhairle Taighde na hEorpa, faoi dhó air i rith a ghairme beatha.



ceannródaíthe freisin muid i gcur chun cinn na sláinte, agus bíonn tionchar againn ar bheartais agus ar chleachtas, agus oibríonn ár gclár sláinte i gcomhar le cliniceoirí, leis an tionscal agus le hothair chun an dóigh a gcuirtear cúram sláinte ar fáil sa tír seo a athrú.

Buaicphointí Sláinte

Ghnóthaigh an tOllamh Kenneth Wolfe, Scoil an Leighis UCD agus Institiúid Conway UCD, Ard-deontas ón gComhairle Eorpach um Thaighde don dara huair ina ghairm beatha. Is é an chéad taighdeoir atá lonnaithe in Éirinn é a fuair dhá cheann de na dámhachtainí seo, a bhfuil an-tóir orthu agus a thacaíonn le tionscadail ardriosca bhunathraitheacha ag teorainneacha na heolaíochta agus na scoláireachta. Is cuid de chlár Taighde agus Nuálaíochta an AE iad - Horizon 2020. Gheobhaidh sé €2.37 milliún chun éabhlóid an chóid ghéinitigh a scrúdú agus staidéar a dhéanamh ar na hathruithe a tharla dó i réimse leathan speiceas giosta.

Bhronn Clár Laureate na Comhairle um Thaighde in Éirinn dámhachtain €600,000 ar an Ollamh Emma Teeling, Scoil na Bitheolaíochta agus na hEolaíochta Comhshaoil UCD, don tionscadal AGE IMMUNE: The evolution and molecular basis of exceptional ageing and immunity in mammals (Éabhlóid agus bunús móilíneach an aosaithe eisceachtúil agus na himdhíonachta eisceachtúla i mamaigh).

Bunaíodh comhpháirtíocht idir an chuideachta eolaíochtaí na beatha Éireannach, Genomics Medicine Ireland Ltd, agus Institiúid Spóirt agus Sláinte UCD chun tabhairt faoin gcéad staidéar taighde mórsála in Éirinn ar an ról atá ag an ngéinitic san aclaíocht agus sa tsláinte, staidéar a dtugtar GenoFit air. Cuirfidh an staidéar léargas domhain ar fáil maidir leis na gnéithe géiniteacha a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar aclaíocht agus ar shláinte an duine, agus chuige seo, bainfear leas as ard-teicneolaíocht eolaíoch sa ghéanómaíocht, mar aon le staidéar ar ghéinte an duine ina n-iomláine agus faisnéis chuimsitheach ar shlíthe beatha daoine. Bunaíodh clinic nua in Institiúid Spóirt agus Sláinte UCD chun an staidéar a dhéanamh. Beidh an clinic faoi stiúir an Ollaimh Giuseppe De Vito, Scoil na Sláinte Poiblí, Fisiteiripe agus na hEolaíochta Spóirt, agus Déan na hEolaíochta Feidhmíochta, agus an Ollaimh Colin Boreham, Stiúrthóir, Institiúid Spóirt agus Sláinte UCD.

Tá UCD, Genomics Medicine Ireland Ltd agus Ospidéal Ollscoile Naomh Uinseann ag oibriú le chéile ar staidéar náisiúnta ina bhfuiltear ag scrúdú an bhoinn ghéinitigh atá le fadhbanna ainsealacha riospráide amhail an t-asma agus Forluí Asma-COPD (ACO). Is é seo an chéad staidéar dá chineál ar domhan, agus tá sé mar aidhm aige na buntosca géiniteacha coiteanna a bhíonn ag daoine a bhfuil na galair asma agus ACO orthu a shainathint agus a scrúdú. Is é cuspóir an staidéir cosúlachtaí agus ceangail a shainathaint a d'fhéadfaí a úsáid chun déine an ghalair a thuair, tuiscint níos fearr a fháil ar fho-chineálacha casta, agus cabhair a thabhairt chun cóireanna leighis níos pearsanta a fhorbairt d'othair ar mhaith leo a bhfadhbanna riospráide a bhainistiú – táthar ag súil go mbeidh leigheas ar na galair sin lá éigin.

Tá comhpháirtíocht nua idir UCD agus Ionad Innealtóireachta Leighis na Conaire Thoir (ECME), ionad barr feabhais taighde trasteorann sa leigheas cardashoithíoch. Fuair an t-ionad €8.2 milliún de mhaoiniú ó INTERREG VA an Aontais Eorpaigh, clár atá á bhainistiú ag Comhlacht na gClár Speisialta AE (SEUPB). Is comhpháirtíocht ECME idir Ollscoil Ulaidh, atá mar cheannaire ar an ionad, agus UCD, DCU, Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan, Southern Health and Social Care Trust Cardiac Research Unit, agus Oilthigh na Gàidhealtachd agus nan Eilean. Is é an galair cardashoithíoch is cúis le 26% de na básanna sa RA agus tá an figiúr seo rud beag níos airde i bPoblacht na hÉireann - timpeall 30%. In ECME, beidh taighdeoirí ón saol acadúil agus ón earnáil tionscail ag comhoibriú lena

gcomhpháirtithe sa chóras sláinte agus cúraim shóisialta chun múnlaí níos fearr cúraim le haghaidh galar croí a chruthú agus monatóirí croí inchaite agus córais chianmhonatóireachta nua a fhorbairt chun torthaí cliniúla agus eispéireas othar a fheabhsú.

I mbliana, bunaíodh Ionad Taighde Imbhreithe UCD, atá lonnaithe san Ospidéal Náisiúnta Máithreachais, Sráid Holles, Baile Átha Cliath. Is é aidhm an ionaid, atá mar chuid de Scoil an Leighis UCD, ná taighde comhoibriúch náisiúnta agus idirnáisiúnta sa tsláinte mháthartha agus i sláinte an fhéatais a chomhordú, lena n-áirítear diaibéiteas agus cothú le linn toirchis, ar mhaithe le sláinte fhadtéarmach máithreacha agus a leanaí a fheabhsú. Is í an tOllamh Fionnuala McAuliffe, Scoil an Leighis UCD, atá ina stiúrthóir ar an ionad nua. Is saineolaí í an tOllamh McAuliffe a bhfuil clú idirnáisiúnta bainte amach aici i sláinte le linn toirchis, sláinte mháthartha agus sláinte an fhéatais, chomh maith le diaibéiteas agus cothú le linn toirchis. I measc na staidéar taighde atá á ndéanamh san ionad, tá Staidéar ar Aclaíocht agus Cothú le linn Toirchis le Tacaíocht Feidhmchláir Fóin Chliste (PEARS), staidéar a bhfuil 500 bean ag glacadh páirt ann.

TFC

Cuireann taighde TFC in UCD eolas nua ar fáil agus soláthraíonn sé taighdeoirí ardoilte i réimsí amhail anailísíocht sonraí, intleacht shaorga (IS), Idirlíon na nEarraí, córais chliste, príobháideachas agus slándáil. Cruthaíonn an taighde sin naisc idir na réimsí seo agus réimsí eile freisin, agus aghaidh á thabhairt ar fheidhmeanna amhail an talmhaíocht chliste, an tsláinte nasctha, agus na daonnachtaí digiteacha.

Buaicphointí TFC

Bhí bliain mhaith arís ag réimsí na TFC agus na hEolaíochta Sonraí, agus tá ceannaireacht á léiriú ag UCD i gcónaí tríd an obair atá á déanamh aige in Insight, CeADAR, Ionad Anailísíocht Gnó UCD, agus mar comhpháirtí de chuid CONNECT, ADAPT agus MCCI.

D'eagraigh UCD dhá chomhdháil idirnáisiúnta tábhachtacha i mbliana: Comhdháil ECML-PKDDi bPáirc an Chrócaigh, ar thacaigh Insight léi, agus an Chomhdháil Idirnáisiúnta ar Anailís Choimpléascach, Teoiric agus Feidhmeanna Féideartha, a d'eagraigh Scoil na Matamaitice agus Staitisticí UCD. Is é ECML-PKDD comhdháil acadúil tosaíochta na hEorpa maidir le meaisínfhoghlaim agus mianadóireacht sonraí, agus ta Aicmiú CORE A aige.

Fuarthas méid suntasach maoinithe freisin ó mheascán maoinitheoirí tionscail, náisiúnta agus idirnáisiúnta. Cuimsíonn na dámhachtainí a fuarthas laistigh de Scoil na Ríomheolaíochta UCD €4 mhilliún do thionscadal taighde ar an intleacht shaorga trí Insight, i gcomhar le Samsung Electronics Co Ltd. Úsáidfidh an tionscadal taighde comhoibriúch seo an eolaíocht domhanshonraí agus an saineolas IS atá ar fáil san Ionad Insight, lena n-áirítear meaisínfhoghlaim, samhaltú úsáideoirí, agus córais mholtaíthe, chun cabhrú le Samsung táirgí níos cliste agus eispéiris níos pearsanta a chur ar fáil dá gcustaiméirí agus dá n-úsáideoirí. Beidh an tionscadal taighde trí bliana seo faoi stiúir an Ollaimh Barry Smyth, an Dr. Aonghus Lawlor agus an Chomhollaimh Neil Hurley, Scoil na Ríomheolaíochta UCD.

Tá rath ar an gcomhpháirtíocht atá ann idir UCD agus IBM i gcónaí, agus bronnadh Dámhachtain Dáimhe IBM ar an Ollamh John Murphy, Scoil na Ríomheolaíochta UCD, le déanaí. Beidh an dámhachtain seo dírithe ar ríomhaireacht ar thús cadhnáochta a chur chun cinn d'fhonn feidhmchláir chliste ar an gcampas a chur i bhfeidhm.

I measc na ndámhachtainí a bronnadh ar Scoil na hInnealtóireachta Leictreag agus Leictreonaí UCD, bhí an dámhachtain €1.3 milliún ón SFI a fuair an tOllamh Robert Shorten chun taighde a dhéanamh ar Anailísíocht

Inscálaithe, Shárphríobháideach don Gheilleagar Comhroinnte. Ghnóthaigh an tOllamh Anding Zhu dámhachtain chomhpháirtíochta SFI-NSFC ar luach €1.1 milliún chun taighde a dhéanamh ar Thrasghlacadóirí Toinne Milliméadair do Chumarsáid Ardluas gan sreang le hAerfheithiclí gan fhoireann. Bronnadh €876,000 ar an Ollamh Peter Kennedy do thaighde ar Shintéis Ardminicíochta. Bhronn SFI an Dámhachtain Forbartha Gairme mheasúil ar an Dr. Nam Tran, dámhachtain ar luach €536,000, agus bronnadh Dámhachtain Laureate IRC ar an Ollamh Mark Flanagan ar luach €574,000 chun taighde a dhéanamh ar Chumarsáid MIMO.

Instiúidí Taighde UCD

Chomh maith le hobair a dhéanamh ar mhaithe leis na réimsí taighde tosaíochta thuasluaite, bhí baint ag instiúidí taighde UCD le roinnt tioncsnamh leathan ar fud na hOllscoile, a ndéantar cur síos ar chuid acu thíos.

Instiúid Conway UCD

Rinneadh an tionscnamh Taighde Sláinte 'Patient Voice' a leathnú go mór i mbliana, agus tá taighdeoirí ag obair air anois i réimsí taighde atá dírithe ar ghalair ar leith amhail an ailse, an diaibéitis, an t-airtritis agus fadhbanna réamatacha. Trí rannpháirtíocht phoiblí agus othar (PPI) sa taighde sláinte, is féidir linn tionchar níos mó a bheith againn ar an gclár taighde a chuirtear i bhfeidhm; is féidir linn caighdeán ár dtaighde agus an tábhacht atá leis don tsochaí a fheabhsú, agus is féidir linn tionchar dearfach a bheith againn ar shláinte othar. Tá an instiúid ag tógáil branda chomhtháite don tionscnamh thuas, agus mar thoradh air, láithreofar UCD mar cheannródaí sa réimse seo. Rinneadh clár oiliúna don fhoireann teagaisc agus don fhoireann ghinearálta a rith ar bhonn píolótach, rud a chabhraigh le bunú líonra foghlama chomhroinnte i gcomhar leis an bhfoireann PPI Ignite.

Instiúid Fionnachtana UCD

I Meán Fómhair 2017, ceapadh an tOllamh Cúnta Patricia Maguire, Scoil na hEolaíochta Bithmhóilíní agus Bithleigheis UCD, mar stiúrthóir ar Ionad na Fionnachtana UCD chun timpeallacht taighde idirdisciplíneach ardtionchair UCD a neartú agus chun cabhrú lenár bpobal taighde bríomhar aghaidh a thabhairt ar na dúshláin ábhartha atá ann in Éirinn agus ar fud an domhain. Idir an dá linn, tá obair déanta ag an instiúid chun gníomhaíochtaí a thionscnamh agus a chur i gcrích chun an taighde idirdisciplíneach a spreagadh san Ollscoil.

Táthar tar éis deis a thabhairt do thaighdeoirí a bhfuil smaoineamh nua taighde acu, an smaoineamh sin a fhorbairt trí mheantóireacht agus ceardlanna faoi mhaoiniú a chur ar fáil dóibh. Ba mhór ag an instiúid cuireadh a thabhairt do roinnt ollúna cuairtíochta iomráiteacha amhail an tOllamh Margaret Boden OBE agus an tOllamh Maja Pantic, chun seimineáir faoi rannpháirtíocht phoiblí a thabhairt, ócáidí a raibh na daoine a d'fhreastail orthu ón Ollscoil agus ón taobh amuigh an-sásta leo. Le déanaí, chríochnaigh Instiúid na Fionnachtana UCD an obair athchóirithe a bhí á déanamh aige ar spás neamhthraidisiúnta i Mol Ionad Eolaíochta UCD, áit ar féidir le taighdeoirí de chuid na hOllscoile ar fad bualadh le chéile.

Instiúid an Domhain UCD

Cuireann Instiúid an Domhain UCD taighde comhshaoil ildisciplíneach chun cinn agus, le déanaí, bronnadh deontas Belmont-Biodiversa ar luach €1.47 milliún air chun taighde a dhéanamh ar sheirbhísí éiceachórais, taighde a mbeidh baint ag taighdeoirí de chuid UCD leis, a bhfuil saineolas acu ar threolaíocht, beartais chomhshaoil, Béarla, bith-eolaíocht agus innealtóireacht, agus iad ag obair i gcomhar le comhpháirtithe idirnáisiúnta san Eoraip agus i Meiriceá Thuaidh.

Instiúid Fuinnimh UCD

Tá Instiúid Fuinnimh UCD ag cur lena gcomhpháirtíochtaí straitéiseacha an t-am ar fad agus tá athás orthu go mbeidh EPRI, an ceannródaí domhanda i bhforbairt eochairtheicneolaíochtaí sa tionscal leictreach, ina phríomhthionónta i bhforbairt agus fás na Saotharlainne Fuinnimh Comhtháite in UCD.

Instiúid Bia agus Sláinte UCD

D'eagraigh Instiúid Bia agus Sláinte UCD ócáid ar Thórdhreach Rialála Sholáthar Bia an Domhain: I ndiaidh Brexit. Chuir príomhshaineolaithe, lena n-áirítear an tOllamh Michael Boland, Ollscoil Stáit Minnesota, an Dr Pat O'Mahony, Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann agus Bryan Barry, Leas-Stiúrthóir de chuid Fheirmeoirí Aontaithe na hÉireann, a dtuairimí in iúl maidir leis na dúshláin agus na deiseanna a bheidh ann i dtaca le Rialachán Bia i ndiaidh Brexit. D'óstáil an Instiúid an chomhdháil Internet of Things 4 Food chomh maith. Reáchtáladh an chomhdháil seo, a d'eagraigh an tOllamh Nick Holden, Scoil na hInnealtóireachta Bithchóras agus na hInnealtóireachta Bia UCD, mar gheall ar chomhoibriú leis an Ollscoil California, Davis, i réimse an bhia. Díríodh ag an imeacht ar an idirnascaidh atá ann idir feistí ríomhaireachta atá leabaithe i rudaí laethúla a bhaineann le bia, rudaí a athróidh córais bhia, biashlabhraí agus múnlaí gnó ó bhun do chuideachtaí bia agus teicneolaíochta.

Instiúid Uí Ghadhra UCD

Ceapadh foireann ó Instiúid Uí Ghadhra UCD um Beartas Poiblí mar Chomhordaitheoir Náisiúnta do Bhabhta 9 de Shuirbhé Sóisialta na hEorpa in Éirinn i ndiaidh comórtas náisiúnta. Is suirbhé trastíre atá faoi thionchar acadúil é seo a dhéanann tomhas ar mheonta, creidimh agus patrúin iompair na ndaonraí éagsúla in os cionn tríocha tír. Cuirfear tús leis an obair allamuigh don tionscadal in Éirinn i bhfómhar na bliana 2018.

Go luath sa bhliain 2018, fuair an Instiúid an t-ainm fearainn publicpolicy. ie agus tá an fearann á fhorbairt aici mar acmhainn ar bheartais fianaisebhunaithe do ghairmithe agus taighdeoirí acadúla, agus mar áit le haghaidh díospóireachta agus rannpháirtíochta i measc an phobail i gcoitinne maidir leis na príomhshaincheisteanna beartais in Éirinn. Tarraingeoidh an t-ardán aird ar thionchar an taighde a dhéanann UCD ar cheapadh beartas, agus meastar go mbeidh sé ar fáil sa bhliain 2018.

Tá saotharlann nua AIB-UCD maidir le cinnteoireacht tomhaltóirí i measc na bpríomhréimsí den chlár nua ar eolaíocht iompraíochta. Déanfaidh an tsaotharlann, arna cistiú ag an AIB, iniúchadh le smaoine nua a fhorbairt a bhaineann le cinnteoireacht airgeadais, agus cuirfidh an fhoireann tionscadail taighde i bhfeidhm maidir le cinnteoireacht airgeadais na dtomhaltóirí.

Instiúid don Léann Daonna UCD

D'éirigh leis an Instiúid don Léann Daonna UCD go leor a dhéanamh le linn na bliana. Bhí neart scoláirí ar cuairt ann, mar aon le scoláirí dochtúireachta agus iardhochtúireachta, agus eagraíodh roinnt mhaith imeachtaí oiliúna agus taighde Cuireadh comhpháirtíocht nua straitéiseach agus comhaontú nua Erasmus+ maidir leis an Léann Trasnáisiúnta agus Traschultúrtha i bhfeidhm i gcomhar leis an Institute for Modern Languages Research ag an School of Advanced Studies, Ollscoil Londain. Ba é an tOllamh Arjun Appadurai, Ollamh Goddard sna Meáin, an Cultúr agus an Chumarsáid, Ollscoil Nua Eabhrac, a chuir léacht bhliantúil na hinstiúide, Léacht an Aoi Oirirc, i láthair i Márta na bliana seo dar teideal 'The Future of Sovereignty'.

Ba í an Instiúid a bhí ina ceann feadhna ar dhá shraith rannpháirtíochta poiblí, a raibh próifíl ard acu, i gcomhar le hInstiúid um Fhionnachtana UCD agus Instiúid Uí Ghadhra UCD um Beartas Poiblí. Ba é 'Plotting



Sa phictiúr (ó chlé), agus iad ag seoladh na chéad Oifigí um Aistriú Eolais Ospidéal ag Ospidéal Ollscoile Naomh Uinseann agus an Mater, tá; Gordon Dunne, Príomhfheidhmeannach, Ospidéal Ollscoile an Mater Misericordiae; An tOllamh Michael Keane, POF Gníomhach, Ospidéal Ollscoile Naomh Uinseann; An Dr Ena Walsh, Bainisteoir Cáis na nEolaíochtaí Beatha, Aistriú Teicneolaíochta, UCD, agus Tom Flanagan, Stiúthóir Fiontair agus Tráchtálaithe, UCD.

the Future’ an chéad sraith, sraith ina ndearnadh iniúchadh ar thionchar sóisialta, eacnamaíoch agus cultúir na hIntleachta Saorga agus Róbataice. Ba é ‘Truth to be Told’ an dara sraith, inar pléadh cad is fírinne ann in aois iar-fhírinne ina bhfuil tionchar mór ag na meáin.

Nuálaíocht

Tá UCD tiomanta dá príomhról in éiceachóras nuálaíochta agus malartaithe eolais na hÉireann mar áisitheoir fáis gheilleagraigh agus mar eagraíocht a chuireann le forbairt gheilleagrach, chultúrtha agus shóisialta. Tacaímid leis an tiomantas seo trí nár mic léinn agus céimithe nuálacha agus fiontraíochta, trí chomhpháirtíocht a fhorbairt le gnólachtaí, gníomhaireachtaí Rialtais agus fiontair shóisialta agus chultúrtha, trí thorthaí taighde a thráchtáil, trí fhiontair nua a chruthú, chomh maith le tacaíocht a thabhairt dóibh agus iad a mhéadú, agus trí phoist a chruthú.

Is sampla den tiomantas seo é infheistíocht €6.5 milliún na hOllscoile chun an clós oirthear ag NovaUCD a fhorbairt agus a leathnú d’fhonn acmhainn a mhéadú le tacú le gnólachtaí nuathionscanta nuálacha. Tá thart ar 1,425m² de spás in NovaUCD, ar féidir é a cheadúnú in 40 aonad, saotharlann agus spás comhoibre ar an iomlán. Mar gheall ar an gclós nuafhorbartha, beidh 800m² de spás breise ann, ar féidir é a cheadúnú, arb ionann é sin agus méadú 50% ar acmhainn, agus beidh 23 aonad gnó, saotharlann agus spás comhoibre ann ar an iomlán.

Oifigí Aistrithe Eolais in Ospidéal

Tá UCD lántiomanta do réimse leathan gníomhaíochtaí a chur i bhfeidhm a chuirfidh ar chumas na bpáirtithe leasmhara, amháin an earnáil tionscail, an earnáil phoiblí agus eagraíochtaí neamhbhrabúis, leas a bhaint as saibheas na teicneolaíochta, an taighde, na nuálaíochta agus an tsaineolais a chruthaíonn an Ollscoil. Maidir leis seo, bhí tabhairt

isteach na gcéad Oifigí Aistrithe Eolais in Ospidéal in Éirinn ar cheann de na príomhthionscnaimh nua le linn na bliana. Rinneadh an obair seo i gcomhar le Grúpa Sláinte Naomh Uinseann (GSNU) agus Ospidéal Ollscoile an Mater Misericordiae (OOMM).

Beidh tionchar ag taighde agus nuálaíocht ar chúram sláinte in Éirinn amach anseo, agus tá sárobair déanta ag GSNU agus OOMM araon maidir le taighde ardchaighdeán a sholáthar, taighde a bhfuil tionchar suntasach aige ar a n-othair.

D’oscail UCD na hOifigí Aistrithe Eolais in Ospidéal le cumas tráchtála na dtorthaí taighde atá ag teacht amach as an dá ospidéal a fhorbairt, agus cumhacht na bhforbairtí leighis a mhéadú ionas gur féidir a oiread méadaithe agus is féidir a chur ar líon na n-othar ar fud an domhain a bhainfidh leas astu. Cosnóidh na hoifigí seo an mhaoin intleachtúil a thagann as, déanfaidh siad measúnú ar chumas tráchtála, agus, de réir mar is cuí, an mhaoin intleachtúil seo a cheadúnú do ghnólachtaí sna heolaíochtaí beatha, nó gnólachtaí nuathionscanta a chruthú chun an nuálaíocht a chur ar an margadh.

Go dtí seo, réachtáladh sé chlinic sna hospidéal ar an iomlán. Pléadh roinnt smaointe le comhairleoirí, altraí cliniúla agus comhordaitheoirí trialacha cliniúla mar gheall ar na clinicí seo.

Tionscnaimh Nua Eile

Anuas ar na hOifigí Aistrithe Eolais in Ospidéal, tugadh roinnt tionscnamh nua eile isteach le linn na bliana, lena n-áirítear Painéal na Meantóirí NovaUCD, Scabhtáí Aistrithe Eolais, Clár Intéirneachta NovaUCD agus comhthionscnamh le Scoil Ghnó Iarchéime Michael Smurfit UCD.

Is é aidhm Phainéal na Meantóirí NovaUCD painéal de cheannairí gnó a bhfuil taithí acu a chur le chéile, agus déanfaidh na ceannairí sin



Ar chlé: Sa phictiúr ag NovaUCD tá cuid de na 'scabhtaí' aistrithe eolais; An Dr Sarah Brady (Scoil na hInnealtóireachta Meicniúla agus Ábhar UCD), an Dr Mary Doorly (Scoil na hInnealtóireachta Leictir agus Leictreonaí UCD), an Dr Aleksandra Konic Ristic (Scoil na Talmhaíochta agus Eolaíochta an Chothaithe UCD), an Dr Srikumar Roy (Scoil na nDomhaneolaíochtaí UCD), an Dr Laura Quinn (Scoil na hInnealtóireachta Ceimicí agus Bithphróisis UCD), leis an Dr Stephen Donoghue, Bainisteoir Cáis, Aistriú Teicneolaíochta, agus Tom Flanagan, Stiúrthóir Fiontair agus Tráchtálaithe (sa lár).

réamhamharc a thabhairt ar mholtaí agus fionnachtana tráchtála atá á bhforbairt ag foirne taighde UCD, na moltaí agus fionnachtana sin a fheabhsú, agus meantóireacht a dhéanamh ar na foirne sin. D'fhéadfaí go ndéanfadh na meantóirí sin infheistíocht nó go mbeidís i gceannas mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin, más cuí, chun na deiseanna seo a chur ar an margadh.

Is é aidhm an tionscnaimh 'Scabhtaí Aistrithe Eolais' pobal de chomhaltaí iardhoctóireachta, mic léinn PhD agus riarthóirí taighde ar leith a chothú agus a thógáil, pobal a bhfuil suim aige tuilleadh a fhoghlaim maidir le teicneolaíocht a thráchtáil. Foghlaimíodh na 'scabhtaí' tuilleadh trí thacaíocht a thabhairt d'Oifig Aistrithe Teicneolaíochta UCD, deiseanna nua tráchtála a shainathint laistigh dá gColáistí, Scoileanna agus Institiúidí féin. Tá scabhtaí ag an tionscnamh faoi láthair i Scoileanna UCD na hInnealtóireachta Leictir agus Leictreonaí; Innealtóireacht Chemiceach agus Bhithphróisis; Domhaneolaíochtaí; Ailtireacht, Polasaí Comhshaoil agus Pleanála; Talmhaíocht agus Eolaíocht Bhia; agus na hInnealtóireachta Meicniúla agus Ábhar.

Chomhoibriú mic léinn de chuid NovaUCD agus mic léinn MBA de chuid Scoil Ghnó Iarchéime Michael Smurfit UCD i gClub Fiontraithe MBA UCD le mic léinn uaillmhianacha gnó a chur le grúpaí taighde atá ag iarraidh a dtaighde a fhorbairt agus a thráchtáil. Tá VoxelDome, a bhfuil céimí MBA Thom Strimbu i gceannas air, agus a fhaigheann tacaíocht ó NovaUCD agus taighdeoirí ríomheolaíochta UCD, go luath i gcéim na forbartha. Tá uirlisí á dtógáil ag VoxelDome atá de dhíth ar ghairmithe físeáin le físeán toirtmhéadrach a chruthú do AR/VR.

Bhí an clár Intéirneacht Ghnó NovaUCD ar siúl ar feadh sé seachtaine le linn an tsamhraidh. D'oibrigh beirt mhac léinn idirnáisiúnta gnó, Josie Brisuela ó Ollscoil Illinois agus Nhi Nguyen ó Ollscoil Temple, i gcomhar le dhá fhiontar luathchéime UCD. Rinne na hintéirigh anailís mhargaidh, mar chuid den chlár, le scóip agus méid an spriocmhargaidh ábhartha a thuiscint; d'fhorbair siad ábhair mhargáíochta agus straitéis le cur ar chumas fiontair a nuálaíocht a chur os comhair custaiméirí féideartha. D'éirigh go hiontach leo, agus rinne an dá fhiontar oiriúnacht a dtáirgí don mhargadh a fheabhsú agus d'aimsigh siad roinnt ábhar cliaint.

ConsultUCD

Is é ConsultUCD seirbhís bhainistithe chomhairleoireachta na hollscoile. Le linn na bliana seo caite d'oibrigh ConsultUCD leis an lucht acadúil ar fud UCD chun tacú lena chomhairleoireacht sheachtrach. D'oibrigh ár gcomhairleoirí acadúla le réimse eagraíochtaí lena n-áirítear cuideachtaí cógaisíochta, carthanais, FBManna Éireannacha agus na Ríochta Aontaithe, chomh maith le cuideachtaí dlí agus cuntasáíochta.

Tá ConsultUCD ag obair ar bhonn gníomhach leis na hearnálacha tionscail agus gnó le deiseanna chomhairleoireachta a fhorbairt. Mar gheall ar na deiseanna sin, bainfear leas as ár saineolas in Éirinn ó thaobh na

heacnamaíochta agus na sochaí de agus beidh rochtain níos leithne agus níos éasca ag páirtithe leasmhara seachtracha ar eolas agus saineolas UCD. Tá acadóirí atá i mbun comhairleoireachta ábalta na fáil lena ngníomhaíochtaí taighde agus tráchtálaithe a chistiú.

Ag Obair i gComhar leis an Earnáil Tionscail

Tá sárobair déanta ag UCD ó thaobh oibriú leis an earnáil tionscail de, agus bíonn UCD ag iarraidh rannpháirtíocht láidir straitéiseach a bheith aige le fiontair ghnó, shóisialta agus chultúrtha; ar an mbealach sin cuirtear leis an luach, leathnaítear líonraí agus pléitear deiseanna nua le tionchar a bheith againn trí obair a dhéanamh le chéile.

I measc ár n-éiceachórais nuálaíochta tá clár mhórsála choimhoibríoch cosúil le CSETanna, nó Ionaid agus Braislí Straitéiseacha Taighde, arna maoiniú ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann, agus ionaid teicneolaíochta arna maoiniú ag Fiontraíocht Éireann agus an earnáil tionscail.

Anuas air sin, thug os cionn 250 cuideachta cistiú i gcomhair taighde ag UCD le blianta beaga anuas agus chomhoibriú níos mó ná 1,000 cuideachta le UCD ar thionscadail taighde.

Tá os cionn 50 cuideachta, idir ghnólachtaí ardteicneolaíochta nuathionscanta agus ghnólachtaí seanbhunaithe atá á dtreorú ag nuálaíocht, lonnaithe in UCD anois. Tá na cuideachtaí sin lonnaithe go príomha in NovaUCD, an Lárionad um Fhiontair Nua agus Fiontraithe nó NexusUCD, an tIonad Comhpháirtíochta Tionscail. Tá na cuideachtaí ag obair i réimse leathan earnálacha: talmhaíocht agus bia, eolaíocht na beatha, TFC agus eolaíocht fhisiceach, innealtóireacht agus teicneolaíocht ghlan, agus tá siad lonnaithe ar an gcampas le bheith ag obair níos dlúithe i gcomhar le UCD.

Tráchtáil Torthaí Taighde

Cuireann NovaUCD áis shaintógtha ghoir den chéad scoth ar fáil do chuideachtaí dlútheolais, chomh maith le clár cuimsitheach tacaíochta gnó.

Le linn na bliana, thug roinnt toscaireachtaí idirnáisiúnta, ó thíortha amhail an Astráil, an tSile, an tSín, an India agus Stáit Aontaithe Mheiriceá, cuairt ar NovaUCD le tuilleadh a fháil amach maidir le rath UCD ó thaobh an tráchtálaithe agus gníomhaíochtaí fiontraíochta de.

Tacaíonn foireann aistrithe eolais UCD, atá lonnaithe i NovaUCD, le taighdeoirí ó UCD agus ón gColáiste Náisiúnta Ealaíne agus Deartha le maoin intleachtúil, nó IP, a thagann as clár taighde a shainathint agus a chosaint, chomh maith le IP a thráchtáil trí cheadúnú do chuideachtaí agus trí mhac-chuideachtaí a chur le chéile.



Sa lár: An tOllamh Brian Caulfield, Scoil na Sláinte Poiblí, Fisiteirípe agus na hEolaíochta Spóirt UCD, buaiteoir an Ghradaim Nuálaíochta NovaUCD 2017.

Ar dheis: Na trí chomhbhunaitheoir de Kogii (ó chlé): Andrea Pignanelli, Callan Eldon agus Karl Roe, buaiteoirí an Chláir Réaltaí Nuathionscanta UCD 2018 d'fhiontraíthe mac léinn.

Tacaíonn ConsultUCD, atá lonnaithe ag NovaUCD, leis an bhfoireann acadúil agus ginearálta a chuireann seirbhísí comhairleoireachta ar fáil do chliaint sheachtracha lena chinntiú go bhfuil leibhéal ard gairmiúlachta agus fócas tráchtála ar fáil do chliaint.

Tacaíonn an fhoireann oiliúna um Fhorbairt Fiontar agus Oideachas Nuálaíochta ag NovaUCD le taighdeoirí a thorthaí IP a thráchtáil trí shraith clár oiliúna a chur ar fáil, lena n-áirítear na cláir 'Innovation Sprint', 'Commercialisation Bootcamp' agus 'VentureLaunch Accelerator'.

Thuiriscigh taighdeoirí UCD 91 fionnachtain le linn na bliana. Ina theannta sin, chomhdaigh UCD 23 iarratas tosaíochta ar phaitinn i réimsí na hinnealtóireachta, na teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide, agus na n-eolaíochtaí beatha. Thug UCD 23 comhaontú ceadúnais le réimse cuideachtaí dúchasacha agus idirnáisiúnta chun críche freisin. Síníodh comhaontú leis an gcuideachta Éireannach bithchógaisíochta Amryt maidir le hardáin nua géinteirípe le haghaidh epidermolysis bullosa a chóireáil. Anuas air sin, corpraíodh cúig mhac-chuideachta nua de chuid UCD.

Cláir Tráchtálaithe UCD

Le linn na bliana, chríochnaigh naoi bhfoireann taighde UCD an clár lae 'Innovation Sprint' de chuid UCD, clár inar díródh ar 5G. Is é aidhm an chlár seo, a bhíonn ar siúl ag NovaUCD, tacaíocht a thabhairt do rannpháirtithe tuiscint a fháil ar conas fiontar nua le haghaidh 5G a chruthú. Is é aidhm fhoriomlán an chlár 'Innovation Sprint' de chuid UCD forbairt na dtorthaí tráchtála a thagann as taighde atá ar siúl i UCD a spreagadh trí chaidreamh a bhunú le taighdeoirí níos luaithe sa phróiseas tráchtálaithe.

Le linn na bliana, chríochnaigh 70 taighdeoir trí dhianchampa tráchtálaithe a reáchtáladh ag NovaUCD. Ghlac ionadaithe ó 45 tionscadal tráchtála féideartha, agus iad tagtha as taighde atá ar siúl in UCD, páirt sna dianchampaí. Is é an aidhm fhoriomlán, píblíne na ndeiseanna tráchtála a eascraíonn as cláir taighde UCD agus an CNED a neartú.

Gradam Nua-Thionscanta UCD 2017

Fógraíodh gurbh é Prolego Scientific, cuideachta nuathionscanta luathchéime ag Scoil na Matamaitice agus na Staitisticí UCD, buaiteoir iomlán an Chláir 'VentureLaunch Accelerator' UCD sa bhliain 2017. Tacaíonn an clár seo le fiontar nua inmharthana bhrabúsacha, atá bunaithe ar mhaoin intleachtúil a eascraíonn as cláir taighde UCD, a chruthú agus a sheoladh.

Soláthraíonn Prolego Scientific réitigh dílsithe intleachta saorga a úsáidtear le cruinneas na dtástálacha géiniteacha i go leor réimsí a fheabhsú, amhail sláinte ainmhithe agus méadracht feidhmíochta a fheabhsú. Is iad an Dr Belinda Hernández agus an tOllamh Comhlach Andrew Parnell ó Scoil na Matamaitice agus na Staitisticí UCD bunaitheoirí Prolego Scientific.

Gradam Nuálaíochta NovaUCD 2017

Bronnadh Gradam Nuálaíochta NovaUCD 2017 ar an Ollamh Brian Caulfield, Déan na Fisiteirípe UCD. Ba é Uachtarán UCD, an tOllamh Andrew Deeks, a bhronn an gradam ag ócáid a bhí ar siúl in NovaUCD. Bronnadh an gradam mar aitheantas ar an obair a rinne an tOllamh Caulfield le taighde a thráchtáil, taighde a rinneadh i Scoil na Sláinte Poiblí, Fisiteirípe agus na hEolaíochta Spóirt UCD.

Le deich mbliana anuas, leagadh an bhéim i gcláir taighde an Ollaimh Caulfield ar leas a bhaint as forbairtí teicneolaíochta le feidhmíocht daoine a fheabhsú sna réimsí nasctha de spórt agus sláinte. Cuireadh na forbairtí i bhfeidhm le gléasanna inchaite agus braite mhóibíleach le haghaidh tomhais agus idirghabhála. Mar gheall ar na feidhmeanna seo, tá bealaí nua a n-aimsíú le feidhmíocht daoine a mheasúnú agus a fheabhsú i réimsí ó scothspóirt go dtí leigheas athshlánaithe go dtí geirinteolaíocht.

Tá deiseanna suntasacha tráchtála tar éis eascairt as taighde an Ollaimh Caulfield sna réimsí seo, i dtaca leis an leas is féidir le comhpháirtithe ón earnáil tionscail a bhaint as IP, lena n-áirítear ceadúnú agus gníomhaíocht a bhaineann le mac-chuideachtaí. Tá comhoibriú déanta aige freisin le réimse cuideachtaí ilnáisiúnta agus cuideachtaí nuathionscanta, lena n-áirítear; BioMedical Research Ltd, Fujitsu Laboratories, GE, Intel, Novartis agus Shimmer Research.

Réaltaí Nuathionscanta UCD

I rith na bliana, cuireadh Réaltaí Nuathionscanta UCD ar siúl, ar clár tacaíochta fiontraíochta é do mhic léinn fochéime agus iarchéime ar mian leo oibriú le chéile chun cuideachtaí nuathionscanta a thógáil. Reáchtáil NovaUCD, Acadamh Nuálaíochta UCD agus Scoil Ghnó Iarchéime Michael Smurfit UCD an clár, atá ar siúl le ceithre bliana anois, i gcomhar lena chéile.

Cuireadh tús le Réaltaí Nuathionscanta UCD le sraith ceardlann trasdisciplíneach agus modúl cúrsa a cuireadh ar fáil thar thréimhse trí mhí i Scoil Ghnó Iarchéime Michael Smurfit UCD agus Acadamh Nuálaíochta UCD. Roghnaíodh sé fhiontar luathchéime mac léinn, ina raibh 17 mball foirne ar an iomlán, le páirt a ghlacadh i ndianchlár meantóireachta a bhí ar siúl thar thréimhse ceithre seachtaine ag NovaUCD.

Ba é aidhm an chlár tacaíocht a thabhairt do mhic léinn a smaoineadh nuathionscanta a bheachtú. Mar chuid den chlár, reáchtáladh sraith ceardlann le saineolaithe ón tionscal, ceardlanna idirghníomhacha agus seisiúin rialta phitseála, agus bhí meantóireacht ar fáil.

I ndiaidh do na fiontar a gcáis a chur i láthair painéal moltóirí, fógraíodh gurbh é Kogii buaiteoir iomlán chlár na bliana seo. Is cuideachta luathchéime nuathionscanta é Kogii atá ag forbairt solas cliste a bhfuil neart gnéithe aige do rothair chun sábháilteacht fíoraim do rothaithe a fheabhsú. Tá sé de rún ag Kogii na sonraí a fhaigheann siad ó bhraiteoirí an tsolais a úsáid le tuiscint chruinn a fháil ar na cúinsí a chuireann rothaithe i mbaol ar an mbóthar.

// Le linn na bliana, bronnadh Gradam um Thionchar Taighde Comhoibríoch ar UCD ag Gradaim Aistrithe Eolais Éireann 2018 mar aitheantas ar a chomhoibriú taighde le ENBIO, an chuideachta spáis Éireannach //

agus chun spásárthaí a chosaint. Bhí tionchar suntasach ag an gcomhoibriú sin ar an gcuideachta, mar rinneadh an bratú SolarWhite a d'eascair as an gcomhoibriú a thástáil go dian maidir le hullmhacht spáseitilte, agus is é an t-aon bhratú é atá incháilithe ar an misean €1.7 billiún, Solar Orbiter.

Ainmníodh OxyMem, mac-chuideachta fuíolluisce UCD agus cuideachta teicneolaíochta glaine Éireannach atá i mbun fáis, mar bhuaiteoir i gcatagóir na FBMan na Gradaim Nuálaíochta Taighde SAM-Éireann 2018, gradam a bhronnann Comhlachas Tráchtála Mheiriceá na hÉireann agus Acadamh Ríoga na hÉireann i gcomhar lena chéile. Is príomhnuálaí i dtaca le cóireáil fuíolluisce atá éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de é oXymem, agus baineann an chóireáil úsáid as teicneolaíocht Imoibreora Bithseo Scannán-Aerithe. Sábhálann an chóireáil fuinneamh, laghdaíonn sí sloda agus cuireann sí leis an acmhainn sna stáisiúin chóireála atá ann níos tapúla ná na príomhiomaitheoirí. Chomhbhunaigh Wayne Byrne, an tOllamh Eoin Casey agus an Dr Eoin Syron an chuideachta mar mhac-chuideachta ó Scoil na hInnealtóireachta Ceimicé agus Bithphróisis UCD.

Cheannaigh Kypha, cuideachta Mheiriceánach diagnóisice leighis atá ag forbairt sainréiteach tástála bithchomharthaí sóirt le haghaidh beachtmhonatóireacht a dhéanamh ar stádas imdhíonach agus ar athlasadh, Biosensia chun portfóilió táirgí Kypha a neartú. Cuireadh Biosensia, cuideachta ardáin diagnóisice agus forbartha conarthaí a bhfuil a cheanncheathrú aige in NovaUCD, ar bun sa bhliain 2009 agus leanfaidh sé de bheith ag oibriú mar fhochuideachta ar lánúinéireacht de chuid Kypha.

Forbróidh O.C.E. Technology córas oibriúcháin fíor-ama i gcomhar le Gníomhaireacht Spáis na hEorpa. Meastar go dtógfadh sé 18 mí chun an tionscadal €500,000 a chur i gcrích. Clúdóidh an córas nua oibriúcháin, a fhorbrófar chuig caighdeán cáilíochta eitilte, roinnt gnéithe uathúla le rialú ardleibhéil a dhéanamh ar fhoichórais satailíte. Mar gheall ar an gcóras nua oibriúcháin, beifear ábalta sceidealú cinnteachaíoch tascanna a dhéanamh agus úsáidfídh sé an tacar treoracha 16 ghiotán nua SPARC REX lena lorg stórála a fósághdú.

Is mac-chuideachta diagnóisice de chuid UCD é OncoMark Ltd, atá tar éis an tOllamh John Crown a cheapadh mar phríomhoifigeach leighis, agus tá an chuideachta ag díriú ar phainéil nua de bhithchomharthaí sóirt aille a fhorbairt chun cúnamh a thabhairt maidir le cinntí cóireála d'othair aille. Is saineolaí ar an oinceolaíocht é an tOllamh Crown MD, MBA, ar oinceolaí comhairleach míochaine é in Ospidéal Ollscoile Naomh Uinseann, Baile Átha Cliath. Tá go leor taighde cliniciúil agus aistritheach foilsithe aige maidir le hailse chífice.

Bhuaigh Testreach, a bhfuil a cheanncheathrú aige in NexusUCD, an Gradam 'Digital Disruptor 2018', gradam a bronnadh ar an gcuideachta ag ócáid de chuid Fhiontraíocht Éireann ag Deloitte Digital i Londain. Is é aidhm an Ghradam 'Digital Disruptor', a chruthaigh Fiontraíocht Éireann,

aitheantas a thabhairt do chuideachtaí Éireannacha a chuireann isteach ar an margadh ina n-oibríonn siad trí nuálaíocht theicneolaíoch a úsáid.

Acadamh Nuálaíochta UCD

Tá meádú leanúnach ar an obair a dhéanann Acadamh Nuálaíochta UCD chun caidreamh a bhunú le daltaí agus foireann teagaisc UCD agus le pobail áitiúla agus idirnáisiúnta. Áirítear leis sin:

- Ghlac 292 mac léinn fochéime páirt sna modúil, Cúrsa Tosaigh ar an tSmaointeoireacht Chruthaitheach agus Iarracht Fiontraíochta;
- Rinneadh scileanna nua a theagasc do 145 céimí tríd an Teastas Iarchéime sa Nuálaíocht, Fiontraíocht agus Fiontar i gcomhar le Lingchlár+, clár de chuid an Údaráis um Ard-Oideachas;
- Ghlac 81 dalta meánscoile ó cheantar Bhaile Átha Cliath, 75% díobh ó Scoileanna DEIS, páirt i gclár samhraidh na Cruthaitheachta, na Nuálaíochta agus na Fiontraíochta, arna mhaoiniú i bpáirt ag an Údarás um Ard-Oideachas;
- Ghlac 237 mac léinn PhD páirt i modúil maidir le Smaointeoireacht Chruthaitheach, Fiontraíocht Shóisialta, agus Giniúint agus Aithint Deiseanna;
- Ghlac 56 mac léinn ó Choláiste na hEolaíochta UCD agus Coláiste na nEolaíochtaí Talmhaíochta agus Sláinte UCD páirt i modúil ar líne maidir le Smaointeoireacht Chruthaitheach agus Nuálaíocht;
- Ghlac 108 oideoir gairmiúil, 60 ball den fhoireann teagaisc in UCD ina measc, páirt sa Teastas Gairmiúil agus Diplóma d'Oideoirí Fiontraíochta.

Lean Acadamh Nuálaíochta UCD de mhéadú na hoibre atá á déanamh aige chun caidreamh a bhunú leis an earnáil tionscail i rith na bliana. Seoladh an Diplóma Gairmiúil nua UCD sa Chruthaitheacht, Nuálaíocht agus Ceannaireacht, a cuireadh le chéile i gcomhar leis an earnáil tionscail, chun ceannairí nuálaíochta na todhchaí a fhorbairt, agus ghlac 78 rannpháirtí páirt ann, i gcomhpháirt leis an tionscnamh Lingchlár+ de chuid an Údaráis um Ard-Oideachas.

Ina theannta sin chuaigh 160 mac léinn fochéime de chuid UCD i ngleic le dúshlán a bhaineann le Blockchain, Todhchaí na hIníochóireachta agus na Freagrachta Sóisialta Corparáide, mar chuid de Lá Tumtha sa Tionsclaíocht ag Deloitte i gcomhar le Banc na hÉireann.

D'éirigh le hAcadamh Nuálaíochta UCD an clár InnovationAcademy@ESB a sholáthar chomh maith, ar clár saincheaptha é a bhfuil sé mar aidhm aige cumas nuálaíochta na mball foirne a roghnaíodh ó gach cearn de Bhord Soláthair an Leictreachais a fhorbairt. Roghnaíodh beirt iarrthóirí PhD agus comhalta amháin iardhochúireachta de chuid UCD chomh maith, le páirt a ghlacadh sa chlár sin, agus d'oibrigh na rannpháirtithe as lámha a chéile chun tionscnaimh nua a fhréamhshamhaltú don chuideachta.

Leathnaigh Acadamh Nuálaíochta UCD a láithreacht idirnáisiúnta le linn na bliana chomh maith, agus cuireadh cláir nua ar bun sa Mhalaeisia agus i Vítneam. Áirítear leis sin an Clár um Fheabhsú Oideoirí Fiontraíochta (3EP), arna chomhordú ag Roinn Oideachais na Malaeisia, agus sraith ceardlann il-laethúil le feabhas a chur ar chleachtas teagaisc de 25 ball den fhoireann teagaisc in Ollscoil Náisiúnta Vítneam, Hanáí; thacaigh Cúnamh Éireann leis sin tríd an gClár Déthaobhach Vítneam-Éireann um Mhalartú Oideachais.

A bhui le maoiniú ó Chlár Soghluaisteacha an ÚAO, d'éirigh le hAcadamh Nuálaíochta UCD agus leis an Ionad Tionscnaimh Tallainne agus Smaointeoireachta Fiontraíochta ag an Ollscoil Malae modúl ar smaointeoireacht fhiontraíoch a chur ar fáil do 200 mac léinn fochéime ar bhonn píolótach. Rinne Acadamh Nuálaíochta UCD an modúl a éascú. Ina theannta sin, bhronn an Ollscoil Malae Ollúnacht Cúnta ar an Ollamh Suzi Jarvis.



Ar chlé: Tugann Leas-Phríomhaire na Téalainne, An tUasal Wissanu Krea-nga cuairt ar UCD. Ar dheis: Mic léinn ag baint taitneamh as an lá ag Fáilte an Uachtaráin do Mhic Léinn Idirnáisiúnta.

Comhpháirteachas Domhanda

Seoladh Straitéis Comhpháirteachais Dhomhanda UCD i Meán Fómhair 2016 agus tá dul chun cinn leanúnach déanta le linn na bliana seo caite, lena n-áirítear oscailt Ionaídh Dhomhanda nua in Dubai. Anois is ionann líon iomlán na n-ionad a thacaíonn le comhpháirteachas domhanda UCD thar lear agus cúig.



**An tOllamh
Dolores O'Riordan
Leas-Uachtarán do
Chaidreamh Domhanda**

I mbliana, tháinig méadú arís ar líon na mac léinn idirnáisiúnta, agus tá 7,923 díobh in UCD anois, arb ionann é agus ceathrú de na mic léinn go léir ar champais Bhaile Átha Cliath UCD. Mar gheall air sin, is pobal éagsúil atá againn, pobal ina bhfuil mic léinn as beagnach 140 tír dhifriúla. Bhí Halla Uí Raghallaigh beo beathach agus bhí sceitimíní ar na mic léinn nua idirnáisiúnta nuair a chruinnigh siad le chéile ag tús an téarma nua agus nuair a chuir an tUachtarán, an fhoireann teagaisc agus an fhoireann ghinearálta fáilte Uí Cheallaigh rompu. Le linn na bliana, reáchtáladar réimse leathan imeachtaí le ceiliúradh a dhéanamh ar éagsúlacht chultúrtha an phobail UCD. Bhí an ceiliúradh Diwali, a mbíonn an-tóir air i gcónaí, ar siúl arís i mí na Samhna, agus ghlac 270 mac léinn páirt i bhFéile an tSolais. I mí Feabhra, cheiliúramar Bliain Nua na Síneach agus bhí sruthú beo ann ar chomórach na Bliana Nua ó Bhéising. Bhí imeachtaí lftar do mhic léinn Moslamacha ar siúl i mBaile Átha Cliath agus Dubai, agus chruinnigh an fhoireann teagaisc, an fhoireann ghinearálta agus na mic léinn le chéile lena gcéalacan a bhriseadh le linn Ramadan. Léirigh Féile UCD i mí an Mheithimh an stádas atá ag UCD mar Ollscoil Dhomhanda na hÉireann. Bhí na ceardlanna drumadóireachta Taiko, a bhfuil tóir mhór orthu, ar siúl arís, chomh maith le gníomhaíochtaí agus ócáidí a raibh téamaí idirnáisiúnta acu, ar bhain cuairteoirí agus an fhoireann araon sult astu.

Níos faide i gcéin ná Baile Átha Cliath, cláraíonn UCD cohórt mór mac léinn i gclár a mhúintear thar lear. Mar chuid de chomórach na Féile Pádraig ar fud

an domhain, thug an Tánaiste Simon Coveney TD cuairt ar Ollscoil na Teicneolaíochta (BJUT), Béising, áit ina bhfuil an Coláiste Idirnáisiúnta Bhéising-Bhaile Átha Cliath (BDIC), a bhfuil UCD agus BJUT araon i gceannas air. I mí Márta, tugadh Stádas Campais Brainse Ollscoile Eachtrannai do Choláiste Leighis Penang, faoi lánúinéireacht UCD agus Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn. Is é an deichiú hinstiúid a bhain an stádas sin amach agus an chéad instiúid Éireannach. Athraíodh ainm an comhchampais chuig Campas na Malaeisia RCSI agus UCD ('RCSI and UCD Malaysia Campus', nó RUMC).

Le tacaíocht a thabhairt do Straitéis Comhpháirteachais Dhomhanda UCD, bhí an chéad Seachtain Dhomhanda UCD don fhoireann teagaisc agus don fhoireann ghinearálta ar siúl i Meitheamh, agus bhí réimse cainteoirí ann ó gach cearn de UCD, d'Éirinn agus dár gcomhpháirtithe domhanda ar fad. Léirigh an tseachtain luach agus neart ár gcomhpháirtíochtaí domhanda, agus tharraing sí aird chomh maith ar an stádas tábhachtach atá ag UCD mar eagraíocht cheannasach ar an stáitse domhanda in earnail an ghnó agus na n-ollscoileanna.

Ceiliúradh tríocha bliain den chlár Erasmus sa bhliain 2017, clár a sheol an Coimisiún Eorpach. D'éirigh go maith le UCD arís an bhliain seo caite ó thaobh maoiniú Erasmus a mhealladh de, agus bhain UCD tairbhe as an gclár ó thaobh soghluaisteachta mac léinn agus foirne de. Tá UCD ag baint tairbhe le fada as na clár Erasmus agus Erasmus+, agus fuair an

Ollscoil €919,405 sa bhliain 2018 le maoiniú a thabhairt do 410 mac léinn agus 15 bhall foirne le haghaidh tionscadail soghluaisteachta san Eoraip sa bhliain 2018/19. Ag an am céanna tugadh €13,000 de mhaoiniú Soghluaisteachta Creidmheasa Idirnáisiúnta Erasmus+ do UCD chun tacú le 32 mac léinn, foireann teagaisc, agus ball na foirne ginearálta dul ó Éirinn go dtí raon tíortha (lena n-áirítear an tSile, an tSeoirsia, an India, an Indinéis, an Chéinia, an Rúis, an Túinéis agus an Úcráin) sa chéad 24 mí eile.

Bliain rathúil eile a bhí ann do chlár oideachais saorálaíochais agus forbartha de chuid Oibríthe Deonacha UCD Thar Lear. Shocraigh 100 mac léinn, foireann teagaisc, foireann ghinearálta agus céimí oibriú go deonach i gceithre thír (Uganda, an Tansáin, an India agus Háítí) agus d'oibrigh siad le 13 eagraíocht chomhpháirteacha atá i mbun forbairt pobail, cúram sláinte, oideachais, agus gníomhaíochtaí forbartha bonneagair. Lean Oibríthe Deonacha UCD Thar Lear lena chomhpháirtíochtaí le Cúnamh Éireann, Concern Worldwide, Trócaire agus Comhlámh chun clár ardchaighdeán forbartha oideachais a sholáthar do phobal UCD i gcoitinne.

Ar aon dul leis an bhfís atá ag UCD: *'Tabharfaimid an chuid is fearr den domhan go hÉirinn agus an chuid is fearr d'Éirinn, a cultúir éagsúla san áireamh, chuig an domhan'*, reáchtáil UCD imeachtaí le linn na bliana chun caidreamh a bhunú lenár gcéimithe thar lear. Chuaigh Uachtarán UCD, an tOllamh Andrew Deeks, i dteagmháil le céimithe agus an diaspora ar chósta thiar na Stát Aontaithe, rud a thug deis dó bualadh le Buanionadaíocht na hÉireann chuig na Náisiúin Aontaithe, Geraldine Nason Byrne, chun plé a dhéanamh ar chuidiú UCD le Spriocanna Forbartha Inbhuanaíthe na Náisiúin Aontaithe a bhaint amach. Mar chuid de chuairt ar an Meán-Oirthear, reáchtáladh fáiltiú do chéimithe, a raibh freastal maith air agus bhí cruinnithe le hinstiitúidí ardoideachais agus comhlachtaí tábhachtacha rialtais.

Bhí bliain an-táirgiúil ag na haonaid atá sa Phunann Comhpháirteachais Dhomhanda (Oifig Idirnáisiúnta UCD, Lár-Ionad na dTeangacha Feidhmeacha UCD, Instiitúid na hÉireann um Staidéar Sínise agus Instiitúid Chonfúcias UCD).

Faoi stiúir an Dr Douglas Proctor, tá an fhoireann in **Oifig Idirnáisiúnta UCD** ag tacú go gníomhach le Scoileanna agus Coláistí maidir le hearcú mac léinn idirnáisiúnta, soghluaisteacht mac léinn, tacaíocht do mhic léinn, agus le comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta a thógáil. Tá 'Rowan', Bunachar Comhpháirteachais Dhomhanda UCD, á fhorbairt go fóill chun riachtanais phobal UCD a shásamh agus sonraí luachmhara a sholáthar maidir le gníomhaíochtaí comhpháirteachais dhomhanda na hOllscoile.

Leanamar orainn ár gcomhpháirtíochtaí agus líonraí domhanda a thógáil agus a neartú. Chuaigh UCD isteach sa Líonra Domhanda Ollscoileanna (World

Universities Network, nó WUN) in Eanáir agus d'óstáladar toscaireachtaí ardleibhéil rialtais, go háirithe oifigigh shinsearach a ó Shingepóir, an Téalainn agus an tSín. I Meán Fómhair, d'athnuamar ár gcomhpháirtíocht le Study Group d'fhonn Ionad Idirnáisiúnta Staidéir UCD a rith, ar aonad acadúil é a chuireann clár chonaire Bonnblhiana Idirnáisiúnta ar fáil do mhic léinn idirnáisiúnta. Chláraigh Ionad Idirnáisiúnta Staidéir UCD, atá lonnaithe i gcampas UCD in Belfield anois, níos mó ná 100 mac léinn ó 17 dtír i mbliana.

Ós rud é go mbíonn Ionaid Dhomhanda UCD á n-oibriú i gcúig thír agus seacht gcathair ar fud an domhain, oibríonn UCD Idirnáisiúnta in ocht gcrios ama difriúla, agus tháinig méadú ar scála agus scóip na ngníomhaíochtaí i mbliana tar éis d'Ionad Domhanda an Mheán-Oirthir a bheith bunaithe in Dubai.

Lean **Lár-Ionad na dTeangacha Feidhmeacha UCD** de bheith ag méadú agus d'fheabhas a chur ar a sholáthar teagaisc teangacha, seirbhísí scrúdaithe, agus conairí réamhsheisiúnacha do mhic léinn idirnáisiúnta. Chuaigh sé isteach i gcomhpháirtíocht le BDIC agus Ollscoil Chang'an sa tSín chun modúil Bhéarla a sheachadadh laistigh dá gclár chéime.

Tharla an 34ú Fóram PhD Confucius agus tharla an tSraith Léachtaí Poiblí de chuid **Instiitúid Confucius in Éirinn UCD** i Mí na Nollag. Chuir an tOllamh Liming Wang, Stiúrthóir na hInstiitúide, léacht phoiblí i láthair dar teideal 'China's New Silk Road Initiative: Vision, Actions and Implications for Ireland', inar tugadh míniú ar thábhacht an spreagtha ó Shean-Bhóthar an tSíoda agus an tionscnamh nua Bhóthar an tSíoda d'fhonn todhchaí comhroinnte a chruthú don chine daonna. Ghlac an Instiitúid páirt in Aonach Fhéile an Earraigh i lár chathair Bhaile Átha Cliath i bhFeabhra le ceiliúradh a dhéanamh ar Bhliain an Mhadra leis an bpobal Éireannach agus an pobal Síneach, agus bhí beagnach 10,000 cuairteoir i láthair.

D'óstáil **Instiitúid na hÉireann don Léann Síneach** léacht phoiblí ar theagasc na Síneise thar lear i mí Bealtaine 2018. Ba é an scoláire cáiliúil an tOllamh Joël Bellassen, Uachtarán an Chumainn Eorpaigh um Theagasc na Síneise, an t-eochairchainteoir. Sheol an Instiitúid a Pacáiste Teagaisc don Ghearrchúrsa na Sraithe Sóisearaí sa tSínis, a cuireadh i gcrích le déanaí, ag an ócáid.

Dolores O'Riordan

An tOllamh Dolores O'Riordan
Leas-Uachtarán do Chaidreamh Domhanda



Ar chlár: Mic léinn ag déanamh ceiliúradh ar Bhliain Nua na Síneach sa Halla Astra. Ar dheis: Oibrí deonach de chuid UCDVO a ghlac páirt i dtionscadal oideachais ríomhaireachta 4 seachtaine i Morogoro, sa Tansáin.



Ar chlé: Seoladh an Pholasáí um Léiriú agus Féiniúlacht Inscne i mí Feabhra 2018 – Ari Shiel (Reachtair an Chumainn LGBTI), an tOllamh Colin Scott, LU do CÉC, Toni Walsh (Bunaitheoir Chartlann Aiteach na hÉireann), Katherine Zappone TD, an tAire um Leanai agus Gnóthaí Óige, Paula McGarry (UCD), Uachtarán UCD, an tOllamh Andrew Deeks, Dr Lydia Foy. Ar dheis: Cór Pobail UCD.

Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú

Creideann UCD i gcomhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú agus leabaíonn an ollscoil na prionsabail cothroime sin i ngach gné de shaol na hOllscoile.



An tOllamh Colin Scott
Leas-Uachtarán um
Chomhionannas,
Éagsúlacht agus
Cuimsiú

Cuireann manai UCD, 'Ad Astra' agus 'Cothrom Féinne', a léiríonn barr feabhais agus cothroime, i gcuimhne dúinn go bhfuil cothrom na féinne i gcroílár ár misin agus go dtugann sé sin eolas dár bhforbairt beartas, ár n-iompar agus ár gcinnteoireacht ionas go nglacann an pobal UCD le comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú.

An fhís atá againn don Chomhionannas, don Éagsúlacht agus don Chuimsiú ná go mbeimis inár n-eiseamláir ó thaobh an chomhionannais agus na héagsúlachta de san earnáil ard-oideachais go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, agus go mbeadh an Comhionannas, an Éagsúlacht agus an Cuimsiú mar chroílár gach a ndéanaimid.

Ghlac Foireann Bhainistíochta na hOllscoile an ráiteas misin agus físe seo i mBealtaine 2018 mar chuid de bheartas Chomhionannas, Éagsúlacht agus Chuimsiú UCD. Cuireann an beartas seo an Ollscoil faoi ghealltanais timpeallacht a chruthú ina mbeadh súil ag gach ball den Ollscoil a bheith in ann dul chun cinn a dhéanamh, go gcaithfí leo go hómósach agus go mbeadh an deis acu cur le gníomhaíochtaí na hOllscoile agus páirt a ghlacadh iontu ionas gur féidir leo barr a gcumais a bhaint amach. Cuimsíodh

stádas socheacnamaíoch sa bheartas mar an deichiú foras comhionannais, le cois na naoi bhforas comhionannais reachtúil eile.

Leagtar amach sna míreanna seo a leanas tuilleadh sonraí maidir le hathruithe beartas, tionscnaimh agus imeachtaí, chomh maith leis na príomhdheiseanna ar a ndíreoidimid amach anseo. Is mór an teist ar an bhfoireann teagaisc, an fhoireann ghinearálta agus na mic léinn a chuidíonn le polasaithe agus bearta a fhorbairt é an dul chun cinn atá á dhéanamh ag UCD maidir le comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú ar fud na hOllscoile. Is teist ar thiomantas agus cruthaitheacht na ndaoine a oibríonn i gCultúr agus Rannpháirteachas UCD, Rochtain UCD agus Foghlaim ar Feadh an tSaoil UCD, agus an tAonad CÉC UCD é chomh maith. Is mian liom buíochas ar leith a ghabháil leis na foirne sin as a gcuid oibre déine le linn na bliana.

An tOllamh Colin Scott
Leas-Uachtarán um Chomhionannas,
Éagsúlacht agus Cuimsiú

Beartas – Forbairt agus Leabú

Forbraíodh an Straitéis um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú le linn na bliana acadúla atá imithe thart. Rinneadh comhairliúchán forleathan maidir le príomhthosaíochtaí CÉC le pobal na hOllscoile (fostaithe agus daltaí), agus mar chuid de sin, rinne baill den phobal cuir i láthair ghearra, tháinig eochairchainteoir seachtrach isteach agus reáchtáladh seisiún ceardlainne. Reáchtáladh ceardlanna le grúpaí ceannaireachta ar leith amhail an tÚdarás Rialaithe agus an Grúpa Ceannaireachta Leathnaithe. Cuirfear an straitéis seo i gcrích agus seolfar é in Eanáir 2019.

Rinneadh athbhreithniú ar an mbeartas i dtaca le Dínit agus Meas sa bhliain 2017 chun cultúr dearfach dínite agus measa a chur chun cinn agus réiteach luath fadhbanna a spreagadh ag leibhéal áitiúil. Neadáíodh an beartas sin san Ollscoil ar bhealaí éagsúla le bliain anuas. Ullmhaíodh físeáin chun an beartas a chur chun cinn don phobal Ollscoile ar bhealach a bheadh soláimhsithe don úsáideoir agus reáchtáladh ceardlanna le grúpaí lánacha a chuireann tacaíocht ar fáil do mhic léinn agus fostaithe, amhail Comhairleoirí na Mac Léinn, Oifigigh Shabóideacha Aontas na Mac Léinn agus Daoine Teagmhála i dtaca le Dínit agus Meas. Tá Dínit agus Meas mar chuid den seisiún treorach d'fhostaithe agus mic léinn nua anois, chomh maith le hionduchtúchán do ghrúpaí amhail Cúntóirí Cónaithe. Cuireadh oiliúint ar fáil freisin dóibh siúd atá ina mbainisteoirí ar dhaoine chun feabhas a chur ar a scileanna d'fhonn cabhrú le fadhbanna a réiteach ag leibhéal áitiúil.

Rinneadh athbhreithniú ar an mbeartas Idirghabhála sa bhliain 2018 lena chinntiú go raibh sé ailínithe le prionsabail an bheartais athbhreithnithe i dtaca le Dínit agus Meas, agus lena chinntiú go dtacaítear go láidir le réiteach neamhfhoirmiúil fadhbanna.

Forbraíodh an beartas um Fhéiniúlacht agus Léiriú Inscne sa bhliain 2017 chun meas a léiriú agus spreagadh a thabhairt do bhaill uile phobal na hOllscoile, beag beann ar fhéiniúlacht inscne, agus meas a léiriú ar fhéiniúlachtaí agus léirithe éagsúla inscne is aitheantas a thabhairt dóibh. Seoladh an beartas sin ag comhimeacht a d'eagraigh Grúpa Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe UCD i gcomhar le Cumann LGBTQ+ na Mac Léinn le linn na Míosa Idirnáisiúnta um Stair LGBTI i mí Feabhra 2018. Sheol an Dr Katherine Zappone TD, an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige, beartas UCD um Féiniúlacht agus Léiriú Inscne go hoifigiúil, agus bronnadh Gradam Aontas na Mac Léinn Foy-Zappone ar Tonie Walsh - Coimeádaí na Cartlainne Náisiúnta LGBT 'Aití'. Bunaíodh Cumann LGBTQ+ na Mac Léinn UCD 30 bliain ó shin, agus rinneadh ceiliúradh air sin ag an ócáid chomh maith.

Rinneadh an polasaí a leabú le linn na bliana 2018 ar bhealaí éagsúla. Fuair breis is 100 fostaí túsline oiliúint ar fhéiniúlacht agus léiriú inscne, comhaontaíodh comharthaíocht do gach seomra folctha agus gléasta chun tacú le daoine úsáid a bhaint as áiseanna na hinscne lena n-aithníonn siad agus lena chinntiú go bhfuil áiseanna atá neodrach ó thaobh na hinscne de ar fáil i ngach foirgneamh. Leasaíodh foirmeacha le go n-aithneofaí gurb ann do go leor inscní, agus forbraíodh próisis le tacú leis na fostaithe agus mic léinn sin ar mian leo a n-ainm a athrú i gcomhréir leis an inscne lena n-aithníonn siad, beag beann ar cibé acu an bhfuil deimhniú aitheantais inscne acu nó nach bhfuil. Déanfar aon fhianaise ar an ainm bunaidh a stóráil go rúnda.

Imeachtaí/Tionscnaimh CÉC

Athena SWAN

Tá cúig Scoil ag déanamh iarratais ar Athena SWAN i mí na Samhna 2018. Tá tacaíocht tugtha do na Scoileanna sin trí bhearta éagsúla a úsáid. Eagraíodh dhá ócáid do bhaill na Foirne Féinmheasúnaithe Scoile (Self-Assessment Team, nó SAT) i gcomhar le Advance IT agus leis an Aonad CÉC i mí na Samhna 2017 agus Meitheamh 2018. Chuir painéal de chathaoirigh SAT ó institiúidí na Ríochta Aontaithe a gcuid taithí agus foghlama in iúl ag na himeachtaí seo. Forbraíodh córas tuairiscithe Infohub a sholáthraíonn rochtain ar na sonraí atá ag teastáil ó Scoileanna chun a n-iarratas a chríochnú. Cuireadh tacaíocht ar fáil chun suirbhéanna agus grúpaí fócais a fhorbairt. Bunaíodh líonra cathaoireacha de na SATanna, rud a chruthaigh deis do Scoileanna tacaíocht a thabhairt dá chéile, agus dea-chleachtas agus smaointe a roinnt.

Dualgas Earnála Poiblí

Fuarthas maoiniú ó CÉCDC i Samhain 2017 chun tabhairt faoi thionscadal chun tacú le cur i bhfeidhm Dhualgas na hEarnála Poiblí san Earnáil Tríú Leibhéal. Reáchtáladh ceardlann i Bealtaine 2018 le hionadaithe ón earnáil Ollscoile agus reáchtálfar tuilleadh ceardlann i Samhain 2018. Soláthróidh torthaí na gceardlann sin eolas do dhoiciméad treorach maidir le cur i bhfeidhm an Dualgais don earnáil tríú leibhéal.

Ollscoil Tearmainn

Bronnadh stádas Ollscoile Tearmainn ar UCD i Márta 2018 mar aitheantas ar na gealltanais a rinne an Ollscoil le tacaíocht a thabhairt do dhídeanaithe, iarrthóirí tearmainn agus daoine easáitithe eile chun staidéar a dhéanamh in UCD. Forbraíodh próiseas soiléir chun cur ar chumas na mac léinn sin rochtain a fháil ar an Ollscoil agus tá próiseas den chineál céanna á fhorbairt faoi láthair chun tacú le Scoláirí i mBaol le teacht chuig UCD.

Tábla 1: Mic Léinn ag Tuairisciú Míchumais

1 Márta den Bhliain Acadúil	2013/14	2014/15	2015/16	2016/17	2017/18
Mic Léinn ag Tuairisciú Míchumais (Lánaimseartha)	1,311	1,349	1,473	1,564	1,939
Mic Léinn ag Tuairisciú Míchumais (Páirtaimseartha)	23	48	51	59	13
LÍON IOMLÁN Mac Léinn Fochéime UCD	16,301	16,310	16,687	17,054	17,169
Mic Léinn ag Tuairisciú Míchumais (%)	8%	9%	9%	10%	11%

Nóta: Mic léinn a dhéanann míchumas a thuairisciú trí chlárú do thacaíochtaí le Rochtain agus Foghlaim ar feadh an tSaoil nó a fhaigheann áit trí DARE; NÓ a thugann le fios go bhfuil míchumas acu ar an Suirbhé um Chothroime Rochtana.

Caifé Comhionannais

Chomhoibriú CÉC le Scoil an Pholasáí Shóisialta, na hOibre Sóisialta agus na Córa Sóisialta UCD i ndáil le modúl nua fochéime a chruthú a bhfuil an comhionannas mar théama ann, dar teideal 'Investigating Inequality' (Ag Déanamh Imscrúdú ar an Neamhchomhionannas). Bá é téama an mhodúil sin 'Dúshlán a chur roimh Thuairimí'. Bhain mic léinn úsáid as sonraí cainníochtúla agus cáilíochtúla chun tuairimí a aithint agus a cheistiú a bhaineann le téama an chomhionannais. Bhí sraith póstaer a úsáideadh le feachtas ar cheisteanna comhionannais a ardú, bunaithe ar thuarascálacha a chuir na mic léinn le chéile, agus taispeánadh na póstaer ag ócáid sa Chaifé Comhionannais in Aibreán 2018.

Ballraíocht in OUTstanding

Ghlac UCD ballraíocht in OUTstanding i Lúnasa 2018. Oibríonn OUTstanding go díreach le ceannairí LGBT agus comhghuaillí in eagraíochtaí chun athrú cultúrtha a spreagadh agus timpeallacht a chruthú inar féidir le gach duine a bheith rathúil. Cruthaíonn ballraíocht na n-heagraíochta seo creat chun tacú le fostaithe LGBTI in UCD, mar shampla, leas a bhaint as a gclár meantóireachta, líonrú le heagraíochtaí eile san earnáil phoiblí agus phríobháideach, seimneáir agus forbairt ceannasaíochta.

Grúpa Ilchultúrtha CÉC a bhunú

Bunaíodh grúpa ilchultúrtha CÉC i mBealtaine 2018 chun an Ollscoil a chur chun cinn mar champas ilchultúrtha cuimsitheach trí ghníomhaíochtaí, beartaí, tacaí agus creata cuí a úsáid i gcomhréir le Straitéis UCD mar Ollscoil Dhomhanda na hÉireann. I measc na dtosaíochtaí, bunófar Líonra Idirnáisiúnta Foirne, déanfar athbheithniú ar dhea-chleachtas maidir le hionduchtú chun tacú le fostaithe idirnáisiúnta a théann isteach in UCD, agus leagfar béim ar theangacha, creideamh agus reiligiúin.

Siompóisiam Rochtana UCD

Reachtáladh an Siompóisiam Rochtana UCD ar an Déardaoin, 31 Bealtaine 2018. Déanann siompóisiam na bliana seo ceiliúradh ar 30 bliain ó bunaíodh tacaíochtaí na hOllscoile do mhic léinn faoi mhíchumas. Chuir sé deis ar fáil, iad siúd go léir atá ag obair, ag déanamh taighde, nó díreach a bhfuil suim acu i réimse an mhíchumais in UCD a thabhairt le chéile.

D'oscail an tAire Ardoideachais, Mary Mitchell O'Connor TD, an siompóisiam go hoifigiúil. I measc na n-aoichainteoirí spreagúla a bhí ann, bhí an Dr Vianne Timmons, Uachtarán agus Leas-Seansailéir na hOllscoile Regina, Saskatchewan, Ceanada, agus céimí UCD, an Dr Caroline Casey, a bhunaigh na Gradaim Chumais (Ability Awards) agus Binc.

Deiseanna

Cé go bhfuil dúshlán le sárú a bhaineann le CÉC, tá neart deiseanna ann freisin chun an clár oibre CÉC a chur chun cinn.

- Tá sé beartaithe go bhforbrófar foghrúpa Forbartha Taighde agus Curaclaim CÉC, agus cinnteofar ar an mbealach sin go mbeidh an taighde mar bhonn agus taca ag gníomhaíochtaí straitéiseacha CÉC agus gur féidir tosaíochtaí straitéiseacha CÉC a chur san áireamh i bhforbairtí curaclaim, agus go n-úsáidfear cur chuige comhordaithe d'fhonn maoiniú a lorg do thionscadail a bhaineann le CÉC;
- Tabharfar isteach Leas-Phríomhoidí do CÉC agus tacóidh sin le príomhshruthú CÉC ar fud na hOllscoile, agus cinnteoidh sé go bhfanfaidh CÉC ar an gclár oibre mar phríomhdhúshlán feidhmithe. Tabharfar tacaíocht bhreise don phríomhshruthú sin trí ionadaithe CÉC a thabhairt isteach ag leibhéal na Scoile;
- Mar gheall ar fhoilsiú na straitéise CÉC, cruthófar creat soiléir maidir le CÉC agus beidh línte soiléire freagrachta ann maidir le forbairt, cur chun feidhme agus méadracht le rath a thomhas;

Is creat uile-institiúide é 'Ollscoil do Chách', a bhfuil an cuimsiú mar dlúth agus inneach na hOllscoile ag gach leibhéal mar thoradh air, agus dá bhrí sin, tá rochtain, rannpháirtíocht agus rath na mac léinn mar chroílár gach a ndéanaimid seachas a bheith ar an imeall. Is freagairt shistéamach í a dhíríonn ar ghnéithe na rochtana a bhaineann le ceisteanna nach ceisteanna rochtana amháin iad. Mar shampla, díríonn sí ar thimpeallacht chuimsitheach foghlama a chruthú, timpeallacht a bhfuil sé mar aidhm aici freastal ar réimse iomlán éagsúlacht an duine seachas ar an mac léinn a bhraitear gurb é an mac léinn tipiciúil nó 'traidisiúnta' é. Tá tionchar ag an tionscnamh seo ar gach gné de shaol an champais, lena n-áirítear teagasc agus foghlaim, tacaíocht do mhic léinn, agus an bonneagar tógtha agus teicneolaíochta.





Ar chlé: An tOllamh Veronica Crosbie (Cathaoirleach Choiste Stiúrtha na hOllscoile Tearmainn), Uachtarán UCD, an tOllamh Andrew Deeks, Emily Logan (An Príomh-Choimisinéir, CÉCDC). Ar dheis: Ócáid sa Chaifé Comhionannais – An Modúl le scrúdú a dhéanamh ar neamhchomhionannas i Scoil an Pholasáí Shóisialta, na hOibre Sóisialta agus na Córa Sóisialta

Fostaithe de réir Inscne

Catagóir Foirne		Mná	Fir	Iomlán
FOIREANN TEAGAISC NA NDÁMH	Lán-Ollamh	40	128	168
	Ollamh	28	64	92
	Ollamh Comhlach	104	144	247
	Léachtóir Taobh Thuas den Bharra	248	266	514
	Léachtóir Taobh Thíos den Bharra	30	30	60
	Foireann Eile Acadúil agus Teagaisc	80	50	130
	Iomlán	529	682	1,211
TAIGHDE	Taighdeoir	220	241	461
	Tacaíocht Taighde	155	111	266
	Iomlán	375	352	727
AN FHOIREANN	Riarachán Acadúil/Gairmiúil	377	92	470
	Riaracháin/Gairmiúil	392	197	590
	Teicniúil	127	114	241
	Foireann Tacaíochta Eile	136	149	286
	Iomlán	1,033	553	1,586
Fostaithe Uile		1,937	1,587	3,525

Cóimheasa na bhFostaithe Fir/Mná





Ionad Cruthaitheachta UCD – coincheap don chearnóg iontrála (Ailtirí Steven Holl).



David Kelly
Sparánaí

Airgeadas agus Forbairt Caipitil

Sa bhliain 2017/18, leanadh den dul chun cinn a rinneadh ag an Ollscoil le blianta beaga anuas, agus ghin an Ollscoil barrachas beag de €0.5 milliún maidir lena gníomhaíochta atá bunmhaoinithe ag an ÚAO, in ainneoin na ndúshlán airgeadais atá roimh an earnáil ollscoile.

Maoiniú Stáit le haghaidh Ardoideachais

Is é tearcmhaoiniú na hearnála an dúshlán airgeadais is mó atá roimh an Ollscoil i gcónaí, agus tá sin ag cur brú ar inbhuanaitheacht oibriúcháin agus bonneagair na hOllscoile, de réir mar atá líon na mac léinn ag méadú. D'ainneoin laghduithe leantacha ar mhaoiniú Stáit agus éileamh méadaithe idir 2008 agus 2015, rinne UCD dul chun cinn maidir lena cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach agus san am céanna, d'fhan sé laistigh dá buiséad le linn na tréimhse sin.

Ach bhí drochthionchar aige sin ar chóimheasa idir mhic léinn agus baill foirne, seirbhísí tacaíochta do mhic léinn, agus bonneagar an champais.

Cuireadh deireadh leis na laghduithe ar an deontas, a bhí tarlaite arís agus arís eile ón bhliain 2008, sa bhliain 2016. Ón bhliain 2017 ar aghaidh tugadh roinnt maoinithe Stáit bhreise don earnáil ardoideachais. Ach tá formhór an mhaoinithe seo curtha ar leataobh chun críocha sainithe, lena n-áirítear athchóiriú páirteach pá. Tá imní ann fós maidir le hinbhuanaitheacht fhadtéarmach airgeadais agus caithfear dul i ngleic leis an easnamh bonneagair agus leis na riachtanais leanúnacha go práinneach.

Ní dhearnadh mórán i gCáinainéis 2019 chun aghaidh a thabhairt ar an easnamh maoinithe d'ollscoileanna ón Stát. Ní théann an leithdháileadh breise de €57 milliún sa Cháinainéis náisiúnta, ar maoiniú breise é le cois na ngealltanais atá ann maidir le dámhachtainí pá, i ngleic leis an mbearna atá ann maidir le bunmhaoiniú, cé go gcuirimid fáilte roimhe. Tá an maoiniú Stáit in aghaidh an

// Ní théann an leithdháileadh breise de €57 milliún sa Cháinainéis náisiúnta, ar maoiniú breise é le cois na ngealltanais atá ann maidir le dámhachtainí pá, i ngleic leis an mbearna bhunmhaoinithe atá ann, cé go gcuirimid fáilte roimhe //

mhic léinn beagnach gan athrú, mar tá an méadú beag incriminteach ar an leithdháileadh a fógraíodh sa Cháinainéis beagnach mar an gcéanna leis an méadú ar líon na mac léinn. Ní dheachaigh an Cháinainéis i ngleic leis an easnamh maoinithe le haghaidh cláir athchóirithe chaipitil, a bhfuil géarghá leo, ach oiread.

Sa bhliain 2014, bhunaigh an tAire Oideachais agus Scileanna an Grúpa Saineolach ar Mhaoiniú Ardoideachais Amach Anseo 'chun ceisteanna a bhaineann le maoiniú inbhuanaithe fadtéarmach an ardoideachais in Éirinn a aithint agus a mheas, chomh maith le roghanna maoinithe don todhchaí a aithint'. Ba é an moladh lárnach a bhí aige ná go gcaithfeadh Éire méadú suntasach a dhéanamh ar leibhéal na hinfheistíochta san ardoideachas lena chinntiú gur féidir leis an earnáil a ról maidir le tacú le forbairt náisiúnta gheilleagraich agus shóisialta a chur i bhfeidhm go hiomlán. Leagtar amach sa tuarascáil scála an mhaoinithe atá de dhíth agus aithníodh trí rogha mhaoiniúcháin chun an infheistíocht mhéadaithe d'institiúidí agus do mhic léinn a sheachadadh. Seo a leanas na trí rogha mhaoiniúcháin: córas atá maoinithe go príomha ag an stát; méadú ar mhaoiniú an stáit agus táillí mac léinn fós ann; nó méadú ar mhaoiniú stáit in éineacht le hioaíocht iarchurtha táillí trí iasachtaí atá ag brath ar ioncam.

Mheas an Grúpa Saineolach, a raibh Peter Cassells ina chathaoirleach air, gurb ionann bearna sa bhunmhaoiniú in institiúidí ardoideachais na hÉireann, go dtí 2021, agus €550 milliún ar a laghad, agus go méadóidh an bearna go €1 billiún faoin bhliain 2030. Tá gá leis an méadú ar an mbunmhaoiniú le cur ar chumas ollscoileanna freastal ar an méadú suntasach ar líon na mac léinn agus tús a chur leis an bpróiseas chun aghaidh a thabhairt ar na bunfhadhbanna caighdeán, ar léir iad sna córais rangaithe idirnáisiúnta anois, a tharla de bharr na mblianta tearcmhaoinithe. D'éascódh an maoiniú breise sin feabhas ar na cóimheasa idir mic léinn agus baill foirne, caidreamh gníomhach níos fearr le mic léinn, agus seirbhísí tacaíochta níos fearr do bhaill foirne acadúla agus do mhic léinn. Ina theannta sin, d'éiligh an grúpa athbhreithniú práinneach ar an gclár tógála caipitil. Measadh go mbeadh gá le hinfheistíocht chaipitiúil de €5.5 billiún sa chéad 15 bliana eile le freastal ar líon méadaithe na mac léinn, uasghráduithe caipitil, ceisteanna sláinte agus sábháilteachta, athnuachan trealamh agus cothabháil leanúnach. Chomh maith leis sin, mhol sé go gcuirfí €100 milliún sa bhreis in aghaidh na bliana ar fáil chun córas níos éifeachtaí tacaíochta airgeadais a chur ar fáil do mhic léinn.

Ó foilsíodh é, tá Coiste an Oireachtais um Oideachas agus Scileanna ag déanamh plé ar na roghanna seo. Glacadh go forleathan leis an ngá le maoiniú breise don earnáil go dtí seo, agus rinneadh go leor díospóireachta faoi bhuntáistí na roghanna éagsúla i gcomparáid lena chéile, ach táthar ag fanacht le cinneadh maidir le foinse an mhaoinithe seo.

Athbhreithniú ar an tSamhail Leithdháilte chun Institiúidí Ardoideachais a Mhaoiniú

Tá sé fógartha ag an Rialtas go ndéanfaidh sé athbhreithniú ar chaighdeán an chórais oideachais tríú leibhéal. Déanfar an t-athbhreithniú seo fad is a fhanann ollscoileanna le samhail nua maoinithe don earnáil a bheith curtha i bhfeidhm, tar éis éilimh ón bhfoireann teagaisc, ón bhfoireann ghinearálta agus ó na mic léinn, a bhfuil a gcúiseanna imní a gcur in iúl acu le blianta beaga anuas maidir leis an laghdú suntasach ar mhaoiniú stáit d'institiúidí tríú leibhéal.

// Lean an Ollscoil de dhíriú ar roghanna d'fhoinsí maoinithe seachas an státchiste chun staid inbhuanaithe airgeadais a choinneáil. Leagadh béim láidir arís ar mhic léinn idirnáisiúnta a mhealladh //

Chuir an tÚdarás Ardoideachais na torthaí thuasluaite ón Sainghrúpa san áireamh san athbhreithniú ar an tsamhail leithdháilte d'institiúidí ardoideachais agus, tar éis próiseas comhairliúcháin, foilsíodh tuarascáil ag deireadh na bliana 2017 ina raibh 33 moladh maidir le samhail nua leithdháilte. Tá roinnt de na moltaí sin á dtabhairt isteach de réir a chéile ón bhliain 2018 ar aghaidh. Ach braitheann moltaí eile ar mhaoiniú breise don earnáil de réir mar atá molta ag an Sainghrúpa.

Cuimsíonn an tsamhail leasaithe leithdháilte moladh go ndéanfaí coigeartú ar leithdháilte bliantúla chun ualú ar an ioncam teagaisc ar fad a chur i bhfeidhm, agus an t-ualú sin bunaithe ar an disciplín. Rachadh sé sin chun sochair UCD sa mheántéarma, cé go bhfuil tionchar aon athraithe faoi réir fachtóir bliantúil maolaithe.

Tá trí ghné i gcur chuige an Údarais um Ard-Oideachas maidir le hollscoileanna maoinithe faoi láthair:

- Blocdheontas le haghaidh táillí fochéime AE agus leithdháileadh deontais athfhillteach, atá á stiúradh go príomha ag líon na mac léinn, atá ualaithe de réir na gcostas difriúil chun oideachais a chur ar fáil i ndisciplíní difriúla;
- Leithdháilte dírithe barrscoite a dhéantar chun críocha straitéiseacha sonracha, amhail tionscnaimh maidir le seirbhísí comhroinnte;
- Gné mhaoinithe atá bunaithe ar fheidhmíocht, ar féidir suas le 10% den mhaoiniú institiúideach a choinneáil siar ar bhonn feidhmíochta dá réir. Tá an ghné sin bunaithe ar chomhaontuithe trí bliana ina ndéanann na hinstiúidí tríú leibhéal go léir gealltanais maidir le bearta agus spriocanna.

Pleanáil agus Buiséadú Straitéiseach Scoileanna

Rinne scoileanna agus aonaid tacaíochta a gcuid pleananna cúig bliana a nuashonrú in 2018, in éineacht lena bpleananna straitéiseacha, mar chuid den timthriall bliantúil pleanála airgeadais. Mar sin féin, is fadhb shuntasach fós d'aonaid é an éiginnteacht atá ann maidir le leibhéal agus nádúr an mhaoinithe stáit, agus a gcuid pleananna airgeadais á n-ullmhú acu.

Tá Oifig an Sparánaí ag cuidiú le Coláistí agus Scoileanna aonair pleananna airgeadais 5 bliana a fhorbairt a bheidh ag teacht go ginearálta le spriocanna straitéiseacha na hOllscoile, agus chun radharc ilbhliantúil a chur ar fáil de na gníomhaíochtaí atá pleanáilte ag gach aonad, mar aon lena riachtanais ar acmhainní.

De réir beartas chun an chinnteoireacht a fhágáil ag an leibhéal áitiúil nuair is cuí, tá freagracht bhreise airgeadais anois ar gach Ceann Scoile laistigh de spriocanna aontaithe. Leanfar den chomhoibriú dlúth leis an bpobal acadúil chun an treo atá beartaithe do na Scoileanna agus Coláistí amach anseo a fhorbairt ar bhonn inbhuanaithe.

Ar chlé: Coincheap don Ionad Cruthaitheachta UCD (Ailtirí Steven Holl). Sa lár: Ionad Eolaíochta Uí Bhriain UCD. Ar dheis: Foirgneamh Lárnach Máistirphlean Cónaithe UCD.



Scéimeanna Dreasa

Ba é 2017/18 an ceathrú bliain den tsamhail bhuiséadaithe feidhmíocht-bhunaithe, ina ndéantar breis acmhainní a leithdháileadh ar bhunús foirmleach idir na Scoileanna agus na Coláistí sin a bhfuil ioncam breise á chruthú acu, agus an institiúid féin. Cuimsíonn an tsamhail an t-ioncam ar fad ó tháillí, idir tháillí AE agus neamh-AE, agus idir tháillí fochéime agus iarchéime. Tríd an ioncam breise a leithdháileadh ar scoileanna, cuirtear ar a gcumas níos mó smacht a fháil ar a gcúrsaí airgid, ach tá an t-ioncam an-teoranta i gcomparáid leis an maoiniú Stáit a tarraingíodh siar le blianta beaga anuas, agus ní leor é chun an cailleadh a chúiteamh.

Ag teacht le Straitéis UCD um Chomhpháirteachas Domhanda, tá borradh fós faoi ioncam ó mhic léinn idirnáisiúnta. Úsáidtear scoláireachtaí táille chun cruatan a laghdú agus mar uirlis mhargaíochta.

I rith na bliana, cheadaigh an tÚdarás Rialaithe tionscnamh mór chun feabhas a chur ar acmhainní na hOllscoile le tacú le Cuspóir Straitéiseach 10 – Srianachtaí airgeadas, bainistíochta acmhainní daonna agus srianachtaí seachtracha eile a sháru. Tabharfar maoiniú don tionscnamh sin, ina n-úsáidfear tuilleadh foirne teagaisc chun an cóimheas idir mic léinn agus an fhoireann teagaisc a fheabhsú, ó dhá phríomhshruth, i.e. airgead a sábháladh de bharr imeachtaí nach rabhthas ag súil leo agus moilleanna ar cheapacháin bhuiséadaithe foirne; agus ioncam glan ón Acadamh Béarla UCD nua. Tabharfar na ceapacháin nua isteach de réir a chéile sna chéad cúpla bliain eile, de réir mar a cheadaíonn an maoiniú.

Córas Pleanála agus Buiséadaithe

D'fhógair an Ollscoil sa bhliain 2017 go bhfuair sí córas nua Oracle do phleanáil agus buiséadú, chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht agus ar cháiliúocht a próisis buiséid bhliantúil, chun feabhas a chur ar réamhaisnéisiú agus ar thuairisciú rialta, agus chun ardán a chur ar fáil d'fheabhsúcháin bhreise ar ghníomhaíochtaí airgeadais agus pleanála eile.

Tá gnéithe lárnacha an chórais curtha i bhfeidhm agus an buiséad 2018/19 á ullmhú agus táthar ag súil go gcuirfeadh feabhas breise i bhfeidhm sna timthriallta bliantúla buiséid ina dhiaidh sin.

Soláthar

Le linn na bliana 2018, chuir Oifig Soláthair agus Conartháí UCD, chomh maith leis an Oifig um Sholáthar Rialtais, tacaíocht leanúnach ar fáil chun tairiscintí a bhainistiú a bhaineann le caiteachas ar sholáthairtí agus

seirbhísí, chomh maith le tairiscintí a bhainistiú le haghaidh lamháltais lárnacha cheadúnais amhail caiféanna/bialanna campais. D'oibrigh an Oifig go dlúth le sealbhóirí buiséid laistigh de UCD chun a chinntiú go mbeinní an luach is fearr ar airgead amach maidir le caiteachas, chomh maith lena chinntiú go comhlíonfaí riachtanais soláthair UCD, na hÉireann agus an AE.

Méadú ar an Maoiniú Neamhstáit

Lean an Ollscoil de dhíriú ar roghanna eile d'fhoinsí maoinithe seachas an státchiste chun staid inbhuanaithe airgeadais a choinneáil. Leagadh béim láidir arís ar mhic léinn idirnáisiúnta a mhealladh.

Is é 'Summer at UCD' an t-aonad atá freagrach as cóiríocht ar an gcampas a ligean amach ar cíos agus a bhainistiú le linn an tsamhraidh. D'fhás comhpháirtíochtaí le hollscoileanna móra sna SAM ar bhonn leanúnach le linn na bliana 2018 – go háirithe Ollscoil California. Tá turais staidéir fós mar phríomhfhócas d'fhoireann samhraidh UCD. Is príomhfhoinse ioncaim eile iad scoileanna teanga.

Chomh maith leis sin, cuireadh ardán iontach ar fáil do UCD a háiseanna den chéad scoth acadúla, cónaithe agus spóirt a chur i láthair trí ghrúpaí ardphróifíle amhail na Cluichí Oilimpeacha Speisialta agus réimse leathan comhdhála a óstáil. Ba mhór ab fhiú an tacaíocht agus an comhoibriú le hOifig Idirnáisiúnta UCD.

Forbairt Campais

Tá pleananna uaillmhianacha ag UCD chun áiseanna den chéad scoth a fhorbairt tuilleadh agus chun an campas a athdhearadh ar bhealach a thacaíonn le fíis Straitéise UCD 2015-2020.

Tá Plean Straitéiseach Forbartha Campais UCD 2016-2021-2026 mar threoir d'fhorbairt an Eastáit fhisiciúil. Tugann sé achoimhre ar phleananna chun áiseanna acadúla a mhéadú agus a fheabhsú, áiteanna cónaithe do mhic léinn ar an gcampas a mhéadú, níos mó rannpháirteachas sóisialta agus cultúrtha a chur ar fáil, agus áiseanna taighde atá bunaithe ar eolas agus atá nasctha leis an earnáil tionscail a chur chun cinn.

I rith na bliana acadúla 2017/18, tá dul chun cinn suntasach déanta ag an Ollscoil chun roinnt píosáí tábhachtacha bonneagair a sheachadadh, agus beidh gach ceann acu ina chuid luachmhar nua d'eastát na hOllscoile. Cuirfidh siad ar ár gcumas teagasc, foghlaim agus taighde den chéad scoth a chur ar fail agus cabhróidh siad le campas inbhuanaithe agus bríomhar a sholáthar.



// Is athrú ó bhonn don Ollscoil é an Máistirphlean Cónaithe, agus éascóidh sé daonra cónaithe de 6,000 ar an gcampas le linn shaolré an phlean //

Forbraíochtaí Caipitil a Rinneadh le Gairid agus atá Pleanáilte

Tá beart tábhachtach déanta ag an Ollscoil i mbliana i dtreo bhaint amach na haidhme atá aici, príomhshlí isteach an Champais Belfield agus an ceantar mórthimpeall a athrú ó bhonn. Sheol an Ollscoil comórtas dearaidh idirnáisiúnta a thug dúshlán d'fhoirne rannpháirteacha, fíis deartha do shlí isteach an-fheiceálach agus fáilteach a chur i láthair, agus dearadh coincheapa a chur le chéile d'fhoirgneamh don Ionad Cruthaitheachta nua a léireodh cruthaitheacht na hOllscoile.

Léiríodh suim mhór idirnáisiúnta sa chomórtas agus roghnaíodh sé fhoireann deartha le dul ar aghaidh chuig an dara chéim. Cuireadh giúiré ar bun, faoi chathaoirleacht Uachtaráin UCD, an tOllamh Andrew Deeks. Áiríodh leis an ngiúiré roinnt ailtirí agus dearthóirí a bhfuil cáil idirnáisiúnta orthu leis na haighneachta a mheasúnú. Cuireadh na haighneachtaí deiridh ó na hiontrálaithe ar an ngearrliosta ar taispeáint in Ionad Eolaíochta Uí Bhriain agus i Lárionad na Mac Léinn. Tugadh cuireadh do phobal UCD trácht a dhéanamh ar gach aighneacht sular chruinnigh an giúiré le chéile. Chruinnigh an giúiré le chéile ar an 10 Iúil chun cuir i láthair agus aighneachtaí na foirne dearaidh a mheasúnú, agus roghnaíodh na hAiltirí Steven Holl mar bhuiaiteoir an chomórtais.

Díríonn straitéis forbartha áite Holl ar ghné thábhachtach a dhéanamh den Ionad Cruthaitheachta ag an mbealach isteach. Tugann sé comharthaí do seacht gcearnóg nua de spás glas, a bhfuil sé mar aidhm acu gnéithe stairiúla agus talamh coille na hOllscoile a fheabhsú. Tá an tIonad Cruthaitheachta lonnaithe in aice le plás agus linn fhrithchaiteach. Úsáidfeadh a lán solais nádúrtha san ionad agus déanann an halla éisteachta aithris ar an túr dóideacaihéidreach aitheanta uisce, atá in UCD ón bhliain 1972. Is é aidhm an Ionaid comhoibriú agus idirghníomhú cruthaitheach a spreagadh ar bhunús 'ciorcaid de chaidreamh sóisialta', a ligfidh do mhic léinn, an fhoireann teagaisc agus cuairteoirí radharc a fháil ar spásanna déantóra agus seomra ranga trí bhallaí gloine, ach a léireoidh meas freisin ar an gcruthaitheacht dhomhain trí spásanna le haghaidh airde agus ciúnais a chur ar fáil.

Tá de rún ann go n-úsáidfeadh na háiseanna seo chun dul i ngleic le riachtanais tosaíochta Choláiste na hInnealtóireachta agus na hAiltireachta UCD, agus go leagfaidh siad an bhunchloch le haghaidh ceantar acadúil in aice le hIonad Innealtóireachta agus Eolaíochta na nÁbhar. Oibreoidh an Ollscoil le hAiltirí Steven Holl sa chéad bhliain eile leis na coincheapa a cuireadh i láthair sa phlean a bheachtú agus le dul ar aghaidh chuig dearadh mionsonraithe agus pleanáil.

Tá próiseas soláthair déanta chun dearaí a fhorbairt le haghaidh Foirgneamh nua Teagaisc agus Foghlama. Cuirfidh an foirgneamh nua seo áiseanna tiomnaithe teagaisc agus foghlama ar fáil a éascóidh fás ar fud na hOllscoile.

Faoi gcóras nua Forbartha Straitéisí Tithíochta, tugadh cead pleanála don Ollscoil maidir leis an gcéad dá chéim de Mháistirphlean Cónaithe UCD. Tá an-éileamh ar chóiríocht chónaithe ar an gcampas, agus tá UCD tiomanta do chóiríocht bhreise a fhorbairt do mhic léinn. Is athrú ó bhonn don Ollscoil é an Máistirphlean Cónaithe, agus éascóidh sé daonra cónaithe de 6,000 ar an gcampas le linn shaolré an phlean. Cuirfidh sé sin beocht bhreise sa champas agus tuilleadh áiteanna cónaithe, a bhfuil géarghá leo, ar fáil sa chathair. Beidh áiseanna breise áineasa, miondíola, bia agus saoráidí eile curtha ar fáil chomh maith. Tá tús curtha anois le Céim 1, a chuirfidh 924 leaba breise ar fáil. Tá sé beartaithe go seachadfar na leapacha ag an am céanna le tús na bliana acadúla 2020/2021.

A bhfuil le síntiús daonchairdiúil, déanfaidh UCD raon reatha a fhorbairt laistigh den Limistéar Spóirt agus Áiseanna Mac Léinn. Cuirfidh an piosa nua bonneagair spóirt sin ar chumas lúthchleasaithe ag gach leibhéal traenáil ar champas Belfield. Is áis thábhachtach luachmhar eile í le cur lenár gcuid áiseanna spóirt ar an gcampas. Mar thoradh ar an síntiús, choimisiúnaigh UCD foireann dearaidh a dhéanfaidh an raon reatha a dhearadh agus a sholáthar, agus a bhreathnóidh níos faide ná sin ar aghaidh freisin – ar phoitéinseal fadtéarmach an cheantair agus ar fhís uailmhianach a chur i láthair i dtaca leis an Limistéar Spóirt agus Áiseanna Mac Léinn.

Tá tús curtha le hobair ar shíneadh Scoil Ghnó Uí Chuinn UCD. Cuirfidh sé sin go mór leis an Ollscoil agus is acmhainn cheannródaíoch a bheidh ann. Cuirfeadh spás breise teagaisc, limistéir staidéir agus seomraí cruinnithe ar fáil, chomh maith le léachtlan ina mbeidh 320 suíochán.

Rinneadh ceithre urlár breise a nuashonrú in Áras Newman le linn dhá chéim. Tá an clár athchóirithe céimnithe sin ag cur feabhas mór ar na spásanna inmheánacha trí níos mó solas nádúrtha a ligean isteach, na spásanna do ghluaiseacht an phobail a leathnú, limistéir ar leithligh le haghaidh cruinnithe a chur ar fáil, agus an décor agus troscán a athnuachan. Anuas air sin, mar gheall ar an nuashonrú ar shoilsiú,

// Ceann de na tionscadail is mó a bhfuil tóir air a cuireadh i gcrích le bliain anuas is ea gairdín fichille a shuiteáil in aice leis an loch uachtair //

fuinneoga agus insliú, tá laghdú ag teacht ar úsáid fuinnimh agus tá feabhas ag teacht ar na leibhéil chompoird d'úsáideoirí an fhoirgnimh.

D'oscail Institiúid Confúcias d'Éirinn UCD a doirse ag tús na bliana acadúla 2018/19, áit a gcuirtear áiseanna den scoth ar fáil chomh maith le spás ar leith don tSínis agus do rannpháirteachas cultúrtha Síneach in Éirinn. Chomh maith le spás ardchaighdeán a chur ar fáil, tá sí ina gné shuimiúil agus tharraingteach ar an taobh theas den champas.

Tá ag éirí go maith le hathchóiriú Theach Newman, atá suite ar Fhaiche Stiabhna. Beidh Músaem Litríochta na hÉireann Éire (MoLI) lonnaithe i dTeach Newman. Cuirfidh an músaem go mór le sócmhainní stairiúla, liteartha agus cultúrtha UCD agus meallfaidh sé cuairteoirí idirnáisiúnta.

Thóg UCD uirthi féin oidhreacht thógtha an champais a chaomhnú agus a athchóiriú, na tithe seanré san áireamh. Tá tús curtha le hathchóiriú Theach an Aird Mhóir, agus tá pleananna ann chun gnéithe seanré a athchóiriú, feidhm an fhoirgnimh maidir le fáiltithe, cruinnithe agus spás oifige a chur ar bhonn foirmiúil, agus an foirgneamh a chur ar aon dul, ó thaobh an chomhlíonta de, le caighdeán nua-aimseartha dóiteáin, sábháilteachta agus rochtana míchumais.

Tá tús curtha le hobair ar leathnú 1,100m² de Theach Merville, atá a bhfuil NovaUCD lonnaithe. Cinnteoidh forbairt an Chlóis Thoir go bhféadfaidh UCD freastal ar an éileamh ar áiseanna cothaithe ardchaighdeán, ina mbeidh limistéir sholúbtha oifige, saotharlainne agus cruinnithe neamhfhoirmiúla ar fáil. I gcomhréir le Clár um Chaomhnú Tithe Seanré UCD, déanfar na cliatháin seanré a choinneáil agus a athchóiriú.

Seirbhísí Fáilteachais, Comhdhálacha agus Imeachtaí

D'éirigh go maith le UCD arís i mbliana ó thaobh comhdhálacha agus imeachtaí a óstáil ar an gcampas. Cuireadh fáilte roimh 13 chomhdháil cumainn idirnáisiúnta agus os cionn 5,500 toscaire idirnáisiúnta ag an gcampas Belfield le linn an tsamhraidh amháin.

Tá dul chun cinn maith á dhéanamh ar an obair don Chlub Ollscoile nua, agus tá an sprioc ann go mbeidh sé críochnaithe in Aibreán 2019. Cuirfidh sé sin ionad, a bhfuil géarghá leis, ar fáil don fhoireann teagaisc, don fhoireann ghinearálta, agus do thaighdeoirí, céimithe agus comhpháirtithe UCD le bualadh lena chéile, ithe agus caidreamh a dhéanamh lena chéile i gcroílár champas Belfield, agus cuirfidh sé le cumas na hOllscoile, comhdhálacha agus imeachtaí a óstáil.

Tá an Ollscoil fós ag obair le Sláinte UCD agus soláthraithe seirbhíse bia ar an gcampas chun roghanna sláintiúla bia a thairiscint do phobal UCD. Níl deochanna miltithe a bhfuil a lán siúcra iontu ar fáil ar an gcampas níos mó, agus níl sa tionscnamh sin ach ceann amháin de roinnt tionscnamh a ndearnadh dul chun cinn orthu i rith na bliana. I measc na dtionscnamh

eile, cuireadh seilf 'Saor Ó' isteach sa siopa áise campais, taispeánadh eolas calrach in ionaid díolacháin bia, agus reáchtáladh seachtain bia shláintiúil inar chuir breis is 25 soláthraí bia an bia sláintiúil atá ar fáil ar an gcampas i láthair. Tá an Margadh Bia Sráide seachtainiúil imithe ó neart go neart agus ainmníodh é mar cheann de na háiteanna is fearr le haghaidh bia sráide sa Sunday Independent.

Tírdhreachú agus Bithéagsúlacht

D'ainneoin na bliana dúshlánaí don bithéagsúlacht – thit sneachta le linn an earraigh agus bhí triomach ann le linn an tsamhraidh – bhí roinnt forbairtí iontacha tírdhreacha ar an gcampas.

Tá suíomh coillearnaí Belfield mar chúla álainn ag an timpeallacht thógtha, agus is áis luachmhar agus acmhainn bithéagsúlachta é. Cuireadh limistéir nua choillearnaí le déanaí chun roinnt codanna de choillearnach a nascadh le coillte Fosters agus Belfield. Déanfaidh sé sin an choillearnach a atreisiú agus conairí fiadhúlra a chur ar fáil, rud a neartaíonn an bithéagsúlacht.

Ceann de na tionscadail is mó a bhfuil tóir air a cuireadh i gcrích le bliain anuas is ea gairdín fichille a shuiteáil in aice leis an loch uachtair, tionscnamh a mhol duine de na mic léinn. Chabhraigh an gairdín sin, a bhfuil bord ollmhór fichille ann, mar aon le plandáil a oireann do phailneoirí, agus radhairc ar an loch agus an limistéar eolaíochta, le beocht a chur i gceantar sin an champais, agus cuireann sé spás ar leithligh ar fáil a bhfuil fáilte mhór roimhe.

Tá dul chun cinn maith déanta maidir leis an tionscnamh Campas Glas, ina n-oibríonn an fhoireann teagaisc, an fhoireann ghinearálta, agus na mic léinn i gcomhar lena chéile chun inbhuanaitheacht chomhshaoil an champais a fheabhsú. Cuireadh roinnt tionscadal a bhí á stiúradh ag mic léinn agus an fhoireann i gcrích le bliain anuas, lena n-áirítear móinéir nuafhorbartha blátha fiáin, óstáin d'fheithidí a shuiteáil, suirbhé gnáthóige den champas a dhéanamh, agus an tionscadal iontach Pluideanna do Mhadraí.

Mar chuid den chlár Campas Glas, chuaigh UCD isteach sa Phlean Uile-Éireann um Pailneoirí, tionscnamh ar fud na tíre chun tacú le feithidí agus iad a chothú. Cuirfidh na buntáistí nádúrtha a bhaineann le campas coillteach, chomh maith le cleachtais bhainistíochta agus tionscadail ar cuireadh tús leo cheana féin, ar chumas na hOllscoile dul i dteagmháil go hiomlán leis an gclár an-fhiúntach sin sna blianta atá amach romhainn.

Comaitéireacht

Tá obair á déanamh go fóill ag UCD maidir lena spriocanna iompair inbhuanaithe a bhaint amach, de réir mar a leagadh amach iad sa Phlean Taistil 2016-2021-2026. Tá ag éirí go maith leis an Ollscoil i dtaca lena sprioc fhoriomlán, úsáid modhanna iompair inbhuanaithe i measc phobal UCD a mhéadú go dtí 81% faoin bhliain 2026. Bhain an Ollscoil leibhéal iontach de 76% amach sa bhliain 2017/18, a bhfuil le meascán iompair phoiblí, siúil agus rothaíochta.

Tá roinnt beart tugtha isteach ag an Ollscoil atá tar éis roghanna inbhuanaithe iompair phoiblí a éascú, lena n-áirítear an tseirbhís tointeála bus idir UCD agus an DART. Tá méadú tagtha ar an éileamh ar an tseirbhís sin, a chuireann bealach éifeachtach ar fáil le dul ó Belfield chuig Stáisiún Pharáid Sydney. I measc na dtionscnamh eile a tugadh isteach, tá an scéim roinnte rothar 'Bleperbike' chuig campas Belfield agus campas na Carraige Duibhe agus an méadú ar líon na spásanna agus taisceadán sábháilte páirceála rothar. Cuireann seirbhís nua bus ó UCD go dtí Iarthar na Cathrach, an 175,

rochtain dhíreach ar an gcampas Belfield ó lathar na Cathrach. Freastalaíonn an tseirbhís ar lathar na Cathrach, Tamhlacht, Cnoc Lín agus Ráth Fearnáin. Tá idirmhalartú leis an Luas i nDún Droma ar fáil chomh maith, rud a chuireann rogha eile comaitéireachta ar fáil do go leor daoine.

Fuinneamh

Tá tuilleadh dul chun cinn déanta ag an Ollscoil i dtaca leis na spriocanna 2020 a bhaint amach, agus tá feabhsú 30.4% ar éifeachtúlacht fuinnimh bainte amach go dtí seo. Léiríonn sé sin an tacaíocht a fuarthas ó phobal na hOllscoile, chomh maith leis an infheistíocht dhírthe a rinneadh le feidhmíocht fuinnimh a fheabhsú agus astaíochtaí carbóin a laghdú.

Tá an Ollscoil ag dul ar aghaidh le LED ísealfhuinneamh a rolladh amach i ngach foirgneamh, agus é sin le bheith curtha i bhfeidhm ar shoilsiú seachtrach freisin. Mar gheall ar na tionscadail bhreise a cuireadh i gcrích an samhradh seo, rinneadh an soilsiú a uasghrádú go dtí LED in os cionn 50% de na foirgneamh. Dá bharr sin, laghdófar úsáid agus costais leictreachais, chomh maith le hastaíochtaí carbóin.

Tá ár gcóras nua comhghiniúna cumhachta is teasa (CHP) casta air in Ionad Fuinnimh UCD. Táirgeann CHP leictreachas agus táirgtear teas mar sheachtháirge. Úsáidtear an teas seo i bhfoirgnimh agus chun uisce te a chur ar fáil. De thoradh air sin, tá sé níos éifeachtaí ná an leictreachas a tháirgeann stáisiúin chumachta. Beidh ról tábhachtach ag na hinnill nua,

nua-aimseartha, éifeachtacha sin i dtaca le tacaíocht a thabhairt do UCD a spriocanna 2020 a bhaint amach trí fheabhas mór a chur ar éifeachtúlacht soláthair leictreachais agus teasa na hOllscoile.

Tar éis córas fótavoltachais gréine 100kW a shuiteáil i bhFeirm Lyons sa bhliain 2017, suiteáladh córas níos bige ar Champas na Carraige Duibe sa bhliain 2018. Táirgidh an córas seo leictreachas inathnuaite ón ghrian a úsáidfear go díreach i bhfoirgnimh na hOllscoile. Tá thart ar 265kW d'fhótavoltachais gréine suiteáilte ag UCD anois, agus tá deiseanna eile le suiteálacha nua a dhéanamh ar fud eastát UCD á bplé faoi láthair.

David Kelly

David Kelly
Sparánaí

10kWh ↓
Laghdú ar úsáid phríomh-fhuinnimh/m² in 2017/2018 i gcomparáid le 2016/2017

	2012/2013	2013/2014	2014/2015	2015/2016	2016/2017	2017/2018
Achar lomlán m ² *	297,565	314,400	314,400	319,706	319,706	319,706
Leictreachas kWh	27,296,800	26,304,456	24,495,179	26,064,323	27,471,804	29,876,628
Gás kWh	70,706,905	70,970,958	66,771,867	61,444,804	54,158,751	49,284,855
Príomh-fhuinneamh lomlán kWh**	138,212,711	135,385,463	125,207,367	123,966,415	118,639,005	115,460,428
Príomh-fhuinneamh (kWh) in aghaidh m ²	464	431	398	388	371	361

*Ní áirítear cóiríocht chónaithe san achar fuinnimh UCD

**Tagraíonn príomh-fhuinneamh d'fhuinneamh ina fhoirm nádúrtha agus sin é an bealach a riantar feidhmíocht





Cuid de na fostaithe a bhí i measc níos mó ná 130 fostaí a ghlac páirt sa dianchampa 'Ullmhú don Samhradh', a d'eagraigh Cultúr & Rannpháirteachas – AD UCD i gcomhar le Sláinte UCD.



Tristan Aitken
Stiúrthóir Acmhainní
Daonna

Acmhainní Daonna

Tá Straitéis AD UCD 2016-2020 – Fás trí dhaoine beagnach curtha i bhfeidhm againn. Nascann an straitéis AD sin go díreach le straitéis uileghabhálach UCD, agus déantar gealltanais maidir le spriocanna sonracha intomhaiste a bhaint amach.

Ó thuairiscigh mé anuraidh, táimid ag leanúint de phríomhthionscnaimh a bhaineann le daoine a sheachadadh in am, fad a chomhoibrímid le comhghleacaithe ar fud ár sé Choláiste, cúig réimse Leas-Uachtaráin, 37 Scoil agus aonad tacaíochta, institiúid taighde agus ionad acadúil. Tá tionchar laethúil ag an obair a dhéanaimid ar gach ball dár bpobal.

Mar chuid den straitéis AD, táimid ag obair go dian chun ár seirbhís a athrú agus a dhéanamh níos simplí,

níos tapúla agus a dhíriú a thuilleadh ar dhaoine. I measc na dtionscadal a cuireadh i gcrích, seoladh an Deasc Chabhrach AD mar an pointe príomhúil do gach ceist AD, chomh maith le samhail nua soláthar acmhainní (earcaíochta) ina dtacaíonn sainchomhairleoirí acmhainní daonna le gach Coláiste agus Aonad agus ina n-úsáidtear foirmeacha nua níos éifeachtaí ar líne (m. sh. le haghaidh fruilithe). Tá ár bhfoirne oibriúcháin mar bhonn taca faoin obair sin ar fad, agus tacaíonn siad le leibhéal arda gníomhaíochta.

Ar chlé: Glacann comhghleacaithe UCD páirt sa Lá Comhpháirteachais ar an 7 Samhain 2017, a mheall os cionn 1,000 fostaí. Bhí sé mar aidhm ag an imeacht cuntas a thabhairt ar an réimse tacaíochtaí, deiseanna forbartha agus sochair atá ar fáil d'fhostaithe UCD.

Sa lár: Sa phictiúr ag an seimineár Míchumais agus Cuimsithe – Straitéisí a Oibríonn go Praiticiúil, a bhí ar siúl i nDeireadh Fómhair 2017, bhí (ó chlé) Marcellina Fogarty, Bainisteoir Comhionannais, Éagsúlachta & Cuimsithe UCD; Tina Lowe, Oifigeach Inrochtaineachta Campais UCD; Tristan Aitken, Stiúrthóir AD UCD; Elaine Howley, Stiúrthóir Beartais & Abhcóideachta, Seirbhísí CNÉD; agus Leslee O'Loughlin, Bainisteoir an Ghrúpa Acmhainní Daonna, Poblacht na hÉireann, Enterprise Rent-a-car.

Ar dheis: Lá Comhpháirteachais UCD, a bhí ar siúl i Halla Uí Raghallaigh ar an 7 Samhain 2017.



Príomhghné dár straitéis AD is ea feabhas a chur ar chultúr feidhmíochta. Le linn thréimhse na Tuarascála, chomhoibríomar go dlúth lenár gcomhghleacaithe Ceardchumainn, agus é mar aidhm againn comhaontú a bhaint amach maidir leis an gcreat Feidhmíocht d'Fhás (P4G) a thabhairt isteach sa bhliain acadúil 2018/19. Baineadh an cuspóir sin amach.

Cabhróidh tabhairt isteach P4G linn ár misean, de réir mar a leagadh amach é inár Straitéis 2015–2020, a chur i bhfeidhm, go háirithe 'le pobal tacúil a chur ar fáil ina gcuirfear ar chumas gach ball den Ollscoil barr a gcumais a bhaint amach', agus ag an am céanna, a gcuspóirí a chur in oiriúint do mhisean agus straitéis UCD.

Seolfar P4G go hoifigiúil i Márta 2019 agus beidh feidhmiú céimneach ann ina gcuirfidh Foireann Bainistíochta na hOllscoile agus an Grúpa Ceannasaíochta Breisithe tús lena gcuid comhráite P4G i mí na Nollag 2018.

Mar chuid den ghné den Straitéis AD a bhaineann le tallann a fhorbairt, tá torthaí fós á mbaint amach againn i dtaca leis seo. D'fhreastail 93 bainisteoir sinsearach acadúla agus aonaid seirbhíse ar Chlár Forbartha do Bhainisteoirí Daoine agus Ceannaireacht. Ina theannta sin, cuireadh Clár Forbartha do Bhainisteoirí Daoine ar fáil do 296 bainisteoir agus chríochnaigh 21 bean an Clár Ceannaireachta cúig lá Aurora. Anuas air sin, seoladh creat um fhinte post don fhoireann phroifisiúnta agus riaracháin le huirliis pleanála forbartha agus gairme a chur ar fáil. Mar gheall ar an gcreat, tá an réimse ról agus conairí gairme ar féidir iad a leanúint ar fud UCD le feiceáil agus tá cur síos níos soiléire agus comhsheasmhaí ar fáil maidir leis na hinniúlachtaí atá de dhíth i ról dhifriúla.

Tá an fhoireann AD fós ina rannpháirtí lánach maidir le seachadadh Phlean Gníomhaíochta Comhionannais Inscne na hOllscoile, agus tá dul chun cinn den scoth á dhéanamh. Mar gheall ar obair na foirne Cultúir agus Rannpháirteachais agus an Líonra Rannpháirteachais Fostaithe, tugadh isteach roinnt tionscnamh nuálaíochta amhail an 'Lá Comhpháirteachais', ar ar fhreastail os cionn 1,000 fostaí nuair a reáchtáladh é den chéad uair. Tá sé mar aidhm ag an imeacht aird a tharraingt ar an réimse deiseanna forbartha, tacaíochtaí agus sochair atá ar fáil d'fhostaithe. Bhí príomhról ag oibreoirí AD i dtionscnaimh a bhí ar siúl ar fud na hOllscoile, amhail UCD Sláintiúil agus UCD Inniúil, agus i dtionscnaimh mheabhairshláinte a chur chun cinn. Gníomhaíocht thábhachtach eile sa bhliain 2017/18 ab ea cur i bhfeidhm pleananna gníomhaíochta Coláistí, Scoileanna agus Aonad le tacú leis na tosaíochtaí a tháinig as an Suirbhé Cultúir agus Comhpháirteachais 2016, agus le hullmhú do Shuirbhé 2018, a seoladh le déanaí.

Ta bród orm as doimhneacht agus leithead na seirbhísí a chuirimid ar fáil dár gcomhghleacaithe UCD, agus ní bheinn ábalta é sin a dhéanamh gan tiomantas agus dianobair m'fhoirne AD, a bhíonn ar theann a ndíchill i gcónaí, áit iontach oibre a dhéanamh de UCD.



Tristan Aitken
Stiúrthóir Acmhainní Daonna

// Mar gheall ar obair na foirne Cultúir agus Rannpháirteachais agus an Líonra Rannpháirteachais Fostaithe, tugadh isteach roinnt tionscnamh nuálaíochta amhail an 'Lá Comhpháirteachais', ar ar fhreastail os cionn 1,000 fostaí nuair a reáchtáladh é den chéad uair //





Sa phictiúr ag Léacht Bhliantúil an Choláiste (ó chlé): An tOllamh Regina Uí Choláiste, Paul Muldoon agus an tOllamh Sarah Prescott.



An tOllamh Sarah Prescott Príomhoide an Choláiste agus Déan na nEalaíon agus na nDaonnachtaí

Déan Comhlach na nEalaíon agus na nDaonnachtaí

An tOllamh Comhlach Fionnuala
Dillane

Comhordaitheoir Chlár na nEalaíon BA

An Dr. Gillian Pye

Comhordaitheoir Chlár na nDaonnachtaí BA

An tOllamh Comhlach Paul Rouse

An Leas-Phríomhoide um Rannpháirtíocht Dhomhanda

An Dr. Selena Daly

Coláiste na nEalaíon agus na nDaonnachtaí

Ba bhliain thábhachtach iontach í an bhliain acadúil 2017/18 do Choláiste na nEalaíon agus na nDaonnachtaí ar fud ár ngníomhaíochtaí oideachais, taighde, rannpháirteachais agus pobail.

Ba é príomhfhócas oideachais an Choláiste i mbliana ná na struchtúir a fhorbairt chun tacú lenár gclár BA nua nuálach Ealaíon agus Daonnachtaí. Cuirfidh an punann nua clár feabhas ar sholáthar eispéiris oideachais níos leithne ar fud an Choláiste, agus cuirfidh sé deiseanna breise ar fáil do mhic léinn páirt a ghlacadh in intéirneachtaí, i bhfostaíocht agus i staidéar idirnáisiúnta, rud a chabhróidh lenár gcéimithe ullmhú do staidéar breise agus réimse ilghnéitheach gairmeacha tar éis dóibh céim a bhaint amach. Rinne an fóram Teagaisc agus Foghlama dul chun cinn maidir le príomhthionscnaimh barr feabhais oideachais freisin. Rinneadh an obair i gcomhar le Coláiste na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Dlí, agus díriodh ar theagasc atá á threorú ag taighde agus ar chuir chuige nuálacha le haghaidh measúnaithe.

D'eagraigh Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh agus an Bhéaloidis, i gcomhar le Scoil Stair na hEalaíne agus an Pholasaí Chultúrtha, Scoil Samhraidh in

Ealaín agus Teanga na hÉireann, ina ndearnadh iniúchadh ar ár n-oidhreacht chultúrtha trí ealaín na hÉireann agus tríd an Ghaeilge. Is sampla é sin de bharr feabhais san oideachas agus rannpháirtíocht an phobail a chur in oiriúint dá chéile. Reáchtáladh Siompóisiam Taighde Iarchéime i gcomhar leis an Institiúid don Léann Daonna UCD ar an 19 Aibreán 2018, agus chuir sé sin ar chumas ár mic léinn PhD a gcuid taighde a chur i láthair agus páirt a ghlacadh i gcultúr beoga taighde an Choláiste trí phléite painéil éagsúla suimiúla.

Tá réimse comhlachtaí maoinithe Éireannacha agus idirnáisiúnta fós á mealladh ag an gColáiste le tacaíocht a thabhairt d'fheabhas a thaighde, lena n-áirítear an Chomhairle um Thaighde in Éirinn, Fiontraíocht Éireann/Horizon 2020, The Wellcome Trust, An Chomhairle Oidhreachtacha agus Fondúireacht Choigríche Ambasáid Ríoga na hAraibe Sádaí. Fuair an Coláiste maoiniú freisin chun an Chomhaltacht Iarchéime John Pollard Newman sa

Chruthaitheacht a chruthú, atá ag féachaint le taighdeoir/scribhneoir cruthaitheach a cheapadh don Choláiste sa bhliain 2018 faoi threoir an Ollaimh le Scribhneoireacht Chruthaitheach, an tOllamh Ian Davidson (Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta UCD), a ceapadh le déanaí.

Bhí an tOllamh Comhlach Lynda Mulvin, Scoil Stair na hEalaíne agus an Pholasáí Chultúrtha UCD, ar dhuine de na comhghleacaithe éagsúla ó na hEalaíona agus na Daonnachtaí a fuair gradaim agus a tharraing meas ar thoradh a gcuid taighde le bliain anuas. Glacadh léi sa Chumann Ársaitheoirí i Londain. Áirítear le Comhaltaí an Chumainn go leor seandálaithe, agus staraithe ealaín agus ailtireachta mór le rá idirnáisiúnta a bhfuil poist freagrachta acu san oidhreacht chultúrtha i gcoitinne. Toghadh an tOllamh Kathleen James-Chakraborty, ó Scoil Stair na hEalaíne agus an Pholasáí Chultúrtha UCD chomh maith, ar an mBord den Chumann Staraithe Ailtireachta. Ainmníodh an tOllamh Harry White, Scoil an Cheoil UCD, mar an chéad Chomhalta Comhfhreagach Éireannach ar Acadamh Crótach na hEolaíochta agus na nEalaíon mar aitheantas ar an obair fhadtéarmach a rinne sé ar son na ceoleolaíochta i lár na hEorpa. Tá an tAcadamh ar cheann de na hacadamh is sine san Eoraip Theas. Tugadh aitheantas freisin do chumas ceannaireachta na gcomhghleacaithe mná sa Choláiste nuair a ghlac an tOllamh Comhlach Emily Mark-Fitzgerald (Scoil Stair na hEalaíne agus an Pholasáí Chultúrtha UCD) agus an Dr Siobhán O'Donovan (Scoil na dTeangacha, na gCultúr agus na Teangeolaíochta UCD) páirt sa chlár Aurora UCD don bhliain 2017/18.

Seoladh an Líonra Comhairleach Taighde um Ealaíon agus Daonnachtaí UCD i mbliana, a raibh lán-ollúna ó na scoileanna ar fud an Choláiste páirteach ann. Céim thábhachtach is ea bunú an Líonra i dtreo ár bpróifil taighde a fheabhsú, tacú le timpeallacht dhinimiciúil taighde, agus cultúr níos doimhne idirdhisciplíneach a chothú. Tacaíonn an Líonra le hiarratais deontas, foilsíú agus tionchar poiblí ár dtaighde a fhorbairt. Lean an Coláiste dá théamaí taighde ceannródaíocha a fhorbairt, a sheolfar an bhliain acadúil seo chugainn. D'fhorbair an Coláiste comhpháirtíocht

// Ba í an príomhréimse béime don Choláiste i mbliana ná na struchtúir a fhorbairt chun tacú lenár gcuid clár nuálach nua BA sna hEalaíona agus sna Daonnachtaí agus na cláir nua athbhreithnithe sin a chur chun cinn do na mic léinn nua //

chomhoibríoch chomh maith le hOllscoil Nottingham chun tionscnaimh taighde agus oideachais idirnáisiúnta agus trasearnálach a chumasú, rud a dhéanfar trí bhallraíocht na hOllscoile sa ghrúpa Universitas 21.

I rith na bliana acadúla, d'eagraigh agus d'óstáil scoileanna agus institiúidí taighde an Choláiste roinnt léachtaí oirice, cainteanna, sraith seimineár agus comhdhálacha idirnáisiúnta, lena n-áirítear: 'An Evening with President Clinton, to mark the 20th Anniversary of the Good Friday Agreement', (Institiúid Clinton UCD, 9 Aibreán 2018); 'The Trial Art Installation', Seanteach na Cúirte, Príosún Chill Mhaighneann, (13-26 Aibreán 2018, Lárionad UCD do Stair an Leighis); 'Celebrating 50 Years of Anglo-Irish Literature' leis an Léacht Chuimhneacháin Augustine Martin a chuir an tOllamh Roy Foster i láthair. Ba é teideal na léachta 'All The House I Have: Yeats and Friendship'. (26 Aibreán 2018, Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta UCD). Rinne an Cathaoirleach reatha Keith Cameron ar Stair na hAstráile, an tOllamh Amanda Nettelbeck, cathaoirleacht ar an léacht bhliantúil Keith Cameron a chuir an tOllamh Jane Lydon, Ollscoil Iarthar na hAstráile, i láthair (25 Bealtaine 2018, Scoil na Staire UCD). D'óstáil an Coláiste an 7ú Comhdháil Dhébhlíantúil de Chumann Aphra Behn na hEorpa (27-29 Meitheamh).



Ar chlár: Íomhánna 'Think Bigger' a n-úsáid ag Coláiste na nEalaíon agus na nDaonnachtaí in UCD. Ar dheis: Bronnann Uachtarán UCD, an tOllamh Andrew Deeks, Bonn Ulysses UCD ar Margaret Atwood.

**An Leas-Phríomhoide Staidéir
Iarchéime**

An tOllamh Comhlach Elva Johnston

**An Leas-Phríomhoide um
Theagasc agus Foghlaim**

An Dr Naomi McAreavey

**An Leas-Príomhoide um Thaighde,
Nuálaíocht agus Tionchar**

An tOllamh William Mulligan

**Scoil Stair na hEalaíne agus an
Pholasáí Chultúrtha UCD**

Ceann na Scoile

An tOllamh Comhlach Nicola Figgis

Scoil na gClasaicí UCD

Ceann na Scoile

An Dr Alexander Thein

**Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta
agus na Scannánaíochta UCD**

Ceann na Scoile

An tOllamh Danielle Clarke

Scoil na Staire UCD

Ceann na Scoile

An tOllamh Robert Gerwarth

**Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh
agus an Bhéaloidis UCD**

Ceann na Scoile

An tOllamh Regina Uí Chollatáin

**Scoil na dTeangacha, na gCultúr
agus na Teangeolaíochta UCD**

Ceann na Scoile

An tOllamh Bettina Migge

Scoil an Cheoil UCD

Ceann na Scoile

An tOllamh Comhlach Wolfgang Marx

Ó Mheán Fómhair 2017 ar aghaidh

// D'óstáil an Coláiste roinnt imeachtaí tábhachtacha iomráiteacha i mbliana, ar cuireadh tús leo le céad Léacht Bhliantúil an Choláiste, a bunaíodh chun taispeántas bliantúil a chur ar fáil leis na hEalaíona agus na Daonnachtaí a chur chun cinn do UCD agus don phobal cultúrtha agus cruthaitheach i gcoitinne //

Cuireadh fáilte roimh an údar agus file, Maureen Duffy, agus an Ollamh Robert J Hume ó Ollscoil Penn State, i measc daoine eile. D'óstáil Scoil na gClasaicí UCD an Chomhdháil Idirnáisiúnta Cogaídh Ársa agus léirigh Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh agus an Bhéaloidis UCD, i gcomhar le Bailiúcháin Speisialta UCD, an taispeántas *Seoda Scripte: A Glimpse into Ireland's Manuscript Heritage Exhibition* i Meitheamh 2018. I gcomhar lena chéile, d'óstáil Scoil na dTeangacha, na gCultúr agus na Teangeolaíochta UCD agus Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta UCD an léacht a chuir an tOllamh Jane Koustas, Ollamh ar Cuairt James M. Flaherty le Fondúireacht Ollscoile na hÉireann agus Cheanada, i láthair i bhFeabhra 2018. Chuir Scoil an Cheoil UCD fáilte roimh an Ealaíontóir Cónaithe ar Cuairt ó Institiúid Ealaíon na hIndinise, Pak Sumaryono, a d'oibrigh leis an gCeolfhoireann Gamelan UCD, obair ar cuireadh críoch leis nuair a bhí léiriú ann leis an gCeolfhoireann i Samhain 2017.

D'óstáil an Coláiste roinnt imeachtaí móra agus ardphróifíle i mbliana. Cuireadh tús leis sin leis an gcéad Léacht Bhliantúil Choláiste, a bunaíodh chun na hEalaíona agus na Daonnachtaí a chur i láthair, a cheiliúradh agus a chur chun cinn ar mhaithe le UCD agus an pobal cruthaitheach agus cultúrtha i gcoitinne. Bhí ríméad orainn gur chuir an file cáiliúil Paul Muldoon (Ollamh le Filíocht, Ollscoil Princeton) an chéad léacht sa tsraith i láthair. Thug sé léacht iontach shiamsúil uaidh dar teideal *'The Drowned Blackbird: An Introduction to 18th Century Ulster Poetry'*, inar bhreathnaigh sé ar thraidisiún saibhir na filíochta i gCúige Uladh Thoir Theas ar bhealach ildisciplíneach. Ar an gcaoi céanna, ba mhór an chúis ríméid dúinn é onóir a bhronnadh ar Michael McGlynn, cumadóir, léiritheoir agus


stiúrthóir ealaíne an ensemble gutha Anúna, tríd an nGradam do Chéimithe sna hEalaíona agus Daonnachtaí sa bhliain 2017. Ba mhór an pleisiúr cuireadh a thabhairt do Michael teacht ar ais chuig a alma mater le hoibriú le mic léinn na nEalaíon an lae inniu agus iad a spreagadh.

Ba mhór againn chomh maith onóir a bhronnadh ar Niall MacMonagle as a chuid oibre tríd an gcéim oinigh Dochtúir le Litríocht a bhronnadh air sa bhliain 2017. Tar éis don imeacht a bheith cealaithe ar dtús de bharr titim sneachta trom i Márta 2018, rinne an Coláiste ócáid mhór liteartha a eagrú i Halla Uí Raghallaigh, a bhí plódaithe, i gcomhar leis an Ollamh Jane Urquhart, an t-údar Ceanadach agus Ollamh ar Cuairt Craig Dobbin ar Staidéar Cheanada don bhliain 2017/18, an Dr Paul Halferty, Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta UCD, Lárionad UCD do Léann Cheanada, agus Cumarsáid UCD. 'Imagining: Home' an teideal a bhí ar an ócáid, a bhí ar siúl ar an 6 Meitheamh 2018. Rinneadh ceiliúradh ar na naisc dhoimhne liteartha idir Éire agus Ceanada trí bhéim a leagan ar scéalta - fíor nó samhailteach - a nascann an dá tír le chéile. Bhí Margaret Atwood, John Banville, Anne Enright agus Paul Perry i measc na n-aíonna. Cuireadh deireadh leis an oíche nuair a bhronn Uachtarán UCD, an tOllamh Andrew Deeks, an Bonn Ulysses ar an údar Margaret Atwood, a bhfuil an-cháil uirthi go hidirnáisiúnta.




An tOllamh Sarah Prescott
Príomhoide an Choláiste agus Déan na nEalaíon agus na nDaonnachtaí

2,596 Líon iomlán na mac léinn in Éirinn



203 Foireann Iomlán (coibheis lánaimseartha – FTE)



2,177
Mac Léinn Fochéime (FTE)

419
Mac Léinn Iarchéime (FTE)

 = (timpeall) 100 duine

€2.31m 
de Dhámhachtainí Taighde



An tOllamh Roy Foster ag Léacht Cuimhneacháin Gus Martin ag ceiliúradh 50 bliain den Litríocht Angla-Éireannach, i Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta.



Arís eile, tá Scoil Ghnó larchéime Michael Smurfit in UCD tar éis aicmiú a bhaint amach i measc scoileanna gnó idirnáisiúnta, agus tá cuid mhaith dá clár san áireamh sa chaoga is fearr ar domhan.



**An tOllamh
Anthony Brabazon
Príomhoide/Déan
Choláiste an Ghnó**

Coláiste an Ghnó

Mar cheannaire na hÉireann san oideachas gnó, leanann Coláiste an Ghnó UCD de sholáthar eispéireas foghlama a éascaíonn athrú ó bhonn trí chláir agus chomhpháirtíochtaí nuálacha a fhorbraíonn ceannairí gnó na todhchaí chun go mbeidh tionchar acu ar an tsochaí agus sa ghairm a roghnóidh siad.

Cruthaíonn ár bpobal éagsúil de mhic léinn, foireann teagaisc agus foireann ghinearálta as níos mó ná 60 tír timpeallacht dhinimiciúil teagaisc agus foghlama díreach in aice le ceann de phríomhchathracha gnó na hEorpa.

Le bliain anuas, tá dul chun cinn suntasach déanta ag an gColáiste i dtreo bhaint amach a chuid spriocanna straitéiseacha, atá bunaithe ar cheithre cholún: tiomantas do thaighde, nuálaíocht agus tionchar ar an ngnó agus ar an tsochaí; foghlaim a éascóidh athrú ó bhonn; sa domhan; agus ar mhaithe leis an domhain.

Taighde, Nuálaíocht agus Tionchar

Tá an Coláiste fós ag infheistiú i dtacú le gníomhaíochtaí taighde, agus chuireamar fáilte roimh roinnt foirne teagaisc nua chuig ár bpobal,

ar aon dul lenár mbéim ar earcú oideachasóirí tiomnaithe, a bhfuil taithí idirnáisiúnta acu, chomh maith le cumais láidre teagaisc agus taighde.

Mar thoradh ar an mbéim mhéadaithe ar an taighde, méadaíodh faoi dhó aschur foilseachán an Choláiste sna hirísí acadúla is fearr (irisí FT50 agus ABS4/4*) le cúig bliana anuas. Tháinig méadú faoi thrí i gcaitheamh na tréimhse céanna ar dhámhachtainí seachtracha um maoiniú taighde d'fhoireann teagaisc an Choláiste.

I measc na n-éachtaí suntasacha le bliain anuas, bronnadh Dámhachtain Chomhdhlúiteora ERC ar an Ollamh Susi Geiger le haghaidh an tionscadail, 'Misfires and Market Innovation'; Dámhachtain Comhaltachta lardhochtúireachta IRC Caroline do thionscadal an Ollaimh Mark Pagell, 'From Organized Irresponsibility to Shared Responsibility in Global Supply Chains'; agus Dámhachtain Comhaltachta lardhochtúireachta IRC don Ollamh Andreas



Ar chlé: Le Taispeántas Taighde Bliantúil an Bhaitsiléara sa Staidéar Gnó (BSG), cuireadh beocht sa taighde do mhic léinn fhochéime agus iad ag taispeáint a gcuid éachtaí scoláireachta d'fhostóirí, don fhoireann teagaisc agus don fhoireann ghinearálta ag an taispeántas bliantúil póstaer. Ar dheis: Gabhann mic léinn i Scoil Ghnó Iarchéime Michael Smurfit in UCD don fhoghlaím sa seomra ranga agus lasmuigh de araon, agus muid i gcónaí ag sainmhíniú as an nua an chaoi a múintear gnó chun an chéad ghlúin eile de cheannairí gnó a spreagadh.

Hoepner le haghaidh an tionscadail, *Building Cleantech Finance and Innovation Ecosystems*. Ghnóthaigh an tOllamh Andy Prothero agus an tOllamh Donna Marshall *maoiniú mar chuid den tionscadal milliún euro*, *Tionscadal Beacon* – comhthionscadal idir ollscoil, eagraíocht taighde agus cuideachta – chun mol náisiúnta bithghilleagair a thógáil d'Éirinn.

Áirítear le comhoibriú mór taighde eile i gcomhar le comhpháirtithe tionscail, tionscadail sa réimse comhrac i gcoinne sciúradh airgid, agus bhronn Fiontraíocht Éireann dámhachtainí maoinithe ar an Dr Sha Liu in Accenture agus ar an Ollamh Cal Muckley in Fidelity Investment. Bhí an tOllamh Mike O'Neill i gceannas ar iarratas rathúil de chuid Fhondúireacht Eolaíochta Éireann ar thionscadal Anailísíocht Spóirt maidir le Gortú a Chosc i gcomhar le StatSports agus LERO.

Is mór an meas atá ag an gColáiste ar a phobal taighdeoirí PhD agus iardhoctúireachta agus chuige sin, sheol sé ionad taighde PhD nua in 2018. Éascaíonn an t-ionad sainchuspóra spiorad pobail níos láidre agus déanann sé an clár PhD a chomhdhlúthú ar champas Smurfit.

Oideachas agus Eispéireas na Mac Léinn

D'éirigh le Coláiste an Ghnó UCD lena iarratas ar athchreidiúnú AACSB ar feadh cúig bliana eile. Rinne an comhlacht creidiúnaithe ba shine agus ba mhó, AACSB, trácht ar shoiléire straitéis na Scoile, agus mhol siad an dul chun cinn leanúnach go hard.

Arís eile, tá Scoil Ghnó Iarchéime Michael Smurfit in UCD tar éis aicmiú a bhaint amach i meascna scoileanna gnó atá chun tosaigh do hidirnáisiúnta.

Bhronn an Financial Times (FT) an 7ú háit sa domhan ar ár gclár Céime Máistir sa Bhainistíocht (CEMS MiM), agus bronnadh an 36ú háit ar an MSc san Airgeadas. Bronnadh an 48ú háit sa domhan ar chlár Chláirúcháin Oscailte Oideachais Feidhmiúcháin an Choláiste.

Le dhá bhliain anuas, thosaigh an Scoil ag glacadh páirte sa Rangú nua QS um Chéim Mháistir sa Ghnó. Léirítear rath ár gcuid mac léinn agus céimithe sa rangú ard a baineadh amach do chlár aonair lena n-áirítear an MSc san Anailísíocht Ghnó (13ú háit sa domhan), an MSc sa Mhargáíocht (15ú háit sa domhan), an MSc san Airgeadas (24ú háit sa domhan) agus an Chéim Mháistir sa Bhainistíocht (42ú háit sa domhan).

Bhain ár gcuid mac léinn clú agus cáil idirnáisiúnta amach freisin nuair a tháinig cúigear mac léinn ón MBA Feidhmeannach i Scoil Smurfit UCD sa chéad áit i gComórtas Cásanna Idirnáisiúnta MBA John Molson i gCeanada – an t-imeacht is sine agus is mó dá leithéid. Sa chomórtas ciorclach sin, bhreathnaigh foirne ar sheacht gcás gnó nach raibh foilsithe, agus bhí trí huair an chloig acu le réitigh a fhorbairt agus a chur i láthair agus iad ag úsáid scileanna agus eolais a fuarthas óna gclár MBA. Faoi oiliúint an Ollaimh um Bainistíocht Straitéiseach, Patrick Gibbons, fuair an fhoireann craobhchomórtais an ceann is fearr ar thríocha sé scoil, agus is amhlaidh a thóg siad an duais mhór de \$10,000 abhaile leo.

Níos gaire don bhaile, chuir Taispeántas Taighde Bliantúil an Bhaitsiléara sa Staidéar Gnó (BSG) beocht sa taighde do ghrúpa mac léinn fhochéime. Taispeáin mic léinn na bliana deireanaí a gcuid éachtaí scoláireachta d'fhostóirí, don fhoireann teagaisc agus don fhoireann ghinearálta le taispeántas póstaer.

Leanamar d'fháilte a chur roimh mhic léinn as Singeapór agus Hong Cong, agus iad ag glacadh páirte i Scoil Shamhraidh mhóréilimh an Ionaid Cianfhoghla chun coicís a chaitheamh i mBaile Átha Cliath agus iad ag tabhairt faoi dhá cheann dá gcuid croí-mhodúl. Méadaíodh an tionscnamh in 2018 chun mic léinn BSG ó Bhaile Átha Cliath a chuimsiú, chomh maith leis an gcohort BSc as Sri Lanka.

I bhFómhar 2018, sholáthair Forbairt Feidhmiúcháin Smurfit in UCD an chéad Chlár Ceannaireachta Sinsearaí Smurfit, i gcomhar le hOideachas Feidhmiúcháin Darden de chuid Ollscoil Virginia, a bhfuil clú agus cáil air ar fud an domhain. Freastalaíonn an t-eispéireas cónaithe coicíse i mBaile Átha Cliath agus Washington ar riachtanais gnóthas idirnáisiúnta atá lonnaithe in Éirinn agus ar mhian leo feabhas a chur ar fheidhmíocht na bhfeidhmeannach sinsearach, agus tosaíochtaí na heagraíochta á gcur chun cinn san am céanna.

Agus muid ag smaoineamh faoin todhchaí, tuigimid go mbíonn ár gcuid smaointe faoin obair, faoi na daoine a dhéanann í, faoin áit agus faoin uair a dtarlaíonn sí, ag athrú i gcónaí. I sciathán nua de Scoil Ghnó Lochlann Quinn, táthar ag díriú ar thodhchaí na foghlama chun cur leis na háiseanna reatha den chéad scoth. Cuimsíonn an tionscadal timpeallacht nua foghlama idirghníomhaí, seomraí comhoibrithe dhigitigh agus svúiteanna r-fhoghlama ilmheáin. Osclófar an sciathán nua in 2019.

Pobal

Tá pobal ár gcuid céimithe gnó méadaithe go dtí níos mó ná 84,000 ball in níos mó ná 100 tír, agus pobal gníomhach de 40 craobh idirnáisiúnta céimithe san áireamh ann. Áirítear le gníomhaíocht dhomhanda 2017/18 12 imeacht do chéimithe gnó in áiteanna ó SAM go Singeapór.

I mBaile Átha Cliath, d'óstálar Dinnéar na nDámhachtainí Gnó do Chéimithe, mar aon le níos mó ócáidí teacht le chéile ná riamh, a chuimsigh 11 ócáid ar an gcampas, ar ar fhreastail níos mó ná 650 duine. Céim mhisniúil nua don Scoil atá i gceist le líon na n-imeachtaí, agus é mar

chuid dár straitéis chun plé leis na céimithe óga a mhéadú.

I mbliana freisin, d'éirigh go geal le seoladh an chlár meantóireachta do chéimithe, agus ghníomhaigh 758 céimí mar mheantóirí deonacha. Tabharfaidh an clár seo tacaíocht luachmhar dár gcuid mac léinn reatha agus do mhic léinn na todhchaí chun a gcuid slite gairme a fhorbairt.

Comhairliúchán agus Rannpháirtíocht

Tá líonraí seachtracha ina ngné ríthábhachtach de bhonneagar an Choláiste, lena n-áirítear naisc le fostóirí agus le scoileanna gnó móra eile. Bímid ag obair go crua chun plé a dhéanamh lenár bpáirtithe leasmhara seachtracha agus bíonn go leor plé againn le saol an ghnó, lena gcuimsítear cláir intéirneachta agus mheantóireachta, aoichainteoirí ón earnáil tionscail, tionscadail chuideachta, agus ceardlanna arna gcur ar fáil ag corparáidí. Gach bliain, méadaímid ár mbéim ar na deiseanna foghlama eispéireasacha a cheadaíonn na comhpháirtíochtaí sin.

Táimid ag leanúint orainn de pháirt a ghlacadh i líonraí piara scoileanna gnó, lena n-áirítear CEMS, GNAM agus PIM. Cheadaíonn na líonraí sin dúinn cláir mhalartaithe a thairiscint do mhic léinn agus comhchláir a thairiscint i gcomhar leis na scoileanna gnó is mó ar fud an domhain. I mí na Nollag 2017, tugadh ballraíocht iomlán dúinn ar UNICON, cuibhreannas domhanda d'eagraíochtaí lonnaithe i scoileanna gnó, a bhfuil a gcuid ball ina n-eiseamláirí idirnáisiúnta d'oideachas feidhmiúcháin.

Is í díograis ár bpobail a bhrúnn ar aghaidh muid, agus muid ag cur oideachais ar ár gcuid mac léinn agus á gcumhachtú chun tionchar fiúntach a bheith acu i saol an ghnó.




An tOllamh Anthony Brabazon
Príomhoide/Déan Choláiste an Ghnó




I sciathán nua de Scoil Ghnó Lochlann Quinn, a osclófar in 2019, beidh timpeallacht foghlama idirghníomhaí, mar aon le seomraí comhoibrithe dhigitigh agus svúiteanna r-fhoghlama ilmheáin, chun cur leis na háiseanna reatha den chéad scoth.

3,301 Líon iomlán na mac léinn in Éirinn



3,365 Líon iomlán na mac léinn thar lear




1,659
Mac Léinn
Fochéime (FTE)

1,642
Mac Léinn Iarchéime
(FTE)


3,121
Mac Léinn
Fochéime (FTE)

244
Mac Léinn
Iarchéime (FTE)



FTE = Coibhéis
Lánaimseartha

257 Foireann
Iomlán (FTE)



€3.64m de Dhámhachtainí Taighde



Ag an gcéad Dinnéar Gnó UCD i Londain, cuireadh fáilte roimh an aoí oinigh, Francesca McDonagh, POF Grúpa Bhanc na hÉireann, chomh maith le 150 céimí agus cara a bhfuil cónaí orthu i Londain, chuig oíche iontach de líonrú agus de cheiliúradh. Sa phictiúr tá: An tOllamh Tony Brabazon; Francesca McDonagh, POF Ghrúpa Bhanc na hÉireann; Niall FitzGerald KBE, Cathaoirleach Bhord Comhairleach na hÉireann; agus Liam FitzGerald, Cathaoirleach nuacheaptha Bhord Comhairleach na hÉireann.



Sa phictiúr tá: Uachtarán UCD, an tOllamh Andrew Deeks, le faighteoir céime oinigh Sir Ciarán Devane agus an tOllamh Eoin Casey, Ceann Scoil na hInnealtóireachta Ceimicí agus Bithphróisis UCD.



**An tOllamh
David Fitzpatrick
Príomhoide an Choláiste/
Déan na hInnealtóireachta**

Déan na hAiltireachta
An tOllamh Hugh Campbell

Déan Comhlach na hAiltireachta
An tUas. Dan Sudhershnan

**An Leas-Phríomhoide um Theagasc
agus Foghlaim**
A tOllamh Comhlach Amanda Gibney

**An Leas-Phríomhoide um Taighde,
Nuálaíocht agus Tionchar**
An tOllamh David Browne

Coláiste na hInnealtóireachta agus na hAiltireachta

Taighde, Nuálaíocht agus Tionchar

Tá áthas orm a thuairisciú gur buaicbhliain ab ea 2017/18 do Choláiste na hInnealtóireachta agus na hAiltireachta, mar gur bronnadh os cionn €30 milliún de mhaoiniú taighde seachtach nua ar an gColáiste. Is ionann sin agus thart ar 25% den mhaoiniú a bronnadh ar an Ollscoil i rith na bliana, agus sáraíonn sé an meán cúig bliana €24.5 milliún in aghaidh na bliana a bhí á fháil ag an gColáiste roimhe sin.

Fuair an Coláiste cuid mhór maoinithe ó chlár chomhair leis an earnáil tionscail, lena n-áirítear os cionn €10m tríd an gClár Ionad Taighde de chuid Fhondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI) le haghaidh I-Form, Ionad Taighde SFI um Ard-Déantúsaíocht, agus an BEACON – Ionad Taighde SFI don Bhithghéilleagar, ar bunaíodh an dá cheann díobh i rith na bliana.

Déantar I-Form a óstáil in UCD agus an tOllamh Denis Dowling, Scoil na hInnealtóireachta Meicniúla agus Ábhar, i gceannas air. Glacann go leor ball den Choláiste agus de Scoil na Ríomheolaíochta in UCD páirt ann, agus tá sé i gcomhpháirtíocht le seacht n-institiúid taighde eile agus le os cionn 30 comhpháirtí gnó. Is é misean I-Form ná todhchaí na déantúsaíochta a mhúnlú trí thaighde ardtionchair a dhéanamh ar chur i bhfeidhm teicneolaíochtaí digiteacha sa phróiseáil ábhar.

Tá BEACON, a dhéantar a óstáil in UCD, faoi stiúir an Ollaimh Kevin O'Connor i gColáiste na hEolaíochta UCD, agus is comhtháighdeoirí ann freisin iad an tOllamh Nick Holden (Leas-Stiúirthóir), an tOllamh Eoin Casey, agus an Comhollamh Eoin O'Neill ón gColáiste Innealtóireachta agus Ailtireachta UCD. Tá BEACON i mbun comhpháirtíochta le ceithre hinstiúid taighde eile agus oibríonn sé i ndlúthpháirt leis an earnáil tionscail sna hearnálacha agraibhia agus mara chun na fuíll agus sruthanna

dramhaíola a chruthaítear le linn na bpríomhphróisis táirgthe a thiontú go táirgí ar luach níos airde.

D'éirigh go han-mhaith leis an gColáiste i rith na bliana leis an gclár cáiliúil, Clár Taighdeoirí SFI agus Clár Dámhachtainí Forbartha Gairme SFI, agus cláraíodh cúig thionscadal dá bharr, ar luach iomlán os cionn €4.8 milliún i Scoil na hInnealtóireachta Leictreonaí agus Leictreonaí UCD. I measc na dTaighdeoirí aonair atá ag stiúradh a gcuid tionscadal, tá na hOllúna Anding Zhu, Michael Peter Kennedy, Robert Shorten, Andrew Keane, an Dr Terence O'Donnell agus an Dr Le-Nam Tran. Tá siadsan ag déanamh taighde ar thosaíochtaí náisiúnta taighde na todhchaí maidir le líonraí agus cumarsáid, anailísíocht sonraí agus eangacha cliste is cathracha cliste.

D'éirigh thar barr freisin le baill den Choláiste i raon de chlár mhaoinithe nua eile. Fuair an tOllamh Comhlach Mark Flanagan i Scoil na hInnealtóireachta Leictreonaí agus Leictreonaí UCD, agus an Dr Sharon O'Rourke, Scoil na mBithchóras agus na hInnealtóireachta Bia, Dámhachtainí Chlár Laureate ó Chomhairle Taighde na hÉireann, dámhachtainí atá dírithe ar thaighdeoirí den scoth a mhaoiniú chun taighde teorann a dhéanamh. Bronnadh €643k ar an Ollamh Comhlach Dieter Kogler, ó Scoil na hAiltireachta, na Pleanála agus an Pholasáí Comhshaoil UCD faoi Chlár nua SFI um Beartas Taighde Eolaíochta – bhí sé sin i measc díreach cúig thionscadal ar fud na tíre ar bronnadh dámhachtain orthu. Fuair na hOllúna Anding Zhu, Scoil na hInnealtóireachta Leictreonaí agus Leictreonaí UCD, agus Niall English, Scoil na hInnealtóireachta Ceimicí agus Bithphróisis UCD dámhachtainí faoin Chlár nua SFI um Chomhpháirtíocht Idirnáisiúnta, agus bhí comhiomlán i gceist de €2 mhilliún nach mór. Seoladh an clár nua SFI sin in 2017 i gcomhar le Fondúireacht Náisiúnta Eolaíochta na Síne (NSFC), agus forbróidh sé comhar a bhfuil ábharthacht straitéiseach ag baint leis idir Poblacht na hÉireann agus Daon-Phoblacht na Síne.

Tá mac-ghníomhaíocht an Choláiste fós láidir, agus taispeánadh dhá mhac-fhiontar nua atá ag teacht chun cinn ón gColáiste ag an gClár VentureLaunch Accelerator UCD in 2017. An chéad cheann ná PlasmaBound, arna bhunú ag an Dr Nick Barry, Scoil na hInnealtóireachta Meicniúla agus Ábhar UCD agus Scoil na hInnealtóireachta Ceimicí agus Bithphróisis UCD, a bhfuil paitinní curtha aige ar theicneolaíochtaí a chuireann ar chumas déantúsaithe cumasc, cóimeálacha níos láidre agus níos éadroime a thógáil – cuireann seo deireadh leis an ngá le boltaí nuair a bhíonn cumasc struchtúracha á gcur le chéile, agus ar an mbealach sin, faightear réidh leis na fadhbanna feidhmíochta strustuirse agus meicniúla bainteacha. Tá Saragossa Software, a bhunaigh Michael Mescal, Scoil na hAiltireachta, na Pleanála agus an Pholasáí Comhshaoil UCD, ag forbairt bogearraí úra um Shamhaltú Faisnéise Foirgnimh (SFF) d'ailtirí, d'innealtóirí agus d'oideoirí. Meascann na bogearraí dílsithe samhltú 3D, teicneolaíochtaí ionsamhlaithe aeráide agus fisice le cóid agus deimhnithe sonracha um fhoirgnimh ghlasa, in aon chóras amháin.

Taispeántar samplaí eile de thorthaí agus de thionchar an taighde agus na nuálaíochta atá ar siúl sa Choláiste i bpunann nua de Chás-staidéir Tionchair a rinneadh i rith 2017/18. Áirítear leo dhá chás-staidéar a bhí ina mbuaiteoirí i gComórtas UCD um Chás-staidéar ar Thionchar Taighde in 2017: An tOllamh Comhlach Kenneth Stanton as 'Closer to the sun' – Bratú dromchla atá bunriachtanach do spásárthaí, agus Colin Keogh as 'The Rapid Foundation' – an teicneolaíocht a chur i lámha na ndaoine a bhfuil gá acu léi.

Tá ardtionchar luanna ag an gColáiste fós, agus bíonn ábhar á fhoilsiú ag an bhfoireann teagaisc in irisí ardtionchair. Sampla a bhí ann le déanaí ná an foilseachán dar teideal '*Improved Photovoltaic Performance from Inorganic Perovskite Oxide Thin Films with Mixed Crystal Phases*', a foilsíodh san iris ardtionchair Nature Photonics i mBealtaine 2018. Sa pháipéar sin, cuirtear



Buaiteoirí Bonn Óir an EGA 2017 (ó chlér): Adam Hermann, Innealtóireacht Leictreonaí, Alan Smith, Innealtóireacht le Gnó, Margaret Tobin, Innealtóireacht Struchtúrach le hAiltireacht, Daniel McLoughlin, Innealtóireacht Shibhialta, Eoin Shankey, Innealtóireacht Mheicniúil, Deirdre Belton, Innealtóireacht Mheicniúil, Hannah Craddock, Innealtóireacht Bhithmheicniúil, Horea Catanase, Innealtóireacht Leictreonaí agus Kate O'Carroll, Bonn Chumann na gCéimithe Ailtireachta.

Stiúrthóir Scoil na gCéimithe

An tOllamh Comhlach Kenneth Stanton

Tá sé scoil i gColáiste na hInnealtóireachta agus na hAiltireachta UCD

Scoil na hAiltireachta, na Pleanála agus an Pholasaí Comhshaoil, UCD Ceann na Scoile

An tOllamh Peter Clinch
(ón 1 Deireadh Fómhair 2017)

Scoil na hInnealtóireachta Bithchórais agus na hInnealtóireachta Bia UCD Ceann na Scoile

An tOllamh Colm O'Donnell

Scoil na hInnealtóireachta Ceimicí agus Bithphróisis Ceann na Scoile

An tOllamh Eoin Casey

Scoil na hInnealtóireachta Sibhialta Ceann na Scoile

An tOllamh Comhlach Aoife Ahern

Scoil na hInnealtóireachta Leictrí agus Leictreoná Ceann na Scoile

An tOllamh Comhlach Andrew Keane

Scoil na hInnealtóireachta Meicniúla agus Ábhar UCD Ceann na Scoile

An tOllamh Michael Gilchrist

Ó Mheán Fómhair 2017 ar aghaidh



Bronnadh Gradam um Feabhas sa Teagasc agus Foghlaim Ollscoile ar an Dr Vincent Hargaden, Ollamh Comhlach i Scoil na hInnealtóireachta Meicniúla agus Ábhar UCD mar aitheantas ar a thiomantas buan d'fheabhais sa teagasc agus san fhoghlaim mac léinn. Clúdaíonn a réimsí spéise teagasc na gnéithe matamaitice d'Oibríochtaí agus de Bhainistíocht Shlabhra Soláthair, lena n-áirítear modúil ar Dhearadh Shlabhra Soláthair, Straitéis Oibríochtaí, Anailís ar Chinnteoireacht agus Bainistíocht Tionscadal. Ina chuid taighde díríonn Vincent ar dhearadh agus ar bharrfheabhsú slabhraí soláthair dianseasmhacha agus ar oideachas innealtóireachta.

fionnachtana i láthair ó thaighde a rinne an Dr Mert Celikin ó Scoil na hInnealtóireachta Meicniúla agus Ábhar UCD agus a chuid comhoibrithe idirnáisiúnta in INRS, an tIonad Taighde Fuinnimh, Ábhar agus Teileachumarsáide, agus École de Technologie Supérieure i gCeanada, agus Ollscoil Eolaíocht agus Teicneolaíocht Leictreonach na Síne.

Oideachas agus eispéireas na mac léinn

Tá an-áthas orm a dheimhniú go bhfuil Coibhéis Shubstaintiúil sannta dár gclár Máistreacht san Ailtireacht ag an mBord Náisiúnta Creidiúnaithe Ailtireachta, NAAAB, sna Stáit Aontaithe. Mar thoradh air sin, is muid an t-aon Choláiste in Éirinn a bhfuil creidiúnú gairmiúil/coibhéis shubstaintiúil faighte againn faoi thrí ó RIAI, RIBA agus NAAAB.

Tá roinnt clár comhoibritheach curtha chun cinn ag an gColáiste le comhpháirtithe idirnáisiúnta, lena n-áirítear Ollscoil Columbia maidir le céim dhé-mháistir san Innealtóireacht Shibhialta, agus comhcheim le hOllscoil Chang'an. Sa bhreis air sin, mhéadaigh Coláiste Idirnáisiúnta Bhéising Bhaile Átha Cliath an méid clár a tháirgeann sé le clár nua BE san Innealtóireacht Leictreonach agus Fhaisnéise ar cuireadh tús leis i Meán Fómhair 2017.

Comhairliúchán agus rannpháirtíocht


Bliain an-tábhachtach ab ea an bhliain seo d'Éirinn agus do UCD ag La Biennale di Venezia. Den chéad uair riamh, ba ailtirí iad na léirithe foriomlána, atá ina gcónaí agus ag obair in Éirinn: Yvonne Farrell

agus Shelley McNamara ó Grafton Architects. Céimithe UCD iad Yvonne agus Shelley araon; ghnóthaigh siad an Gradam do Chéimithe in 2014 agus faoi láthair tá siad ina n-Ollúna Cúnta Comhlacha i Scoil Ailtireachta UCD.


Cuireadh tús le himeachtaí Chumann Céimithe Innealtóireachta UCD i Meán Fómhair 2017 le Searmanas Bonn Óir agus Gradaim EGA, ar bronnadh Boinn Óir EGA lena linn ar mhic léinn a bhfuil éachtaí déanta acu ina gcuid disciplíní. I Márta 2018, d'óstáil EGA a chéad Cheardlann ar Éagsúlacht Innealtóireachta, inar féachadh le bearta indéanta a aithint ar féidir leis EGA a chur i bhfeidhm chun cothrom inscne a chur chun cinn san innealtóireacht i Scoileanna, in ollscoileanna agus san ionad oibre. Reáchtáladh an Léacht bhliantúil Earraigh 'The Changing Face of Engineering' i mí Aibreáin 2018 agus é faoi stiúir an Dr Dervilla Mitchell, Cathaoirleach UKMEA ARUP. I mBealtaine 2018, thaistean an EGA go Béal Feirste chun ceardlann fóir-ábhartha faoi Brexit a reáchtáil; 'Engineering a Cross-Border Solution' mar chuid de shraith Engineering Nationwide UCD, atá ag féachaint le nascadh le céimithe innealtóireachta UCD atá lonnaithe ar fud na tíre.

An tOllamh David Fitzpatrick
Príomhoide an Choláiste/Déan na hInnealtóireachta

2,056 Líon iomlán na mac léinn in Éirinn



317 Foireann Iomlán (FTE)



1,109 Mac Léinn Fochéime (FTE)

947 Mac Léinn Iarchéime (FTE)

73 Líon na mac léinn thar lear (Fochéimí FTE)

= (timpeall) 100 duine

€30.22m de Dhámhachtainí Taighde



Ar chlé: Bronnann an Dr Andrés Velarde, teastas, bonn agus plaic dhochtúireacht oinigh Universidad Privada del Norte (UPN), Peiriú ar an Ollamh Da-Wen Sun mar aitheantas ar a ról suntasach ceannródaíoch i gcur chun cinn an taighde agus an oideachais ar Bhia agus Innealtóireacht Bithchóras ar leibhéal domhanda. Ar dheis: Íomhánna 'Think Bigger' á n-úsáid ag Coláiste na hInnealtóireachta agus na hAiltireachta UCD.



Seolann an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Michael Creed TD, an clár nua Baitsiléara san Eolaíocht Talmhaíochta UCD dar teideal Gnó Bia le Staidéar Sínise ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta i Meán Fómhair 2017.



An tOllamh Cecily Kelleher
Príomhoide an Choláiste

An Déan Comhlach um Thaighde,
Nuálaíocht agus Thionchar
An tOllamh Helen Roche

An Déan Comhlach um Theagasc
agus Foghlaim
An Dr Sue Rackard

An Déan Comhlach um
Rannpháirtíocht Dhomhanda
An tOllamh Comhlach Pat Felle

An Coláiste Sláinte agus Eolaíochtaí Talmhaíochta

In 2017/18 chuir Coláiste na nEolaíochtaí Talmhaíochta agus Sláinte tús leis an tríú bliain dó ar an bhfód, agus lean sé de leabú a théama leathain, mar atá 'Aon Sláinte Amháin/One Health', chomh maith le straitéis uailmhianach agus uileghabhálach a fhorbairt.

Tá na grúpálacha coláiste, Taighde, Nuálaíocht agus Tionchar, agus Oideachas, Oiliúint agus Rannpháirtíocht Dhomhanda, ag leanúint den obair den scoth sna cúig Scoil atá sa ghrúpáil, d'fhoill réimsí sineirge a aithint, chomh maith le réimsí inar féidir dea-chleachtais a roinnt. Forbairt lárnach sa Choláiste i mbliana ab ea Ceapadh an Ollaimh Timothy Lynch mar Leas-Phríomhoide um Ghnóthaí Sláinte, rud a neartóidh níos mó an gaol le Grúpa Ospidéal Oirthear na hÉireann agus le comhpháirtithe cliniciúla sna hEolaíochtaí Sláinte.

Tá na cúig scoil sa Choláiste Sláinte agus Eolaíochtaí Talmhaíochta bródúil as a gclú agus cáil idirnáisiúnta. Le foilsiú an Rangaithe QS um Ábhair Ollscoile Domhanda i mí Feabhra, bhí dea-scéal

i ndán do dhá Scoil dár gcuid go háirithe. Tugadh an 31ú háit d'Altranais in UCD sa rangú ábhar domhanda agus tá Eolaíocht Tréidliachta in UCD sa 24ú háit sa domhan anois. Mar thoradh air sin, is í an Eolaíocht Tréidliachta an t-ábhar is airde ó thaobh rangú de in Éirinn.

Bronnadh go leor dámhachtainí agus gradam ar fud an Choláiste. I Scoil na Talmhaíochta agus na hEolaíochta Bia, bronnadh Gradam EFFoST um Eolaíocht don tSochaí 2017 ar an Ollamh Ronan Gormley. Leis an ngradam sin, aithnítear daoine aonair nó eagraíochtaí ar mhéadaigh a gcuid oibre tuiscint agus meas ar luach eolaíocht agus teicneolaíocht an bhia don tsochaí. Freisin bronn Scoil na Talmhaíochta agus na hEolaíochta Bia dochtúireacht oinigh ar

John O’Loughlin Kennedy as a ról i gcabhrú le daoine a bhí buailte ag tubaiste. Bronnadh an dochtúireacht mar cheiliúradh ar 50 bliain ó chomhbhunaigh sé Concern Worldwide ar aon dul le tionscnamh mór UCD chun aghaidh a thabhairt ar dhúshlán dhomhanda.

I Scoil an Leighis Tréidliachta, toghadh an tOllamh Grace Mulcahy chun Acadamh Ríoga na hÉireann in 2018 mar aitheantas dá ról den scoth san eolaíocht. Toghadh an tOllamh David Brayden, Ollamh le hArdsheachadadh Drugaí i Scoil an Leighis Tréidliachta agus in Institiúid Mhic Con Mí UCD, chun stádas Comhalta ar Chumann Eolaithe Cógaisíochta Mheiriceá (APPS), agus is é an chéad eolaí Éireannach a toghadh chuige. Ghnóthaigh an Dr Alison Reynolds céad Ghradam Nuálaíochta UCD Allergan mar aitheantas don acmhainn nuálach ina taighde chun teiripe nua a fhorbairt do ghalar súile tirime.

I Scoil na Sláinte Poiblí, Fisiteiripe agus na hEolaíochta Spóirt, toghadh an tOllamh Comhlach Brona Fullen mar an chéad Uachtarán eile ar Chónaidhm Péine na hEorpa. Ghnóthaigh an tOllamh Comhlach Mary Codd an gradam Universitas 21 um Fheabhas Teagaisc Idirnáisiúnta.

Ar an 5 Nollaig 2017, bronnadh Céim Oinigh mar Dhochtúir Eolaíochta ar Patricia Rickard-Clarke; ba í sin an chéad chéim a mhol Scoil an Altranais,

// Ghnóthaigh Altranais in UCD an 31ú háit sa rangú ábhar domhanda, agus tá Eolaíocht Tréidliachta in UCD sa 24ú háit sa domhan anois. Mar thoradh air sin is í an Eolaíocht Tréidliachta an t-ábhar a bhfuil an rangú is airde in Éirinn aige //

an Chnáimhseachais agus na gCóras Sláinte in UCD. Tá go leor oibre tábhachtaí déanta ag Patricia ar son leasú reachtaíochta agus ar son bunathrú maidir le cleachtais chúraim sláinte in Éirinn.

Bronnadh Ard-deontas ón gComhairle Eorpach um Thaighde don dara uair le linn a ghairme ar an Ollamh Kenneth Wolfe, Scoil Leighis UCD agus Institiúid Mhic Con Mí UCD, Ollamh le hÉabhlóid Ghéanómaíoch. Is é an chéad taighdeoir riamh é atá lonnaithe in Éirinn agus a fuair dhá cheann de na dámhachtainí maoinithe taighde sin a mbíonn éileamh mór orthu. Tá comhghairdeas ag dul freisin don Dr Jonathan McNulty, a toghadh d’aon guth mar Uachtarán ar Chónaidhm Eorpach na gCumann Radagrafaí. Ghnóthaigh an Dr Tom Wall Comhaltacht Taighde Ainéistéisigh Choláiste Ainéistéisithe na hÉireann dá chur i láthair ar Éifeacht Oibreán Ainéistéiseach ar Shamhail Lucha d’Ailse Cíche, a ghnóthaigh duais Scoláireachta de €25,000 don ghrúpa taighde.

Ó thaobh plé níos leithne de, tá Ollscoil California, Davis (UC Davis), ina comhpháirtí idirnáisiúnta lárnach le haghaidh UCD, agus chomhshínigh an dá hollscoil MT ‘UCD2’ in 2014 chun naisc oideachais, taighde, nuálaíochta agus chultúrtha a fhorbairt. Trí mhaoiniú arna sholáthar ag Zoetis, is féidir linn anois ár n-idirghníomhú le UC Davis a dhoimhniú trí Chomhar Trasatlantach One Health a chruthú. Is í an aidhm atá againn ná comhar atá ar thús cadhnaíochta sa domhan a fhorbairt, agus muid ag soláthar taighde agus oiliúna nuálaí den chéad scoth chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais agus dhúshlán dhomhanda. Bainfimid sin amach trí thaighde, oiliúint agus oideachas comhoibritheach chun réitigh nuálacha a chur ar fáil agus chun bonn eolaíochta a sholáthar do cheapadh beartas sa réimse Aon Sláinte Amháin/One Health. Seolfar an tionscnamh seo i mí na Samhna 2018 le cruinniú in UC Davis, chomh maith le siompóisiam chun Lá Domhanda One Health a cheiliúradh.

I mí Iúil 2018, d’óstáil UCD an 23ú comhdháil bhliantúil de chuid Choláiste Eorpach na n-Eolaíochtaí Spóirt san Ionad Comhdhála, Baile Átha Cliath, agus é ar cheann de na himeachtaí is mó dá leithéid ar fud an domhain. Chuir na huachtaráin áitiúla don chomhdháil, na hOllúna Colin



Taispeántar roinnt scileanna máinliachta um ainmhithe beaga don Ollamh Mark Rogers (Cláráitheoir agus Leas-Uachtarán), don Ollamh Cecily Kelleher agus don Ollamh Michael Doherty ag seoladh Ionad Scileanna Cliniciúla Tréidliachta UCD.

Ar chlé: An tOllamh Giuseppe Di Vito, Ceann Scoile, Sláinte Phoiblí, Fisiteiripe agus Eolaíocht Spóirt, ag labhairt ag searmanas dúnta na 23ú Comhdhála Bliantúla de Choláiste Eolaíocht Spóirt na hEorpa.

Sa lár: Ag ócáid seolta an chlár um Ard-Chleachtóir Altranais bhí (ó chlé): An Dr Maura Dowling, NUIG, an tOllamh Anne-Marie Brady, TCD, Simon Harris TD, an tOllamh Eileen Savage, UCC, agus an tOllamh Gerard Fealy, UCD.

Ar dheis: Íomhánna 'Think Bigger' á n-úsáid ag Coláiste na Talmhaíochta agus na hEolaíochta Bia UCD.



Tá cúig scoil i gColáiste na n-Eolaíochtaí Talmhaíochta agus Sláinte UCD

Scoil na Talmhaíochta agus Eolaíochta Bia

Ceann na Scoile

An tOllamh Alexander Evans

Scoil an Leighis

Ceann na Scoile

An tOllamh Patrick Murray

Scoil an Altranais, an Chnáimhseachais agus na gCóras Sláinte

Ceann na Scoile

An tOllamh Gerald Fealy

Scoil na Sláinte Poiblí, Fisiteiripe agus na hEolaíochta Spóirt

Ceann na Scoile

An tOllamh Giuseppe De Vito

Scoil an Leighis Tréidliachta

Ceann na Scoile

An tOllamh Michael Doherty

Ó Mheán Fómhair 2017 ar aghaidh

Boreham agus Giuseppe de Vito ó Scoil na Sláinte Poiblí, Fisiteiripe agus na hEolaíochta Spóirt, fáilte roimh 3,000 toscaire ó 71 tír chun fáil amach faoi na forbairtí is deireanaí sna réimsí aclaíocht agus sláinte, feidhmíocht spóirt agus teicneolaíocht spóirt. D'oscail an tOllamh Joe Carthy an chomhdháil, a ndearna Ollscoil Uladh comhóstáil uirthi, agus mar chuid di, reáchtáladh fáiltiú do thoscairí in Ionad Uí Bhriain UCD, chomh maith le rith spraoi maidine timpeall an champais. Thug líon mór foirne teagaisc, foirne ginearálta agus mac léinn, chomh maith le Fáilte Éireann agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann, tacaíocht don imeacht sin.

Ghlac othair in Ospidéal na hOllscoile Naomh Uinseann, a bhfuil Fiobrós Chisteach (CF) orthu, páirt i dtríail chliniciúil thrasach chéim 3, ar thríail dhall dhúbailte rialaithe ag placebo a bhí inti, chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht Ivacaftor ina aonar agus i dteannta le Tezacaftor, rialaitheoir um sheoltas tras-scannáin sa CF. Sa staidéar, a foilsíodh sa New England Journal of Medicine, scrúdaíodh cohórt othar a bhfuil CF agus sóchán sonrach acu. Creideann an tOllamh Edward McKone, comhairleoir sa mhíochaine riospráide agus Ollamh Cliniciúil i Scoil Leighis UCD, go méadóidh na teiripí meascáin sin líon na n-othar a bheidh in ann leas a bhaint as teiripí ceimiceáin ghníomhaigh.

Sa Choláiste Sláinte agus Eolaíochtaí Talmhaíochta, bímid i gcónaí ag forbairt ár gcuid clár. I dteannta leis an Scoil Talmhaíochta, Bia agus Mara, sheol an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Michael Creed TD an clár nua Baitsiléara san Eolaíocht Talmhaíochta UCD, dar teideal Gnó Bia le Staidéar Síinise. Léiríonn an clár Gnó Bia le Staidéar Síinise tírdhreach athraithe an mhargaidh agus is é aidhm an chlár ná na scileanna

agus an tallann ábhartha a mhúineadh do chéimithe atá ag teastáil go géar i dtionscal bia na hÉireann. Mar gheall ar Brexit agus an éiginnteacht a bhaineann le margadh an RA, tá tábhacht straitéiseach rithábachtach do thionscal bia na hÉireann agus don gheilleagar foriomlán ag baint le méadú onnmhairí chuig margaidh nua. Leis an gclár seo, tógtar le chéile an saineolas seanbhunaithe i Scoil na Talmhaíochta agus na hEolaíochta Bia UCD agus in Institiúid don Léann Síneach UCD.


Chuaigh Scoil an Altranais, an Chnáimhseachais agus na gCóras Sláinte UCD isteach i socrú cuibhreannais le UCC, TCD agus NUIG chun MSc náisiúnta nua san Ard-Chleachtas a fhorbairt thar ceann an Roinn Sláinte. Sheol an tAire Sláinte, Simon Harris TD an clár ag imeacht a d'óstáil an Scoil i mí na Samhna 2017. Ghabh an tAire Harris buíochas leis na comhpháirtithe cuibhreannais as oibriú leis na seirbhísí sláinte chun clár a fhorbairt atá dírithe ar ardchleachtóirí a ullmhú chun a bheith chun tosaigh i mbunathrú na seirbhísí sláinte agus chun tacú leis.

Bliain shuntasach ab ea an bhliain seo don Choláiste agus táim cinnte go mbeidh an bhliain seo chugainn mar an gcéanna agus muid ag díriú a thuilleadh ar straitéisí.

An tOllamh Cecily Kelleher
Príomhoide an Choláiste



6,804 Líon iomlán na mac léinn in Éirinn




4,934
Mac Léinn
Fochéime (FTE)

1,870
Mac Léinn
Iarchéime (FTE)

 = (timpeall)
100 duine

1,026 Foireann Iomlán (FTE)



€36.02m 
de Dhámhachtainí Taighde



Ghnóthaigh Prolego Scientific, fiontar nuabhunaithe, Gradam UCD do Ghnólacht Nuathionscanta na Bliana agus duais €20,000 tar éis dó a bheith ainmnithe mar bhuaiteoir foriomlán an Chláir UCD VentureLaunch Accelerator. Sa phictiúr tá bunaitheoirí Prolego Scientific, gnólacht nuathionscanta de chuid Scoil na Matamaitice agus na Staitisticí UCD, an tOllamh Comhlach Andrew Parnell, an Dr Belinda Hernández agus an Dr Mahdi Aminam.



An tOllamh Joe Carthy
**Príomhoide an Choláiste/
Déan na hEolaíochta**

Déanaí Comhlacha

Déan Comhlach na hEolaíochta
Ollamh Comhlach Evelyn Doyle

Déan Comhlach um Staidéar
Idirnáisiúnta (Meiriceá Thuaidh)
An Dr Jennifer Mitchell

An Déan Comhlach um Leathnú
Rannpháirtíochta
An tOllamh Comhlach John O'Connor

Leas-Príomhoide Idirnáisiúnta
An tOllamh Jeremy Simpson

Coláiste na hEolaíochta

Tá áthas orm a thuairisciú gur éirigh go geal le Coláiste na hEolaíochta UCD sa bhliain acadúil 2017/18. Le linn na tréimhse sin mhéadaíomar ár gcuid gníomhaíochtaí oideachasúla, tharraingíomar maoiniú mór sa taighde agus leanamar den phlé le comhpháirtithe agus leis an bpobal.

Thugamar sraith nua de cheardlanna Idirbhliana isteach i mí Feabhra 2018 agus d'fhreastail 154 dalta as 76 scoil ar fud 16 chontae ar na seisiúin phraiticiúla sin i réimsí lena n-áirítear ceimic, domhaneolaíocht, réalteolaíocht & spás-eolaíocht, bitheolaíocht plandaí, matamaitic agus micribhitheolaíocht. Chuimsigh an clár freisin ceardlann ar ghairmeacha bunaithe ar STEM, chun béim a leagan ar na deiseanna i raon disciplíní na heolaíochta agus chun cabhrú le daltaí tús a chur leis an bpróiseas maidir le céimeanna a chur in oiriúint do dheiseanna poist.

Ba é príomhchúrsa UCD, Science DN200, fós an cúrsa eolaíochta comhiontrála is iomaíche sa tír, agus is é an cúrsa sin fós a thairgeann an raon is éagsúla d'ábhair. Ina theannta sin, is iad Ríomheolaíocht DN201 agus Staidéar Achtúireach agus Airgeadais DN230 na cúrsaí is iomaíche fós ina gcuid réimsí faoi seach. Ar an iomlán, tá an clár eolaíochta ag leanúint de rannpháirtíocht a leathnú,

agus tá 20% dá mhic léinn ag teacht isteach trí HEAR, DARE, FET/QQI nó mar mhic léinn aibí. Bliain an-rathúil ab ea í freisin maidir le líon na mac léinn idirnáisiúnta AE a mhéadú, agus tharla méaduithe suntasacha ag an leibhéal cúrsaí múinte do chéimithe agus d'fhochéimithe araon.

Taighde agus Tionchar

Bliain an-rathúil ab ea í arís maidir leis an maoiniú a baineadh amach agus an tionchar eolaíochta, d'ainneoin na ndeacrachtaí leanúnacha i dtírdhreach an mhaoinithe náisiúnta. Bímid i gcónaí ag cur lenár mboinn taighde thábhachtaigh den scoth agus ag freagairt do dhúshláin a bhfuil suntas domhanda ag baint leo. Rud a bhí ábhartha ach go háirithe i dtaca leis sin ná Fondúireacht Bithghéilleagair Éireann (BEACON), agus í faoi stiúir an Ollaimh Kevin O'Connor, Scoil na hEolaíochta Bithmhóilíní agus Bithleighe, agus fuair a chomhghleacaithe

maoiniú de €4.6 milliún chun Áis nua Nuálaíochta agus Píolótaithe don Bhithghilleagar a fhorbairt i Lisín, Co. Thiobraid Árann. Freisin táimid ag glacadh ról gníomhach san idirphlé náisiúnta le haghaidh dheardh agus ábhar Horizon Europe, agus chun é sin a éascú, ar an 4 Bealtaine 2018, d'eagraigh an Coláiste cruinniú eolais leathlae: *Na Spriocanna um Forbairt Inbhuanaithe*, na hOllscoileanna agus FP9, agus ár gcainteoir ná an tOllamh Paul Walsh, Cathaoirleach an Léinn Forbartha Náisiúnta i Scoil na Polaitíochta agus na nGnóthaí Idirnáisiúnta UCD, agus Comhairleoir Sinsearach don Lónra na NA um Réitigh Forbartha Inbhuanaithe.

Éacht mór eile i mbliana ab ea seoladh tionscadail taighde chomhoibrithigh ar luach €4 mhilliún ar an intleacht shaorga (IS) i gcomhar le Samsung Electronics Co Ltd ag an Ionad Insight um Anailísíocht Sonraí. Is iad an tOllamh Barry Smyth, an Dr Aonghus Lawlor agus an tOllamh Comhlach Neil Hurley a stiúrfaidh an tionscadal taighde 3 bliana, a mbeidh foireann de níos mó ná 25 taighdeoir agus ball foirne ardoilte ó Samsung agus UCD rannpháirteach ann, agus bunófar 12 phost taighde nua in UCD mar thoradh air.

Tá an-áthas orm freisin a thuairisciú gur fógraíodh an geolaí eacnamaíoch ceannródaíoch, an tOllamh Murray Hitzman, mar Ollamh Taighde SFI in UCD agus mar stiúrthóir nua iCRAG, Ionad Taighde na hÉireann um Geo-Eolaíocht Fheidhmeach, atá lonnaithe sa Choláiste Eolaíochta. Beidh an

tOllamh Hitzman i gceannas ar chlár ollúnachta taighde nua €4.7 milliún i Scoil na nDomhaneolaíochtaí, agus tacú á fáil aige ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann. Fostóidh an clár 16 taighdeoir i gcaitheamh cúig bliana, agus tá sé dírithe ar staidéar a dhéanamh ar ngeolaíocht, an gheoicimic agus an síniú geofisiceach taisc mianra i miancheantar since agus luaidhe na hÉireann agus i gcórais mhiannra eile ar fud na hEorpa agus na hAfraice.

Ar chlé: An tAire Mary Mitchell O'Connor TD agus an Leas-Uachtarán Taighde, Nuálaíochta agus Tionchar an tOllamh Orla Feely le plaic a dhéanann céad bliain a chomóradh ó rugadh an tOllamh Sheila Tinney. Ba í an tOllamh Tinney an chéad bhean Éireannach ar bronnadh PhD sa mhataimic uirthi, agus bhí sí ar dhuine de na chéad bhall mná den RIA, bhí sí ina comhalta ar DIAS agus ina léachtóir in UCD. Sa phictiúr freisin tá (ó chlé) Hugh Tinney, an Dr Isabella Gollini, Dr Sandra Collins (Stiúrthóir na Leabharlainne Náisiúnta), Etna Tinney, an Dr Aibhinn Ní Shúilleabháin agus an tOllamh Brendan Murphy Ceann Scoil na Matamaitice agus na Staitisticí UCD).

Bronnadh maoiniú taighde de níos mó ná €1.4 milliún trí Chlár Dámhachtainí Fhondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI) um Fhorbairt Gairme ar bheirt as Dámh na hEolaíochta, an tOllamh Comhlach Sheila McBreen agus an tOllamh Brian Rodriguez, beirt atá lonnaithe i Scoil na Fíisce, UCD. Chuir an tAire Stáit um Oiliúint, Scileanna agus Nuálaíocht, John Halligan TD, a d'fhógair an maoiniú, síos ar na dámhachtaithe "mar cheannairí taighde agus nuálaíochta na toadhchá in Éirinn".

Tá áthas orm freisin a fhógairt gur bronnadh na chéad deontais teorainn de chuid na Comhairle um Thaighde in Éirinn ar bheirt comhghleacaithe i gColáiste na hEolaíochta. Is é atá ann ná maoiniú chun tacú le taighde "dána" a "sháraíonn teorainneacha", agus bronnadh é ar dheichniúr scoláirí in UCD. I gColáiste na hEolaíochta, ghnóthaigh an tOllamh Emma Teeling, Scoil na Bitheolaíochta agus na hEolaíochta Comhshaoil, Gradam Laureate Comhdhlúiteora le haghaidh *AGE IMMUNE: Forbairt agus bonn móilíneach an aosaithe eisceachtúil agus na himdhíonachta eisceachtúla in ainmhithe*. Bronnadh an Gradam Laureate Tosaigh ar an Dr Colm Ryan, Scoil na Ríomheolaíochta, UCD as *Ról an mhaolánú paralog i ndaingne siadá*.

Léirítear rath ár dtaighde freisin i bhforbairt leanúnach cuideachtaí atá lonnaithe ar an gcampas, agus ATXA Therapeutics, a bhunaigh an tOllamh Therese Kinsella, Scoil na hEolaíochta Bithmhóilíní agus an Bhithleigheis, ata ag fáil mhaoiniú Horizon 2020 do FBManna ar luach c2.5 milliún.

Sheol an tOllamh Kevin O'Connor, Scoil na hEolaíochta Bithmhóilíní agus an Bhithleigheis, UCD, Nova Mentis, fochuideachta den mhac-chuideachta NovaUCD, Bioplastech. Is é réimse saineolais Nova Mentis ná táirgeadh hidrocraiteasóil nádúrtha íon, ar fithchoaideoir cumhachtach é le húsáid sna hearnálacha bia, nútraiceodacha, cosmaideacha agus cógaisíochta.

Ar dheis: D'fhreastail níos mó ná 150 duine ón réimse acadúil agus tionscail ar 16ú Siompóisiam Bliantúil CSCB 'Recent Advances in Synthesis and Chemical Biology', a reáchtáladh in UCD i mí na Nollag. Thug cúigear eolaithe a bhfuil clú agus cáil orthu go hidirnáisiúnta, na hOllúna Martin Smith (Ollscoil Oxford), Steve Davies, (Ollscoil Oxford), Alison Hulme (Ollscoil Dhún Éideann), Don Hilvert (ETH Zurich), agus Larry Que (Ollscoil Minnesota), léachtaí iomlánacha uathu ar raon leathan ábhar maidir leis an gceimic shintéiseach agus an bhitheolaíocht cheimiceach. Sa phictiúr tá: An tOllamh Martin Smith, An tOllamh Steve Davies, an tOllamh Alison Hulme, an tOllamh Pat Guiry (Stiúrthóir, CSCB), An tOllamh Don Hilvert, agus an tOllamh Larry Que.



Leas-Phríomhoide um Thaighde agus Nuálaíocht

An tOllamh Fiona Doohan

An Leas-Phríomhoide um Theagasc agus Foghlaim

An tOllamh Comhlach Carmel Hensey

Stiúrthóir Scoil na gCéimithe

An tOllamh Comhlach Emma Sokell

Tá seacht scoil i gColáiste na hEolaíochta

Scoil na Bitheolaíochta agus na hEolaíochta Comhshaoil

Ceann na Scoile

An tOllamh Jeremy Simpson

Scoil na hEolaíochta Bithmhóilíní agus an Bhithleighe

Ceann na Scoile

An tOllamh Wim Meijer

Scoil na Ceimice

Ceann na Scoile

An tOllamh Gareth Redmond

Scoil na Ríomheolaíochta

Ceann na Scoile

An tOllamh Pádraig Cunningham

Scoil na nDomhaneolaíochtaí

Ceann na Scoile

An tOllamh Frank McDermott

Scoil na Matamaitice agus na Staitisticí

Ceann na Scoile

An tOllamh Brendan Murphy

Scoil na Fisice

Ceann na Scoile

An tOllamh Martin Grunewald

Ó Mheán Fómhair 2017 ar aghaidh

D'éirigh lenár gcomhghleacaithe i Scoil na Matamaitice agus na Staitisticí maoiniú a ghnóthú ón SFI faoin Chlár Discover SFI do *Maths Sparks: Ceardlanna Fadhbhreitheigh*. Is é atá i gceist ná sraith de cheardlanna matamaitice do dhaltai iar-bhunscoile sinsearach (Idirbhliain agus Sú bliain) ó scoileanna DEIS, a dhéanfaidh mic léinn fhochéime STEM a dhearadh agus a chur i láthair. Is í an Dr Aoibhinn ní Shuilleabháin a stiúran an clár seo.

Tá áthas orm freisin a fhógairt gur críochnaíodh go rathúil céim a haon den chlár EIRSAT-1 (Satailít Taighde Oideachasúil Éireann 1) mar go bhfuil an t-athbhreithniú deartha de chuid Ghníomhaireacht Spáis na hEorpa déanta aige. Is é atá i EIRSAT-1 ná tionscnamh faoi stiúir mac léinn chun an chéad satailít in Éirinn a dhearadh, a thógáil agus a oibriú, agus é faoi mhaoriseacht an Ollaimh Lorraine Hanlon agus an Ollaimh Chomhlaigh Sheila McBreen, Scoil na Fisice UCD.

Ba mhaith liom comhghairdeas a dhéanamh le foireann teagaisc an Choláiste as a gcuid éachtaí móra maidir le maoiniú.

Buaicphointí na nDámhachtainí Taighde

- Bhronn Acadamh Ríoga na hÉireann Bonn Óir ar an Ollamh John Walsh, Scoil na nDomhaneolaíochtaí UCD, le haghaidh na nEolaíochtaí Comhshaoil agus na nGeo-eolaíochtaí as a ról den scoth sa gheolaíocht.
- Bhronn Acadamh Ríoga an Leighis in Éirinn onóir ar an Ollamh William Gallagher, Scoil na hEolaíochta Bithmhóilíní agus an Bhithleighe UCD, agus Stiúrthóir Ionad Taighde Chomhoibrithe Chumann Ailse na hÉireann, BREAST-PREDICT, nuair a ghnóthaigh sé trí dhámhachtain as a chuid páipéar taighde sna catagóirí Oinceolaíocht, Deirmeolaíocht agus na hEolaíochtaí Bithleighe.
- Bhronn Fondúireacht Ollscoile Éireann Cheanada (ICUF) an Ollúnacht Chuairte mheasúil James M. Flaherty 2018, ar an Ollamh Comhlach Robert Osburn, Scoil na Matamaitice agus na Staitisticí.
- Bronnadh Dámhachtain Nuálaíochta sa Taighde SAM-Éireann 2018 d'Institiúid Ardoideachais nó Ionad Taighde Éireannach le cuideachta SAM ar an Dr Andrew Hines, UCD, as forbairt ViSQOL, ardán bogearraí chun cáilíocht fhuaimne a mheasúnú ar líne trí 'fhéachaint' ar fhuaimneanna.
- Toghadh an tOllamh Stephen Gardiner ó Scoil na Matamaitice agus na Staitisticí mar Chisteoir ar Acadamh Ríoga na hÉireann i mí an Mhárta 2018.

Teagasc agus Foghlaim

Tá líon níos mó foirne teagaisc i gColáiste na hEolaíochta ag gabháil do chlár ghairmiúla i dteagasc agus i bhfoghlaim ollscoile, a thugann deiseanna dóibh athbhreithniú a dhéanamh ar a gcuid

scileanna teagaisc agus a dtuiscint ar chuir chuige agus teoiricí an ardoideachais éifeachtaigh, agus iad a fheabhsú. Bronnadh raon cáilíochtaí ar an bhfoireann teagaisc i mbliana; ghnóthaigh seachtar díobh an Dioplóma Gairmiúil, ghnóthaigh cúigear an Teastas Gairmiúil agus ghnóthaigh seisear an Teastas um Forbairt Ghairmiúil Leanúnach. Ardaíonn sé sin go dtí 53 líon foirne teagaisc Eolaíochta ar bronnadh dámhachtainí den sórt sin orthu le trí bliana anuas, agus cuireann sin go mór le líon na foirne atá cáilithe sa teagasc agus san fhoghlaim inár seacht scoil.

Ar aon dul le Straitéis Forbartha Gairme agus Infhostaitheachta UCD thugamar roinnt modúl nua isteach chun tréithe infhostaitheachta agus scileanna inaistrithe a fhorbairt inár gcuid mac léinn. Áirítear leo siúd socrúcháin ghairmiúla agus intéirneachtaí arna dtairiscint trí mhodúil amhail Tionscadal Taighde sa Tionscal Bithmhóilíneach (BMOL40200), Intéirneacht i dTionscal na hEolaíochta Sonraí (COMP30790), Socrúcháin Gairme-Eolaíocht (SCI30080) agus Socrúcháin Oibre Geo-eolaíocht (GEOL30360).

Reachtáladh comhdháil náisiúnta na mBan sa Mhatamaitic in Éirinn in UCD. D'oscail an tAire Mary Mitchell O'Connor TD an chomhdháil le ceiliúradh ar an Ollamh Sheila Tinney, agus nochtfar plaic i gColáiste na hEolaíochta chun céad bliain a chomóradh ó rugadh í.

Comhpháirteachas Domhanda


Bhí bliain an-ghnóthach ag an gColáiste ó taobh a chuid gníomhaíochtaí Plé Dhomhanda de. Chomh maith le fáilte a chur roimh thoscaireachtaí ó go leor príomh-ollscoileanna comhpháirtí ó mhór-roinn na hEorpa, ón tSín, ó réigiún na hÁise agus an Aigéin Chiúin agus ó SAM, bhí foireann teagaisc Choláiste na hEolaíochta an-ghníomhach ar fud an domhain agus iad ag ardú feasachta faoi gníomhaíochtaí taighde an Choláiste féin. Díol suntais i mbliana ab ea go ndearnadh níos mó ná 30 cuairt faoi stiúir na foirne teagaisc ar mheánscoileanna sa tSín, sa Téalainn, sa Mhalaeisia, san India, in Dubai agus i SAM. Mar chuid de na cuairteanna sin go léir, tugadh léachtaí gairide, agus é mar aidhm daltaí a spreagadh chun smaoineamh faoi ghairm san eolaíocht agus a bheith mar an gcéad ghlúin a réiteoidh fadhbanna móra an domhain. Ní raibh riamh an oiread sin mac léinn as náisiúntachtaí éagsúla ag tabhairt faoi chlár san eolaíocht agus atá anois, agus tá breis is 800 mac léinn as 70 tír cláraithe dár gcuid clár faoi láthair.

Joe Carthy


An tOllamh Joe Carthy

Príomhoide an Choláiste/Déan na hEolaíochta

4,773 Líon iomlán na mac léinn in Éirinn



560 Foireann Iomlán (FTE)



3,054
Mac Léinn Fochéime (FTE)

1,719
Mac Léinn Iarchéime (FTE)

€37.6m 
de Dhámhachtainí Taighde

480 Líon na mac léinn thar lear (Fochéimí FTE)



 = (timpeall)
100 duine

Íomhánna 'Think Bigger'
á n-úsáid ag Coláiste na hEolaíochta UCD.





Ag an gcéad searmanas Gradam d'Fhealsúnaithe Óga na hÉireann i Halla Uí Raghallaigh tá, (ó chlé) an Dr Áine Mahon, Scoil Oideachais UCD, Mrs Sabina Higgins, an tOllamh Rowland Stout, Scoil Fealsúnachta UCD, an tUachtarán Michael D Higgins, an tOllamh Sally Haslanger, Institiúid Teicneolaíochta Massachusetts, an tOllamh Mark Rogers, Cláráitheoir agus Leas-Uachtarán UCD, an Dr Danielle Petherbridge, Scoil Fealsúnachta UCD agus an tOllamh Colin Scott.



An tOllamh Colin Scott
Príomhoide an Choláiste
/Déan na hEolaíochta
Sóisialta

Déan Comhlach na nEolaíochtaí
Sóisialta

An tOllamh Comhlach Sara O'Sullivan

An Leas-Príomhoide um Thaighde,
Nuálaíocht agus Tionchar

An tOllamh Alun Jones

An Leas-Phríomhoide um Theagasc
agus Foghlaim

An tOllamh Eilis Hennessy

An Leas-Phríomhoide um
Rannpháirtíocht Dhomhanda

An Dr Richard Collins

Coláiste na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Dlí

Bhí bliain an-rathúil ag Coláiste na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Dlí, UCD i rith 2017/18. Seoladh an clár céime nua ceithre bliana sna hEolaíochtaí Sóisialta, mhéadaíomar ár gcuid gníomhaíochtaí oideachasúla ar bhonn níos ginearálta, tharraingíomar maoiniú mór sa taighde agus leanamar dár bplé le comhpháirtithe agus leis an bpobal.

Tugadh aitheantas idirnáisiúnta don Choláiste, agus rinneadh Seandálaíocht, Tíreolaíocht, Dlí, Staidéar Forbartha, Polasaí Sóisialta agus Riarachán, agus Fealsúnacht in UCD a liostáil sa Rangú Ollscoile Domhanda QS i measc na 100 is fearr ar domhan.

Tá an Coláiste ag leanúint den obair chun feabhas a chur ar an tacaíocht a thugann sé dá chuid scoileanna ar baill iad, maidir le forbairt agus comhlíonadh a gcuid mianta. Gné lárnach de sin ná bearta chun foireann teagaisc dáimhe acadúil a earcú, a choimeád agus tacú leo. Seoladh clár forbartha píolótach nua d'ollúna cúnta nuacheaptha ag tús mhí Bhealtaine i dteannta le Coláiste na hEolaíochta. Dearadh é ar aon dul leis na beartais agus próisis foirmiúla agus neamhfhoirmiúla reatha,

agus bhí meantóireacht mar ghné ríthábhachtach den chlár.

Oideachas agus Eispéireas na Mac Léinn

Bhí atheagrú mór ar an oideachas fochéime sna hEolaíochtaí Sóisialta in UCD, faoi stiúir an Déan Chomhlaigh, an tOllamh Comhlach Sara O'Sullivan, agus mar thoradh air sin, seoladh an príomhchlár nua sna hEolaíochtaí Sóisialta, a raibh meascáin nua i struchtúr ceithre bliana á dtairiscint aige, agus iad dírithe ar fhoghlaim bunaithe ar thorthaí, le béim láidir ar fhoghlaim eispéireasach agus deiseanna taighde níos fearr. Bhí plé fairsing ag foireann an

Choláiste agus na Scoileanna le pobal na n-iaratasóirí féideartha chun iad a chur ar an eolas faoi na deiseanna nua atá ann mar thoradh ar na hathruithe, agus d'fhreastail níos mó ná 2,700 mac léinn ar chuir i láthair faoin gclár nua le linn imeachtaí UCD agus cuairteanna ar scoileanna agus choláistí breisoideachais. Freisin rinneadh athruithe móra i mbliana ar Bhord Chlár na n-Eolaíochtaí Sóisialta agus leathnaíodh é chun na cláir mhóra shingile a chuimsiú san eacnamaíocht agus sa tsíceolaíocht agus an Rochtain athchóirithe ar na hEalaíona, na Daonnachtaí, na hEolaíochtaí Sóisialta agus an Diplóma Dlí Leibhéal 6. Chun tacú leis an dá fhorbairt mhór sin, seoladh Oifig nua Eolaíochtaí Sóisialta agus láithreán gréasáin nua i mí Iúil 2018 chun tacú le mic léinn a bheidh ag tabhairt foinár gcuid clár. Seoladh roinnt tionscnamh tábhachtach nua atá dírithe ar mheantóireacht acadúil a thabhairt isteach do gach mac léinn atá i mbun an chlár BSc sna hEolaíochtaí Sóisialta agus chun comhairle acadúil leanúnach a chur orthu le linn a gcláir fhochéime. Mar ghníomh ar leithligh, bunaíodh an meitheal oibre 'mic léinn mar chomhpháirtithe', agus an tOllamh Comhlach Niamh Moore (Scoil na Tíreolaíochta) mar chathaoirleach air. Is é príomhspríoc an tionscnaimh sin ná aghaidh a thabhairt ar shaincheistanna tábhachtacha faoi phlé le mic léinn agus faoi fhéiniúlacht. Faoi cheannaireacht chathaoirleach an Choiste um Leathnú Rannpháirtíochta, an tOllamh Comhlach Aileen Quilty (Scoil an Pholasaí Shóisialta, na hOibre Sóisialta agus na Córa Sóisialta UCD), rinneadh dul chun cinn mór maidir le bealaí rannpháirtíochta i gcláir Eolaíochtaí Sóisialta a leathnú. Reáchtáladh an chéad lá oscailte FET/QQI sa Choláiste i mí Eanáir chun ár gcuid bealaí isteach feabhsaithe FET/QQI i gcláir a chur chun cinn. Freisin rinneadh athruithe tábhachtacha ar ár gcuid bealaí iontrála do mhic léinn aibí.

Ag Tacú le Teagasc agus Foghlaim

I rith na bliana, sholáthair an Leas-Phríomhoide um Theagasc agus Foghlaim, an tOllamh Eilis Hennessy, ceannaireacht tábhachtach maidir lenár dtimpeallacht teagaisc agus foghlama a leathnú i bhfianaise clár fochéime nua agus ar bhealaí níos leithne, agus chinntigh sí san am céanna go mbeadh deiseanna láidre forbartha ann, chomh maith le haithint éachtaí. Maidir le Scoil Iarchéime an Choláiste, bhí an Leas-Phríomhoide don Léann Iarchéime, an tOllamh Enda Murphy, i gceannas ar an timpeallacht rialála agus rialachais a fheabhsú don léann iarchéime, agus

Ar chlé: Faighteoirí dheontais IRC agus ERC ó Choláiste na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Dlí: (ó chlé): An tOll Colin Scott, An tOll Comhlach Dragos-Gheorghe Calma, An tOll Cúnta Jessica Smyth, An tOll Cúnta Dawn Walsh, An tOll Comhlach Samuel Brazys agus an tOll Comhlach Barry Molloy.



freisin ar roinnt gnéithe móra nuálaíochta agus feabhais do chlár, lenár áiríodh clár nua a fhaomhadh sa Riarachán Poiblí sa Chleachtas Forbartha agus sa Déimeagrafaíocht, tráth a bhfuilimid ag earcú líon níos mó mac léinn iarchéime bliain i ndiaidh bliana.

I rith na bliana acadúla 2017/18, d'fhorbair an Coláiste samhail tacaíochta do theagascóirí agus léiritheoirí chun aitheantas a thabhairt do thábhacht a róil teagaisc ina gcuid scoileanna faoi seach agus chun ligean dóibh a oiread leasa agus is féidir a bhaint as an taithí atá faighte acu sa ról sin. Ba é a bhí i gceist leis sin ná comhar le Teagasc agus Foghlaim UCD agus leis an lonad um Forbairt Ghairme chun feabhas a chinntiú maidir le cáilíocht an teagaisc atá á chur ar fáil ag teagascóirí agus léiritheoirí. I dteannta le Coláiste na nEalaíon agus na nDaonnachtaí, d'éagraigh an Coláiste imeachtaí teagaisc agus foghlama ag am lóin chun piarthacaíocht do ghníomhaíochtaí teagaisc a spreagadh. I mbliana cuireadh béim ar thaighde a chomhtháthú sa churaclam agus ar chuir chuige nuálacha i leith measúnaithe.

Taighde, Nuálaíocht agus Tionchar

Tá éirithe go han-mhaith le taighde i gColáiste na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Dlí UCD le bliain anuas, agus tháinig méadú mór ar ghníomhaíocht agus ar fhoilsiú. Cláraíodh níos mó ná €10 milliún de dheontais nua in 2017/18, méadú ar luach de níos mó ná 70% i gcomparáid leis an mbliain roimhe. Ghnóthaigh taighdeoirí dámhachtainí maoinithe mór le rá, d'óstáil siad cainteoirí spreagúla ag seimíneáir agus comhdhála, agus bhain siad tionchar taighde fiúntach amach trí fhoilsiú agus phlé i ndáil lena gcuid taighde. Táim fíorbhuíoch don Leas-Phríomhoide um Thaighde, Nuálaíocht agus Tionchar atá ag éirí as, an tOllamh Alun Jones a d'fheabhsaigh go mór spriocdhíríú tacaí airgeadais agus eile don taighde, ó thionscadail bheaga tábhachtacha go maoiniú a lorg do thionscadail níos mó.

Léiríonn deontais mhóra ó Chomhairle na hÉireann um Thaighde agus ón gComhairle Eorpach um Thaighde uailmhian thaighdeoirí an Choláiste. An líon iontach mór deontas taighde a baineadh amach, is léiriú agus aitheantas araon é sin ar ardchaighdeán thaighdeoirí an Choláiste. I measc na bpríomhdhámhachainí bhí: An tOllamh Comhlach Jessica Smyth, Scoil na Seandálaíochta UCD, Gradam Laureate Comhdhlúiteora Chomhairle na hÉireann um Thaighde le haghaidh *'Passage Tomb People: investigating the*

Ar dheis: An tOll Colin Scott ag bronnadh Gradam Eolaíochtaí Sóisialta UCD ag Taispeántas Eolaithe Óga agus Teicneolaíochta BT 2018 ar Susie Gill, Sarah Kelly agus Adrianne Ward ó Choláiste Loreto, Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath 2 dá dtionscadal dar teideal 'Let Science Influence the Voting Age' sa Chatagóir Eolaíochtaí Sóisialta agus Iompraíochta.



Stiúrthóir Scoil na gCéimithe agus Leas-Phríomhoide don Léann Iarchéime

An tOllamh Enda Murphy

Tá 11 scoil i gColáiste na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Dlí

Scoil na Seandálaíochta UCD

Ceann na Scoile

An tOllamh Graeme Warren

Scoil na hEacnamaíochta UCD

Ceann na Scoile

An tOllamh Karl Whelan

Scoil an Oideachais UCD

Ceann na Scoile

An tOllamh Dymrna Devine

Scoil na Tíreolaíochta UCD

Ceann na Scoile

An tOllamh Comhlach Gerald Mills

Scoil an Léinn Eolais agus Cumarsáide UCD

Ceann na Scoile

An tOllamh Kalpana Shankar

Scoil an Dlí UCD

Ceann na Scoile

An tOllamh Imelda Maher

Scoil na Fealsúnachta UCD

Ceann na Scoile

An tOllamh Maria Baghramian

Scoil na Polaitíochta agus Gnóthaí Idirnáisiúnta UCD

Ceann na Scoile

An tOllamh David Farrell

Scoil na Síceolaíochta UCD

Ceann na Scoile

An tOllamh Alan Carr

Scoil an Pholasáí Shóisialta, na hOibre Sóisialta agus na Córa Sóisialta UCD

Ceann na Scoile

An tOllamh Michelle Norris

Scoil na Socheolaíochta UCD

Ceann na Scoile

An tOllamh Comhlach Iarfhlaith Watson

social drivers of passage tomb construction'; Fuair beirt thaighdeoirí ó Scoil na Polaitíochta agus Gnóthaí Idirnáisiúnta UCD an Gradam Laureate Tosaigh ó Chomhairle na hÉireann um Thaighde, an tOllamh Cúnta Dawn Walsh, le haghaidh *'Independent commissions and power-sharing in post-conflict societies'* agus an tOllamh Comhlach Samuel Brazys le haghaidh *Trade-related Assistance for Development. Evidence from Micro-Level Evaluations*; An tOllamh Comhlach Barry Molloy, Scoil na Seandálaíochta UCD, Deontas Comhdhlúiteora Chomhairle Taighde na hEorpa, ó Chlár Horizon 2020 an Choimisiúin Eorpaigh le haghaidh an tionscadail: *'The Fall of 1200BC: The role of migration and conflict in social crises at end of the Bronze Age in South-eastern Europe'* (THE FALL).

Tháinig an tOllamh Comhlach Dragos Calma chuig Scoil na Fealsúnachta UCD ó Choláiste Clare, Cambridge agus Deontas Tosaigh measúil aige ó Chomhairle Taighde na hEorpa (ERC) ar luach €1,992,643 (2018-2023) don tionscadal ar *Nua-Phlatónachas agus traidisiúin Abrahámacha*. Ligfidh an deontas don Dr Calma agus dá fhoireann taighdeoirí in UCD na bealaí a thaispeáint a raibh tionchar ag smaointe a d'eascair ó scoil Phagánach Heilléanach fhealsúnach an Neo-Phlatónachais (go háirithe téacs ón gcúigiú haois le Proclus dar teideal 'Elements of Theology') ar stair na réasúnaíochta sna traidisiúin Abrahámacha (Giúdachas, Críostaíocht agus Ioslam).

Bhí an-áthas orainn gur fhill an fhreagracht as an ngné Éireannach de Shuirbhé Sóisialta na hEorpa (Babhta 9) ar UCD le dámhachtain IRC faoi cheannaireacht an Ollaimh Philip O'Connell, Institiúid Uí Ghadhra UCD um Polasaí Poiblí, i gcomhar leis an Ollamh Cúnta Mathew Creighton, Scoil na Socheolaíochta UCD, An tOllamh Cúnta Micheál Collins, Scoil an Pholasáí Shóisialta, na hOibre Sóisialta agus na Córa Sóisialta UCD agus Susan Butler Uas., Institiúid Uí Ghadhra UCD um Polasaí Poiblí. I measc na ndeontas mór eile a bronnadh sa Choláiste i rith na bliana, bhí dámhachtain mhór ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann le haghaidh tionscadal ar an bPróiseas Piarnheasúnaithe faoi stiúir an Ollaimh Kalpana Shankar, Scoil an Léinn Eolais agus Cumarsáide, UCD.

Fuair an tOllamh Suzanne Kingston, Scoil Dlí Sutherland, UCD, Deontas as Éacht Suntasach faoi Horizon 2020 an Choimisiúin Eorpaigh i gcatagóir Deontais Tosaithe Chomhairle Taighde na hEorpa do thionscadal dar teideal *'The Influence of New Environmental Governance Rules on Environmental Compliance'*.

Reáchtáladh céad chomhdháil bhliantúil an Ionaid um Inscne, Feimineachas agus Ghnéasacht i rith na bliana agus bhí sé go hiontach a fheiceáil go raibh clár chomh tábhachtach ag tabhairt aghaidhe ar shaincheisteanna na córa inscne ina chéad bhliain.

Tá an tIonad faoi stiúir Ursula Barry, Scoil an Pholasáí Shóisialta, na hOibre Sóisialta agus na Córa Sóisialta, agus an Dr Anne Mulhall, Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta UCD, agus is eiseamláir é de chuimsiú raon disciplíní agus scoileanna ar fud UCD.

I réimse an tionchair, tá ról mór ag an lucht acadúil maidir leis na bearta a dhearadh agus a chur i bhfeidhm atá tar éis an tír seo a chur chun tosaigh go hidirnáisiúnta ó thaobh próisis daonlathais mhachnamhaigh a bhunú trí 'mhionphobail'. Tá ról lárnach ag an Ollamh David Farrell ó Scoil na Polaitíochta agus Gnóthaí Idirnáisiúnta UCD sa taighde seo. Ba é an toradh ar an obair seo ná gur bunaíodh an Coinbhinsiún Bunreachtúil agus ansin Tionól na Saoránach, ar thacaigh an dá cheann acu le machnamh an-eolach ar leasú bunreachtúil thar roinnt fóram éagsúil, mar a tharla i gcás an reifrinn ar aisghairm an Bú Leasaithe in 2018. Rath eile maidir le tionchar taighde ná taighde an Dr Niamh Howlin, Scoil an Dlí UCD, ar chuir a cuid oibre maidir le triail Myles Joyce i mí na Samhna 1882 le pardún ón Uachtarán i ndáil le dúnmharuithe Mhám Trasna.

Rannpháirtíocht

Is é an Leas-Phríomhoide, an Dr Richard Collins, atá i gceannas ar rannpháirtíocht dhomhanda sa Choláiste agus mar chuid de thiomantas Scoil an Dlí don rannpháirtíocht idirnáisiúnta, bhí an Dr Collins ina scoláire cuairte in Ionad an Dlí Idirnáisiúnta in Ollscoil Sydney i rith 2017/18.

Is acmhainn thábhachtach i gcónaí ár gcuid céimithe agus bímid i gcónaí ag féachaint le caidrimh bhuana níos doimhne a chothú. I mí an Mhárta, d'óstáil an Coláiste imeacht do Lá Idirnáisiúnta na mBan i dteannta le Caidreamh le Céimithe UCD, agus seoladh físeáin a coimisiúnaíodh go speisialta agus inar taispeánadh tionchar ár gcuid céimithe atá ag obair i raon earnálacha poiblí agus príobháideacha, chomh maith le baill de phobal UCD. Bronnadh onóir ar ár gcuid céimithe ag searmanas Gradam do Chéimithe UCD in 2017, agus bronnadh Gradam Eolaíochtaí Sóisialta do Chéimithe ar Mary Sutton, a chaith cuid mhór dá gairm ag tacú le forbairt dhaonna, agus an Gradam Dlí do Chéimithe ar an dlíodóir do chearta daonna, Caoilfhionn Gallagher QC. Léiríodh an ceangal láidir le céimithe dlí i rith na bliana nuair a d'óstáil Scoil Dlí Sutherland teacht le chéile cinniúnach do ranganna 2007, 1997, 1987 agus 1977, arbh é an teacht le chéile ba mhó é a óstáladh go dtí seo, le níos mó ná 240 céimí i láthair ann.




An tOllamh Colin Scott
Príomhoide an Choláiste/Déan na hEolaíochta Sóisialta



Ar chlé: Ag Léacht VV Giri 2018 i Scoil Dlí Sutherland ar an 23 Bealtaine 2018 tá: (ó chlé) An tOll Colin Scott, Príomhoide an Choláiste; A Soilse Vijay Thakur Singh Uas, Ambasadóir na hIndia; An tOllamh Jyoti Atwal, Ollscoil Jawarharlal Nehru, Deilí Nua; agus an tOllamh Imelda Maher, Déan an Dlí. Ar dheis: Íomhánna 'Think Bigger' á n-úsáid ag Coláiste na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Dlí UCD


5,513 Líon iomlán na mac léinn in Éirinn



136 Líon na Mac Léinn thar lear (Fochéimí FTE)



315 Foireann Iomlán (FTE)



3,267
Mac Léinn Fochéime (FTE)

1,886
Mac Léinn Iarchéime (FTE)

 = (timpeall) 100 duine

€10.66m 
de Dhámhachtainí Taighde



Gradaim Ollscoile

Buaiteoirí Gradam do Chéimithe



Ó chlár: An tOllamh Andrew J Deeks, Caoilfhionn Gallagher, An tOllamh Imelda Maher.

Caoilfhionn Gallagher QC, Gradam Dlí do Chéimithe UCD

Rinneadh Abhcóide de chuid na Banríona in 2017 den dlíodóir um chearta daonna, Caoilfhionn Gallagher, atá lonnaithe i Londain, mar aitheantas dá sáróbair idirnáisiúnta, agus í ag gníomhú ar son iriseoirí agus agóideoirí síochánta atá curtha i gcoimeád gan fáth gan ábhar ar fud an domhain.



Ó chlár: An tOllamh Andrew J Deeks, An Dr Des Rice, An tOllamh Michael Doherty.

An Dr Des Rice OBE, Gradam Talmhaíochta agus Eolaíocht Tréidliachta do Chéimithe UCD

Is tréidlia é an Dr Des Rice arbh é a réimse saineolais ná cothú beostoic. Tar éis 2 bhliana de chleachtadh mar thréidlia in Éirinn, chaith sé 4 bliana ag forbairt Saotharlann Imscrúdaithe Tréidliachta sa tSalvadóir. Ansin dhírigh an Dr Rice ar thaighde ar an gcothú-ghalar i mBéal Feirste ar feadh 10 mbliana, áit ar bhain sé PhD amach.



Ó chl : An tOllamh Andrew J Deeks, An Dr Garret FitzGerald, An tOllamh Orla Feely.

An Dr Garret Fitzgerald, Gradam Taighde, Nu la ochta agus Tionchair do Ch imithe UCD

Is   an Dr Garret FitzGerald Ollamh McNeil le Leigheas agus Teiripic Aistritheach in Ollscoil Pennsylvania i bhFilideilfia,  it a bhfuil s  ina chathaoirleach ar Roinn na C gaseola ochta C ras agus na Teiripice Aistrit , agus ina sti rth ir ar an Institi  id um Leigheas agus Theiripic Aistritheach.



  chl : An tOllamh Andrew J Deeks, An Dr Sheila Willis, An tOllamh Joe Carthy.

An Dr Sheila Willis, Gradam Eola ochta do Ch imithe UCD

D irigh an Dr Willis, a bh  ina hArd-Sti rth oir roimhe sin ar Forensic Science Ireland, ina gairm ar an gcaoi ar f id ir an eola ocht a  s id chun an choireacht a imscr d  agus chun cabhr  maidir le riar an chirt. Bh  s  ina sti rth ir ar an tsaotharlann   2002 go 2016 agus faoina sti ir, t  an eagra ocht tar  is an caighde n idirn isi nta is airde a bhaint amach.



  chl : An tUachtar n Andrew J Deeks, Eamonn Sinnott, An tOllamh Tony Brabazon.

Eamonn Sinnott, Gradam Gn  do Ch imithe UCD

T  Eamonn Sinnott ina Leas-Uachtar n ar an nGr pa Teicneola ochta agus D ant sa ochta in Intel Corporation agus ina Bhainisteoir Ginear lta ar Intel in  irinn. Tar  is d  dul le Intel in 1991, bh  r imse post bainist ochta aige in  irinn agus i SAM sular ceapadh   mar Bhainisteoir Ginear lta ar Intel Ireland in 2010.



  chl : An tOllamh Andrew J Deeks, Emily Logan.

Emily Logan, Gradam Eola ochta  Sl inte do Ch imithe UCD

Is   Emily Logan an ch ad Ard-Choimisin ir ar Choimisi n na h ireann um Chearta an Duine agus Chomhionannas, agus   ceaptha ag an Uachtar n Michael D Higgins in 2014. Sa r l sin, sti rann Emily an IHREC chun cl r oibre na h ireann um chearta daonna a bhr  le go mbeidh t s  ite ag  irinn ar an ard n domhanda.



Ó chl  : An tOllamh Andrew J Deeks, Mary Sutton, An tOllamh Colin Scott.

Mary Sutton, Gradam Eola  ochta   S  isialta do Ch  imithe UCD

Bhain Mary Sutton c  im Baitsil  ara san Eola  ocht Sh  isialta amach in UCD in 1974, agus ina dhiaidh sin thug s   faoi ch  im Mh  istir san Eacnama  ocht in Ollscoil McMaster i gCeanada. Don chuid is m   d   gairm, d  oirigh s   san fhorbairt idirn  isi  nta, mar thaighdeoir ar dt  s le Coimisi  n na h  ireann um Ch  oir agus S  och  n i mBaile   tha Cliath agus ansin leis an Institi  id Forbartha Thar Lear i Londain.



   chl  : An tOllamh Andrew J Deeks, Michael McGlynn, An tOllamh Sarah Prescott.

Michael McGlynn, Gradam Eala  ion agus Daonnachta   do Ch  imithe UCD

Is cumad  ir    Michael McGlynn, chomh maith le Sti  rth  ir Eala  ine ar an ensemble gutha An  na, a bhunaigh s   in 1987. N  l aon stair dh  chasach de cheol c  r  il ag   irinn agus mar sin, chruthaigh s   An  na d  fhonn foirm de chanadh ensemble a chruth   a bhainfeadh le h  irinn go huath  il agus a d  fhorbr  dh ceangail inchreidte idir seantraidisi  in amhr  na  ochta na t  re seo agus litr  ocht a th  re d  chais f  in.



   chl  : An tOllamh Andrew J Deeks, Paul O'Donovan, Brian Mullins.

Paul O' Donovan, Gradam Sp  irt do Ch  imithe UCD

T   an duine is   ige riamh a ghn  thaigh Gradam do Ch  imithe, Paul, at   23 bliana d  aois, ina dhuine sp  irt den ch  ad scoth agus is    a t-aon   ireannach riamh a ghn  thaigh bonn Craobhchom  rtais Dhomhanda agus Bonn Oilimpeach sa bhliain ch  anna. In   ineacht lena dhearth  ir Gary, ghn  thaigh s   bonn airgid i gCom  rtas B  d Beirte   adrom-Mh  eachain i gCluich   Oilimpeacha Rio in 2016.



An tOllamh Andrew J Deeks, An tOllamh Edmond Harty, An tOllamh David FitzPatrick.

An tOll Edmond Harty, Gradam Innealt  ireachta agus Ailtireachta do Ch  imithe UCD

Is    Edmond Harty POF agus sti  rth  ir teicni  il Dairymaster. T   c  lra l  idir ag an Dr Harty san innealt  ireacht agus san eola  ocht, agus meastar gurb    duine de cheannr  daithe an domhain    sa teicneola  ocht talmha  ochta. T   teist iontach aige maidir le taighde ceannr  da  och a mheascadh le tr  cht  l   na maoine intleachta a eascra  n as an taighde sin.

Ulysses UCD



An Banbharún Onora O'Neill

Mar aitheantas as a hobair iontach ar mhaithe leis bhFealsúnacht.



An tOllamh Samantha Power agus an tOllamh Cass Sunstein

An tOllamh Samantha Power: Mar aitheantas as a hobair iontach sa Daonlathas, agus an tOllamh Cass Sunstein: Mar aitheantas as a obair iontach sa Dlí.



Margaret Atwood

Mar aitheantas as a hobair iontach sa Litríocht.

Céimeanna Oinigh



Niall McLaughlin, Céim Oinigh mar Dhoctúir Litríochta
Ardghradam i réimse na hAiltireachta, idir cleachtas agus teagasc/
scoláireacht



Niall MacMonagle, Céim Oinigh mar Dhoctúir Litríochta
Ardghradam sna hEalaíona agus sa tSeirbhís Phoiblí don chultúr agus don
litríocht in Éirinn



David Donoghue, Céim Oinigh mar Dhoctúir Litríochta
Ardghradam sa tSeirbhís Dhaonlathach



**Sir Ciarán Devane, Céim Oinigh mar
Dhoctúir Eolaíochta**
Ardghradam sa Cheannaireacht Eagrúcháin



**Alistair Hetherington, Céim Oinigh mar
Dhoctúir Eolaíochta**
Ardghradam san Eolaíocht



Máirín de Búrca, Céim Oinigh mar Dhoctúir Dlí
Ardghradam Pearsanta



Naledi Pandor, Céim Oinigh mar Dhochtúir Eolaíochta
Ardghradam san Eolaíocht



Shana Poplack, Céim Oinigh mar Dhochtúir Litríochta
Ardghradam Pearsanta



Patricia Rickard-Clarke, Céim Oinigh mar Dhochtúir Eolaíochta
Ardghradam Pearsanta



Matthew Spiegel, Céim Oinigh mar Dhochtúir Dlíthe
Ardghradam Pearsanta



Ceapacháin agus Arduithe Céime

Ceapacháin

Lán-Ollamh

An tOllamh Jonathan Bond
Scoil an Leighis

An tOllamh Jacky Croke
Scoil na Tíreolaíochta

An tOllamh Ian Davidson
Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta
agus na Scannánaíochta

An Dr Anne Enright
Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta
agus na Scannánaíochta

An tOllamh Murray Hitzman
Scoil na nDomhaneolaíochtaí

An tOllamh Timothy Lynch
Scoil an Leighis

An tOllamh Patrick Mallon
Scoil an Leighis

An tOllamh Neil O'Connell
Scoil na Matamaitice agus na Staitisticí

An tOllamh Neil O'Hare
Scoil na Sláinte Poiblí, Fisiteiripe
agus na hEolaíochta Spóirt

An tOllamh Yvonne O'Meara
Scoil an Leighis

An tOllamh Michael Wallace
Scoil na Talmhaíochta agus na hEolaíochta Bia



Arduithe Céime

Lán-Ollamh

An tOllamh Bill Watson
Scoil an Leighis

Ollamh

An tOllamh Orina Belton
Scoil na hEolaíochta Bithmhóilíní
agus Bithleighis

An tOllamh Oonagh Breen
Scoil an Dlí

An tOllamh Eoin Carolan
Scoil an Dlí

An tOllamh Tasman Crowe
Scoil na Bitheolaíochta agus na
hEolaíochta Comhshaoil

An tOllamh Eamonn Delahunt
Scoil na Sláinte Poiblí, Fisiteiripe
agus na hEolaíochta Spóirt

An tOllamh Barbara Dooley
Scoil na Síceolaíochta

An tOllamh Geraldine Doyle
Scoil an Ghnó

An tOllamh Andreas Hess
Scoil na Socheolaíochta

An tOllamh Christopher Jepsen
Scoil na hEacnamaíochta

An tOllamh Andrew Keane
Scoil na hInnealtóireachta Leictirí
agus Leictreonaí

An tOllamh William Mulligan
Scoil na Staire

An tOllamh Cormac Murphy
Scoil na hEolaíochta Bithmhóilíní
agus Bithleighis

An tOllamh Keith Murphy
Scoil na hEolaíochta Bithmhóilíní
agus Bithleighis

An tOllamh Kevin McDonnell
Scoil na Talmhaíochta agus na hEolaíochta Bia

An tOllamh John O'Connor
Scoil na hEolaíochta Bithmhóilíní
agus Bithleighis

An tOllamh Finola O'Kane Crimmins
Scoil na hAiltireachta, na Pleanála
agus an Pholasáí Comhshaoil

An tOllamh Conor O'Reilly
Scoil na Talmhaíochta agus na hEolaíochta Bia

An tOllamh Andrew Parnell
Scoil na Matamaitice agus na Staitisticí

An tOllamh Deirdre Raftery
Scoil an Oideachais

An tOllamh Brian Rodriguez
Scoil na Ríomheolaíochta

An tOllamh Kenneth Stanton
Scoil na hInnealtóireachta Meicniúla
agus Ábhar

An tOllamh Regina Uí Chollatáin
Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh
agus an Bhéaloidis

An tOllamh Wenxin Wang
Scoil an Leighis

An tOllamh Graeme Warren
Scoil na Seandálaíochta

An tOllamh Paul Whyte
Scoil an Leighis Tréidliachta



Baill Foirne ar Scor

Gnóthaí Acadúla

Seirbhísí TF

Shaun Kennedy

Fostaíodh Shaun le UCD in 2001 mar Phríomhoifigeach Teicneolaíochta do sheirbhísí TF, agus chuaigh sé ar scor i mí Dheireadh Fómhair 2017. Bhí sé freagrach as an bhfeidhm bhonneagar agus oibríochtaí TF ar fud na hOllscoile, lena cuimsíodh bonneagar ionad sonraí (freastalaithe, stóráil, áiseanna, líonrú agus fearais), riar agus innealtóireacht líonra, bainistíocht díoltóirí agus tacaíocht leibhéil 1, 2 agus 3. Bhí ról Shaun i Seirbhísí TF agus in UCD fíorluachmhar agus guímid gach rath air agus é ar scor.

Leabharlann

Margo Mulligan

Fostaíodh Margo i seirbhís Leabharlann UCD in 2004 agus chuaigh sí ar scor i mí Mheán Fómhair 2017. I rith a tréimhse in UCD, d'oibrigh sé leis an Aonad Seirbhísí Cliant, agus í ag tabhairt seirbhíse agus treorach dár gcuid úsáideoirí. Mar gheall ar nádúr foighneach agus calma Margo, bhí an-ghean ag baill foirne agus mic léinn araon uirthi, agus iad siúd uile a d'oibrigh in éineacht léi, airíonn siad uathu í go mór.

Coláiste na nEalaíon agus na nDaonnachtaí

An tOllamh Maeve Conrick

Ceapadh Maeve mar Ollamh agus Príomhoide ar Choláiste na nEalaíon agus an Léinn Cheiltigh (Coláiste na nEalaíon agus na nDaonnachtaí a ghlaitear anois air) in 2011. Le tacaíocht ó fhoireann láidir, stiúir sí forbairt straitéiseach an Choláiste le linn tréimhse dúshlánaí san Ardoideachas. Ceapadh í mar dhuine den bheirt phríomhoidí coláiste a bhí ar Fhoireann Bhainistíochta na hOllscoile, mar bhall de Ghrúpa Airgeadais agus Oibríochtaí UMT, agus ar an mbealach sin, rinne sí an-chuid oibre fiúntaí ar mhaithe le UCD i gcoitinne. Freisin bhí ról an-tábhachtach aici ar leibhéal náisiúnta mar bhall den Údarás um Ard-Oideachais (HEA), ó 2011-2015. Bhí sí ina Leaschathaoirleach ar an HEA, 2012-2014. Is iad a réimsí spéise ná an teangeolaíocht, an tsochtheangeolaíocht agus an teangeolaíocht fheidhmeach, ina ndéanann sí taighde fós. Aithníodh a scoláireacht nuair a bronnadh an gradam mór le rá, Gradam Idirnáisiúnta sa Léann Ceanadach, uirthi in 2017. In 2018 tugadh cuireadh di a bheith ina heochairchainteoir ag dhá chomhdháil idirnáisiúnta: Comhlachas na Breataine um Léann Ceanada agus Comhlachas na hÉireann um Léann Ceanada. Tá an tOllamh Conrick ina ball faoi láthair ar Bhord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, ar Chomhairle Preasa na hÉireann agus tá sí ina ball idirnáisiúnta de Phríomhphaineál na nEalaíon agus na nDaonnachtaí na Ríochta Aontaithe REF 2021.

Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta

Tony Fitzmaurice

Tháinig Tony chuig Staidéar Scannán UCD ó NCAD mar shaineolaí in Hollywood agus i bPictiúrlanna Eorpacha. Mhúin sé an MA sa Staidéar Scannán, an clár céime modúlach (oíche), agus an clár fochéime sna healaíona, agus béim faoi leith ar scannánaíocht na hIodáile. I dteannta le Mark Shiel, a bhí ina chomhalta iarchéime ag an am, d'eagraigh sé an chomhdháil mheasúil 'Cinema and the City', agus mar thoradh air sin bhí dhá imleabhar a ndearnadh comheagarthóireacht orthu, *Cinema and the City* (Wiley-Blackwell, 2001) agus *Screening the City* (Verso, 2003). I dteannta le Harvey O'Brien, bhí sé chun tosaigh i Staidéar Scannán na céad bliana in UCD ó cuireadh tús leis mar chuid den churaclam Ealaíon 2004, go dtí go ndeachaigh sé ar scor in 2018. Bhí sé ina chomhordaitheoir ar an MA sa Staidéar Scannán ó 2009. Bhí Tony gníomhach in SIPTU agus i gcúiseanna comhshaoil agus bhí an-spéis aige sa Léann Meiriceánach, ar thacaigh sé lena fhorbairt mar ábhar in UCD, agus a ndearnadh sé a chion ar mhaithe leis. Bhíodh an-tóir ar a chuid cúrsaí i gcónaí agus bíonn mic léinn ag cuimhneamh air go geanúil i gcónaí tar éis dóibh an chéim a bhaint amach. Ba stiúrthóir tráchtas flaithiúil cabhrach é, a chuireadh a bhailiúchán pearsanta d'ábhair ar fáil do mhic léinn i gcónaí, agus is ar na mic léinn a bhíodh a chur chuige i leith tacaíocht don fhoghlaím dírithe.

An tOllamh Frank McGuinness

Tháinig Frank chuig UCD mar Scríbhneoir Cónaithe in 1997 tar éis múineadh roimhe sin in Ollscoil Uladh, Cúil Raithin agus in OÉ Mhá Nuad. Ceapadh mar Ollamh le Scríbhneoireacht Chruithaitheach in UCD é in 2007 agus chuaigh sé ar scor ón bpost sin i mí Iúil 2018. Is údar céimíúil ildánach bisiúil é, a bhfuil go leor leor scríofa aige don stáitse ó taispeánadh a chéad dráma *Factory Girls*, den chéad uair in 1982. I measc na saothar is cáiliúla dá chuid, tá *Observe the Sons of Ulster Marching Towards the Somme*, *Carthaginians*, *Mutabilitie*, *Dolly West's Kitchen*, *The Matchbox*, agus *The Hanging Gardens*. Ina theannta sin, moltar Frank go hard as a gcóirithe cumasacha ar Ibsen, Lorca agus Valle-Inclán agus ar an tragóid Chlasaiceach Chréigeach, go háirithe drámaí Sophocles agus Euripides. Tá scríbhneoireacht déanta aige don teilifís agus don scáileán, lena n-áirítear an script don chóiriú scannáin de *Dancing at Lughnasa* le Brian Friel. Le blianta beaga anuas, tá ficsean curtha lena chuid éachtaí liteartha aige, agus dhá úrscéal cumtha aige, *Arimathea* agus *The Woodcutter and His Family*, chomh maith le cnuasach gearrscéalta *Paprika*. Mar léachtóir spreagúil a mhúin go fairsing ar fud an churaclaim, bhí meas ar Frank mar chomhghleacáí díograiseach cabhrach agus mar mheantóir a bhí tiomanta do na mic léinn a bhíodh á dteagasc aige. Guímid ádh mór air ina chuid oibre amach anseo.

Scoil na Staire

Kate Breslin

Tháinig Kate chuig Scoil na Staire ó Ghnó, agus bhí sí ina Bainisteoir Scoile ar feadh cúig bliana déag. Mar Bhainisteoir Scoile, bhí sí i gceannas le linn tréimhse mór athraithe, agus d'aistrigh an scoil ó na ranna comhcheangailte Staire go dtí Scoil na Staire agus na gCartlann, agus níos deireanaí go dtí Scoil na Staire. Agus í i mbun oibre, rinne Kate maoirseacht ar ghlacadh an Chláir Horizons, chomh maith de dhá phróiseas athbheithnithe cáiliúcháin. Bhí an-mheas agus an-ghean ar Kate mar riarthóir na Scoile agus b'ionadaí í ar éifeachtúlacht riaracháin; ní hamháin go raibh a deasc mar lárionad oibriúcháin na Scoile, ach freisin b'ionad sóisialta í do bhaill foirne acadúla agus riaracháin, rud a chiallaigh go raibh sí ina cara agus ina cara rúin do gach duine.

An tOllamh Judith Devlin

Chuaigh Judith ar scor ó Scoil na Staire i mí na Nollag 2017. Sular tháinig sí chuig UCD in 1990, bhí sí ina taidhleoir sa Roinn Gnóthaí Eachtracha, agus í i mbun seirbhíse i bPáras agus i Moscó. Tháinig sí chuig UCD mar Chomhalta Newman sa Stair agus ina dhiaidh sin tugadh ardú céime di chuig léachtóir sinsearach agus ollamh. Scríobh sí go leor leabhar agus alt agus rinne comheagarthóireacht orthu, go háirithe maidir le stair na Fraince agus na Rúise. Áirítear leo siúd *The Superstitious Mind* (Yale, 1987), *The Rise and Fall of the Russian Democrats: the Causes and Consequences of the Elite Revolution* (Londain, 1995), agus *Slavophiles and Commissars* (Londain, 1998). Le déanaí, rinne sí comheagarthóireacht ar *World War One in Central and Eastern Europe* (Londain, 2018). Foilseofar a monagraf ar *The Stalin Cult* an bhliain seo chugainn.

Coláiste an Ghnó

An Dr Tom Gormley

Ar feadh deich mbliana, bhí Tom ina mhúinteoir agus ina thaighdeoir sa Ghrúpa Bainistíocht Acmhainní Daonna agus Caidrimh Fostaithe i gColáiste an Ghnó in UCD. Bhí taithí Tom ar fhilleadh ar an oideachas foirmiúil mar mhac léinn aibí ina bonn tábhachtach dá chur chuige i leith an teagaisc. Bhí an-spéis aige ina chuid mac léinn agus ina bhforbairt. Bhíodh sé i gcónaí ag iarraidh caighdeán arda a bhaint amach ina theagasc féin agus i spéis mac léinn a chothú. Is ionadaí dochloíte é ar son mac léinn aibí agus dóibh siúd nach raibh an deis acu, ar chúis ar bith, leas a bhaint as oideachas ollscoile agus iad óg. Ar cheann de na héachtaí is mó dá chuid, tá a stiúrthóireacht ar an Dioplóma/Baitsiléir sa Léann Gnó, clár cianfhoghlaime a ceapadh le freastal ar riachtanais an chohóirt sin de mhic léinn. Bhí Tom ina mheantóir freisin dá chomhghleacaithe sóisearacha agus do mhic léinn PhD, agus é ag tabhairt eolais agus ag tairiscint tacaíochta agus spreagtha ar a bhealach uathúil lách agus béasach. Ina chuid taighde, rinne sé iniúchadh ar ghnéithe éagsúla de chaidreamh fostaíochta, lena n-áiríodh comhpháirtíocht san ionad oibre, margáil faoi phá agus réiteach coimhlinte. Agus é ag imeacht ón nGrúpa Fostaíochta agus Bainistíocht Acmhainní Daonna, cuimhneofar ar Tom go geanúil mar dhuine a shiúil go séimh agus go cineálta tríd na hallaí acadúla.

Geraldine McEvoy

Chuaigh Geraldine ar scor luath ar an 31 Nollaig 2017 tar éis gairme níos mó ná 35 bliana in UCD. Thosaigh sí ag obair i nDámh na Tráchtála in 1982 agus d'oibrigh in an-chuid aonad den Choláiste Gnó mar atá anois, lena n-áirítear Réimse Ábhair an Airgeadais, an Clár Taighde Gnó, Oibríochtaí Smurfit agus le déanaí, Oifig Clár Smurfit. Bhí ról tábhachtach ag Geraldine i gColáiste an Ghnó le linn a gairme. Bhí an-mheas ag mic léinn agus baill foirne a raibh plé acu léi ar a dea-ghiúmar agus a tiomantas don fheabhas. Guímid gach sonas uirthi agus í imithe ar scor.

Coláiste na hInnealtóireachta agus na hAiltireachta

Scoil na hInnealtóireachta Ceimicí agus Bithphróisis

Thomas Burke

Tá Tom imithe ar scor mar Phríomhtheicneoir tar éis dó ról ceannasach a ghlacadh, le 40 bliain anuas, i bhforbairt na saotharlainne teagaisc agus an ionaid phíolótaigh sa Scoil chun tacú le hoideachas agus le hoiliúint níos mó ná 1,200 céimí san innealtóireacht cheimiceach. Mar mhúinteoir tiomanta, rinne Tom a ghrá don innealtóireacht cheimiceach, don fheabhas teicniúil agus don chumarsáid shoiléir a spreagadh i ngach mac léinn faoina chúram. Freisin tá sé ar dhuine de líon an-bheag ball foirne UCD ar bronnadh MBE orthu. Ghnóthaigh Tom, a bhunaigh Cumann Fiúsailíirí Ríoga Bhaile Átha Cliath in 1995, an gradam in 2004 as an ról mór a bhí aige i bpróiseas síochána Thuaisceart Éireann. Bhí Tom ina bhall den choiste a d'eagraigh bunú Pháirc Síochána Oileán na hÉireann in Messines in 1998. Níos deireanaí, d'fhoilsigh sé *From Messines to Carrick Hill*, leabhar bunaithe ar litreacha oifigigh Éireannaigh ó 6ú Reisimint Ríoga na hÉireann, a bhí 19 mbliana d'aois, chuig a mhuintir in Carrick Hill in aice le Mullach Íde, inar díriodh ar chath 1917 chun an sráidbhaile Beilgeach Wijtschate ar Messines Ridge a ghabháil. Bronnadh MA sa Stair ó UCD ar Tom in 2014.

Scoil na hInnealtóireachta Leictreonaí UCD

An tOllamh Thomas Brazil

Cailleadh Tom go tobann agus gan choinne sa bhaile ar an 13 Aibreán 2018, agus airíonn a chuid comhghleacaithe, a chuid mac léinn reatha agus iar-mhac léinn, agus pobal níos leithne UCD, go mór uathu é. Bhí sé ina cheannródaí i réimse na leictreonaice micreathoinne agus na cumarsáide gan sreang, agus ina thaighde, dhírigh sé ar shamhaltú

neamhlíneach agus theicnící tréithrithe ar leibhéal na bhfearas, na gciocard agus na gcóras laistigh den leictreonaic ardmhínicíochta. Bhí sé ina cheann ar an nGrúpa RF agus Taighde Mhicreathonnaigh in UCD, a bhfuil clú agus cáil idirnáisiúnta ar a thaighde maidir le haimplitheoirí ardchumhachta, agus bhí ról tábhachtach aige i nuáil Idiríon na nEarraí.

Bhain sé céim BE céad onóracha amach san Innealtóireacht Leictreonach ó UCD in 1973 agus bhronn OÉ PhD air in 1977. Chaith sé dhá bhliain ag obair ar fhorbairt fochóras micreathonnach in Plessey Research (Caswell) sa RA agus tar éis bliana a chaitheamh mar léachtóir i Roinn na hInnealtóireachta Leictreonaí in Ollscoil Birmingham sa RA, d'fhill sé ar UCD chun dul i mbun poist mar bhall foirne teagaisc dáimhe anseo. B'oidéoir agus meantóir den scoth é, agus chuaigh sé ar aghaidh ina ghairm ansin mar Cheann na hInnealtóireachta Leictreonaí i Scoil na hInnealtóireachta Leictreonaí agus Leictreonaí UCD, mar ar spreag sé na glúnta de mhic léinn a bhain leas, ní hamháin as a sháreolas san eolaíocht ach freisin as a mheon láidir pobail agus ceartais shóisialta.

Mar gheall ar an meon pobail sin, ba rannpháirtí den scoth é i bpobal UCD i gcoitinne. Sheirbheáil sé mar ionadaí gairmiúil ar an Údarás Rialaithe ar feadh thrí théarma cúig bliana ó 2001 go 2014 agus ceapadh é chuig Seanad Ollscoil na hÉireann in 2012.

Níor ghabh Tom leithscéal ar bith agus é ag áitiú ar son an ghá leanúnaigh le héileamh go mbainfí na caighdeáin acadúla is airde amach san oideachas agus sa taighde, agus ar son an ghá go leanfadh Innealtóireacht UCD de chur lena chlú agus a stádas idirnáisiúnta, a shaothraigh sé le dua. Forbraíodh an clú sin ar bhonn na mblianta oibre a rinne an-chuid daoine, agus le tamall de bhlianta anuas, tá an clú úd go mór faoi chomaoin ag an tionchair agus an t-aitheantas atá gnóthaithe ag obair agus saineolas Tom féin sa réimse micreathonnach.



An tOllamh Michael Bruen

Bhain Michael céim bhaitsiléara san innealtóireacht shibhialta amach in UCD in 1975, tar éis dó gabháil do léann PhD faoi stiúir an Ollaimh James Dooge. Cuireadh tús lena gairm acadúil i gClár Iarchéime Idirnáisiúnta Hidreolaíochta Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, agus chuimsigh a ghairm tréimhse chúig bliana ag comhordú an Chláir Idirnáisiúnta um Innealtóireacht Acmhainní Uisce in Ollscoil Dar es Salaam sa Tansáin. Tar éis na bpost sin, tháinig Michael chuig UCD in 1991, agus rinneadh Ollamh sa Hidreolaíocht Timpeallachta de in 2007. Le linn a ghairme, d'oibrigh Michael i ndlúthpháirt leis an Ollamh Dooge agus freisin leis an Ollamh Eamon Nash, hidreolaí Éireannach cáiliúil eile, agus d'fhan sé chun tosaigh ó thaobh ról lánach na hidreolaíochta a láidriú maidir le saincheisteanna timpeallachta náisiúnta agus idirnáisiúnta. Ceapadh mar Stiúrthóir ar Ionad Dooge UCD le haghaidh Taighde ar Acmhainní Uisce é sa bhliain 1996 agus bhí sé ina Stiúrthóir air go dtí go ndeachaigh sé ar scor. Bhí go leor post aige in UCD, lena áiríodh Leas-Phríomhoide agus Déan Comhlach na hInnealtóireachta do Chláir Mhúinte ó 2011 go 2014. Freisin chuir sé go mór le gairm na hinnealtóireachta trína chuid ról agus post ceannródaíoch in Innealtóirí Éireann, ar Choiste na hÉireann do Chlár Hidreolaíoch Idirnáisiúnta UNESCO, agus don Eagraíocht Dhomhanda Meitéareolaíochta.

An Coláiste Sláinte agus Eolaíochtaí Talmhaíochta

Scoil an Leighis

An tOllamh Denis A Cusack

Chuaigh Denis ar scor ón Ollscoil tar éis dó 25 bliana a chaitheamh i mbun seirbhíse céimíúla in UCD. Tá sé ina Lán-Ollamh agus ina Cheann Leighis Fhoiréinsigh i Scoil Leighis UCD ó ceapadh in 1995 é agus tá sé ina Stiúrthóir ar an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre ó 1999. Bhain Denis céim amach ó Scoil Leighis UCD in 1980. Rinne sé a oiliúint i leigheas inmheánach ginearálta agus i ndiaibéiteas/inchríneolaíocht in Éirinn agus i SAM. Glaoth chun Bharra na hÉireann air in 1991, tar éis dó staidéar a dhéanamh in Óstaí an Rí, agus caingne díobhála pearsanta agus faill leighis mar réimse saineolais aige. Tá sé ina Chomhalta ar Choláiste Ríoga Lianna na hÉireann (1996), ina Chomhalta ar Institiúid Chairte na nEadránaithe, Londain (1999), agus ina Chomhalta Fondúireachta ar Dhámh an Leighis Fhoiréinsigh agus Dhlíthiúil i gColáiste Ríoga na Lianna i Londain. Tá go leor clár múinte do chéimithe forbartha aige, a bhfuil tionchar mór acu ar an leigheas fóiréinseach agus dlíthiúil, agus tá clár forbartha freisin sa bhainistíocht riosca agus cáilíochta i réimse na sláinte. D'fhorbair sé sainchlár oiliúna don Gharda Síochána, lena áiríodh tástáil taobh bóthair um lagú de bharr drugaí agus alcóil agus scrúdú fóiréinseach tar éis ionsaí ghnéis. Léiríodh a thiomantas don fheabhas sa teagasc nuair a d'fhoghlaim sé go sonrach faoi chóras dlí na Malaeisia mar thacaíocht chun an Leighis Dhlíthiúil a mhúineadh i gColáiste Leighis Penang. Tá Denis fós i mbun a ról mar Stiúrthóir ar an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre agus mar Chroiníer do Chontae Chill Dara.

Patty Maher

Thosaigh Patty ag obair i Scoil an Leighis in 2007 mar chomhordaitheoir mac léinn. I gcaitheamh an 11 bhliain a raibh sí fostaithe ag UCD, bhí Patty ina hacmhainn luachmhar don Scoil agus bhíodh sí i gcónaí tiomanta, báúil agus lách ina plé laethúil le mic léinn leighis UCD. Mar gheall ar a sárscileanna riaracháin agus a bainistíocht ar an gclár teagaisc, cinntíodh gur tugadh caighdeán an-ard teagaisc dár gcuid mac léinn agus iad i mbun socrúcháin chliniciúla. Chuaigh Patty ar scor i mBealtaine 2018 agus is mór an cilleadh í in Ospidéal Naomh Colm Cille, Baile Uí Lachnáin.

Aloysius McGoldrick

Thosaigh Alo ag obair i Roinn na Saotharlann Diagnóiseach in UCD, atá suite ar Ardán Phort an Iarla, i bhFeabhra na bliana 1974, agus é ina theicneoir faoi oiliúint ar dtús agus ansin ina oifigeach teicniúil sinsearach sa tsaoráid sin go dtí mí Aibreáin 1998. Dúnadh na Saotharlanna Diagnóiseacha i Márta/Aibreán 1998 agus d'aistrigh sé go foireann taighde an Ollaimh Peter Dervan sa tsaoráid Bhitheicniúil (an Institiúid Mhic Con Mí mhéadaithe atá ann anois) in Belfield go ndeachaigh sé ar scor ag deireadh mhí Mheán Fómhair 2017.

Scoil an Altranais, an Chnáimhseachais agus na gCóras Sláinte

Anne McMahon

Chuaigh Anne ar scor, agus é tuillte go maith aici, ag deireadh 2017. Tháinig sí chuig an Scoil in 2006 agus d'fheidhmigh sí mar stiúrthóir cláir don Ard-Diplóma sa Chnáimhseachas, ceann de chlár mhóra oideachais chlárúcháin na Scoile. Sa ról sin agus i ról eile, chuir sí a cuid taithí, eolais agus saineolais ar an gcnáimhseachas i bhfeidhm ar an Scoil, agus í ag tabhairt comhairle faoi gach gné den chnáimhseachas agus ag treorú idir fhoireann teagaisc agus mhic léinn maidir le hoideachas agus cleachtas cnáimhseachais a fhorbairt.

Anne Waters

Thug Anne seirbhís den scoth don Scoil ar feadh níos mó ná deich mbliana. Bhí a sárscileanna riaracháin agus a cuid cáilíochtaí pearsanta ina n-acmhainn fhíorluachmhar don Scoil agus dá cuid mac léinn.

Scoil na Sláinte Poiblí, Fisiteiripe agus na hEolaíochtaí Spóirt

Róisín Arthurs

Bhí Róisín ina ball d'fhoireann riaracháin na fisiteiripe ar feadh 15 bliana; thosaigh sí ag obair in Ospidéal Ollscoile an Mater Misericordiae agus bhog sí leis an Scoil chuig Campas Belfield in 2005. D'oibrigh sí i ndlúthpháirt le mic léinn ó chlárú go bronnadh céime agus í ag cabhrú leo lena gclárú gairmiúil. Tá Róisín ag caitheamh saoil an-ghníomhach anois agus í ar scor.

Scoil an Leighis Tréidliachta

Yvonne Abbott

Chuaigh Yvonne ar scor ón post mar Phríomhoifigeach Teicniúil sa Saotharlann Diagnóiseach Mhicribhitheolaíochta Tréidliachta i Scoil an Leighis Tréidliachta tar éis 40 bliana de sheirbhí. Le linn a ghairme, bhí ról fíorluachmhar ag Yvonne, go háirithe ó thaobh seirbhísh diagnóiseach chuimsitheach a chur ar fáil d'Ospidéal Tréidliachta UCD de, ach freisin bhí sí rannpháirteach in oiliúint go leor mac léinn fochéime agus iarchéime trí chabhrú leo lena gcuid scrúduithe praiticiúla agus lena dtionscadail. Guímid scor taitneamhach ar Yvonne, agus é sin tuillte go maith aici.

Phelim Brady

Bhí Phelim ina bhall fíorluachmhar de na haonaid Feirme/Eachaíochta in Ospidéal Tréidliachta UCD ar feadh breis is 20 bliain. Tar éis dó barr feabhais a chur ar a chuid scileanna i Scoil Eachaíochta an Airm, chabhraigh Phelim (nó Clutch, mar a thugtaí air go coitianta) leis na céadta mac léinn máistreacht a fháil ar láimhsiú sábháilte capall spóirt neirbhíseach, agus é ag tabhairt muiníne agus scileanna araon do ghlúnta tréidlianna agus altraí tréidliachta na toidhchá. Bhí a umhlaíocht, a dheaghíúmar sóraí agus a thiomantas leanúnach do leas na n-ainmhithe a chur chun cinn mar bhonn lena thiomantas buan don Scoil agus on Ospidéal.

Sheila Ní Cheallaigh

Tháinig Sheila chuig Roinn na Feirmeoireachta Ainmhithe agus an Táirgthe i nDámh Leighis Tréidliachta UCD ag an stáisiún allamuigh/feirm i gCill Chiaráin (áit a bhfuil an campas Náisiúnta Spóirt, Baile Bhlainséir, anois). D'oibrigh sí agus sheirbheáil sí sa tsaotharlann measúnachta hormón i Scoil an Leighis Tréidliachta le linn a gairme agus bhog sí leis an Roinn agus an Scoil chuig an gColáiste Tréidliachta ar Bhóthar Shíol Bhroin (Droichead na Dothra) agus ansin chuig campas UCD in Belfield. Bhí a cuid oibre mar bhonn agus taca ag an gclár taighde sa bhitheolaíocht atáirgthe agus i bhfiseolaíocht an struis, atá aitheanta go hidirnáisiúnta, agus mar thoradh ar an gclár sin, tá UCD tar éis a bheith ina cheannródáí maidir le han-chuid fionnachtana suntasacha a d'éascaigh an bhainistíocht atáirgthe sna tionscail eallaigh, caorach agus eachaíochta in Éirinn agus ar fud an domhain. Thug Sheila tacaíocht theicniúil do chéimeanna taighde níos mó ná 50 mac léinn agus do níos mó ná 300 páipéar taighde le linn a gairme. Guímid gach rath ar Sheila lena scor.

Máire O'Reilly

Is altra tréidliachta ardoilte í Máire agus rinne sí blianta fada luachmhara de sheirbhís chliniciúil agus de theagasc in Ospidéal Tréidliachta na hOllscoile. Bhí ról straitéiseach lárnach aici mar an chéad bhainisteoir ar Ionad nuálach Scileanna Cliniciúla na Scoile.

Scoil na Talmhaíochta agus na hEolaíochta Bia An tOllamh Comhlach Máirtín Mac Siúrtáin

Fuair Máirtín a chéim BAgSc ó UCD in 1977. Ansin thug sé faoi staidéar iarchéime in British Columbia agus bronnadh céim mháistir san eolaíocht air in 1981. Ba in 1982 a tháinig sé chuig UCD, agus mhúin sé modúil ar an mbithmhéadracht foraoise, ar an bhfardal foraoise agus ar an miosúireacht do na mic léinn foraoiseachta i nDámh na Talmhaíochta (Scoil na Talmhaíochta agus na hEolaíochta Bia atá ann anois) go príomha. Bhí Máirtín gníomhach sa taighde freisin, agus é i measc na gcéad daoine a d'fhorbair clár chun cianbhraiteacht agus feidhmeanna córas faisnéise geografaithe a úsáid san fhoraoiseacht. Chuimsigh sé a chuid fionnachtana taighde ina theagasc, agus mhúin sé roinnt modúl iarchéime freisin inar díródh ar ardmhodhanna staitistice. Ghnóthaigh sé PhD in 2000, agus é bunaithe ar ghnéithe dá thaighde agus dá chláir teagaisc agus tugadh ardú céime go Léachtóir Sinsearach dó (is Ollamh Comhlach anois é) in 2006. Chuaigh Máirtín ar scor ó UCD in 2017.

An tSeirbhís Tagartha Náisiúnta maidir le Víris John Howard

Tháinig John, comhalta de Chumann na gCuntasóirí Cairte Deimhnithe, chuig an Ollscoil in 2000 mar Bhainisteoir Airgeadais NVRL. Le linn a chuid ama in UCD, d'oibrigh John freisin i Scoil an Leighis agus Scoil an Ghnó. Chuir John a thaithí agus a chuid eolais fhairsing i bhfeidhm, agus tá obair déanta aige i gcuideachtaí ilnáisiúnta éagsúla le linn a ghairme fairsinge. Le linn thréimhse a thionóntachta san NVRL, bhí ról lárnach ag John maidir leis an gcaidreamh láidir le custaiméirí a fhorbairt, rud atá ann fós inniu agus a bhí ríthábhachtach maidir le rath an NVRL mar shaotharlann náisiúnta.

Le linn na tréimhse a chaith sé mar Bhainisteoir Airgeadais, thionscain agus bhainistigh John go leor tionscadal, agus uathobriú chun tosaigh iontu i gcónaí, agus ar an mbealach sin, rinne sé sruthlíniú ar oibríochtaí na feidhme airgeadais. D'oibrigh sé freisin le heagraíochtaí carthanachta, agus rinne sé bainistíocht tionscadal ar thógáil agus athchóiriú saotharlainne i Vítneam agus i gCúba. Inne John a fhoireann a stiúradh agus a chumasú go héifeachtach, agus léirigh sé a ghairmiúlacht agus a eitic oibre láidir agus é i mbun meantóireachta ar a chomhghleacaithe. B'fhorluachmhar a ról san Ollscoil agus sa NVRL ach go háirithe. Aireoidh a chomhghleacaithe go mór uathu é agus guímid gach rath air leis an ré nua seo dá shaol.

Paul O'Reilly

Chaith Paul a ghairm go léir sa tSeirbhís Tagartha Náisiúnta maidir le Víris (NVRL). Tar éis dó BSc (Onóracha) a bhaint amach ó UCD in 1977, ceapadh é mar oifigeach teicniúil sa rannán Rubella agus Heipitítis. Bhog sé chuig an aonad Leithlisiú Víris in 1980, áit ar thug sé isteach teicneolaíochtaí diagnóiseacha níos tapúla. In 1993 d'aithin sé an chéad ráig thaifeadta de Pharvaivíreas B19 in Éirinn agus mar thoradh air sin, tugadh isteach tástáil mar ghnáthnós sa NVRL. In 2002, tugadh ardú céime do Paul chuig post mar Phríomhoifigeach Teicniúil san aonad Leithlisiú Víris, áit ar léirigh sé ardleibhéal tiomantais do chúram na n-othar. Bhí ról lárnach aige i mbunú an chláir oiliúna agus forbartha d'fhoireann NVRL agus bhí sé ina mheantóir díograiseach do mhic léinn MSc ó Vítneam a bhí ag glacadh páirte i dTionscnamh na hÉireann/Vítneam don Víris Fhuil-lompartha (IVVI). Bhí ceangal fadaimseartha ag Paul leis an gceardchumann UNITE (MSF a thugtaí air roimhe seo). Bhí sé ina ionadaí aontais do NVRL agus ina bhall de Choiste Comhpháirtíochta UCD. Freisin sheirbheáil sé ar Chomhairle an Acadaimh Eolaíochta Saotharlainne Míochaine. Ba mhór an acmhainn é Paul do NVRL, mar chomhghleacai, mar mheantóir agus mar chara.

Marie Redmond

Chuaigh Marie ar scor ón tSeirbhís Tagartha Náisiúnta maidir le Víris i Meán Fómhair 2017. Tháinig sí chuig NVRL mar chúntóir feidhmiúcháin in 2000 agus go tapa, tharla di a bheith ina ball luachmhar d'fhoireann riaracháin NVRL, a raibh an-mheas agus an-ghean ag a comhghleacaithe uirthi. Bhíodh Marie i gcónaí lách agus séimh agus ba phléisiúr é a bheith ag obair léi. Airíonn cairde agus comhghleacaithe Marie sa NVRL go mór uathu í. D'fhill sí ar an obair i mí Eanáir 2016 tar éis breoiteachta. Ó chuaigh sí ar scor, tá Marie ag baint taitneamh as níos mó ama a chaitheamh lena fear céile, David, lena páistí, Peter agus Julie, agus lena garmhac, Freddie.

Noreen Williams

Chuaigh Noreen ar scor ón tSeirbhís Tagartha Náisiúnta maidir le Víris i mí Iúil 2018. Tháinig sí chuig UCD in 1997, agus í ag obair i Leabharlann James Joyce ar dtús, sular tháinig sí chuig NVRL mar chúntóir feidhmiúcháin in 1999. Ba bhall cineálta den fhoireann riaracháin í Noreen agus bhí an-mheas uirthi; cuimhníonn a cuid comhghleacaithe agus cairde araon sa NVRL go geanúil uirthi. Ó chuaigh sí ar scor, tá Noreen tar éis dul i mbun dianchúrsa ióga agus teiripí malartacha, agus baineann sí taitneamh fós as saol sóisialta gníomhach agus am lena fear chéile, John, lena mic, Mark agus Steve, agus lena garpháistí óga, Beth agus Isla.

Coláiste na hEolaíochta

Scoil na Bitheolaíochta agus na hEolaíochta Comhshaoil

An tOllamh Comhlach Kay Nolan

Bhain Kay PhD amach ó Roinn na Zó-eolaíochta in UCD in 1983. Bhí sé ina ball de ghrúpa ansin a bhí ag déanamh staidéar ar chineálacha éagsúla den einsím arganáis i gcomhthéacs theiripe aille. Lean sí den obair i réimsí ina nasctar an bhitheolaíocht bhunúsach leis na cúiseanna atá le galair éagsúla. Chaith sí sealanna i mbun oibre iardhochtúireachta in Ollscoil Washington, Saint Louis agus in Imperial College, Londain agus í ag déanamh staidéar ar ghabhdóirí mannós-6-fosfáit agus ar fhachtóirí fáis ar nós insline. Ó d'fhill sí ar UCD in 1991, lig a saineolas di, go leor comhoibrithe a chothú ar fud na hOllscoile agus le grúpaí ar fud an domhain, áit ar úsáid sé a cúlra uathúil sa zó-eolaíocht, san éabhlóid agus sa ghéinitic mar bhonn lenár gcuid eolais ar inphriontáil ghéanómaíoch, go háirithe sa mhéid go mbaineann siad le diostróife mhatánach agus



scléaróis iolrach. Ba mhúinteoir agus oideoir paiseanta í Kay, agus aireoimid uainn go mór í sa Scoil agus san Ollscoil, ach guímid go léir gach rath uirthi ina scor.

An Dr Grace O'Donovan

Ceapadh Grace ina léachtóir san éiceolaíocht/sa bhainistíocht timpeallachta i Roinn na Bainistíochta Acmhainní Timpeallachta, Dámh na Talmhaíochta, UCD, i bhFómhar 1997 go dtí gur thóg sí cead neamhláithreachta ón bpost sin in Earrach 2003. Roimhe sin bhí ina léachtóir le héiceolaíocht plandaí in Ollscoil na Breataine Bige, Aberystwyth agus i Roinn na Plandeolaíochta, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh. Chríochnaigh Grace a fochéim agus a hiarchéim i Roinn na Plandeolaíochta i gColáiste na Tríonóide Baile Átha Cliath. I measc a réimsí spéise bhí flóra na hÉireann, éiceolaíocht tírdhreacha, éiceolaíocht foraoise báistí agus feidhmeanna éiceolaíochta na n-íomhánna satailíte. Chuimsigh a luathoibre taighde staidéir ar éiceolaíocht na seimre báine san Institute of Grassland and Environmental Research (IGER) Aberystwyth, agus Láithreáin Sainspéise Eolaíochta (Sites of Special Scientific Interest/SSSI) do Berkshire, Buckinghamshire and Oxfordshire Naturalists Trust. Ina dhiaidh sin ghlac sí páirt i dtáirgeadh ceann de na léarscáileanna luatha CORINE le haghaidh cumhdach talún d'Éirinn. Ina dhiaidh sin bhí sí ina stiúrthóir ar staidéir PhD maidir le bithéagsúlacht feirme agus córais bhogach thógtha chomhtháite, agus ghlac sí páirt freisin i léarscáiliú ghnáthóga na Boirne agus íomhánna satailíte á n-úsáid. Bhí sí ina comhúdar le John Feehan ar na leabhair: *The Magic of Coole* agus *The Bogs of Ireland*. D'imigh Grace ó UCD in 2003 agus ina dhiaidh sin d'oibrigh sí mar Chomhairleoir Timpeallachta agus í lonnaithe i mBriostó, an RA agus mar léachtóir Comhlach in Ollscoil Shasana Thiar, Briostó, an RA.

Scoil na Ceimice

Ann Connolly

Ba in 1981 a tháinig Ann chuig UCD, tar éis di bheith ag obair san earnáil tionscail. Sna blianta luatha dá tréimhse mar oifigeach teicniúil, fuair Ann taithí fhairsing i speictream iomlán ghníomhaíochtaí teagaisc agus taighde na Scoile agus í ag cur go mór le téamaí na ceimice orgánaí, neamhorgánaí agus bithorgánaí, chomh maith le hIonad Athshondais Mhaighnéadaigh Núicléach (AMR) na Scoile. Ina dhiaidh sin, chuaigh Ann isteach i Saotharlann Miocranailíse na Scoile, áit a raibh sí ag obair le hanailíseoir na Scoile ag an am, Iseult O'Brien. Sholáthair an tsaotharlann sin seirbhís anailíseach fhiorthábhachtach do chustaiméirí inmheánacha na Scoile agus UCD agus do réimse cliant nár bhain le UCD ón earnáil phoiblí agus ón earnáil phríobháideach sa bhaile agus thar lear. Ba phost dúshlánach é sin, agus nuair a chuaigh Iseult ar scor, chuaigh Ann i mbun oibre mar Mhiocranailíseoir na Roinne. In 1985, rinneadh teicneoir sinsearach di, agus in 1996, bronnadh MSc uirthi a bhí bunaithe ar thaighde a rinneadh faoi stiúirtheacht an Dr Kenneth Glass. I mí

Aibreáin 2001, tugadh ardú céime mar Phríomhoifigeach Teicniúil (POT) do Ann, agus sula ndeachaigh sí ar scor, bhí sí ina POT bainistíochta do na hoifigigh theicniúla go léir i Scoil na Ceimice; cuimhnítear go geanúil ar an idirghníomhú tacúil a rinne sí i gcónaí lena comhghleacaithe agus a comhoibrithe agus í sa ról sin.

Coláiste na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Dlí

Scoil an Pholasaí Shóisialta, na hOibre Sóisialta agus na Córa Sóisialta

An Dr Phyllis Murphy

Chuaigh Phyllis ar scor ó UCD ar an 18 Eanáir 2018 tar éis di a bheith ag obair in UCD ar feadh níos mó ná 25 bliana i gcáilíochtaí éagsúla. Thosaigh a ceangal le UCD in 1970 nuair a thug sí faoi staidéar do BSc, agus do HDip ina dhiaidh sin in 1974. In 1990 chláraigh sí mar mhac léinn aibí mar dhuine den chéad chohórt de mhic léinn in Ionad an Léinn Comhionannais UCD; bronnadh Céim Mháistir sa Staidéar Comhionannais uirthi agus ansin in 1995 bronnadh an chéad PhD sa réimse sin sa Choláiste uirthi. Le linn a gairme oibre san Ionad, a ndearnadh Scoil na Córa Sóisialta de ina dhiaidh sin, agus Scoil an Pholasaí Shóisialta, na hOibre Sóisialta agus na Córa Sóisialta ina dhiaidh sin fós, d'oibrigh Phyllis mar Stiúrthóir ar an gclár For-rochtana um Staidéar Comhionannais agus d'fhorbair agus sholáthair sí raon leathan de cheardlanna oiliúna agus de chúrsaí creidiúnaithe do ghrúpaí pobail, reachtúla agus forbartha áitiúla ar fud na tíre, Cumann Bodhar na hÉireann, agus Aostacht agus Deiseanna ar na cinn ba dheireanaí díobh siúd.

Seirbhísí Tráchtála, Cónaitheacha agus Fáilteachais

Caroline Mulligan

Tháinig Caroline chuig Príomhbhialann UCD mar stiúrthóir lónadóireachta i Meán Fómhair 1985, tugadh ardú céime di mar Stiúrthóir Seirbhíse Sinsearach in 2002 agus chuaigh sí ar scor in 2018. I rith na 33 bliana a chaith sí in UCD, bhí ról lárnach ag Caroline i rath go leor imeachtaí móra amhail na Cluichí Oilimpeacha Speisialta, an Craobhchomórtas Domhanda Damhsa Ghaelaigh, Craobhchomórtas Domhanda Hacaí na mBan, Craobhchomórtas Eorpach Hacaí na bhFear agus, díreach an bhliain seo caite, Corn Domhanda Rugbaí na bhFear. Bhí ról lárnach ag Caroline i searmanais bronnata céimeanna UCD agus inár ngnó scoileanna samhraidh.

Brian Langsdorf

Tháinig Brian chuid Príomhbhialann UCD in 1977 mar sous chef. Le linn na 41 bliana a chaith sé in UCD, bhí aithne mhaith ag gach duine a bhíodh sa phríomhbhialann go minic ar Brian agus bhí sé mar chuid lárnach de na seirbhísí fáilteachais ar an gcampas. Bhí dearcadh dearfach agus obair chrua Brian fórluachmhar don ollscoil i gcaitheamh na mblianta fada.

Seirbhísí Eastáit

Assumpta McDonnell

Tháinig Assumpta chuig UCD in 1987 mar theileafónaí ar Lasc-chlár UCD. An chuid is mó den am, ba ag plé leis an bpobal a bhí sí: ag cur mac léinn, cuairteoirí agus ball den phobal ag caint leis an duine ceart san Ollscoil, agus eitic oibre láidir agus cur chuige pearsanta á léiriú aici i gcónaí. Chuaigh Assumpta ar scor i Lúnasa 2018.

Jean Lowes

Tháinig Jean chuig UCD in 1982 mar theileafónaí ar Lasc-chlár UCD agus don 17 mbliana ina dhiaidh sin, bhí sí mar ghlór cairdiúil ag tairiscint ardchaighdeán do chomhghleacaithe ar fud an champais agus do ghlaiteoirí chuig an Ollscoil go dtí gur imigh sí ó UCD in 1999. Bhí scor Jean dlite i mBealtaine 2018.

Acmhainní Daonna

Cúrsaí Dlí

Mary Hogan

Chuaigh Mary ar scor óna ról mar Oifigeach Comhlíontachta Faisnéise don Ollscoil i mí Eanáir 2018 tar éis 17 mbliana de sheirbhís fhiúntach in UCD. Roimhe sin bhí sí ina bainisteoir brainse le EBS ar feadh na mblianta fada, tar éis di cáiliú mar mhúinteoir ar dtús. Léirigh Mary na luachanna a mbíonn a oiread sin dínn ag iarraidh a léiriú ach nach n-éiríonn linn i gcónaí é a dhéanamh – bhí sí dea-bhéasach, cabhrach, umhal, díograiseach agus macánta i gcónaí, gan ach cúpla tréith a lua. Bhí ról ag Mary a bhíodh dúshlánach uaireanta, ach bhí sí ina gairmí cruthanta i gcónaí, agus é ar a cumas déileáil le hualach oibre dúshlánach le scil agus le héirim agus le cuid mhór grinn chomh maith. Aithníodh í mar dhuine a d'fhéadfá muinín a chur inti agus a bhíodh i gcónaí ag iarraidh cabhrú le comhghleacaithe seachas bac a chur orthu. Bhí gean agus meas ag gach duine i bpobal na hOllscoile ar Mary, agus é tuille go maith aici. Is mór an chaill í.

Taighde, Nuálaíocht agus Tionchar

An tSaoráid Bhithleighis

Alfie Redmond

Thosaigh Alfie ag obair in UCD in 1979, sa Cholaíste Tréidlachta i nDroichead na Dothra ar dtús. In 1986 bhog sé ó Dhroichead na Dothra le Corrie Mehigan chun na saoráidí ainmhí go léir in Belfield a chur le chéile sa Lársaoráid Ainmhithe. Ceapadh mar Phríomhoifigeach Teicniúil é in 1992 agus d'fhan sé i mbun an róil sin sa tSaoráid Bhithleighis go dtí le déanaí nuair a chuaigh sé ar scor luath. Trína chuid oibre, bhí plé aige ar dtús le mic léinn fhochéime agus ansin le taighdeoirí iarchéime – bhíodh sé i gcónaí an-fhlathúil agus é ag roinnt a chuid eolais agus saineolais le mic léinn agus lena chomhghleacaithe sa ghairm.

Institiúid an Domhain UCD

Donal Lennon

Chuaigh Donal leis an bhfoireann theicniúil in Innealtóireacht Mheicniúil UCD ar Shráid Mhuirfean in 1980. Bhog sé chuig Institiúid Uirbeach na hÉireann in 2003 agus ina dhiaidh sin chuaigh sé isteach i bhfoireann Institiúid an Domhain UCD. Chuaigh sé ar scor i mí Mheán Fómhair 2017 tar éis 37 mbliana tacaíochta den scoth do rogha leathan tionscadal, agus ba chomhoibrí agus chomhghleacaí é a raibh an-mheas air. Shaibhrigh sé pobal UCD go mór lena chuid eolais dhomhain agus lena chur chuige calma cabhrach cairdiúil.

A composite image featuring a woman's profile in the foreground, looking towards the right. Inside her head, a landscape is visible, showing a modern building with a glass facade, a body of water, and a path leading through a green area with trees. The background is a bright, hazy sky.

Think bigger,
go further,
learn more



Think Bigger



An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

Belfield, Baile Átha Cliath 4, Éire

 www.ucd.ie